Muintir Bhaile Átha Cliath

la James Joyce

(aistriúchán Gaeilice le Domhnall Nagreine)

Réamhrá

Is é is dóichí ná a mhalairt go bhfuil cur amach ag an léitheoir ar an chnuasach gearrscéalta seo agus ar a údar cheana féin. Molaim don léitheoir, mar sin, tosú ar na scéalta ann lom láithreach gan bacadh leis an réamhrá seo, ar fhaitíos go sceithe an réamhrá ar na scéalta féin. Go mbaine sé nó sí sult as ard-scéalaíocht James Joyce, in ainneoin an aistriúcháin amscaí Gaeilge seo!

Seo mo leithscéal faoin aistriúchán céanna agus faoi na focail a roghnaíodh ann:
Baintear feidhm as an réamhfhocal 'a' (i. 'do') go minic san aistriúchán seo le dhá chuid de abairt a cheangal le chéile:
"bhí a fhios agam go gcaithfear dhá choinneal a chur ag ceann an choirp" (as an scéal Na Deirfiúracha) - *"I knew that two candles must be set at the head of a corpse."*
Mar sin féin, ag an am a scríobhas, mheas mé go rachadh an scéal i liostachas dá mbaintí an iomarca úsáide as an chlásal coibhneasta seo ar liobarna i ndiaidh réamhfhocail, agus d'úsáid mé struchtúr díreach nó aidiacht shealbhach ina áit ó am go chéile ar mhaithe le héagsúlacht:
"Caithfear cur dhá choinneal ag ceann an choirp"
nó
"Ó thaobh coinnle dhe, bhí a fhios agam go gcaithfear a gcur ag ceann an choirp."
An fhadhb le seo, tá cuma thacair, mhínádúrtha air.

Ní chuidíonn an méad feidhme a bhaintear as an tuiseal ginideach san aistriúchán le luas agus líofacht na Gaeilge ann ach oiread. Is beag eisceacht ann, go fiú amháin i ndiaidh an ainm briathartha m.sh. "ag fáil bháis", nó roimh chuspóir, agus réimnítear ainmfhocail choitianta fearacht 'dul' go fiú amháin. Ar ndóigh ní réitíonn seo leis an teanga bheo. Más amhlaidh nach bhfuil sa tuiseal ginideach sa teanga bheo ach maisiúchán gan brí, is cuma ann nó as an tuiseal céanna liomsa. Ann atá sé san aistriúchán seo áfach - i gcónaí. Iarraim ar an léitheoir neamhaird a dhéanamh ar an nós seo agam san aistriúchán agus é nó í á léamh.

Aisteachas eile san aistriúchán seo, tá go leor Béarla ann agus an iliomad nótaí mínithe ag deireadh an leabhar. Anglais an focal a cuireadh ar Bhéarla sna nótaí mínithe (agus Gaeilic/Gaeilig an focal ar Ghaeilge). Ní chuirtear cló iodálach ar na focail gallda sna scéalta ach den chéad-uair amháin. Ní chuirtear Gaeilge ceart ar shloinnte Éireannacha sna scéalta (m.sh. *Farrelly*). Níor mhaith leis an aistritheoir cur isteach ar an domhain gallda a chruthaigh Joyce féin.

Seo an chéad shaothar litríochta a scríobh Joyce. Foilsíodh é i 1914, naoi mbliana tar éis a scríofa, agus is scéal ann féin an doicheall roimh a fhoilsiú. Is é *Dubliners* an saothar prós is simplí agus is sothuigthe de chuid Joyce. Déantar forbairt ar chuid de na carachtair ann san úrscéal Ulysses.

Chuirfeadh sé gliondar ar mo chroí dá spreagadh a t-aistriúchán seo tuilleadh aistriúchán. Tá aistriúchán Gaeilge de scéal deireanach *Dubliners* déanta cheana féin ag Séamas Ó hInnéirghe as Maigh Eó. D'aistrigh sé *Portrait of the Artist as a Young Man* agus *Ulysses* freisin (fuair cabhair ó Bhreasal Uilsean agus ó Shéamas Ó Mongáin le Ulysses). Cuireadh i gcló é le foilsitheoir i mBéal Feirste darb ainm Inis Gleoire. Is cosúil nach ann don tigh foilsitheoireachta níos mó agus is deacair teacht ar na leabhair seo. Seo na teidil:

Uiliséas (1991)
Cinmhíol an chuilb mar ógánach (*Portait of the Artist as a Young Man* 1993)
Na Mairbh (1997)

Na Deirfiúracha

BHÍ sé thar taomadh an babhta seo: ba é seo an tríú stróc apaipléise a bhuail é. Oíche tar éis oíche, chuaigh mé thar an teach (ba le linn na laethanta saoire ón scoil é seo) agus scrúdaigh mé an fhuinneog chearnógach a raibh solas ag teacht as: agus oíche tar éis oíche, chonaic mé go raibh sí ar lasadh sa chaoi chéanna, go fann agus go cothrom. Dá mbeadh sé marbh, a smaoinigh mé, bheadh an seomra níos dorcha agus d'fheicfinn scáil na gcoinnle taobh thiar de na dallóga, óir bhí a fhios agam go gcaithfear dhá choinneal a chur ag ceann an choirp. Ba mhinic a dúirt sé liom: 'is gairid an seal atá fágtha agam sa tsaol seo', agus shíl mé gurbh fhánach a fhocal. Anois bhí a fhios agam gurbh fhíor é. Dúirt mé an focal *paralysis* go ciúin liom féin gach uile oíche agus mé ag stánadh suas ar an fhuinneog. Ba ait an focal ar mo chluasa riamh, fearacht an fhocal *gnomon* san *Euclid* agus an fhocal *simony* sa Teagasc Críostaí.[1] Anois áfach, thaibhsigh an focal dom mar a bheadh neach mailíseach agus peacúil ann. Chuir sé scéin ionam, ach san am céanna shantaigh mé a bheith níos gaire dhó agus féachaint ar a shaothar marfach.

Bhí sean-Mhac Oitir ina shuí cois tine ag caitheamh gaile nuair a tháinig mé anuas an staighre ag am suipéir. Fad is a bhí m'aintín ag dáileadh amach an leite, deir sé, mar a bheadh ag filleadh ar ais ar ráitis éigean a rinne cheana féin:

"Ní hea, ní déarfainn go raibh sé… ach bhí rud éigean corr… bhí rud éigean ait faoi. Is é mo thuairimse... "

Bhain sé neart gal as a phíopa, gan dabht ag cur eagair ar a thuairim ina intinn féin. An seanbhreallaire bambairneach! Nuair a raibh aithne againn ar dtús air bhí sé suimiúil go leor, lena chaint faoi chama stile agus faoin bhraon broghach; ach ba ghearr gur éirígh mé bréan dá scéalta síoraí faoin tigh stile.

"Tá mo léamh féin agamsa ar an scéal," a deir sé. Sílim gur ceann é seo de na... cásanna siúd faoi leith... Ach is deacair a rá...'

Thosaigh sé ag baint plaiceanna as a phíopa arís gan a léamh féin a nochtadh dhúinn. Chonaic m'uncail ag stánadh mé agus dúirt sé liom:

"Sea, is amhlaidh go mbeidh brón ort cloisteáil go bhfuil do sheanchara imithe."

"Cé?" a deirim.

"Father Flynn."

"An bhfuil sé básaithe?"

"Tá *Mr Cotter* anseo díreach tar éis é a rá linn. Bhí sé ag dul thar an teach."

Bhí a fhios agam go rabhadar go léir ag coimhéad orm, agus mar sin lean mé orm ag ithe mar dhea nach raibh suim agam sa scéal. Mhínigh m'uncail an cás don tsean-*Cotter*.

"Bhí seisean agus an gasúr an-mhór lena chéile. Mhúin an fear críonna go leor dó, bíodh a fhios agat, agus deirtear go raibh an-chion aige air."

“Go ndéana Dia trócaire ar a anam” ar m’aint go deabhóideach.

D’fhéach an sean-Chotter ormsa ar feadh tamaill. Mhothaíos a súile beaga dubha ag breathnú orm ach níor thugas de shásamh dhó go n-amharcfainn suas ó mo phláta. D’fhill sé ar a phíopa agus sa deireadh chaith smugairle go drochbhéasach sa tine.

“Níor mhaith liom go mbeadh páistí agamsa,” a dúirt sé, “rómhór le fear mar sin.”

“Céard atá i gceist agat as sin, a mhister Cotter,” a d’fhiafraigh m’aint.

“Is éard atá i gceist agam,” a dúirt an Sean-Chotter, “is dona an rud é do pháistí. An tuiscint atá agamsa, lig do bhuachaill óg rith agus súgradh le buachaillí dá aois féin, agus gan a bheith... An bhfuil an ceart agam, *Jack*?”

“Is é an dearcadh céanna agamsa é,” ar m’uncail. Lig dó foghlaim an fód a sheasamh as a stuaim féin. Is é sin a deirim i gcónaí leis an *Rosicrucian*[2] thall ansin: déan roinnt aclaíochta. Go deimhin féin, nuair a bhí mise i mo mhalrach, thógas folcadh fuair, geimhreadh agus samhradh. Agus is é sin a sheasas dom anois. Tá an t-oideachas maith go leor ann féin...

B’fhéidir go mblaisfidh an t-uasal Cotter bolgam den chaorfheoil sin,” a dúirt sé le m’aint mar aguisín.

“Arú, ná tabhair domsa é,” a dúirt an sean-Chotter.

Thóg m’aint pláta ón chófra feola agus chuir ar an tábla é.

“Ach cén fáth a mheasann tú nach ndéanann sé maith do pháistí, a uasail Cotter?” a d’fhiafraigh sí.

“Is dona an rud é dho pháistibh,” a dúirt an Seanchotter, “mar gheall ar a shaonta is atá a n-aigne. Nuair a fheiceann páistí rud mar sin, an bhfuil ‘fhios agat, bíonn tionchar aige... ”

Líon mé mo bhéal le leite ar fhaitíos go labhraínn amach le teann feirge. An Seanleibide bearránach dearg-shrónach!

....

Bhí sé déanach amach san oíche nuair a thit mé i mo chodladh. Cé go raibh mé ar buille leis an tSeanchoitir mar go raibh sé ag tagairt domsa mar a bheadh páiste ionam, bhíos do mo mhearú féin ag iarraidh adhmaid a dhéanamh as a abairtí neamhchríochnaithe. I ndorchadas mo sheomra, thaibhsigh aghaidh liath mhairbhiteach an phairilisigh. Tharraingíos na pluideanna thar mo cheann agus rinneas iarracht smaoineamh ar an Nollaig. Lean an aghaidh liath mé áfach. Labhair sí trína fiacla, agus thuig mé gur theastaigh uaithi faoistin a dhéanamh i rud éigean. D’airigh mé m’anam ag cúlú isteach i réigiún taitneamhach agus mailíseach; agus bhí sí siúd ag fanacht orm ansin freisin. Thosaigh sí ag déanamh faoistine liom i gcogarnach chainte agus ba iontas liom cúis an mheangadh gáire a rinne sí gan stad liom agus cad ina thaobh taise na liopaí. Ansin áfach, tháinig sé chun cuimhne dhom go bhfuair sé bás de phairilis agus shamhlaíos go raibh mé féin ag déanamh gáire fann freisin, mar a bheinn ag tabhairt aspalóide don tsíomóntaí ina pheaca.[3]

Maidin lá arna mhárach tar éis chuid na maidine, chuaigh mé soir chuig an teach ar Shráid *Great Britain*[4] chun amhairc air. Ba theach neamhphostúil é, cláraithe faoin ainm doiléir *Drapery*. Is iad na hearraí ba mhó sa tsiopa, éadaí nó buataisíní páistí agus scáthanna báistí. De ghnáth, bhíodh fógra crochta suas san fhuinneog le *Umbrellas Re-covered* scríofa air. Ní raibh aon fhógra ann anois, mar bhí na comhlaí tarraingthe anuas ar na fuinneogaibh. Bhí crobhaing créipe ceangailte de bhoschrann an dorais le ribín. Bhí beirt bhan bocht ag léamh an chárta a bhí greamaithe den chréip le biorán. Dhruid mé leis agus léigh:

July 1st, 1895
The Revd James Flynn (formerly of
S. Catherine's Church, Meath Street),
aged sixty-five years.
R.I.P.

Ní raibh amhras ar bith orm ach go raibh sé marbh tar éis dom an cárta a léamh. Chuir sé sin stop le mo ghiodam, rud a bhain geit bheag asam. Murach go raibh sé básaithe, rachainn isteach sa tseomra beag dorcha ar chúl an tsiopa, áit a mbeadh sé ina shuí cois tine romham agus é nach mór plúchta ag a chóta mór. B'fhéidir go mbeadh paicéad *High Toast* faighte agam ó m'aint le tabhairt dó. Mhúsclódh an bronntanas seo é dá thámh mharbhánta codlata. Ba mise a d'fholmhaíodh an paicéad isteach in a bhocsa dubh snaoise, mar bhí an oiread creatháin ina láimh aigesean is go ndoirtfeadh sé a leath dhe ar an urlár dá ndéanadh seisean é. Go fiú nuair a chuireadh sé a lámh mhór chreathach lena shróin, shileadh néalta beaga deataigh trína mhéaracha anuas ar a chóta. B'fhéidir gurbh iad na ceathanna síoraí snaoise seo ba chúis leis an chuma ghlas theilgthe ar a sheanfheisteas sagairt, mar ba bheag an éifeacht a raibh ag a chiarsúr dearg lena shíleadh sé na gráinní a scuabadh uaidh, agus an ciarsúr céanna dubhaithe ag an tsnaois i gcónaí.

Bhí fonn orm dul isteach agus amharc air ach ní raibh sé de mhisneach agam cnagadh ar an doras. D'imíos liom ar an taobh grianmhar den tsráid agus mé ag léamh na bhfógraí dráma i bhfuinneoga na siopaí feadh an bhealaigh. Ba ait liom nach raibh mise ná an lá féin faoi bhrón agus chuir sé cantal orm tabhairt faoi deara go rabhas go fiú amháin ag blaiseadh na saoirse, mar a mbeinn fuascailte ó rud éigean mar thoradh ar a bhás. Bhí iontas orm faoi seo, óir faoi mar a dúirt m'uncail liom an oíche roimhe, is mór an méad a mhúin sé dhom. Bhí seal caite aige ag staidéar san ollscoil Éireannach sa Róimh agus mhúin foghraíocht cheart na Laidine dhom. D'eachtraigh dhom ar chatacómaí agus ar *Napoleon Bonapart*, agus mhínigh ciall na ndeasghnátha éagsúla Aifrinn agus ciall na bhfeisteas éagsúil a chaitheas an sagart. Uaireanta, bhaineadh sé sult as ceisteanna deacra a chur orm: d'fhiafraíodh dhíom céard ba chóir do dhuine a dhéanamh i gcás áirithe nó cé dhíobh an raibh peaca faoi leith ina pheaca marfach nó ina pheaca solathach, nó arbh é nach raibh ann ach locht beag daonna. Léirigh a chuid ceisteanna a chasta agus a dhiamhaire is a bhí roinnt bhun-nósanna na hEaglaise ar chreid mise riamh roimhe sin gurbh iad na gníomhartha ba éasca. Chonacthas dom go rabh dualgais i leith na hEocairiste agus i leith rúndacht na faoistine chomh tromchúiseach is gurbh iontas é go bhfuair duine ar bith óna mhisneach tabhairt fúthu; agus ní raibh ionadh ar bith orm nuair a dúirt sé liom go raibh leabhair scríofa ag bunaitheoirí na hEaglaise a bhí chomh tiubh le hEolaire Oifig an Phosta agus a raibh an cló iontu chomh beag le fógraí dlí sa pháipéar nuachta, ina gcuirtear na ceisteanna seo ina suí. Amanna, d'iarrfadh sé orm roinnt de freagraí na hAifreann a rá, mar bhíodar curtha de ghlanmheabhair agam dó. Sméideadh sé a cheann agus aoibh smaointeach an gháire air fad is a bhí na freagraí á ríomh agam, agus shacadh gráinní móra snaoise suas gach poll srónach faoi seach ó am go ham. Nuair a dhéanadh sé meangadh gáire, bheadh a chuid fiacla buí á nochtadh agus a theanga ina luí ar a liopa íochtair aige. Ba nós é seo a chuir míshuaimhneas orm ar dtús sula raibh aithne mhaith agam air.

Tháinig focail sean-Chotter chun cuimhne dhom agus mé ag siúl faoin ghréin agus rinneas iarracht cuimhneamh ar ar tharla ina dhiaidh sin sa bhrionglóid. Ba chuimhin liom gur thug mé faoi deara cuirtíní fada veilbhite agus lampa ar luascadh a bhí de stíl seanaimseartha. Bhí sé mar a bheinn ar an choigríoch i bhfad ó bhaile in áit ina bhfuil béasa agus bealaí aduaine ag daoine – an Pheirs a shíl mé… ach ní thiocfadh deireadh na brionglóide chun chuimhne.

An oíche sin, thug m’aint léi chuig teach an bháis mé. Bhí an ghrian dulta faoi, ach fuinneoga na dtithe agus a n-aghaidh siar, bhíodar ag caitheamh scáil órga de mhúr mór scamall. Chuir Nannie fáilte romhainn sa halla agus, ó ba mhíchuibhiúil é glaoch amach uirthi, chroch m’aint lámh léi mar chomhartha ómóis do gach a raibh istigh ann. Shín an tseanbhean a méar in airde mar a bheadh sí ag cur ceiste agus, nuair a sméid m’aint a ceann, chuaigh sí ag dreapadh suas an staighre caol go tiarálach. Agus a ceann cromtha síos mar a bhí, is ar éigean a chuaigh sé thar leibhéal ráille an staighre. Stop sí ar an chéad-léibheann cheann staighre agus sméid go spreagúil orainn leanúint ar aghaidh chuig doras oscailte sheomra an bháis. Chuaigh m’aint agus nuair a chonaic an tseanbhean go raibh drogall orm dul isteach, thosaigh ag sméideadh isteach orm arís agus arís eile lena láimh.

Chuas isteach ar bharraicíní na gcos. Bhí solas órga breacdhorcha ag leathadh trí chiumhais lása na ndallóga agus ba chosúil le lasracha caola báiteacha iad na coinnle ann. Bhí sé istigh i gcónra. Thug Nannie sampla dhúinn agus chuamar síos ar ár nglúine ag bun na leapan. Ligeas orm guí a dhéanamh ach bhí sé fánach orm tabhairt mo mheanman fúithi mar bhí monabhar na seanmhná do mo bhuaireamh. Thugas suntas do a amscaí is a bhí a gúna ceangailte taobh thiar di agus thugas suntas do shálaibh a buataisí a bhí ídithe síos ar thaobh amháin. Bhuail an nóisean mé go raibh aoibh an gháire ar an tsagart istigh ina chónra.

Ní raibh áfach. Chonaiceas nach raibh aoibh an gháire air nuair a d’éiríomar aníos a dhruidim le ceann na leapan. Bhí sé ina luí ansin go forleitheadach foisteanach agus é feistithe mar a bheadh ag dul chun na haltóra, le cailís fostaithe go bog ina lámha móra. Aghaidh ghairgeach, liath agus ollmhór a bhí romhaim, le polláirí dubha cuasacha agus ciorclaithe le clúmh bán scáinte. Bhí boladh láidir sa tseomra - na bláthanna.

Choisriceamar sinn féin agus d’fhágamar é. Sa tseomra beag síos staighre, bhí Eliza ina suí romhainn sa chathaoir uillinne a ngnáthaíodh seisean. Bhraitheas mo shlí romham chuig an chathaoir sa chúinne ina shuíodh mise de ghnáth agus shiúl Nannie chuig an chlár sleasa a tharraingt amach crúsca seirise agus roinnt fíonghloinní. Leag sí ar an bhord iad agus thug cuireadh dhúinn gloine beag fíona a thógáil. Ansin, faoi ordú a deirféar, líon sí na gloiní agus shín chugainn iad. D’iarr sí orm roinnt *cream crackers* a thógáil ach dhiúltaíos iad mar bhí faitíos orm go ndéanfainn an iomarca torainn dá n-ithe. Shílfeá gur chuir m’eiteach pas beag díomá uirthi. Chuaigh sí sall go ciúin chuig an tolg agus shuigh síos laistiar dá deirfiúr. Níor labhair aon duine: bhíomar go léir ag stánadh romhainn ar an teallach lom.

D’fhan m’aint ina tost gur lig Eliza osna aisti agus ansin dúirt:

“Á, sea, tá sé dulta go domhan níos fearr.”

Lig Eliza osna eile aisti agus chlaon a ceann mar chomhartha aontaithe. Mhéaraigh m’aint cos a fíonghloine agus bhain súimín beag as.

“Ar… go suaimhneach?” a d’fhiafraigh sí.

“Ó, go suaimhneach go leor a bhean chóir,” ar Eliza. “Ní aireofá an nóiméad a d’imigh an dé deiridh as. Bhí bás álainn aige, moladh le Dia.”

“Agus gach uile rud…?”

Bhí an tAthair O’Rourke isteach leis Dé Máirt agus chuir an ola air agus fuair faoi réir é agus gach aon rud.’

“Bhí a fhios aige mar sin?”

“Chuir sé a thoil lena chinniúint.”

“Tá cuma sách chaoinfhulangach air,” ar m’aint.

“Is é sin a dúirt an bhean a d’fhostaíomar chun a níocháin. Dúirt sí go raibh cuma chomh síochánta chaoinfhulangach air is go sílfeá nach raibh ann ach go raibh sé ina chodladh. Ní shamhlódh aon duine a áille is a bheadh a chorp.”

“Leoga, ní shamhlódh,” ar m’aint.

Bhain sí súimín eile as a gloine agus dúirt:

“Bhuel, a Mhiss Flynn, ar a laghad ar bith, caithfear gur mór an sólás duit é a fhios a bheith agat go ndearna tú gach rud a d’fhéadfá déanamh dhó. Dar mo choinsias, bhí an bheirt díobh an-lách leis.”

Shlíoc Eliza a gúna thar a glúine.

“Á, James bocht’, a dúirt sí. Ag Dia atá a fhios go ndearnamar ár ndícheall agus a bhoichte is atáimid - níor mhaith linn go mbeadh díth ar bith air a fhad is bhí sé ar an tsaol seo abhus.”

Bhí Nannie tar éis a cinn a ligean ar philiúr an tolg agus gach dealramh uirthi go raibh sí ag titim ina codladh.

“Nannie, an créatúr,” ar Eliza agus í ag amhairc uirthi, “tá sí traochta. An tiaráil ar fad a bhí orainn beirt, ag fostú mná chun a níocháin agus ansin bhí sé le fáil faoi réir agus ansin bhí scéal na cónra ann agus b’éigean dúinn an tAifreann a shocrú sa tséipéal. Murach *Father O’Rourke* níl a fhios agam céard a dhéanfaimis. Is eisean a rug na bláthanna go léir seo chuig an teach, chomh maith leis an dá choinnleoir seo ón tséipéal. Is eisean a scríobh an fógra sa *Freeman’s General* agus a réitigh na cáipéisí reilige mar aon le hárachas James boicht.”[5]

“Nárbh mhaith uaidh é sin?,” ar m’aint.

Dhún Eliza a súile agus chroith a ceann go mall.

“Níl cara ar bith ionchurtha le seanchairde,” ar sí, “i ndeireadh na dála is iad na seanchairde amháin a dtig leat do mhuinín a chur iontu.”

“Is fíor duit,” ar m’aint. “Agus anois agus é ar shlí na fírinne, táim cinnte nach ndéanfaidh sé dearmad ar do chineáltais leis.”

“Á, James bocht,” a deir Eliza. “Ba bheag an dua a chuir sé orainn. Ní chloisfeá sa tigh é ach oiread le anois féin. Ar a shon sin is uile, tá a fhios agam go bhfuil sé imithe uainn chuig…”

“Is ag an uair a bheas gach aon rud thart a aireóidh tú uait é,” a deir m’aint.

“Tá a fhios sin agam,” ar Eliza. “Ní bheidh mé ag breith a shúram mairteola chuige go deo arís. Agus tusa, a bhean uasal, ní bheidh tú ag cur a snaoise chuige níos mó. Á, James bocht!”

Stop sí, mar a bheadh ag smaoineamh siar ar an tsaol a bhí imithe agus ansin dúirt sí go críonna:

Mar sin féin, thugas faoi deara go raibh rud éigean aisteach ag teacht air sa deireadh. Am ar bith dá dtagainn isteach chuige lena anraith, bheadh sé caite siar sa chathaoir, a phortús tithe ar an urlár agus a bhéal ar oscailt.’

Leag sí méar ar a srón agus chruinnigh a malaí: ansin labhair an athuair:

“ach fós deireadh sé i gcónaí go dtabharfadh sé geábh i gcóiste lá breá éigean sula mbeadh an samhradh thart, ar chúis ar bith eile ach chun fheiceáil an tseantí inar rugadh sinn go léir thíos sa Bhaile Ghaelach, agus deireadh sé go dtabharfadh sé Nannie agus mise in éineacht leis. Dá n-éiríodh Dia linn teacht ar cheann de na cóistí nua-aimsearthaibh nach ndéanann torainn faoinar inis Father O’Rourke dúinn, a deireadh sé. Iad siúd a bhfuil rothaí *rheumatic* fúthú, ach ceann díbh sin a fháil go saor don ló thall i dtigh Johnny Rush a ghabháil anonn ann le chéile, an triúr dínn tráthnóna Domhnaigh éigean. Ní raibh faoi ná thairis ach a dhéanamh… James bocht!”

“Go ndéana Dia trócaire ar a ainm,” ar m’aint.

Tharraing Eliza a ciarsúr uirthi agus chuimil a súile leis. Ansin chuir sí ar ais ina póca agus stán ar an tinteán folamh gan focal aisti ar feadh achair fada.

“Bhí sé riamh róchonsiasach, a dúirt sí. Sháraigh dualgais na sagartachta air. Ansin, d’fhéadfá rá gur tháinig an saol salach air.”

“Tuigim,” ar m’aint. “Ba fhear é a raibh díomá air. Ba léir sin.”

Neadaigh ciúnas sa tseomra agus, faoi choim an chiúnais seo, chuas i leith an tábla a bhlaiseadh mo sheirise agus ansin d’fhilleas go ciúin ar mo shuíochán sa chúinne. Bhí an chosúlacht ar Eliza go raibh sí go domhan sa mhachnamh. D’fhanamar go hurramach leis an uainn a bhrisfeadh sí an tost: agus i ndiaidh ciúnais fada, deir sí:

“An chailís sin a bhris sé… ba é sin an tús. Ar ndóigh, deirid nach ndearnadh aon dochar. Is é sin, nach raibh aon cheo istigh inti. Ach mar sin féin… Deirid gur ar an bhuachaill a bhí an locht. Ach bhí James bocht chomh neirbhíseach, go ndéana Dia trócaire air!”

“Agus arb é sin é?” a deir m’aint. “Chualas rud éigean…”

Sméid Eliza a ceann.

“Chuaigh sé sin faoin intinn aige,” a deir sí. “I ndiaidh na heachtra sin, thosaigh sé ag fálróid thart ina chadhan aonraic, gan labhairt leis an duine beo. Is amhlaidh go raibh sé ag teastáil oíche amháin le dul ar cuairt tí ach níor fhéadadar teacht air. Chuadar ar a lorg i ngach uile áit ach fós ní raibh tásc

ná tuairisc air. Ansin mhol an cléireach dóibh an séipéal a chuardach. Fuaireadar na heochracha agus d'osclaíodar an séipéal agus thóg an cléireach agus Father O’Rourke agus sagart eile a bhí ann, thógadar lóchrann isteach chun a chuardaigh… agus cén bhrí ach bhí sé rompu ansin ina shuí ina lándúiseacht leis féin sa dorchadas ina bhosca faoistine agus é ag gáire go ciúin leis féin.”

Stop sí go tobann mar a bheadh ag éisteacht. Chuir mise cluas le héisteacht orm freisin ach ní raibh fuaim dá laghad sa tigh: agus bhí a fhios agam go raibh an seansagart ina luí ina chónra i gcónaí, faoi mar a chonaiceamar é, le cailís díomhaoin ar a ucht.

Labhair Eliza an athuair:

“Ina lándúiseacht agus é mar a bheadh ag gáire leis féin… agus mar sin nuair a chonaic siad sin ansin, is é sin a thug an smaoineamh ina gceann go raibh rud éigean ar cearr leis...”

Teangmháil

BA É *JOE DILLON* a nocht domhan an *Wild West* dúinn. Bhí ábhar leabharlainne bige aige de sheanuimhreacha *The Union Jack, Pluck* agus *The Halfpenny Marvel.* Gach tráthnóna tar éis na scoile chasaimis lena chéile ina ghairdín cúil agus shocraímis cathanna *Indians*. Eisean agus a dheartháir óg ramhar, an falsóir, ghlacaidís seilbh ar lochta an stábla fad is a dhéanaimisne iarracht a ghabhála de ruaig uathu. É sin nó bhíodh cathanna cóirithe againn lena chéile ar an phlásóg. Théadh a mhuintir chuig aifreann a hocht a chlog gach maidin agus bhíodh boladh suaimhneasach *Mrs Dillon* i réimeas i halla an tí. Ach ba ró-fhíochmhar an chaoi a bhíodh sé ag súgradh, dar linne, a bhí níos óige agus níos scáfaire [ná é]. Bhí cuma Indigh de chineáil éigean air agus é ag ceáfráil timpeall an ghairdín, seanphúic tae ar a cheann, é ag bualadh druma lena dhorn agus a bhéiceadh:

“Ya! yaka, yaka, yaka!”

Baineadh stangadh as gach uile dhuine nuair a frítheadh scéala go raibh gairm aige le bheith ina shagart. Mar sin féin, b’fhíor é.

D’fhás meoin ansmachta inár measc agus, faoina tionchar siúd, dhéantaí neamhaird de difríochtaí cultúir agus láidreachta. Sheasaimis le chéile, cuid dínn go dána, cuid eile ar son grinn agus cuid eile fós nach mór as faitíos: agus sa líon deireanach, na hIndiaigh drogallacha a mbíodh eagla orthu tabhairt le fios go mba daoine staidéartha ná ar easpa scafántachta iad, ba dhuine dhíobh mise. Na heachtraí a bhain le litríocht an Iarthair fhiáin, níorbh chosúil le mo nádúrsa iad ná baol air. Ar a laghad féin áfach, d'osclaídís doirse éalaithe. B'fhearr liomsa roinnt scéalta bleachtaireachta Meiriceánaí ina mbíodh trácht ar cailíní fiáine áille stothallacha ó am go chéile. In ainneoin nár mhíchuibhiúil na scéalta seo agus cé go mba liteartha a n-éirim scaití, scaiptí faoi choim iad sa scoil. Lá amháin nuair a bhí an t-Athair *Butler* ag éisteacht leis an cheithre leathanach de Stair na Róimhe, frítheadh Leo Dillon, an ciotachán, le cóip de *The Halfpenny Marvel.*[6]

“An leathanach seo nó an leathanach seo? An leathanach seo? Anois, Dillon, aníos leat! ‘*Hardly had the day dawned’...* An bhfuil staidéar déanta agat air? Céard atá ansin agat i do phóca?”

Tháinig fuadach croí ar gach aon duine agus Leo Dillon ag géilleadh an pháipéir, agus chuir gach duine dreach neamhurchóideach air féin. D’iompaigh an t-Athair de Buitléir na leathanaigh agus grainc ar a mhalaí.

“Céard é an truflais seo?” ar sé. “*The Apache Chief!* An é seo a léann tú i leaba staidéir a dhéanamh ar do chuid Staire Rómánaí? Ná aimsím tuilleadh den dríodar suarach seo sa choláiste seo. An fear a scríobh é, is dóigh liom gur suarachán éigean é a scríobhas na rudaí seo le haghaidh dí. Cuireann buachaillí mar aon leatsa iontas orm, sibh léannta, agus ag léamh a leithéid de stuif. D’fhéadfainn é a thuiscint é dá mba... bhuachaillí na Scoile Náisiúnta sibh. Anois, Dillon, comhairle láidir duit, téigh i mbun oibre nó... ”

An lochtú seo le linn uaireanta stuama na scoile, bhain sé an barr de ghlór an Iarthair Fhiáin orm, agus dreach náireach ata Leo Dillon, dhúisigh sí ceann de mo choinsiasaí.

Nuair a bhí fad curtha idir mé agus tionchar sriantach na scoile áfach, thosaíos ag tnúth arís le mothúcháin fhiáine, leis an éalú nár léir dom fáil agam air ach amháin i gcroinicí an anoird. D'éirigh bréagchogaíocht an tráthnóna chomh leamh tuirsiúil le gnáthamh na scoile ar maidin faoi dheireadh

mar gur theastaigh fíor-eachtraí uaim. Ach ní tharlaíonn fíor-eachtraí do daoine a fhanann sa bhaile, chonacthas dom: caithfear dul ar a dtóir ar an choigríoch.

Bhí na laethanta saoire ag drannadh liom nuair a bheartaigh mé briseadh amach ó leadrán shaol na scoile, ar a laghad ar feadh lae. Le Leo Dillon agus buachaill darb ainm *Mahony* a shocraíos lá éalaithe ón scoil. Choigil gach duine dhínn sé phingin. Chasfaimis lena chéile ag a deich a chlog ar maidin ag droichead na canála. Scríobhfadh deirfiúr mhór an Mhathúna leithscéal dó agus iarfadh Leo Dillon ar a dhearthiáir rá go raibh sé breoite. Bhí sé socraithe againn go rachaimis suas *Wharf Road* go dtiocfaimis chomh fada leis na longa. Ansin dhéanfaimis an turas trasna sa bhád farantóireachta agus shiúlfaimis amach chun an *Pigeon House*[7] a fheiceáil. Bhí faitíos ar Leo Dillon go mbuailfimis le *Father Butler* nó duine éigean ón Choláiste, ach chuir Mahoney an cheist, rud ar chiallmhar é, cad chuige a bheadh an tAthair de Buitléir thall ag Tigh Pigeon. Chuir sin ar ár suaimhneas sinn: agus chuir mise an chéad chéim den chomhcheilg i gcrích nuair a bhailíos sé phingin as an bheirt eile, dá dtaispeáint mo shé phingin féin san am céanna. Nuair a bhíomar ag déanamh na socraithe deireanacha an tráthnóna roimh ré, bhí pas beag díocais orainn. Chroitheamar lámh lena chéile agus sinn ag gáire.

“Go amárach a mhéiteannaí,” a deir Mahoney.

Bhí codladh corrach agam an oíche sin. An mhaidin dár gcionn, ba mise an chéad duine ag an droichead ó tharla gur mise an té a bhí ina chónaí ba ghiorra dhó. Chuireas mo chuid leabhar i bhfolach san fhéar ard a bhí gar don pholl luatha ag bun an ghháirdín, áit nár thaitin duine ná deoraí riamh. Leis sin, d’fhuirsíos suas bruach na canála. Ba mhaidin bhog ghrianmhar de chéad sheachtain Mhí an Mheithimh í. Shuíos in airde ar chóipeáil na canála agus mé ag breathnú go sásta ar mo bhróga fíneálta canbháis a sciúraigh mé go cáiréiseach le cré píopa le linn na hoíche. Lean mo shúile na capaill cheansa ó am go chéile fad is a tharraingíodar tram lán le daoine gnó suas an ard. Bhí gach géag de na crainn arda feadh na canála ag gáire le duilleóga beaga glasa geala agus shnigh solas na gréine tríothu ar an uisce. Bhí eibhirchloch an droichid ag tosú ag téamh suas agus thosaíos dá tapáil le mo bhos i dtúin leis an fhonn ceoil i mo cheann. Bhíos breá sásta.

Tar éis chúig nó deich nóiméad i mo shuí ann chonaiceas culaith liath Mahoney ag teacht i mo threo. Tháinig sé suas an aird agus meangadh gáire air, gur dhreap suas le mo thaobh ar an droichead. Fad is a bhíomar ag fanacht, tharraing sé amach an catapult a bhí ag cur bolg amach ar a phóca inmheánach agus léirigh dhom cuid de na feabhsaithe a bhí déanta aige air. D’fhiafraíos de cad chuige a rug sé leis é agus dúirt sé liom gur ar mhaithe le roinnt spraoi leis na héin a bheith aige a rug leis é. D’usáid Mahoney neart béarlagair ina chuid cainte agus *‘Old Bunser’* an t-ainm a chuir sé ar an Athair Butler. D'fhanamar mar sin ar feadh leathuaire níos faide ach fós féin ní raibh tásc ná tuairisc ar Leo Dillon. Léim Mahoney anuas den bhalla sa deireadh agus dúirt:

“Gabh i leith. Bhí a fhios agam go gclisfeadh an Feolamán orainn.”

“Agus a shé phingin...?” ar mise.

“Sin an geall a chuir sé,” ar Mahony “agus is é is fearr dúinne é – tá scilling agus sé pingine againn anois in ionad sé pingine.”

Shiúlamar suas Bóthar na Trá Thuaidh a fhad leis na *Vitriol Works* agus ansin chasamar ar dheis suas Bóthar na Cé. Thosaigh Mahony ag aithris ar dhúchasach Meiriceánach a thúisce is a bhíomar imithe as amharc. Chuir sé an ruaig ar scata cailíní gioblacha, ag beartú a chatapuilt folaimh agus, nuair a thosaigh beirt bhuachaillí gioblacha ag radadh cloch linn as gaisce, mhol dom gabháil ar

ruathar fúthu in éineacht leis. Chuireasa ina choinne ar an bhonn go rabhadar róbheag, agus shiúlamar ar aghaidh fad is a bhí an slua cifleogach ag screadach "*Swaddlers! Swaddlers!*" inár ndiaidh, mar gur shíleadar go mba Protastúnaigh sinn de bhrí go raibh Mahoney, a bhí dúchraicneach, ag caitheamh shuaitheantas airgid chlub *cricket* ar a chaipín. Nuair a thángamar a fhad leis an *Smoothing Iron* rinneamar léigear orthu ach ní raibh maith ann, mar ní mór triúr agat ar a laghad. Bhaineamar díoltas amach ar Leo Dillon as rá faoi gur chladhaire cruthanta é agus as tomhas cé méad a bhfaigheadh sé ag a trí a chlog ó *Mr Ryan*.[8]

Thángamar gar don abhainn ansin. Chaitheamar tréimhse fhada ag siúl timpeall na sráideanna callánacha lena ballaí arda ar a dtaobhanna, sinn ag breathnú ar láimhseáil na gcrann tógála agus na n-inneall. Ba mhinic a scread tiománaithe cairteacha slóchtacha orainn nuair nár bhogamar. Bhí sé ina mheán lae faoin am a shroicheamar na céibheanna agus ó tharla go raibh na hoibrithe ar fad ag ithe a lóin, cheannaíomar dhá bhorróg móra rísín agus shuíomar síos ar phíopa miotail cois na habhann chun a n-ithe. Bhaineamar sásamh as an radharc ar thrádáil Átha Cliath – na báid canála i bhfad uainn ag beannú dhúinn le putha deataigh ar nós olla, an loingeas donn iascaireachta ar an taobh thall den Rinn, an soitheach mór seoltóireachta a bhí á dhíluchtú ar an chéibh thall uainn. Duirt Mahoney go mba mór an greann é teitheadh linn tharr toinn ar cheann de na soithí móra agus fiú mise, agus mé ag breathnú ar na crainn mhóra seoltóireachta, chonaiceas, nó shamhlaíos, anam ag teacht de réir a chéile sa tíreolaíocht a dáileadh go gann orm ar scoil. Shílfeá go raibh an scoil agus an baile ag druidim uainn agus go raibh a dtionchar orainn ag dul i léig.

Thrasnaíomar an Life i mbád farantóireachta. D'íocamar an táille chun dul ar bord i gcuideachta bheirt shaothraithe agus Giúdaigh big a raibh mála aige. Bhíomar chomh stuama is go bhféadfá rá go rabhamar sollúnta, ach uair amháin dhearcamar sa tsúil ar a chéile agus rinneamar gáire. Nuair a thángamar i dtír, d'fhéachamar ar dhíluchtú grástúil an tsoithigh trí-chrann ar bhreathnaíomar air ón chéibh eile. Dúirt duine éigean den lucht féachana gur shoitheach Ioruach í. Chuas chuig a dheireadh ag iarraidh chiall a dhéanamh den scríbhinn uirthi ach, nuair nár éirigh liom, d'fhilleas agus scrúdaíos na mairnéalaigh féachaint an raibh súile glasa[9] ag duine ar bith dhíobh, mar bhí nóisean doiléir éigean agam... Ba ghorma agus liatha iad súile na mairnéalach, agus súile dubha go fiú amháin. An t-aon mhairnéalach a d'fhéadfaí rá faoi gur dhuine le súile glasa é, ba fhear ard a bhain gáire as an tslua ar an chéibh as rá, gach uair dar thit ceann de na plancaibh:

"All right! All right!"

Nuair a d'éiríomar bréan den fheic seo, chuamar ag fálróid go mall isteach sa Rinn. Bhí brothall tagtha ar an lá, agus i bhfuinneogaí na siopaí bhí brioscaí stálaithe ina luí á mbánú ag an ghréin. Cheannaíomar roinnt brioscaí agus seacláidí agus d'itheamar go cáiréiseach iad fad is a bhíomar ag fánaíocht trí shráideanna brocacha ina raibh clanna na n-iascairí ina gcónaí. Níor thángamar ar dhéirí in áit ar bith agus chuamar isteach i siopa mangarae dá dheasca, a cheannach bhuidéal líomanáide an duine. Athbheoite aige sin, chuaigh Mahoney síos lána sa tóir ar chat, ach thug an cat na cosa leis isteach i bpáirc leathan. D'airigh an bheirt dínn tuirseach go leor faoin am a shroicheamar an pháirc agus rinneamar caol díreach ar iomaire ag a bhruach a thug radhairc ar An Dothra thar a dhroim.

Bhí sé ródhéanach agus bhíomar róthuirseach chun ár scéime cuairt a thabhairt ar an *Pigeon House* a chur i gcrích. Níor mhór dúinn a bheith abhaile roimh a ceathair a chlog ar eagla go bhfaightí amach faoinár n-eachtra. D'amhairc Mahoney go haiféalach ar a chatapult agus bhí orm dul abhaile ar an traein a mholadh dhó sula dtagadh aon bhlas dá mhisneach ar ais. D'imigh an ghrian i measc na scamall agus d'fhág lenár gcuid smaointe maolaithe agus le grabhróga ár lóin sinn.

Ní raibh duine ná deoraí eile sa pháirc ach amháin sinn féin. Tar éis dúinn tamaill fada inár luí ar an bhruach gan focal a rá, chonaic mise fear ag tarraingt orainn ón taobh thall den pháirc. D’amharcas go marbhánta air agus mé ag cogaint ar cheann de na gais ghlasa sin a ndéanann cailíní fáistine leo. Tháinig sé go mall feadh an bhruaigh. Shiúl le láimh amháin ar a chorróg. Bhí maide ar iompar sa láimh eile aige lenar thug sé mionbhuillí don talamh. Bhí sé gléasta go dona i gculaith i leith na glasduibhe agus hata le tóin ard air a dtugaimis *jerry hat* mar ainm air. Bhí cuma sách sean air lena chroiméal ar dhath na luaithe. Nuair a tháinig sé a fhad linn agus é ag siúl díreach thíos fúinn, dhearc suas orainn go sciobtha agus choinnigh air ar a bhealach. Leanamar é lenár súile agus chonaiceamar gur thosaigh sé ag filleadh ar ais tar éis tuairim is caoga coiscéim. Shiúl chugainn go han-mhall, ag tabhairt mionbhuillí don talamh lena mhaide i gcónaí. Bhí sé ag dul chomh mall is gur shíl mé go raibh ag cuardach rud éigean san fhéar.

Stop sé nuair a bhí thíos fúinn agus bheannaigh dhúinn. D’fhreagraíomar dó agus shuigh sé síos go mall agus go han-cháiréiseach taobh linn ar an fhána. Thosaigh ag caint faoin aimsir, dúirt go mbeadh samhradh an-te ann agus freisin go raibh athrú mór tagtha ar na séasúir ó bhí seisean ina ghasúr – i bhfad ó shin. Dúirt nach raibh amhras ann ach gurb é an tráth is sona i saol duine ná a laethanta scoile agus go dtabharfadh rud ar bith le bheith óg arís. D’fhanamar inár dtost gan suim againn ann fad is a nocht sé na tuairimí seo. Ansin thosaigh ag caint faoin scolaíocht agus faoi leabhair. D’fhiafraigh dhínn ar léamar filíocht Thomas Moore ná saothair Sir Walter Scott agus Lord Lytton. Ligeas orm go raibh gach leabhar ar thagair sé dó léite agam, sa chaoi is go ndeir sé sa deireadh:

“Á, feicim gur léitheoir craosach thú, fearacht mise. Anois,” a deir sé, ag síneadh a mhéire i dtreo Mahoney a bhí ag breathnú orainn le súile móra, “tá seisean difriúil, is iad cluichí a rogha siamsa siúd.’

Dúirt sé go raibh gach saothar le Sir Walter Scott agus gach saothar le Lord Lytton sa bhaile aige agus nár thuirsigh riamh dá léamh. ‘Ar ndóigh, bhí roinnt leabhar de chuid an Tiarna Lytton ann nár thig le buachaillí a léamh.’ D’fhiafraigh Mahoney cén fáth nach bhféadfadh buachaillí iad a léamh – ceist a chráigh mise mar bhí faitíos orm go gceapfadh an fear go raibh mé féin chomh dúr le Mahoney. Ní raibh de fhreagairt ag an fhear ach meangadh gáire áfach. Chonaiceas go raibh mantanna móra ina bheal idir a fhiacla buí. Ansin d’fhiafraigh sé dhínn cé againn a bhí an líon ba mhó *sweethearts* aige. D’inis Mahoney go ciúin go raibh triúir stumpaí aige. D’fhiafraigh an fear díom cé méad a bhí agamsa. D’freagraíos nach raibh muirnín ar bith agamsa. Níor chreid sé mé agus dúirt go raibh sé cinnte dhe go raibh cailín amháin agam. Ní raibh focal uaim.

“Inis dom,” ar Mahoney go clóchasach, “cé méad atá agatsa?”

Rinne an fear meangadh gáire faoi mar a rinne roimhe sin agus dúirt go raibh neart muirníní aige nuair a bhí sé den aois chéanna linne.

“Tá muirnín beag,” a deir sé, “ag gach aon bhuachaill.”

Ba ait liom a oscailte is a bhí a dhearcadh ar an ábhar seo d’fhear dá aois. I mo chroí istigh cheapas gur chiallmhar a raibh ráite aige faoi bhuachaillí agus faoi mhuirníní. Níor thaitin na focail liom ina bhéal áfach agus níor thuigeas cén fáth ar bhuail taom creatha é uair nó dhó faoi mar a bheadh eagla air faoi rud éigean nó faoi mar a d’éireodh sé fuar ar feadh scaithimh. De réir mar a lean sé air, thugas faoi deara go raibh tuin snasta ar a chuid cainte. Thosaigh sé ag caint faoi chailíní – a mhíne is a bhí a gcuid gruaige deise agus a mhíne is a bhí a lámha deasa. Dúirt go raibh gach uile chailín níos dána ná a cosúlacht, dá mbeadh a fhios ag duine. Ní raibh rud ar bith faoin spéir ba mhó a

thaitin leis, a dúirt sé, ná breathnú ar chailín deas óg, ar a lámha deasa bána agus ar a cuid gruaige áille. Bhí an chuma air go raibh sé ag athrá rud a bhí foghlamtha de ghlan mheabhair aige, nó go raibh sé faoi dhraíocht ag focail áirithe a bhí á rá aige agus go raibh a chuid smaointe ag guairdeall go mall timpeall i lúb, mar a théadh pláinéad timpeall gréine. Amanna labhair sé mar a bheadh sé go díreach ag lua rud éigean a bhí ar eolas ag cách, amanna eile labhair sé de ghlór íseal agus go diamhair mar a bheadh sé ag nochtadh rúin dúinn nár mhaith leis dá gcloiseadh daoine eile é. Dúirt sé na habairtí céanna arís agus arís eile, dá malartú agus dá mburláil ina ghlór leamh. Níor fhág mo chuid súl bun na sleasa fad is a bhí mé ag éisteacht leis.

Tar éis tamaill fada stad a mhonalóg. Sheas sé aníos go mall, a rá go gcaithfeadh sé sinn a fhágáil ar feadh tuairim is nóiméad, cúpla nóiméad, agus, gan athrú a dhéanamh ar threo mo dhearcaidh, chonaiceas ag siúl go mall uainn chuig an taobh den pháirc ba ghiorra dhúinn. D'fhanamar inár dtost nuair a bhí sé imithe. Tar éis seal ciúnais de chúpla nóiméad, chualas Mahoney ag déanamh iontais:

“Dar mo bhriathair! Breathnaigh ar a bhfuil á dhéanamh aige.”

“Leoga... is sean-*josser* corr é!”[10]

“Ar fhaitíos go bhfiafraí sé orainn cad is ainm dúinn,” a deirimse, “Murphy a bheas ortsa agus Smith a bheas ormsa.”

Ní dúramar aon cheo eile lena chéile. Bhíos ag dóbartaíl ar imeacht nó fanacht fós nuair a d'fhill sé agus shuí in aice linn arís. Is ar éigean a shuigh síos nuair a léim Murphy, a chonaic an cat a d'éalaigh uaidh, léim aníos agus chuaigh sa tóir uirthi trasna na páirce. D'amhairc an fear agus mise ar an tseilg. D'éirigh leis an chat éalú agus thosaigh Mahoney ag caitheamh cloch leis an bhalla ar dhreap an cat é. D'éirigh sé as sin agus thosaigh sé ag fánaíocht thart ag an taobh thall den pháirc gan chúis faoi leith aige.

I ndiaidh seal ama, labhair an fear liom. Dúirt sé gur bhuachaill an-bhithiúnta é mo chara agus d'fhiafraigh dhíom ar lascadh go minic é sa scoil. Bhíos ar hob a rá leis go diomúch nár bhuachaillí de Scoil Náisiúnta le lascadh sinn, mar a chuir seisean air, ach d'fhanas i mo thost. Thosaigh sé ag caint faoi smachtú buachaillí. Mar a bheadh a mheoin faoi dhraíocht arís ag a chuid cainte féin, taibhsíodh dhom go raibh sí ag guairdeall timpeall go mall ar a lár nua, arís agus arís eile. Dúirt sé go mba cheart buachaillí a lascadh, agus a lascadh go maith nuair is den chineál sin iad. Ní dhéanfaidh beart dá laghad eile maitheas do bhuachaill nuair is buachaill bithiúnta ainrialta é ach amháin lascadh breá trom. Ní raibh aon mhaith i mboiseog sa láimh ná smitín i mbun na cluaise: is éard a theastaigh uaidh ná goradh maith de lascadh. Bhí iontas orm faoin tuairim agus thugas spléachadh suas ar a dhreach de m'ainneoin féin. Is éard a bhí romham, dhá shúil glasa ag gliúcaíocht orm faoi éadan bíogach. D'iompaíos mo shúile uaidh arís.

Lean an fear ar aghaidh lena spéic. Ba chosúil go raibh dearmad déanta aige ar an liobrálachas a bhí aige go nuige sin. Dúirt sé dá bhfeiceadh sé buachaill ag caint le cailíní riamh nó a mbeadh cailín aige mar mhuirnín, go lascfadh sé arís agus arís eile é agus go dtabharfadh sin ceacht dó gan labhairt le cailíní. Agus dá mbeadh cailín mar mhuirnín ag buachaill agus dá ndeireadh sé bréaga faoin scéal, go dtabharfadh sé a leithéid de lascadh dhó is nach bhfuair buachaill riamh sa domhan seo. Dúirt sé nach raibh rud ar bith arbh fhearr leis ná sin. Mhínigh dhom an chaoi a lascfadh sé buachaill dá leithéid mar a bheadh ag nochtadh rúin diamhair. Ba bhreá leis é sin, a dúirt sé, thar aon ní eile ón talamh aníos. D'éirigh a ghuth ionann is muirnéiseach agus é do mo threorú go liosta tríd an mhistéir seo, faoi mar a bheadh a ghuth ag impí orm go dtuigfinn a chás. D'fhanas ag

feitheamh le sos sa mhonalóg. Ansin sheasas aníos go tobann. Rinneas moill ar feadh mheandair ar fhatíos go sceithfinn a shuaite is a bhíos, ag ligean orm féin go rabhas ag ceangal mo bhróige agus ansin d'fhágas slán aige, ag rá go mb'éigean dom imeacht. Chuas suas an fhána go deas réidh ach bhí mo chroí ag preabadh go mear le scéin go mbéaradh sé ar na rúitíní orm. Nuair a shroicheas barr na fána, chasas timpeall agus, gan amharc air, ghlaos ós ard trasna na páirce:

"Murphy!"

Bhí tuin na crógachta bréagaí i mo ghuth agus bhí náire orm faoi mo sheift bheag bhocht. B'éigean dom scairt amach an athuair sular fhaca An Mathúinín mé agus ghlaoigh sé in ard a chinn ar ais orm. I mbarr mo chluaise a bhí mo chroí beag fad is a bhí seisean ag teacht de rith trasna na páirce chugam. Rith sé mar a bheadh sé ag teacht i gcabhair orm. Agus aiféala orm; mar i mo chroí istigh ba bheag orm é riamh go sin.

Araby[11]

Ó THARLA GO RAIBH SÍ DALL, ba shráid chiúin í Sráid Richmond Thuaidh, ach amháin an uair a scaoiltí saor na buachaillí ó Scoil na mBráithre Críostaí. Bhí teach díomhaoin ina sheasamh ar an taobh dall di, é dhá stór ar airde agus scoite amach óna chomharsana ar chearnóg talún. Na tithe eile ar an tsráid, in ómós de shaol mhodhúil na dteaghlach istigh iontu, bhreathnaíodar ar a chéile le gnúiseanna dochorraithe a raibh dath donn orthu.

An t-iarthionónta d'ár dtigh féin, ar shagart é, fuair sé bás sa tseomra suite ar chúl an tí. An t-aer, a raibh fuarbholadh uaidh mar nár ligeadh saor é, d'fhan sé ina luí i ngach aon sheomra, agus seomra an bhruscar tí laistiar den chistin, bhí sé breac le seanpháipéaraibh gan mhaith. Ina measc siúd, d'aimsíos roinnt leabhar le clúdacha páipéir a raibh na leathanaigh iontu craptha agus tais: *The Abbot*, le Walter Scott, *The Devout Communicant* agus *The Memoirs of Vidocq*. Is é an ceann deiridh is mó a thaitin liom mar bhí dath buí ar na bileoga. Bhí crann úill i lár an ghairdín fhiáin laistiar den tigh, agus bhí cúpla tom streachlánacha ann. Thángas ar theannaire rothair meirgigh an iar-thionónta faoi bhun cheann de na toim. Sagart an-charthanach ab é; d'fhág sé a chuid airgid go léir ag institiúidí agus do thiomnaigh sé troscán an tí dá dheirfiúr ina uacht.

Le laethanta gearra an gheimhridh, thagadh crónú na hoíche sula mbíodh ár ndinnéar caite againn. Bhíodh dath dorcha ar na tithe faoin am a chasaimis le chéile ar an tsráid. Bhíodh dath corcairghorm síor-athraitheach ar an phaiste spéir ós ár gcionn agus d'ardaíodh na lampaí sráide a lóchrainn fanna ina threo. Dhódh an t-aer nimhneach sinn agus leanaimis orainn ag súgradh go mbeadh griofadach teasa orainn. Ba tholl torannach ár mbéiceacha sa tsráid chiúin. Thugadh séirse ár súgartha trí na lánaí dorcha draoibeacha sinn, áit a théimis i mbearna bhaol threibheanna ghárbha na dtithe beaga, thar dorais cúil na ngáirdíní dorcha braonacha ina n-éiríodh bolaithe ó na poill luaithe, chuig stáblaí dorcha cumhra ina shlíocadh agus chíoradh cóisteoir an capall nó ina chroitheadh sé ceol ón úim búclach. Faoin am a d'fhillimis ar an tsráid, bhíodh na fochlóis líonta le solas fhuinneoga na gcistineacha. Dá bhfeictí m'uncail ag casadh an choirnéil, théimis i bhfolach faoi scáth an dorchadais go bhfeicfimis dulta istigh slán abhaile é. Nó dá dtagadh deirfiúr *Mangan* amach ar leac an dorais a ghlaoch ar a dheartháir nuair a bheadh a shuipéar réidh, bhreathnóimis uirthi ónár bhfolach scátha, agus í ag gliúcaíocht suas síos an tsráid. D'fhairimis uirthi a fheiceáil an ndéanfadh sí fuireach ann nó an rachadh isteach, agus, dá bhfanadh sí ann, thréigimis ár scáth agus shiúlaimis suas staighre An Mhongáin go fulangach. Bhíodh sí ag feitheamh linn, déanamh a coirp á nochtadh ag an tsolas ón doras leathoscailte. Shaighdeadh a deartháir fúithi i gcónaí sula ngéilleadh sé agus sheasainn-se taobh leis na ráillí ag amharc uirthi. Luascadh a gúna de réir mar a chorródh sí a corp agus bhocáladh rópa mín a cuid gruaige ó thaobh go taobh.

Luínn ar an urlár sa pharlúis ag aghaidh an tí a bhreathnú ar a doras gach maidin. Bhíodh an dallóg tarraingthe anuas go horlach den tsais sa dóigh is nach bhfeicfí mé. Bhíogadh mo chroí orm nuair a thagadh sí amach sa doras. Rithinn sa halla, sciobainn mo chuid leabhar agus leanainn í. Ghreamaínn mo shúile sa chruth donn romham, agus, nuair a dhruidimis i ngiorracht don áit ar scar ár mbealaí, ghéaraínn ar mo chois agus scoithinn í. Tharla sé seo maidin i ndiaidh maidine. Níor labhair mé riamh léi, cé is moite de chorrfhocal fánach, ach fós féin b’ionann a hainm agus gairm ar mhéid uile mo chuid fola baoithe.

D’fhanadh a híomhá liom go fiú sna háiteanna ba dhoicheallaí roimh rómánsaíocht. Sa luathoíche ar an tSatharn nuair a théadh m’aint amach a cheannach, b’éigean domsa cuid de na birt a iompar. Shiúlaimis tríd na sráideanna plódaithe, d’ár dtuairteáil ag fir ólta agus ag mná i mbun margála, i measc eascainí na n-oibrithe, liodáin callánacha na ngiolla siopa a bhíodh ina seasamh ar faire in

aice bhairillí na leicinn muice, chantaireacht shrónach na bhfonnadóirí sráide, a ghabhaidís fonn *come-all-you* faoi Ó Donnabháin Rosa, nó bailéad faoi na trioblóidí inár dtír dúchais. Ba aon mhothúchán amháin den tsaol féin liom na torainn seo go léir: shamhlíos go raibh mo chailís á iompar go slán sábháilte trí shlua naimhde agam.[12] Bhrúcht a hainm ar bharr mo theanga ar uairibh i bhfoirm paidreacha diamhra nó moltaí nár thuigeas féin. Ba mhinic a bhíodh an deoir ar an tsúil agam (níor thuigeas cén fáth) agus scaití bhí sé mar a bheadh tuile ag doirteadh amach as mo chroí agus isteach i mo chliabh. Is beag a smaoiníos faoin tsaol a bhí romham. Níorbh fhios dom an labhróinn riamh léi, nó dá labhraínn, cén chaoi a d'inseoinn léi faoin ghrá aimhréidh a bhí agam di. Ach ba ionann le cruit é mo chorp agus ba ionann le méara ag rith ar na téada iad cora agus focail aisti.

Tús oíche amháin, chuas isteach sa tseomra suí ina bhfuair an sagart bás. Ba oíche fhliuch dhorcha í agus ní raibh fuaim le cloisteáil sa tigh. Trí cheann de na pánaí briste fuinneoige, chualas an bháisteach ag teagmháil leis an talamh: na snáthaidí caola síoraí ag súgradh sna ceapacha báite. Bhí solas ag teacht as lóchrann nó fuinneog éigean i bhfad uaim. Bhíos buíoch de nach léir dom mórán sa dorchadas. Samhlaíodh dhom go raibh mo chéadfaí go léir ag iarraidh dul faoi scáth. Agus faitíos orm go raibh mé á gcailliúint, d'fháisceas bos mo dhá lámh le chéile gur ghabhadar crith, ag rá "*A ghrá mo chroí!' A ghrá mo chroí!*" neart babhtaí.

Labhair sí liom sa deireadh thiar thall. An chéad-uair a chuir sí araoid orm, bhuail an oiread mearbhaill mé is nach raibh a fhios agam cén freagra ar cheart dom tabhairt uirthi. D'fhiafraigh sí dhíom an rabhas chun dula chuig *Araby*. Rinneas dearmad cé dhíobh ar thugas 'tá' nó 'níl' mar fheagra uirthi. Basár iontach a bheadh ann, a deir sí; b'aoibhinn léi dul ann.

"Agus cén fáth nach dtig leat?" a d'fhiafraíos di.

Fad a labhair sí, chas sí braisléad airgid timpeall a rosta arís agus arís eile. Ní fhéadfadh sí dul ann, ar sí, mar go mbeadh cúrsa spioradálta ar siúil in a clochar an tseachtain sin. Bhí a deartháir agus beirt bhuachaillí eile ag troid faoina gcaipín agus bhí mise liom féin ag an ráille. Bhí greim láimhe aici ar cheann de na spící. An solas ón lampa os comhair ár dorais, lonnaigh ar chuas bán a muiníl agus shoilsigh sé a cuid gruaige a bhí ina luí anuas air. Thit an solas anuas as sin agus gheal an lámh ar an ráille. Thit sé ar thaobh amháin dá gúna agus lonnaigh ar imeall bán a peireacóit, a bhí le feiceáil ar éigean agus í in a seasamh go socair.

"Is méanar duit é," a deir sí.

"Má théim ann," ar mise, "beirfead rud éigean duitse."

A liacht smaointí baoise a ghabh seilbh ar m'intinn de ló is d'oíche i ndiaidh an thráthnóna sin! Ba mhaith liom na laethanta leadránacha roimh an Araby a dhíothú. I mo sheomra istoíche agus sa rang scoile sa ló, thagadh a samhail idir mé agus na leathanaigh a bhínn ag iarraidh a léamh. Mhothaínn siollaí an fhocal *Araby* do mo ghlaoch tríd an marbhchiúnas inar mhair m'anam agus do mo chur faoi gheasa ag an oirthear. D'iarras cead dul chuig an bhasár Oíche Dé Sathairn. Bhí ionadh ar m'aint agus bhí súil léi nach gníomhaíocht éigean Máisiúin a bhí i gceist. Is beag ceisteanna a d'fhreagraíos sa rang scoile. Chonaiceas dreach gheanúil mo mháistir ag éirí déine; bhí súil aige nach rabhas ag tosú a dhéanamh leisce. Níor fhéadas cruinniú mo smaointe fánacha le chéile. Is beag foighne a bhí agam le hobair stuama an tsaoil. Anois ó bhí sí sa bhealach ar mo mhian, ba shúgradh gasúir liom í an obair seo, súgradh suarach fadálach gasúir.

Maidin Dé Sathairn, chuireas i gcuimhne do m'uncail gur thoil liom dul chuig an bhasár an oíche sin. Bhí sé ag fuirseadh timpeall an chrochadáin ar thóir an scuab hata, agus thug freagra borb orm:

"Sea, a ghasúir, tá a fhios agam."

Ó bhí seisean sa halla, ní fheadfainn dul sa pharlús ag aghaidh an tí a luí ag an fhuinneog. D'imíos liom ón tigh agus stuaic orm gur shiúlas go mall i dtreo na scoile. Ba fhuar feanntach an lá agus bhí an tubaiste á tuar dom cheana féin.

Nuair a tháinig mé abhaile am dinnéir ní raibh m'uncail tagtha abhaile go fóill. Bhí sé luath sa ló i gcónaí. D'fhanas i mo shuí ag an bhord ag stánadh ar an chlog agus, nuair d'éiríos bodhar ag torann na dticeanna as, d'fhágas an seomra. Thug mé an staighre orm féin agus bhaineas an taobh uachtarach den tigh amach. Bhlaiseas saoirse sna seomraí arda fuara dorcha agus chuas ó sheomra go seomra ag gabháil fhoinn. As fuinneog taobh na sráide, chonaic mé mo chomrádaithe ag spraoi ar an tsráid. Tháinig a nglaonna a fhad liom agus iad maolaithe agus dothuigthe. Leag mé mo cheann ar an ghloine fhionnuar agus d'amhairceas anall ar an teach dorcha ina raibh sí ina cónaí. B'fhéidir gur fhan mé i mo sheasamh ansin ar feadh uair an chloig, gan rud ar bith a fheiceáil ach an cruth in éadaí donna a bhí á shamhlú dhom, solas sráide ag lonrú go discréidteach ar a muineál dea-chumtha, ar a láimh ar an ráille agus ar an chiumhais faoi bhun a gúna.

Nuair a thángas anuas staighre arís bhí *Mrs Mercer* ina suí romham cois teallaigh. Ba sheanbhean chabach í a bhí ina baintreach le geallbhróicéir agus a bhailigh stampaí ar chúis chráifeach éigean. B'éigean dom béadán an bhord tae a chaoinfhulaingt. Mhair an béile os cionn uair an chloig agus fós níor tháinig m'uncail. Sheas Mrs Mercer suas chun imeachta: bhí aiféala uirthi nach bhféadadh fanacht níos faide, ach bhí sé thar a hocht a chlog agus níor mhaith léi bheith amuigh go déanach, agus bhí aer na hoíche go dona dá sláinte. Nuair a bhí sí imithe, thosaigh mé ag siúl suas síos an seomra, ag déanamh dorn de mo lámha. D'inis m'aint:

"Is olc liom rá go bhfuil sé chomh maith agat do bhasár a chur ar athló lá seo ár dtiarna."

Ag a naoi a chlog chualas eochair m'uncail sa doras. Chuala mé ag caint leis féin é agus chualas an crochadán ag luascadh tar éis dó ualach a chóta móir a fháil. Thuigeas na comharthaí seo. Nuair a bhí sé leathbhealach tríd a dhinnéar, d'iarr mé an t-airgead le dul chuig an mbasár air. Bhí dearmad déanta aige air.

"Tá na daoine ina gcodladh sa leaba faoin am seo," a deir sé.

Ní dhearnas mionghháire. D'inis m'aint go bíogach leis:

"Nach dtabharfaidh tú an t-airgead dó a ligean dó imeacht? Tá dóthain moille bainte as agat mar atá."

Dúirt m'uncail go raibh aiféala air go ndearna sé dearmad air. Dúirt gur chreid sa tseanfhocal: "is mairg nach saothraíonn an gáire." D'fhiafraigh sé dhíom cá raibh mo thriall agus, nuair a d'insíos dó den dara huair, d'fhiafraigh dhíom an raibh aithne agam ar *The Arab's Farewell to his Steed.* Nuair a d'imíos ón tseomra, bhí sé ar tí na gcéad-línte den dán a aithris le m'aint.

Bhí greim docht agam ar an bhonn dhá scilling i mo láimh agus mé ag siúl go mear síos Sráid Buckingham i dtreo an stáisiúin. An radharc ar shráideanna a bhí dubh le ceannaitheoirí agus faoi spalpadh lampaí gás, mheabhraigh sé cúis mo thurais dom. Shuíos isteach i gcarráiste den tríú grád

de thraein fholamh. Ba uafásach an fuireach a bhí ann sular shiúl an traein go mall réidh amach as an stáisiún. Chuaigh sí chun cinn ar éigean thar seantithe briste bearnacha agus thar an abhainn ghlioscarnach. Ag Stáisiún Rae an Iarthair, bhrúigh slua daoine isteach le doirse an charráiste; stiúir giollaí an stáisiúin siar ar ais iad áfach, ag rá gur charráiste speisialta chuig an bhasár í. Bhíos fós i m'aonar sa charráiste lom agus an traein ag fágáil an stáisiúin. Tar éis cúpla nóiméad, tharraing an traein isteach le hais ardán shealadach adhmaid. Chuas amach ar an bhóthair agus chonaiceas an t-am ar éadan soilsithe cloig – bhí sé deich nóiméad chun a deich. Os mo chomhair amach bhí foirgneamh mór a raibh an t-ainm draíochtúil scríofa air.

Níor fhaca mé bealach isteach sé pingine ar bith agus, le teann faitís go mbeadh an basár dúnta, chuaigh isteach trí gheata casta ag tabhairt scillinge d'fhear a raibh cuma thuirseach air. Bhí halla mór istigh ann a raibh leath a airde bainte dhe ag áiléar. Bhí beagnach gach aon seastán dúnta agus bhí an chuid is mó den halla sa dorchadas. D'aithníos an tost i dteampall tar éis aifrinn ar an tost ann. Shiúlas go cúthail isteach go lár an bhasáir. Bhí corrdhuine druidte isteach ar na seastáin a bhí fós ar oscailt. Os comhair cuirtín a raibh na focail *Café Chantant* scríofa le lampaí ildaite os a chionn, bhí beirt fhear ag comhaireamh airgid ar deasc. D'éisteas le torann na mbonn agus iad ag titim ar an deasc.

Chuimhnigh mé faoi dheireadh cad chuige a thángas agus chuas soir chuig ceann de na seastáin agus scrúdaíos vásaí poircealláin agus foireann tae le pátrún bláthanna. I ndoras an tseastáin, bhí *lady* óg ag caint agus ag déanamh gáire i bhfochair bheirt *gentlemen* óga. Thugas ceann dá dtuin Shacsanach agus d'éisteas go scaipthe lena gcomhrá.

"O, I never said such a thing!"

"O, but you did!"

"O, but I didn't!"

"Didn't she say that?"

"Yes, I heard her."

"O, there's a ... fib!"

Thug an bhean óg uasal faoi deara mé agus d'iarr orm ar mhaith liom aon cheo a cheannach. Níor spreagúil a glór agus ba chosúil gur labhair sí liom de ghrá an dualgais. D'amharcas go humhal ar na prócaí ollmhóra a bhí ina seasamh ar an dá thaobh de bhealach isteach dorcha an tseastáin, mar a bheadh gardaí oirthearacha iontu, agus d'inis ós íseal:

"Níor mhaith, go raibh maith agat."

D'athchóirigh an *lady* ceann de na searróga agus d'fhill ar an bheirt fhear óg. Thosaíodar ag caint faoin ábhar céanna. Chaith an *lady* óg súil thar a gualainn orm uair nó dhó.

Rinneas moill ansin os comhair a seastáin cé gur léir dom nach raibh maith dom ann, mar dhea go raibh suim dáiríre agam ina a hearraí. Ansin chasas go mall i leataobh agus thosaíos ag siúl síos lár an bhasáir. Ligeas don dá phingin bualadh i gcoinne an réil i mo phóca. Chualas glór as taobh amháin den áiléar ag fógairt go raibh an solas múchta. Bhí an taobh uachtarach den halla i ndorchadas anois.

Agus mé ag stánadh ar an dorchadas os mo chionn, shamhlíos mé féin le rud a bheadh ite ag an mhóiréis agus ina cheap magaidh ag an mhóiréis chéanna; agus bhí mo shúile ag dó le crá agus le fearg.

Eveline

SHUIGH SÍ AG AN FHUINNEOG ag amhairc ar ionradh an chontrátha ar an aibhinne. Bhí a ceann ag baint taca as cuirtín na fuinneoige agus bhí boladh an *cretonne* deannachúil i bpoill a sróine. Bhí tuirse uirthi.

Is beag duine a chuaigh thar an teach. Chuaigh fear den tigh deiridh thairsti ar a bhealach abhaile; chuala sí a choiscéimeanna ag trup-trap ar an chosán suiminte agus ansin ag cnagarnach ar an chosán gairbhéil os comhair na dtithe nua rua. Bhí páirc ansin tráth ina mbídís ag súgradh le páistí daoine eile gach tráthnóna. Ansin cheannaigh fear as Béal Feirste an pháirc agus thóg tithe uirthi – murab ionann agus a dtithe beaga donna féin, ba thithe le brící geala agus le cinn shnasta iad. Dhéanadh páistí an aibhinne spraoi le chéile sa pháirc siúd – na *Devines*, na *Waters*, na *Dunns*, *Keogh* beag a bhí ina bhacach, ise agus a deartháireacha agus a deirfiúracha. Ní bhíodh *Ernest* ag súgradh riamh áfach: bhí sé rómhór. Chuireadh a athair an ruaig abhaile orthu amach as an pháirc lena bhata draighin; ach de ghnáth dhéanadh Keogh beag faire agus fógraíodh nuair a fheiceadh sé a hathair ag teacht. Mar sin féin, ba chosúil go rabhadar sona go leor ag an am. Ní raibh a hathair chomh dona ansin; thairis sin, bhí a máthair beo. Ba i bhfad ó shin é sin; bhí sise agus a deartháireacha agus deirfiúracha fásta suas anois; bhí a máthair marbh. Bhí Tizzie Dunn marbh freisin, agus d’fhill na Waters ar Shacsana. Athraíonn gach aon rud. Anois d’imeodh sise faoi mar a rinne an chuid eile; bhí sí ar tí a baile a fhágáil.

Baile! D’amhairc sí uaithi ar an seomra mórthimpeall uirthi agus bhreathnaigh ar na rudaí aithnidiúla go léir ann ar ghlan sí an deannach dhíobh uair sa tseachtain thar na blianta. Ní fheadair cad as a tháinig an deannach ar fad. B’fhéidir nach bhfeicfeadh sí na rudaí aithnidiúla seo go deo arís. Ba rudaí iad nár shamhlaigh sí riamh go scarfaí uathu í. Agus ina dhiaidh sin féin, in ainneoin na mblianta sin ar fad, bhí sí chomh haineolach is a bhí riamh ar ainm an tsagairt a raibh a ghrianghraf buí-chaite crochta ar an bhalla, os cionn an orgán béil briste a bhí le hais na cóipe de na gealltanais a tugadh do *Margaret Mary Alacoque* Beannaithe.[13] Ba chara scoile lena hathair an sagart seo. Gach uair a thaispeánadh sé an grianghraf do chuairteoir, deireadh sé an rud céanna nuair a shíneadh chuige nó chuici é:

“Tá sé in *Melbourne* anois.”

Bhí sí tar éis toiliú imeachta, a baile a fhágáil. Ar chríonna sin? Rinne sí iarracht mheá an dá thaobh den cheist. Ar a laghad ar bith, bhí foscadh agus bia le fáil aici sa bhaile; bhí sí i measc daoine ann a raibh aithne aici orthu ar fad a saoil. Ar ndóigh b’éigean di obair go dian, sa bhaile agus sa ghnó. Céard a déarfaidís fúithi san Ionad Siopadóireachta nuair a gheobhaidís amach gur éalaigh sí le fear. Déarfaidís gurbh óinseach í, b’fhéidir; agus líonfaí a háit trí fhógra. Bheadh *Miss Gavin* sásta. Bhíodh sí chun tosaigh uirthi i gcónaí, go háirithe nuair a bhídís daoine ann a chloisfidís í.

“Miss Hill, nach bhfeicir go bhfuil na mná seo ag fanacht?”

“Déan deifir, Miss Hill, le do thoil.”

Ní shilfeadh sí mórán deor faoina himeacht ón Ionad Siopadóireachta. In a baile nua áfach, i dtír anaithnid i bhfad i gcéin, ní mar sin a bheadh an scéal. Bheadh sí pósta ansin – ise, Eveline. Chaithfidís daoine go measúil uirthi ansin. Ní chaithfí léi mar a caitheadh lena máthair. Fiú amháin anois, in ainneoin go raibh sí os cionn naoi mbliana déag d’aois, bhí sé á thuar di go raibh sí i mbaol foréigin a hathar ar uairibh. Bhí a fhios aici gurbh é sin ba chionsiocair leis an phreabadh croí a thagadh uirthi. Nuair a bhíodar ag fás aníos níor thug sé fúithi riamh, faoi mar a thugadh sé faoi

Harry agus faoi Ernest, de bhrí gur chailín í, ach ar na mallaibh thosaigh sé ag bagairt uirthi céard a dhéanfadh sé uirthi murach cuimhne a máthar a bhí marbh. Agus anois ní raibh aon duine aici chun a cosanta. Bhí Ernest básaithe agus maidir le Harry, a bhí gnó aige le maisiú séipéal, bhí sé amuigh faoin tír beagnach i gcónaí. Ar aon nós, bhí sí ag éirí tinn tuirseach cortha den achrann seasmhach faoi airgead gach oíche Dé Sathairn. Thugadh sí a tuarastal ar fad i gcónaí – seacht scilling – agus sheoladh Harry a mhéad agus a thagadh leis chuici, ach ba í an fhadhb, airgead a fháil óna hathair. Deireadh sé go raibh sí ag diomailt an airgid, nach raibh ciall aici, nach raibh seisean ag dul a thabhairt a chuid airgid di a shaothraigh sé le dua chun go gcaithfeadh sise thart ar na sráideanna é, agus deireadh sé go leor eile lena ais, mar bhíodh sé sách dona san oíche ar an tSatharn go hiondúil. Thugadh sé an t-airgead di sa deireadh agus d'fhiafraíodh di an raibh rún dá laghad aici dinnéar an Domhnaigh a cheannach. Ansin b’éigean di dul amach a cheannach earraí dá post chomh géar gasta agus a thagadh léi, greim daingean aici ar a mála ina láimh aici agus í ag brú tríd na sluaite. D'fhilleadh sí go deireanach san oíche faoi uallach a stórtha. Ba é a sáith é eagar a choinneáil ar an tigh agus cinntiú go dtéadh an bheirt páistí beaga a fágadh faoina cúraim, go dtéidís chuig an scoil go rialta agus go bhfaighidís a mbéilí go rialta. Ba obair chrua í, ba shaol crua é, ach anois ó bhí sí ar tí scartha leis, níor dhealraigh sé go dona ar fad mar shaol.

Bhí sí ar tí saol eile a bhlaiseadh le Frank. Bhí Frank thar a bheith cineálta, fearúil agus mórchroíoch. Bhí sí le himeacht leis ar bhád na hoíche mar bhean chéile aige chun a saoil a chaitheamh in éindí leis in *Buenos Aires*, áit a raibh baile faoi réir aige dhi. Bhí chuimhne mhaith aici ar an chéad uair a chonaic sí é; bhí sé ar lóistín i tigh a dtugadh sí cuairt air ar an phríomhbhóthair. Shílfeá go mba cúpla seachtain ó shin a bhí i gceist. Bhí seisean ina sheasamh ag an gheata, a chaipín speiceach tarraingthe siar ar a cheann aige agus a chuid gruaige ag titim in aimhréidh ar aghaidh a raibh dath na gréine uirthi. Ansin chuadar in aitheantas ar a chéile. Bhuaileadh sé léi lasmuigh den Ionad Siopadóireachta gach tráthnóna agus thionlacadh abhaile í. Thug sé leis í a fhéachaint ar *The Bohemian Girl*[14] agus bhí ríméad uirthi nuair a shuí sí in aice leis in áit san amharclann nach raibh sí riamh inti roimhe sin. Bhí dúil mhillteanach sa cheol aige agus ghabhadh sé fonn scaití. Bhí a fhios ag daoine go rabhadar ag siúil amach lena chéile agus nuair a chanadh sé faoin ainnir atá i ngrá le mairnéalach, ní thuigeadh sí é ach bhíodh gliondar uirthi. Chuir sé an leasainm *Poppins* uirthi as spraoi. Ar dtús ba ábhar sceitimíní dhi go raibh stócach aici agus ansin mhéadaigh a cion air. Bhí scéalta aige faoi thíortha i bhfad i gcéin. Thosaigh sé amach mar mhairnéalach boird ag saothrú puint in aghaidh na míosa ar long den Chomhlacht *Allan* ar an turas go Ceanada. Ríomh sé ainmneacha na long ar a raibh sé agus ainmneacha na seirbhísí éagsúla. Bhí Caolas *Magellan* seolta aige agus d’eachtraigh sé scéalta dhi faoi na Patagónaigh fíochmhaire. Bhí a chóta bán déanta ón ló a tháinig sé go Buenas Aires, a dúirt sé, agus ní raibh ina theacht anall dá thír dúchais ach turas laethana saoire. Ar ndóigh, fuair a hathair amach faoin chaidreamh agus chuir cosc uirthi labhairt leis níos mó.

“Tá aithne agam ar dhream na mairnéalach,” a dúirt sé.

Chuir sé aighneas ar Frank lá amháin agus b'éigean di bualadh lena grá geal faoi cheilt as sin amach.

D’éirigh an oíche níos dorcha san aibhinne. Is ar éigean a d’fheicfeá an dá litir bán in a hucht. Bhí ceann amháin díobh do Harry agus bhí an ceann eile dá hathair. Ba é Ernest a bhí ina cheanán aici riamh ach bhí bá aici le Harry chomh maith. Bhí sé tugtha faoi deara aici go raibh a hathair ag dul in aois le deireanas; d’aireodh sé uaidh í. D’fhéadfadh sé bheith an-deas ar uairibh. Go gairid roimhe sin, nuair b’éigean dise tabhairt faoin leaba ar feadh lae, léigh sé scéal taibhse dhi agus réitigh tósta dhi os comhair na tine. Lá eile, nuair a bhí a máthair fós beo, chuadar go barr Bhinn Éadair le

haghaidh chóisr faoin aer. Chuimhnigh sí ar a hathair ag cur chaidhp a máthar air féin a bhaint gáire as na páistí.

Bheadh an t-am istigh mura mbogadh sí, ach d’fhan sí ansin ina suí ag an fhuinneog, ag ligean a cinn anuas ar an chuirtín agus ag baint lán a sróine de bholadh an chreiteoin dheannachúil. Chuala sí orgán sráide á sheinm i bhfad síos an aibhinne; d'aithin sí an fonn. Nárbh aisteach gur seinneadh an oíche sin é a chur i gcuimhne dhi an gealltanas a thug sí dá máthair: an gealltanais go dtabharfadh sí aire don tigh a fhad is a thiocfadh léi. Ba chuimhin léi an oíche deiridh de liostachas a máthar; bhí sí ar ais arís sa tseomra phlúchta dhorcha ag an taobh eile den halla agus bhí fonn maoithneach na hIodáile le cloisteáil lasmuigh. Tugadh sé phingin don tseinnteoir ceoil agus d’ordaíodh dhó imeacht leis. Ba chuimhin léi a hathair ag siúl de sciotán ar ais isteach sa tseomra a rá:

“Marbhfháisc ar na hIodálaigh sin! Ag teacht anall anseo!’”

Fad is a bhí sí ar a marana, chuir íomhá truamhéalach shaol a máthar, chuir sé faoi gheasa í idir corp agus anam – an saol sin d’íobartaí laethúla a dhruid timpeall ar a máthair gur imigh sí as a meabhair sa deireadh. Ghabh creathán tríthi nuair a chuala sí guth a máthair arís agus í ag síor-rá go baoth-dáigh:

“Derevaun Seraun! Derevaun Seraun!”[15]

Léim sí ina seasamh leis an scanradh a bhuail í. Éalú! Chaithfeadh sí éalú! Ghlacfadh Frank léi. Thabharfadh sé saol di, agus, b’fhéidir, grá chomh maith. Pé ar bith, ba mhian léi bheith sona. Cad chuige an mbeadh sé de dhualgas uirthi bheith míshona? Bhí ceart aici ar shonas. Bhéarfadh Frank ina lámha í agus d’fháiscfeadh dá ucht. D’fhóirfeadh sé uirthi.

Sheas sí i measc an phlód ghiodamaigh sa stáisiún ag an Phort Thuaidh. Rug sé i ngreim láimhe uirthi agus bhí a fhios aici go raibh sé ag caint léi, ag rá rud éigean faoin phaisinéireacht arís agus arís eile.

Bhí an stáisiún dubh le saighdiúirí le málaí donna. Fuair sí spléachadh ar chruth mór dubh na loinge trí dhoirsí leathana na stórtha. Bhí sí druidte i gcoinne na céibhe agus bhí solas ag teacht as na sliosfhuinneoga. Níor thug sí freagra dá laghad. Mothaigh sí mílítheacht agus fuacht a leicinn. D’impigh sí treoir ó Dhia. D’impigh air léiriú a dualgais di. Lig an long fead fhada ochlánach sa cheo. Amárach bheadh sí ar an fharraige le Frank, ag seoladh i dtreo Buenos Aires. Bhí a bpaisinéireacht ceannaithe. An bhféadfadh sí dul ar gcúl i ndiaidh gach a rinne sé ar a son? Chuir an anbhroid masmas uirthi agus chorraigh a béal gan stad ná staonadh le paidir dúthrachtach os íseal. D’airigh torainn an chloig ag bualadh ina cliabh . Mhothaigh sí a lámh siúd ag breith greama ar a lámh-sa:

“Gabh i leith!”

D’oibrigh farraigí uile an domhain thart faoina croí. Bhí seisean dá tarraingt isteach iontu: bháfadh sé í. Thug sí amas faoin ráille iarainn lena dhá lámh.

“Gabh i leith!”

Arú! Arú! Arú! Ba é a sárú é. Bhí greim an duine bháite aici ar an chlaí iarainn. Ó lár na bhfarraigí móra, lig sí scread chráite aisti!

“Eveline! Evy!”

Thug sé sciurd thar chlaí na dticéad agus ghlaoigh uirthi a leanúint. Béiceadh air dul ar aghaidh as an bhealach ach choinnigh ag glaoch uirthi. Thug sí a haghaidh mílítheach air. Bhí dreach marbhánta uirthi mar a bheadh ar bheithíoch i sáinn. Ní raibh lorg grá ná beannachta ná aitheantais dá laghad ina súile.

I ndiaidh an Rása

Tháinig na carranna anall de sciuird i dtreo Átha Cliath agus iad ag gluaiseacht ar aghaidh go caol díreach ar Bhóthar an Náis. Ní thabharfá de shamhail dóibh ach púróga ag rith trí chlais. Bhí an lucht féachana cruinnithe le chéile i mbuilc bheaga ar mhullach an fhánáin ar an Inse Chóir a amhairc ar na carranna agus iad ag scinneadh go ceann scríbe, agus trí chlais seo an ghanntanais agus easpa forbartha, ghluais an Mhór-roinn a saibhreas agus a tionscal. Ó am go chéile, lig na scataí daoine gáir mholta na ndaor buíoch astu. Ba leis na carranna gorma a d'imríodar dáimh áfach - carranna a gcairde, na Francaigh.

Rud eile dhe, ba iad na Francaigh na buaiteoirí, geall leis. Chríochnaigh a bhfoireann siúd go maith; bhaineadar an dara agus an tríú áit amach agus dúradh gur Bheilgeach é tiománaí an chairr Ghearmánaigh a bhuaigh an rása. Cuireadh an dá oiread fáilte roimh gach aon charr gorm agus é ag dul thar mhullach an fhánáin dá bharr, agus iad siúd sa charr, d'fhreagraíodar an gháir mholta le fáthadh an gháire agus le sméideadh cinn. I gceann de na carranna dea-dhéanta seo bhí buíon cheathrar fear óg ar chosúil go raibh a meanma bhuacach ag an tráth sin ag baint bairr ar an Fhrancachas rathúil: déanta na fírinne bhí sceitimíní orthu nach mór. Ba iad an ceathrar a bhí ann, Charles Ségouin, an té ar leis an carr é; André Rivière, leictreoir óg as Ceanada ó dhúchas dó; Ungárach mór millteach darbh ainm Villona agus fear óg pioctha bearrtha darbh ainm Doyle. Bhí deá-ghiúmar ar Séguin mar fuair roinnt ordaithe roimh ré gan choinne (bhí sé ar tí gnó gluaisteáin a chur ar siúl sa Pháras) agus bhí dea-ghiúmar ar Rivière mar go ndeanfaí bainisteoir ar an chomhlacht de; bhí an dea-ghiúmar ar an bheirt fhear óg seo (ar chol cheathracha iad) mar gheall ar rath na gcarranna Francacha sa rása freisin. Bhí dea-ghiúmar ar Villona mar go raibh lón an-sásúil aige; agus thairis sin, bhí an soirbheas de mhianach ann. Maidir leis an ceathrú duine den bhuíon áfach, bhí sé faoin oiread cearthaí is nár fhéad bheith fíor-shona.

Bhí sé tuairim is fiche a sé bliain d'aois, bhí croiméal donn éadrom aige agus bhí súile liatha aige a raibh cuma shoineanta go leor orthu. A athair, a thosaigh amach sa tsaol mar Náisiúnach cruthanta, mhaolaigh sé a thuairimí go luath sa saol. Rinne sé a rachmas mar bhúistéir in *Kingstown*[16] agus bhí a rachmas déanta arís agus arís eile aige as oscailt siopaí in Áth Cliaith agus sna bruachbhailte. Bhí sé de rath air cuid de chonartha an Gharda Síochána a bhaint amach agus sa deireadh bhí sé sách saibhir is go ndearnadh tagairt air mar cheannaí láidir sna páipéir nuachta. Chuir sé a mhac go Sacsana le hoideas a fháil i gcoláiste Caitliceach mór le rá agus chuir ar *Dublin University*[17] é ina dhiadh sin chun dul le dlí. Ní raibh Jimmy ró-dhúthrachtach i mbun staidéir agus d'imigh le drabhlás ar feadh seala. Bhí airgead aige agus bhí neart cairde aige; agus roinn sé a chuid ama go corr idir aicme an cheoil agus aicme na gluaisteánaíochta. Cuireadh go *Cambridge* é ar feadh téarma ansin a bhlaiseadh beagáin den tsaol. Agus a athair ag casaoid faoin dul thar fóir ach mórtasach as ina chroí istigh, d'íoc na billí agus thug abhaile é. Ba in Cambridge a bhuail sé le Ségouin. In ainneoin nach rabhadar an-mhór lena chéile go fóill, bhain Jimmy an-sult as comhluadar duine a raibh an oiread sin den domhain feicthe aige agus a raibh sé de cháil air gur leisean cúpla ceann de na hóstáin ba mhó sa Fhrainc de réir tuairisce. B'fhiú go mór é aithne ar a leithéid de dhuine (rud faoinar aontaigh a athair leis), go fiú amháin mura mbeadh sé chomh taitneamhach mar chompánach is a bhí. Bhí Villona taitneamhach freisin – pianódóir den scoth ab é – ach, faraor, bhí sé an-bhocht.

Lasc an carr chun cinn go meidhreach lena lucht fear óg scléipeach. Bhí an bheirt chol ceathracha ina suí chun tosaigh; bhí Jimmy agus a chara Ungárach sa tsuíochán cúil. Go deimhin, bhí Villona ar bharr na gaoithe; choinnigh sé drantán toll ceoil ar siúl ar feadh na mílte den bhealach. Roinn na Francaigh a ngáire agus a bhfocail chiúin thar a ngualainn leis an bheirt laistiar díobh agus b'éigean

do Jimmy cromadh chun tosaigh go minic d'fhonn chloisteáil na habairte praise i gceart. Ní raibh mórán pléisiúr ag Jimmy ann i ndáiríre, mar b'éigean dó an chiall a thomhas go haclaí agus freagra feiliúnach a screadadh ar ais in aghaidh gaoithe móire. Ar aon nós, chuirfeadh crónán Villona mearbhall ar dhuine ar bith; torann an chairr freisin.

Cuireann luas lasrach giodam ar dhuine; déanann cáil amhlaidh; fearacht mar a dhéanas seilbh airgid. Ba trí chúis giodaim iad seo ag Jimmy. Chonaic go leor dá chairde é i gcuideachta na nEorpach seo. Chuir Ségouin in aithne do dhuine de na hiomaitheoirí Francacha ag an cheann sprice, agus, mar fhreagra ar an chomhghairdeas ciotach a rinne Jimmy trína fhiacla, rinne an tiománaí meangadh gáire leis a nocht líne fiacla geala in aghaidh de dhath crón. Tar éis na honóra sin, bhí sé go breá filleadh ar shaol coitianta an lucht féachana, agus daoine ag tabhairt uillinne dá chéile agus ag breathnú air. Ansin maidir leis an airgead, is cinnte go raibh suim mhór ar a sheilbh. B'fhéidir nach measadh Ségoin gur shuim mhór airgid í, ach, i gcás Jimmy, in ainneoin na mbotún a rinne sé ar feadh scaithimh, sa deireadh thiar thug seisean an stuaim ó dhúchas agus thuig go maith an dua a caitheadh le bailiú an airgid seo. Choinnigh a fhios seo a bhillí taobh istigh de theorann na meargántachta réasúnta roimhe sin ina shaol agus, má bhí beann aige ar an dua a chaitear le saothrú airgid nuair nach raibh i gceist ach cor bua na hintleachta thar mar is gnách, is amhlaidh is mó a bhí a bheann aige air anois ó bhí sé ar tí an chuid is mó dá shlí bheatha a chur i ngeall. Ba mhór an rud dó é.

Ar ndóigh, ba thairbheach an infheistíocht é agus d'éirigh le Ségouin tabhairt le tuiscint gurbh ar mhaithe le gar a dhéanamh dá chara a chuirfí an lear mór airgid Éireannaigh leis an chaipiteal eile sa tionscnamh. Bhí meas ag Jimmy ar chríonnacht a athair i gcúrsaí gnó agus sa chás seo ba é a athair ba luaithe a mhol an fuilleamh; bhí airgead le déanamh as tionscadal na ngluaisteán – carn airgid. Ina theannta sin, bhí cosúlacht so-aitheanta an tsaibhris ar Ségouin. Chuaigh Jimmy ar a mharana faoin charr uasal inar shuigh sé a mheasadh a luacha i laethanta oibre. A éasca a rith an t-inneall. A ghalánta a ghluaiseadar chun cinn ar na bóithrí caola faoin tuath! Leag an turas méar dhraíochtúil ar chuisle an tsaoil agus chuaigh córas néaróga daonna i ngleic go curata le pocléimeanna an ainmhí ghorm scafánta.

Thiomáineadar síos Sráid an Dáma. Bhí an tsráid tranglàilte le trácht neamhchoitianta, bhí sí callánach le bonnáin thiománaithe cairr agus le cloig thiománaithe tram mífhoighneacha. Tharraing Ségouin isteach gar don bhanc agus chuaigh Jimmy agus a chara amach. Chruinnigh dornán daoine ar an chosán a bhreathnú le haoibhneas ar an mhótar cumhachtach. Bhí sé socruithe go gcaithfeadh an comhluadar dinnéar le chéile an oíche sin in óstán Ségouin, agus, idir an dá linn, go dtéadh Jimmy agus a chara, a bhí ag fanacht leis, go dtéidís abhaile le haghaidh athrú éadaigh. Tharraing an carr amach go mall ar a bhealach go Sráid Grafton agus bhrúigh an bheirt fhear tríd an dornán lucht féachana. Shiúladar ó thuaidh faoi sholas fann na lampaí sráide san oíche bhrothallach samhraidh, agus díomá nó cumha éigean orthu faoin tsocrú.

I dtigh Jimmy, dúradh gurbh ócáid mhór le rá é an dinnéar seo. Bhí mórtas áirithe a mhuintire fite fuaite le faitíos; díocas éigean chun meargántachta freisin, mar go bhfuil bua na meargántachta seo ag ainmneacha cathracha móra eachtrannacha ar a laghad. Anuas ar sin, bhí Jimmy gléasta go galánta. Sheas sé sa halla ag socrú shnaidhm a charbhait. Bhí a athair sásta – b'fhéidir gur shástacht ó thaobh chúrsaí tráchtála a bhí ann go fiú, mar gheall ar cháilíochtaí a bhain sé amach dá mhac nach minic atá ceannach orthu. Bhí a athair cairdiúil murab ionann is riamh le Villona dá dheasca sin, agus bhí meas dáiríre ar bhuanna ón choigríoch le sonrú ar a iompar. Ní dócha gur thug an Ungárach, a raibh cíocras a dhinnéir ag teacht air, gur thug seisean ceann don mhíníneacht seo áfach.

Bhí an dinnéar ar fheabhas, b’fhíorálainn é. Chomhair Jimmy gur bhéasaí sofaisticiúil é Ségoin. Méadaíodh an chuideachta le Sacsanach óg darb ainm Routh a bhfaca Jimmy i dteannta Ségouin in Cambridge é. D’ith agus d’ól na fir óga le chéile i seomra seascair a bhí faoi sholas lampaí coinnle leictreacha. Bhíodar ag stealladh cainte agus is beag dúnáras a bhí orthu. Shamhlaigh Jimmy, a bhí a íomháineacht ag múscailt ann, shamhlaigh óige bhíogúil an Fhrancaigh casta go healaíonta timpeall chreatlach dhaingean dhóigh an tSacsanaigh. Samhlú grástúil, a mheas sé, agus samhlú cruinn. Chuaigh an stuaim lenar stiúir a dtíosach an comhrá i gcionn air. Bhí a luí féin ag gach aon duine den chúigear fear óg agus ligeadar scód lena dteangacha. Le hurraim is le meas thosaigh Villona ag cásamh dul i léig na sean-uirlisí ceoil agus ag míniú áilleacht an *madrigal* Sacsanach don tSacsanach, rud a chuir pas beag ionaidh airsean. Thug Rivière faoi mhíniú bhua na n-inneall Francach do Jimmy, míniú nach raibh gan chlaonadh. Bhí guth glórach an Ungáraigh ag fáil an chinn ab fhearr ar an chomhrá agus é ag déanamh fonóide faoi liúiteanna bréagacha na bpéintéirí rómánsacha nuair a threoraigh Ségouin a chuideachta i dtreo chúrsaí polaitíochta. Seo ábhar cainte a d’fheilfeadh do chách. San atmaisféar spreagúil ann, bhraith Jimmy dúthracht cheilte a athar ag borradh istigh ina chliabh: chroith Jimmy Routh as a spadántacht faoi dheireadh. Mhéadaigh teocht an tseomra faoi dhó agus d’éirigh dualgas Ségouin níos deacra agus níos deacra fós le gach nóiméad: bhí baol ann go fiú go dtagadh gangaid idir na fir. D’ardaigh an tíosach airdeallach a ghloine ar son na daonnachta nuair a tháinig an deis agus, nuair a óladh faoina tuairim, leath sé an fhuinneog go drámata.

An oíche sin bhí masc príomhchathrach á chaitheamh ag an chathair. Shiúl an cúigear fear go réidh síos faiche Stiofáin faoi shláimín deataigh cumhra. Labhraíodar go glórach aerach agus bhí a bhfallaing ar liobarna óna nguallaí anuas. Lig na daoine slí dhóibh. Ag coirnéal Shráid Grafton bhí fear beag ramhar ag cur bheirt bhan uasal dóighiúl ar chóiste faoi chúram fir big ramhair eile. D’imigh an chóiste ar shiúil agus leag an fear ramhar súil ar an chuideachta.

“André.”

“Farley atá ann!”

Thosaigh rilleadh cainte. Ba Mheiriceánach é an Fearghaileach. Ní raibh aon duine cinnte céard faoi a bhí an chaint. Ba iad Villona agus Rivière na fir ba ghlóraí, ach bhí spleodar ar gach duine. Chuadar ar chóiste agus bhrúdar go dlúth le chéile uirthi le mórán gáirí. Chuadar tríd an slua, a raibh cumasc tláith dathanna anois air, agus ceol na gcloigíní meidhreacha á dtionlacan. Thógadar an traein ag Rae an Iarthair agus i gceann cúpla soicind, mar a chonacthas do Jimmy, bhíodar ag siúl amach as *Kingsbridge Station*.[18] Bheannaigh an fear ticéad do Jimmy; ba fhear aosta é:

“Oíche dheas, *sir*!”

Oíche shámh shamhraidh a bhí ann. Bhí an cuan ina luí ag a gcosaibh mar a bheadh scáthán dubhaithe ann. Rinneadar air, ag canadh *Cadet Roussel*[19] as béal a chéile agus ag bualadh a gcosa ar an talamh ag gach:

“Ho ! Ho ! Hohe ! , vraiment !”

Chuadar isteach i mbád iomartha ag an fhánán lainseála agus thrialladar ar luamh an Mheiriceánaigh. Bhí suipéar, ceol agus cártaí ag fanacht orthu. Dúirt Villona le díograis:

“Is gleoite é!”

Bhí pianó luaimh sa chábán. Sheinn Villona váls do Farley agus Rivière. Rinne Farley ról an mharcaigh agus ghabh Rivière páirt na mná. Ansin damhsa cearnógach gan ullmhú, na fir ag cumadh cumraíochtaí nua. A leithéid de mheidhir! Ghlac Jimmy a pháirt le fonn; an saol a bhlaiseadh – ba é seo é, ar a laghad. Ansin tháinig giorra anála ar an Fhaircheallach agus ghlaoigh sé "*Stop!*" Rug fear cuid éadrom na hoíche isteach agus shuíodar síos ag an bhord ar mhaithe le gnás. D'óladar, áfach: ba Bhoihéamach an nós é. D'óladar Éire, Sacsana, An Fhrainc, na Stáit Aontaithe. Thug Jimmy aitheasc, aitheasc fada, Villona ag rá: "*Hear! Hear!*" gach uair a bhí stad sa spéic. Rinneadh bualadh bos mór nuair a shuí sé síos. Ní mó ná gurbh óráid mhaith í. Thug Farley bos tréaslaithe sna slinneáin dó agus rinne gáire rachtúil. Nach iad a bhí croíúil! Nach maith an comhluadar iad!

Cártaí! Cártaí! Glanadh an bord. D'fhill Villona go ciúin ar a phianó agus sheinn deontraithe dhóibh. D'imir na fir eile cluiche i ndiaidh cluiche, dá gcaitheamh isteach go fonnmhar san fhiontar. D'óladar sláinte an Bhanríon Hairt agus an Bhanríon Muileata. D'airigh Jimmy lucht féachana agus éisteachta uaidh beagán: ba mhór an léaspairt a bhí sa chuideachta. Bhí geallta arda á n-imirt acu agus thosaigh páipéar ag dul thart. Ní raibh a fhios ag Jimmy go cinnte cé a bhí ag buachan ach bhí a fhios aige go raibh sé féin ag cailliúint. Ach ba airsean a bhí an locht mar gur bhain sé dearmad go minic lena chártaí agus b'éigean do na fir eile an méad a bhí le h-íoc aige a ríomh. Ba ardfhir iad ach ba thrua leis nach stopaidís: bhí sé ag éirí déanach. Mhol duine éigean sláinte *The Belle of Newport* a ól agus mhol duine éigean eile cluiche mór amháin mar chríoch ar an oíche.

Stop an pianó; caithfidh gur chuaigh Villona aníos ar deic. Ba uafásach an cluiche é. Stadadar díreach roimh a dheireadh chun áidh móir a ól. Thuig Jimmy gurbh idir Routh agus Ségouin a bhí an cluiche. Nach mór an spórt é! Bhí Jimmy ar bís freisin; chaillfeadh sé, ar ndóigh. Cá mhéad a dhíscríobh sé? D'éirigh na fir ina seasamh chun an chleas deiridh a imirt, ag caint agus ag oibriú na lámh. Ag Routh a bhí an bua. Chroith an cábán le gairdeas na bhfear óg agus scuabadh na cártaí le chéile. Thosaíodar ag bailiú isteach an méad a bhuadar. An Fearghaileach agus Jimmy is mó a bhí thíos leis na cluichí cártaí.

Bhí a fhios aige go mbeadh aiféala air ar maidin ach i láthair na huaire bhí sé buíoch den tsos, buíoch den toirchim suain a chlúdódh a bhaois. Lig sé a dhá uillinn ar an bhord agus bhain taca a chinn lena lámha, ag comhaireamh na mbuillí croí in a uisinní. D'oscail doras an chábáin isteach agus chonaic sé an t-Ungárach ina sheasamh i nga solais léith:

"Maidneachan, a fheara uasail!"

Beirt Bhuachaillí Báire

Bhí an oíche bhreacdhorcha bhog de mhí na Lúnasa tithe ar an chathair, agus aer bog, aer a thug an samhradh chun chuimhne, chuaigh tríd na sráideanna. Bhí na siopaí dúnta faoi chomhlaí i gcomhair shos an Domhnaigh agus bhí na sráideanna faoi gach aon dath aerach luaineach le gluaiseacht an tslua iontu. Chaith na lampaí sráide a solas anuas ar an inneach beo fúthu ó mhullach a gcuaillí arda mar a bheadh péarlaí soilsithe iontu. D'athraigh cruth agus dealramh an tslua an t-am ar fad agus d'éirigh monabhar gan athrú gan stad aníos as in aer bog na hoíche léithe.

Tháinig beirt fhear anuas Cearnóg Pharnell. Bhí duine dhíobh ag rá an fhocal deiridh de mhonalóg fhada. An duine eile, a shiúl ar chiumhais an chosáin agus arbh éigean dó dul ar an bhóthar ó am go chéile mar gheall ar mhíbhéas a leathbhádóra, d'éist sé leis agus dreach an éisteora air. Ba fhear giortach le hagaidh chíríneach é. Bhí caipín luamhaireachta á chaitheamh i bhfad siar ar a cheann aige, agus an insint lena raibh sé ag éisteach, chuir sí a dhreach ag athrú ó fhoirceann a sróine, a súl agus a bhéil amach ar fud fad a aghaidh, mar a dhéanaidís cuilithíní ar uisce. Lean rachtanna beaga gáire cársánach a chéile as. Chaith sé súil ar ghnúis a chompánaigh gach ré nóiméad, súil a raibh loinnir an aoibhnis ghlic inti. Uair nó dhó, d'athshocraigh sé an seaicéad báistí a bhí caite siar ar a ghualainn aige ar nós tarbhadóra. A bhrístí, a bhróga bána rubair agus a sheaicéad báistí, caite siar go haerach thar a ghualainn mar a bhí, chuireadar cuma na hóige air. Mar sin féin, bhí a chorp tithe i bhfeoil timpeall a bhásta, bhí a chuid gruaige tearc agus liath agus, nuair a d'imíodh na cuilithíní mothúcháin óna aghaidh, fágadh aghaidh a raibh cuma chaite uirthi ina n-áit.

Nuair a bhí sé cinnte dearfa go raibh an spéic thart, rinne sé gáire gan fhuaim a mhair ar feadh leathnóiméid iomláin. Ansin, a deir sé:

"I nDomhnach... sáraíonn sin gach dár chualas riamh!"

Bhí easpa brí le sonrú ina ghlór; agus chun treise a chur lena fhocal, a deir sé le greann:

"Deirim nach bhfuil a shárú beag ná mór ná, go fiú, *recherché* ar sin"

D'éirigh sé ciúin agus tromaí nuair a bhí sin ráite aige. Bhí a theanga tuirseach mar chaith sé an iarnóin ar fad ag caint i dtigh tábhairne ar shráid Dorset.

Ba é tuairim fhormhór na ndaoine gur shúdaire é *Lenehan* ach, in ainneoin a chlú, choisc a chlisteacht agus a dheisbhéalacht a chairde ar dul d'aon leith ina éadan. Bhí dóigh chróga aige dul i láthair chomhluadar cairde leis i mbeár agus fanacht go luaineach ar an imeall go gcuirtí san áireamh é i gceannach dí. B'fhánaí barúil é le neart scéalta, luimneach agus tomhas ar bharr a theanga. Bhí sé beag beann ar gach sórt míchúirtéise. Ní fheadair aon duine conas a d'éirigh leis an dúshlán éadrócaireach a bhaineas le slí bheatha a bhaint amach dó féin, ach bhí a ainm luaite ar dhóigh éigin le blúirí rásaí capaill.

"Agus cén áit ar landáil tú í, *Corley*?" a d'fhiafraigh sé.

Ligh Mac Toirdhealbhaigh a bhéal uachtarach i bpreabadh na súl.

"Oíche amháin, bhíos ag siúl síos Sráid an Dáma agus leagas súil ar raiteog bhreá faoi chlog *Waterhouse* agus bheannaíos di, an bhfuil a fhios agat? Is amhlaidh gur chuamar ar siúlóid feadh na canála agus deir sí liom gur chailín aimsire í i dtigh ar Shráid Bhagóid. Chuireas mo lámh thairsti

agus bheireas barróg uirthi an oíche sin. An Domhnach dár gcionn, a bhuachaill, bhí coinne agam léi. Chuamar amach go Domhnach Broc agus thugas isteach i ngort ann í. Dúirt sí liom go mbíodh sí ag dul amach le Fear bainne... bhí sé togh, a bhuachaill. Toitíní a thugadh sí liom gach oíche agus d'íocadh sise an turas ar an traein thall is abhus. Agus meas tú céard a thug sí dhom oíche amháin, ach dhá *cigar*! An fíor-rud féin go deimhin, an bhfuil a fhios agat? Na cinn a chaitheadh an seanleaid. Bhí eagla orm, *man*, go n-éiríodh sí torrach, ach bhí sí críonna cliste ar na dóigheanna le sin a sheachaint."

"B'fhéidir go gceapann sí go bpósfaidh tú í," a dúirt Lenehan.

"Dúras léi go rabhas ar díth fostaíochta," a dúirt Corley. "Dúras léi go rabhas le Tigh *Pim* roimhe sin. Ní fios di cad is ainm dom. Bhí an iomarca baoil ag baint le sin a rá léi. Ach measann sí go bhfuilim sách galánta, an bhfuil 'fhios agat?"

Rinne Lenehan gáire arís: gáire ciúin.

"De na heachtraí ar fad dár chualas riamh, buaileann sin gach aon cheann eile gan aon agó."

Thug siúl scóipiúil Corley le fios gur thaitin an moladh leis. Luascadh a chorp téagartha, chuir sé a chara ag caitheamh foléimeanna ar an bhóthar agus ar ais arís ar an chosán. Ba mhac le bleachtaire an Gharda Síochána é Corley agus thug sé leis cabhail agus siúl a athar. Shiúl sé lena lámha ar a dhá thaobh agus a cheann in airde agus an ceann céanna ag luascadh anonn is anall. Bhí ceann mór cruinneogach agus olúil aige; soineann agus doineann, chuireadh sé allas; agus a hata mór ciorclach, a bhí curtha ar leathstuaic air, bhí sé cosúil le bleib phlanda a d'fhás as bleib eile. Stánadh sé díreach amach roimhe mar a bheadh sé ar paráid, agus nuair ba mhian leis breathnú siar ar dhuine sa tsráid, níor mhór dó a chabhail a chasadh timpeall óna chorróga aníos. Faoi láthair, bhí sé díomhaoin. Am ar bith a bhí post le líonadh bhí cara sa chúirt anseo nó ansiúd aige. Is minic a chonacthas é le Garda Síochána i ngnáthéadaí agus iad i mbun cainte dáiríre. Bhí an taobh istigh de chúrsaí gnó ar eolas aige agus bhí sé de nós aige tabhairt an bhreithiúnas deiridh ar scéal ar bith. Labhair sé lena chomrádaithe gan éisteacht leosan. Nuair a ríomhadh sé na comhráití seo, d'análaíodh an chéad litir dá ainm féin ar nós mhuintir *Florence*.[20]

Thairg Lenehan toitín dá chara. Agus an bheirt fhear ag siúl ar aghaidh tríd an slua, chas Corley timpeall ar uairibh chun dhéanamh aoibh gháire le roinnt de na cailíní a chuaigh thar a mbráid, ach bhí súile Lenehan greamaithe ar an ghealach mhór fhann le dhá lios uirthi. Bhreathnaigh sé go staidéarach ar imeacht ghréasán liath clapsholais thar a haghaidh. Faoi dheireadh, dúirt sé:

"Sea, abair liom, is dóigh liom go dtiocfaidh leat cur i gcrích an bhirt, nach dtiocfaidh, há?"

D'fháisc Corley súil amháin go tromchúiseach mar fhreagra.

"An bhfuil sé sin de misneach aici?', a d'fhiafraigh Lenehan go hamhrasach, 'is doiléir é meon mná'"

"Tá sí ceart go leor. Tá a fhios agam cén chaoi teacht laistigh dhi. Tá sí faoi gheasaibh agam."

"Ní chuirfinn de chosúlacht leat ach *Lothario* aerach, ar Lenihan. 'Agus an cineál ceart Lotáirió freisin!"

Mhaolaigh oiread na fríde d’fhonóid a dhóigh tláithíneach. Mar chosaint air féin, ba é a nós ligean chiall an chleithmhagaidh lena phlámás. Níor ghrinn éirim an Toirdhealbhaigh áfach.

“Is iad na cailíní aimsire na mná is fearr,” a d’aontaigh sé. “Glac le mo chomhairlese faoi.”

“Is é comhairle an duine a bhain triall as na cailíní ar fad é,” a deir Lenehan.

“Ar dtús, bhínn ag siúl amach le cailíní, an bhfuil a fhios agat, anabaí; le cailíní as an Chuarbhóthar Theas. Thugainn amach áit éigean ar an tram iad, a bhuachaill, nó thionlacainn chuig banna ceoil nó chuig dráma san amharclann nó cheannaínn seacláidí agus milseáin nó rud éigean ar an chaoi sin dóibh. Chaithinn airgead orthu ceart go leor,” a dúirt de ghlór diongbháilte mar aguisín, mar a bheadh faitíos air nach gcreidfí é.

Ach bhí sé sin breá inchreidte do Lenehan; chlaon sé a cheann go sollúnta.

“Aithním an scéal sin,” a deir sé, ‘agus is é ealaín an mhothaolaí é.”

“Agus diabhal rud a fuaireas riamh dá bharr as,” ar Corley.

“Is é a dhála sin agamsa é,” ar Lenehan.

“Ach amháin as cailín amháin díobh,” ar Corley

Chuimil a theanga dá bhéal uachtair, dá fhliuchadh. Tháinig loinnir ina shúile leis an chuimhne. Faoi mar a rinne Lenehan, bhreathnaigh seisean ar éadan lag na gealaí, a bhí anois beagnach faoi choim scamaill, agus déarfá go raibh sé ag déanamh a mhachnaimh.

“Bhí sí... sách blasta,” a dúirt sé go haiféalach.

Ní raibh focal eile as. Ansin dúirt sé:

“Tá sí ag díol í féin ar a cuid anois. Chonaiceas ag dul síos Sráid an Iarla ar chóiste in éinfheacht le beirt dhiúlach oíche amháin.”

‘Is dóigh liom gur tusa is cúis leis sin,’ ar Lenehan.

‘Bhí sí le fir eile sula rabhasa léi,’ ar Corley go fealsúnach.

An uair seo, ba luaithe a chreidfeadh Lenehan nach raibh sé ag insint na fírinne. Chroith sé a cheann anonn is anall agus rinne aoibh an gháire.

“Ní thig leat an dallamullóg a chur ormsa, Corley,” a deir sé.

“Tugaim an leabhar ann!” ar Corley. “Nach é a béal féin a dúirt liom é?”

Chuir Lenehan gotha na tragóide air féin.

“A fhealltóir suarach!” a dúirt sé.

Agus iad ag siúl le taobh ráillí Choláiste na Tríonóide, léim Lenehan amach ar an bhóthar agus ghlinnigh suas ar an chlog.

“Fiche i ndiaidh,” a deir sé.

“Am trátha,” ar Corley. “Beidh sí ann, ceart go leor. Ligim dí fanacht píosa i gcónaí.”

Rinne Lenehan gáire ciúin.

“Muise, Corley, agatsa atá a fhios cén chaoi iad a láimhseáil,” a dúirt sé.

“Táim críonna ar a gcleasanna beaga uile,” a d’admhaigh Corley.

“Ach abair liom,” a dúirt Lenehan arís, “an bhfuil tú cinnte go bhféadfaidh tú cur i gcrích an bhirt ar fad. Tá a fhios agat gur bheart íogair é. Táid damanta dúnta faoin ghné sin. Hah?”

Bhreathnaigh a shúile beaga glice go grinn ar ghnúis a chompánaigh, ar thóir dearbhaithe. Luasc Corley a cheann anonn is anall mar a bheadh sé ag iarraidh fáil réidh le feithid dígeanta, agus tháinig muc ar gach mala aige.

“Cuirfead i gcrích é,” a deir sé. “Fág fúmsa, nach dtig leat sin a dhéanamh?”

Thost Lenehan. Níor mhaith leis cur círín ar a chara, go bhfógrófaí go dtigh an diabhail agus go ndéarfaí leis nach raibh iarraidh ar bith ar a chomhairle. Bhí call le beagán stuaime. Ach d’imigh na roic as éadan an Toirdhealbhaigh. Bhí a chuid smaointe ag rith i dtreo eile.

“Is raiteog dheas mhánla í,” a deir sé le sásamh; “gan aon agó.”

Shiúladar síos Sráid Nassau agus ansin chasadar isteach ar Shráid Chill Dara. Gar do phóirsí an chlub, bhí cláirseoir ina sheasamh i lár an bhóthair, agus é ag seinm d’fháinne beag éisteoirí. Tharraing sé go neamh-aireach ar na sreanga agus chaith súil luaineach ó am go ham ar aghaidh gach duine nua a tháinig i láthair agus freisin thug súil tuirseach in airde ar an spéir. Shílfeá go raibh a chláirseach tuirseach freisin: tuirseach de shúile na ndaoine anaithnid agus do lámha a máistir. Bhí a clúdaigh tite síos faoina glúine ar nós cuma liom. Sheinn lámh amháin fonn *Silent, O Moyle*[21] ar shreanga dorda na cruite, agus rith an lámh eile tríd an tribil tar éis gach grúpa nótaí. Ba dheas domhain glan é glór na nótaí.

Shiúl an bheirt fhear suas an tsráid gan labhairt, an ceol brónach dá leanúint. Nuair a bhaineadar faiche Stiofáin amach, thrasnaíodar an bóthar. Anseo, torann na dtramanna, na soilse agus an tslua, scaoil óna dtost iad.

“Seo í,” ar Corley.

Bhí bean ina seasamh ag bun Shráid Hume. Bhí gúna gorm agus hata bán seoltóireachta á gcaitheamh aici. Ar chiumhais an chosáin a bhí sí, scáth gréine á luascadh ina láimh. D’éirigh Corley bíogúil.

“Gabhaimis ina láthair go bhfeice mé í,” ar Lenehan.

Thug Corley silleadh súl go leataobhach ar a chara agus leath meangadh gránna gáire air.

“An bhfuilir ag iarraidh theacht isteach orm?” a d’fhiafraigh sé.

“In ainm Chroim!’ ar Lenehan go teann, “ní gá cur mise in aithne dhi. Níl uaim ach amhairc uirthi. Ní íosfad í.”

“Ó... amhairc uirthi?’ ar Corley níos cairdiúla. ‘*Well*... céard faoi seo?: rachaidh mise anall a labhairt léi agus tig leatsa dul thar bráid.”

“Tá go maith!” ar Lenehan.

Bhí leathchos caite thar na slabhraí nuair a ghlaoigh Lenehan air:

“Agus ina dhiaidh? Cá bhfeicfimid a chéile arís?”

“Leath i ndiaidh a deich,” ar Corley, ag tarraingt na coise eile chuige.

“Cén áit?”

“Coirnéal Shráid Mhuirfean. Tiocfaimid ar ais.”

“Beir bua,” a d’fhág sé mar cheiliúradh dhe.

Níor thug Corley freagra dá laghad. Shiúl sé trasna an bhóthair ar a bhogstróc, a cheann ag bogadh anonn is anall. A chabhail mhór, a shiúl réchúiseach agus torann trom a bhróg, chuireadar cuma an chloíteora air. Tháinig sé ionsar an bhean óg agus, gan beannú dá laghad a thabhairt di, thosaigh ag caint léi. Thosaigh sise ag iompú a scáth báistí níos tapúla agus ag casadh leath-thimpeall ar a sáil. Uair nó dhó, nuair a labhair seisean bonn le bonn léi, rinne sí gáire agus chrom a ceann.

Choimhéad Lenehan orthu ar feadh chúpla nóiméad. Ansin shiúl go mear píosa amach uathu le taobh na slabhraí agus thrasnaigh an bóthar ar fiar. Ag teacht i ngar do choirnéal Shráid Hume dó, thug sé cumhra láidir san aer faoi deara agus rinne mionscrúdú gairid imníoch ar dhreach agus ar chorp na mná óige. Bhí sí feistithe go Péacógach ina cuid éadaí Domhnaigh. D’fháisc crios dubh leathar a gúna gorm saraiste faoin bhásta. Shílfeá go raibh búcla mór airgead a creasa ag teannadh isteach a láir agus é ag ceangail stuif éadrom a blúis ar nós bioráin. Bhí seaicéad gearr dubh le cnaipí néamhainn agus muince chifleogach cleite dubha á gcaitheamh aici. Bhí ciumhais a bóna fialsíoda curtha in aimhréidh d’aon toisc aici agus bhí táth mór bláthanna dearga ceangailte dá blús agus a ngais in airde. Shonraigh Lenehan a corp íseal téagartha. Corp feidhmiúil, a mheas sé. Bhí luisne rúpach sláinte an bhradáin ina haghaidh agus ina leicne ramhra dearga agus bhí loinnir na sláinte ina súile gorma neamhchúthaile. Ba gharbh-chumtha a ceannaithe. Bhí poill mhóra sróine, béal sleabhctha a d’fhan ar oscailt i straois mhacnasach, agus corrfhiacla aici. Agus é ag dul thar a mbráid, bhain Lenehan de a chaipín, agus d'fhreagair Corley le comhartha san aer tuairim is deich soicind níos moille. Is é an chaoi a rinne sé seo, chuir a lámh in airde ar éigean agus shocraigh a hata go machnamhach.

Shiúl Lenehan a fhad leis an Shelbourne Hotel gur fhuirigh ansin. Tar éis tamaill gairid, chonaic sé iad ag teacht ina leith agus, nuair a chasadar ar dheis, lean iad, é ag siúl go héadrom síos taobh amháin de Chearnóg Mhuirfean ina bhróga bána. Agus é ag siúl ar aghaidh go mall, de réir a gcoiscéime siúd, bhreathnaigh ar cheann Corley, ag casadh gach ré nóiméad i dtreo na mná amhail

úill móir ag tiontú ar mhaighdeog. Choinnigh sé faoi raon radhairc iad gur fhaca sé iad ag dul suas staighre thraein an Domhnach Broc; ansin chas ar a sháil agus d'fhill ar ais.

Anois ó bhí sé leis féin bhí dreach níos sine air. Déarfá gur thréig a aeracht é. Ag teacht ar na ráilligibh taobh le Plásóg Laighean dó, lig sé dá láimh cuimilt dóibh. Ghabh an port a d'imir an cruitire seilbh ar ghluaiseacht a chorp. Bhuail a bhróga ciúine an port ar an chosán agus d'imir a méara scála breachnaithe ar na ráillí go neamh-aireach i ndiaidh gach grúpa nótaí.

Shiúl sé go díbheo timpeall Fhaiche Stiofáin agus ansin síos Sráid Grafton. Cé gur thug a shúile suntas i neart gnéithe den tslua a ndeachaigh sé tríd, is go gruama a thug. Na rudaí go léir a bhí ceaptha suairceas a chur air, is amhlaidh gur bheag leis iad, agus níor fhreagair sé na súile a caitheamh air, súile a thug fáilte roimh teanntás. Bhí a fhios aige go gcaithfeadh sé déanamh go leor cainte, go mb'éigean dó déanamh neart cumadóireachta chun dhéanamh siamsa don chuideachta, ach bhí a scornach agus a intinn ró-spallta do dhualgas dá shórt. Ba ábhar imní dó conas na huaireanta a chur thart go dtiocfadh Corley ar ais. Níor léir leis dóigh ar bith eile le caitheamh an ama ach amháin coinneáil leis ag siúl. Chas sé ar chlé nuair a tháinig a fhad le coirnéal Chearnóg Parnell agus d'airigh sé níos mó istigh ann féin sa tsráid chiúin dhorcha, ar fheil a dealramh gruama dá ghiúmar. Stad sé faoi dheireadh roimh fhuinneog siopa a raibh cuma bhocht air agus a raibh *Refreshment Bar* scríofa i gcló bán ós a chionn. Bhí dhá rud scríofa ar an fhuinneog: *Ginger Beer* agus *Ginger Ale*. Bhí ceathrú liamháis a raibh cúpla stiall gearrtha dhe ar taispeáint ar phláta mór gorm agus bhí slisne mearóg Nollag an-éadrom ar phláta i ngar dó. Dhearc sé go santach ar an bhia seo ar feadh achair agus ansin, i ndiaidh dó súil aireach a chaitheamh suas, síos an tsráid, chuaigh isteach de sciotán.

Bhí ocras air óir, cé is moite de roinnt brioscaí a d'iarr sé ó bheirt shéiplíneach, níor ith sé aon cheo ó bhí sé ina am chuid na maidine. Shuigh sé síos chun boird ag tábla adhmaid gan chlúdach, os comhair bheirt chailíní oibre agus meicneora. D'fhreastail cailín sraoilleach air.

"Cé mhéad ar phláta piseanna?" a d'fhiafraigh sé.

"Trí leathphingin, *sir*," ar an cailín.

"Beir pláta piseanna chugam," a dúirt sé, "agus buidéal bheoir sinséir."

Labhair sé go garbh le ceilt a chuma ghalánta, óir stop an chaint nuair a tháinig sé isteach. Bhí lasadh ina ghrua. Shá sé a chaipín siar ar a cheann agus lig a uillinneacha anuas ar an bhord a chur i gcéill go raibh sé ar a shuaimhneas. Rinne an meicneoir agus an bheirt chailíní iniúchadh géar air sular fhilleadar ar a gcomhrá i nglór beag. Rug an cailín pláta piseanna glasa le piobar agus fínéagar chuige, chomh maith le foirc agus a bheoir shinséir. Phlac sé a bhia go santach agus thaitin sé chomh mór leis gur thogair teacht ar ais chuig an tsiopa céanna arís. Nuair a bhí na piseanna ar fad caite aige, bhlais sé a bheoir shinséir agus shuigh siar ar feadh scaithimh maith agus é ag smaoineamh faoi eachtra an Toirdhealbhaigh. Chonacthas beirt leannán ag siúl bóthair dorcha éigin dó; chualathas glór toll Corley agus é i mbun cluanaíochta bríomhaire dó agus d'athshamhlaigh sé cár teaspach gáire na mná óga. Mheabhraigh an íomhá seo a dhíth airgid agus anama féin go géar dó. Bhí sé tuirseach den mhangaireacht thart, de bheith ar bhalláin stéille an mhadra, bhí tuirseach de chora is de chleasa. Bheadh sé aon bhliain déag is fichead i mí na Samhna. Nach bhfaigheadh sé post maith riamh? Nach mbeadh a áras féin aige riamh? Ba mhéanar, a smaoinigh sé, dá mbeadh tine teolaí le suí lena hais aige agus dinnéir le suí síos chuige aige. Bhí a sháith aige de bheith ag siúl na sráideanna le cairde is le cailíní. Thuig sé luach na gcairde seo: bhí aithne aige ar na cailíní freisin. Dhóigh a thaithí ar an tsaol a chroí ann. Ní raibh deireadh dóchais bainte dhe áfach. D'airigh

sé níos fearr tar éis an ghreim bia ná mar a d’airigh roimhe, ní raibh sé chomh tuirseach den tsaol, ní raibh a mheanma chomh cloíte. B’fhéidir go n-éiríodh leis fós socrú síos i gcúinne cluthar a mhaireachtáil go sona dá dtiocadh sé ar chailín deas saonta a mbeadh beagán maoine aice.

Thug sé dhá phingin is leathphingin don tsraoill cailín agus d’fhág an siopa a thosú ar a fhánaíocht arís. D’iompaigh isteach ar Shráid Chéipil agus shiúl i leith Halla na Cathrach. Ansin chas isteach ar Shráid an Dáma. Ag coirnéal Shráid Sheoirse bhuail sé le beirt charad leis agus stop chun labhartha leo. Bhí sé bhuíoch den tsos ón tsíor-shráideoireacht. D’fhiafraígh a chairde dhe ar fhaca sé Corley agus cérbh í an nuacht ba dhéanaí leis. Is beag cainte a rinne a chairde. D'amharcadar le neamhshuim ar roinnt daoine sa tslua a chuaigh tharstu agus chaitheadar corrfhocal cáinteach. Dúirt duine amháin den bheirt gur fhaca sé Mac ar Shráid Westmoreland uair an chloig níos luaithe. Leis sin, dúirt Lenehan go raibh sé in éineacht le Mac an oíche cheana i dtigh *Egan*. D’fhiafraigh an fear a chonaic Mac ar Shráid Westmoreland arbh fhíor é gur bhuaigh sé roinnt airgid ar chluiche billéardaí. Ní raibh a fhios ag Lenehan: dúirt gur cheannaigh Holohan deochanna dhóibh i dtigh Egan.

D’fhág sé a chairde ag ceathrú chun a deich agus chuaigh suas Sráid Sheoirse Mhór Theas. Chas ar chlé ag Stuara Shráid Sheoirse agus shiúl ar aghaidh go Sráid Grafton. Bhí an slua cailíní is fear dulta i dteirce agus chuala sé go leor grúpaí is lánúineacha ag fágáil sláin ar a chéile don oíche ar a bhealach suas an tsráid. Stop sé ag clog Choláiste Ríoga na Máinlianna: bhí sé ar bhuille a deich a chlog. Shiúl sé leis go géar gasta ar feadh an taoibh ó thuaidh den Fhaiche ar fhaitíos go bhfilleadh Corley róluath. Nuair a shroich sé coirnéal Shráid Meirfean, sheas sé a fhuireach faoi scáth lampa agus tharraing amach ceann de na toitíní a choinnigh sé agus las é. Bhain sé taca as an chuaille lampa agus choinnigh a shúil ar an treo a raibh sé ag súil le Corley agus leis an bhean óg.

Bheoigh a inchinn arís. Ní fheadar ar éirigh le Corley. Ar chuir sé an cheist uirthi fós nó an bhfágfadh sé sin don nóiméad deireanach. D’airigh sé gach deann imní agus scleondair dar bhain le dála a charad, chomh maith le deanna a dhála féin. An chuimhne ar cheann Corley ag imrothlú timpeall go mall, thug sé sin iarracht éigin suaimhnis dó: bhí sé cinnte go mbéarfadh Corley an lá ceart go leor. Bhuail sé ina cheann go mb’fhéidir gur thionlaic Corley abhaile í ar bhealach eile agus gur thug cor dó. Ghrinnigh sé an tsráid: ní raibh tásc ná tuairisc orthu. Ach caithfear go raibh leathuair an chloig caite ó chonaic sé clog Choláiste na Máinlianna. An ndéanfadh Corley a leithéid de rud? Las sé a thoitín deiridh agus thosaigh dá chaitheamh go himníoch. Stán sé go géar uaidh gach uair a stop tram ag an chúinne eile den chearnóg. Ní mó ná gur imíodar abhaile ar bhealach eile. Bhris páipéar a thoitín agus chaith sé ar an bhóthar agus eascaine uaidh.

Go tobann, chonaic sé iad ag teacht ina leith. Baineadh preab áthais as. Agus é ag fanacht i ngaobhar don chuaille lampa, rinne iarracht an toradh a léamh óna n-imeacht. Bhíodar ag siúl go gasta, an bhean óg ag tabhairt céimeanna tapa agus Corley lena taobh agus é ag dul dá chéimeanna móra. Ba chosúil go rabhadar ina dtost. Phrioc tuairim faoin toradh é mar a dhéanadh uirlis ghéar. Theipfí ar Chorley; bhí a fhios aige gur chath caillte é.

Chasadar síos Sráid Bhagóid agus lean sé ar an phointe boise iad ar an taobh eile den tsráid. Am ar bith a stopadar, stop seisean freisin. Labhraíodar le chéile ar feadh roinnt meandar agus ansin d’imigh an bhean óg síos céimeanna go fochlós tí. D’fhan Corley ina sheasamh ar chiumhais an chosáin, achar gairid ó na céimeannaibh. D’imigh roinnt maith nóiméad thart. Ansin osclaíodh an doras tosaigh go mall, cáiréiseach. Tháinig bean síos na céimeanna de rith agus rinne casacht. D’iompaigh Corley timpeall agus dhruid léi. Chuir corp leathan Corley a corp siúd faoi cheilt ar feadh scaithimh agus ansin nochtadh arís í agus í ag rith suas na céimeanna. Dúnadh an doras arís ina diaidh agus thosaigh Corley ag siúl go mear i dtreo Fhaiche Stiabhna.

Chuaigh Lenehan sa treo céanna chomh tiubh is a tháinig leis. Thit cúpla braon éadrom báistí anuas. Ghlac sé iad mar rabhadh agus, tar éis chaitheamh súil siar ar an teach inar chuaigh an bhean óg, le cinntiú nach raibh aon duine ag amhairc air, rith sé trasna an bhóthair go díocasach. A imní agus a iarracht reatha, chuireadar saothar anála air. Ghlaoigh sé:

"Hallo, Corley!"

Chas Corley a cheann timpeall chun féachana cé a ghlaoigh air agus ansin choinnigh sé ar a shiúl. Rith Corley ina dhiaidh agus é ag socrú a sheaicéad báistí ar a ghualainn le láimh amháin.

"Hallo, Corley!" a ghlaoigh sé arís.

Tháinig sé taobh lena chara agus scrúdaigh a ghnúis. Ní fhaca sé comhartha dá laghad uirthi.

"Well," a deir sé, "ar oibrigh sé?"

Bhíodar tagtha chomh fada le coirnéal Phlás Íle. Gan focal uaidh ar feadh an achair, chas Corley go tobann ar chlé agus chuaigh suas taobhshráid. Bhí cuma stuama air. Choinnigh Lenehan bord ar bord lena chara agus saothar air. Bhí mearbhall air agus mailís le sonrú ina ghlór.

"Nach ndéarfá liom é?" a dúirt sé. "Ar iarrais uirthi?"

Stad Corley ag an chéad chuaille lampa agus é ag stánadh amach roimhe go dorrga. Ansin shín amach a lámh go tromchúiseach chuig an solas agus d'oscail go mall faoi shúile a dheisceabail. Leath aoibh an gháire air. Bhí bonn beag ór ag glioscarnach ina bhois.

An Teach Lóistín

Ba iníon le búistéir í *Mrs Mooney*.[22] Ba bhean í a bhí breá ábalta coinneáil rudaí faoina fiacail: bean thiomanta a bhí inti. Phós sí maor a athar agus d'oscail siopa búistéara gar do Shráid Ghairdín an Tobair. A thúisce is a fuair a athair céile bás áfach, d'imigh an diabhail air. D'óladh sé, dhéanadh creach ar an scipéid agus chuaigh i ndiaidh a chinn i bhfiacha. Ba bheag an mhaith é iallach a chur air séanadh an óil i bhfianaise an tsagairt: thosódh sé arís i gceann cúpla lá. Throideadh sé lena bhean os comhair na gcustaiméirí agus cheannaíodh drochfheoil, rud a mhill a ghnó. Rinne sé iarracht ar a bhean le tua búistéara oíche amháin agus b'éigean di an oíche a chaitheamh i dtigh comharsan.

I ndiaidh na heachra sin, níor chuireadar fúthu faoin díon céanna. Chuaigh sí faoi bhráid an tsagairt agus fuair scaradh óna fhear le cúram na bpáistí aici féin uaidh. Ní thabharfadh sí airgead ná bia dhó ná ní ligfeadh sí faoin díon céanna léi dhó; agus b'éigean dó glacadh le post mar bháille dá dheasca. Ba mheisceoir beag giobach cromshlinneánach é le haghaidh bhán agus croiméal bán agus le mallaí bána crochta os cionn a shúile beaga, a bhí liathdhearg; agus chaitheadh sé an lá ar fad ina shuí in oifig an mhaoir ag fanacht ar dhualgas oibre. Ba fhorránach mór mná í Mrs Mooney. Bhailigh sí an méad airgid a bhí fágtha i ngnó na búistéireachta léi agus bhunaigh teach lóistín ar Shráid Hardwicke. Ba thurasóirí as Learpholl agus Oileán Mhanann agus, scaití, *artistes* as na hallaí ceoil iad a lóistéirí gearrthéarmacha. Maidir leis na lóistéirí fadtéarmacha, ba chléirigh as an chathair féin dóibh. Stiúr sí an teach go cliste, dian, daingean. Thuig sí cathain ligin cairde, cathain bheith dian agus cathain fulaingt le rudaí. *The Madam* a thug na lóistéirí fadtéarma uile uirthi.

D'íocaidís fir óga Mrs Mooney cúig scilling déag in aghaidh na seachtaine do bhia agus leaba (gan beoir ná leann dubh ag am dinnéir a chur san áireamh). Bhí dúil acu sna rudaí céanna, bhí an tslí bheatha céanna acu go léir agus bhíodar an-mhór lena chéile dá bharr. Phléidís seansanna roghanna an phobail sna rásaí capall agus seansanna na gcapall nach raibh tóir orthu. Jack Mooney, mac an *Madam*, ar chléireach ag gníomhaire coimisiúin ar Shráid na Toinne é, bhí sé de cháil air gur bhuachaill báire é. Bhí gach aon gháirsiúlacht ar bharr a theanga aige mar a bheadh ag saighdiúir: bhí sé de nós aige teacht abhaile i gcroílár na hoíche. Bhíodh scéal grinn aige dá chairde i gcónaí agus bhíodh eolas aige faoi rud dealraitheach i dtólamh – is é sin, capall nó *artiste* a raibh gealladh faoi. Bhí dorn maith aige i gceann troda freisin agus ghabhadh sé amhráin grinn. Ba mhinic teacht a bhíodh le chéile i seomra caidrimh Mrs Mooney ag aghaidh an tí. Sheinneadh ceoltóirí an halla ceol dóibh; agus sheinneadh *Sheridan* válsaí agus polcaí agus réthionlacain. Chanadh Polly Mooney freisin, iníon an *Madam*. Ghabhadh sí:

> *I'm a ... naughty girl.*
> *You needn't sham:*
> *You know I am.*

Ba chailín seang naoi mbliana dhéag d'aois í Polly; bhí gruaig mhín éadrom agus bhí béal beag bruasach aici. Súile liatha le hoiread na fríde de dhath glas a bhí aici. Bhí nós aici caitheamh sracfhéachana in airde nuair a labhraíodh sí le daoine, rud a chuir cuma Maighdine Muire bige saoibhe uirthi. Chuir Mrs Mooney a hiníon ag obair mar chlóscríobhaí in oifig cheannaí arbhair ar dtús ach, toisc go dtugadh maor míchlúiteach cúirt uirthi a iarraidh cead cúpla focal a rá lena iníon, thug sí a hiníon abhaile arís agus chuir i mbun obair an tí. As siocair gurbh an-spleodrach í Polly, ba é an rún a bhí ann, teacht gan srian ar na fir óga a thabhairt di. Thairis sin, taitníonn sé le fir nuair a bhíos bean óg ina measc. Ar ndóigh, rinne Polly spallaíocht leis na fir óga, ach bhí a fhios ag Mrs Mooney, arbh mheastóir maith daoine í, nach raibh i gceist ag na fir ach an t-am a mheilt: ní raibh

duine ar bith díobh dáiríre fúithi. Is amhlaidh a lean rudaí ar aghaidh ar feadh i bhfad agus thosaigh Mrs Mooney ag machnamh ar Polly a chur ar ais ag obair mar chlóscríobhaí nuair a thug faoi deara go raibh rud éigean ar siúl idir Polly agus duine de na fir óga. Choimhéad sí ar an bheirt díobh agus choinnigh a hintinn aici féin.

Bhí a fhios ag Polly go raibh sí á coimhéad, ach fós ba bhreá shoiléir é céard ba bhrí le tost seasmhach a máthar. Ní dhearna an mháthair agus an iníon comhpháirteachas, comhar ná socrú, ní raibh tuiscint oscailte dá laghad eatarthu, ach fós féin, in ainneoin gur thosaigh daoine sa tigh ag caint faoin chaidreamh, níor chuir Mrs Mooney isteach air. D'éirigh Polly pas beag coimhthíoch agus ba léir go raibh faitíos ar an fhear óg. Faoi dheireadh, nuair a mheas sí go raibh an nóiméad ceart tagtha, rinne sí rud faoi. Chaitheadh sí le fadhbanna morálta mar a chaitheas tua búistéara le feoil: agus sa chás seo bhí sé socair ina hintinn aici.

Maidin gheall thús an tsamhraidh a bhí ann agus bhí cosúlacht teasa uirthi ach bhí leoithne láidir gaoithe ag séideadh. Bhí gach aon fhuinneog sa tigh lóistín ar oscailt agus líon na cuirtíní lása i dtreo na sráide faoina saiseanna arda. Bualadh clog *[Saint] George's Church*[23] arís agus arís eile agus thrasnaigh a lucht freastail an cóngar bóithre os a chomhair ina ngúpaí agus ina n-aonar. Ba léir a rún óna n-iompar stuama agus ó na leabhair bheaga ina lámha. Bhí cuid na maidine thart sa tigh lóistín agus bhí tábla an tseomra bricfeasta lán le plátaí a raibh stríoca buí uibhe agus ruainní beaga de shaill bhagúin agus de chraiceann bagúin orthu. Shoiprigh Mrs Mooney í féin sa chathaoir uilleann tuí gur amhairc ar Mary agus ise ag bailiú na ngréithe bricfeasta. D'ordaigh sí bailiú le chéile na gcrústaí agus an bhruscar aráin do Mary chun a gcurtha le harán ar bhainne Dé Máirt. Nuair a bhí an bord glanta, an bruscar aráin bailithe, an siúcra agus an t-im curtha faoi ghlas, thosaigh sí ag cuimhneamh siar ar an agallamh a bhí aici le Polly an oíche roimhe. Bhí rudaí faoi mar a mheas sí: níor chuir sí fiacail ina ceisteanna agus níor chuir Polly fiacail ina freagraí. Bhí beagán aiféaltais orthu beirt, ar ndóigh. Cuireadh aiféaltas uirthise óir níor mhaith léi go mbeadh cuma ró-fhuarchroíoch uirthi agus í ag éisteacht leis an nuacht ná go síltí gur lig lenar tharla d'aon turas, agus cuireadh aiféaltas ar Polly ní amháin de bhrí go gcuiridís tagairtí dá leithéid aiféaltas uirthi i gcónaí, ach freisin óir nár mhaith léi go síltí gur thomhais, agus a soineanta, críonna is a bhí sí, gur thomhais an rún taobh thiar de chaoinfhulaingt a máthar.

Le dúchas, chaith Mrs Mooney súil ar an chlog beag óraithe ar an mhatal a thúisce is a mhothaigh sí trína machnamh gur stop cloig *George's Church* ag bualadh. Bhí sé seacht nóiméad déag tar éis a haon déag: bheadh neart ama aici chun dul i ngleic le Mr Doran agus ansin bheith in am d'Aifreann Gairid Mheán Lae ar Shráid Mhaoilbhríde. Ise a bhuafadh, bhí sí cinnte dhe. Ar an chéad-dul síos, bhí tuairim an phobail ar fad léi: bá mháthair í a cuireadh le buile de bhrí go ndearnadh éagóir ar a hiníon. D'fháiltigh sí isteach ina teach féin é, ar an tuiscint gurbh fhear é a bhí scrupall ann, agus is amhlaidh gur tháinig sé i dtír ar a cineáltas. Bhí seisean cheithre nó chúig bliana déag is fichid d'aois, mar sin ní leithscéal ar bith dó baois na hóige ó tharla go raibh roinnt taithí aige ar an tsaol. Tháinig sé i dtír ar a óige is a bhí Polly agus ar a easpa cleachta ar an tsaol, sin a bhí faoi: ba shoiléir é. Ba í an cheist: cén cúiteamh a dhéanfadh sé?

Caithfear tabhairt cúitimh i gcásanna mar é. Is méanar don fhear: tig leis dul ar a bhealach faoi mar nár tharla tada, i ndiaidh dó baint a sheal suilt, ach is í an cailín is mó a bhios thíos leis. Is leor le roinnt máthar réiteach an scéil le suim airgid; bhí roinnt cásanna dá sórt ar eolas aici. Ní dhéanfadh sise amhlaidh áfach. Ní raibh ach aon chúiteamh amháin, dar léise, a d'íocfadh as an mhíchlú a tarraingíodh ar a hiníon: pósadh.

Mheas sí a cártaí go léir arís eile sular chuir sí Mary suas chuig seomra Mr Doran a rá leis gur mhian léi labhairt leis. Bhí sí cinnte go mbuafadh sí. Fear stuama a bhí ann, ní raibh sé ragairneach

ná callánach mar a bhí an chuid eile dhíobh. Dá mba Mr Sheridan ná Mr Meade ná Bantam Lyons a bhí i gceist, bheadh obair níos déine aici. Níor dóigh léigh go dtabharfadh sé dúshlán bhéal an phobail. Bhí cur amach éigean ag na lóistéirí uile sa tigh faoin chaidreamh; cumadh sonraí le cuid díobh. Ar aon nós, bhí sé fostaithe ag oifig mhór Chaitliceach Cheannaí fíona le trí bliana déag anuas agus b'fhéidir go gcaillfeadh sé a phost dá dtéadh an scéal i mbéal an phobail. Dá ngéilleadh sé, seans go mbeadh gach aon rud ceart go leor áfach. Bhí a fhios aici go raibh slí bheatha mhaith aige agus bhí sí den tuairim go raibh roinnt airgid curtha i dtaisce aige.

Bhí sé nach mór leathuair tar éis! Sheas sí suas agus thug súil ghrinn uirthi féin sa scáthán piara. An dreach diongbháilte ar a haghaidh mhór chíríneach, thug misneach di agus smaoinigh sí ar roinnt máithreacha ar aithne aici nár éirigh leo cur i gcrích a gcúram iníonacha.

Bhí an-imní go deo ar Mr Doran an mhaidin Dé Domhnaigh seo. Rinne sé dhá iarracht ar a bhearradh ach bhí an oiread sin creathadh ina láimh is gurbh éigean dó éirí as. Sheas cluimhreach féasóige rua trí lá amach ar a ghiall agus chruinnigh ceo ar a spéaclaí gach dhá nó trí nóiméad sa dóigh is go raibh air a mbaint de a ghlanadh le ciarsúr póca. Ábhar céasta aige ab ea cuimhne na hoíche roimhe sin; tharraing an sagart gach uile shonra seafóideach den scéal de agus rinne chomh mór marfach dá pheaca ag an deireadh go raibh sé buíoch den deis cúitimh a dheonaigh sé dhó. Bhí an dochar déanta anois. Céard eile a d'fhéadfadh sé déanamh anois ach a pósadh nó dul ar a theitheadh? Ní fhéadfadh sé éirí thuas ar a sháinn. Ba é ba dhóichí go mbeadh an scéal ina údar cainte agus níor mhó ná go bhfaigheadh a fhostóir gaoth dhe. Sin é a bhige is atá Áth Cliath: bíonn fios ag madraí an bhaile fút. D'éirigh a chroí ina bhéal agus é ag samhlú glór grágach Mr Leonard ag fógairt: "Cuir Mr Doran isteach chugam, le do thoil."

A bhlianta fada seirbhíse go léir curtha ó mhaith! A dhlús oibre is a dhílseacht ar fad caite san aer! D'imir sé a bháire baoise agus é ina fhear óg, ar ndóigh; mhaíodh sé as saoirse a hintinne agus shéanadh Dia lena chomrádaí sna tithe tábhairne. Bhí sé réidh leis an tsaol sin ar fad anois áfach... beagnach. Cheannaíodh cóip den *Reynold's Newspaper* gach seachtain fós ach chomhlíonadh a dhualgais reiligiúnacha agus chaitheadh gnáthshaol naoi ndeichiú den bhliain. Bhí dóthain airgid aige chun socruithe síos; níorbh í sin an fhadhb. Ach bheadh cor ina sróin ag a mhuintir chuici. I dtosach báire, bhí an t-athair míchlúiteach ann, agus ansin bhí teach lóistín na máthar ag tosú ag tarraingt clú áirithe air féin. Chonacthas dó gur bualadh bob air. Shamhlaigh sé a chairde ag caint faoin eachtra agus ag gáire fúithi. Bhí sí ábhairín comónta; scaití dúirt sí "*I seen*" agus "*If I had've known*." Ach nach cuma faoin ghramadach dá mbeadh sé i ngrá léi dáiríre? Níor léir dó cé dhíobh ar cheart dó bheith buíoch dhí nó ar buille léi mar gheall ar a rinne sí. Ar ndóigh, bhí a pháirt féin ann. Is éard a dúirt a nádúr is a dhúchas leis, fanacht saor, gan dul faoi fháinne an phósta. Bíonn do chosa nite a thúisce is a phósair, a deir a chroí.

Chnag sí ar an doras gur chuaigh isteach fad a bhí seisean ina shuí in éadóchas faoi léine agus faoi bhrístí ar chiumhais na leapan. D'eachtraigh sí an tiomlán dó, gur admhaigh sí gach uile rud dá máthair agus go labhródh a máthair leisean an mhaidin sin. Bhris a gol uirthi agus chaith sí a lámha timpeall ar a mhuineál, ag rá:

"Ó Bob! Bob! Céard a dhéanfad? Céard a dhéanfad ar chor ar bith?"

Chuirfeadh sí lámh ina bás féin, a deir sí.

Rinne sé tláithínteacht léi go lagmhisneach, ag rá léi gan bheith ag gol, go mbeadh gach aon rud togh, nach raibh aon chúis imní dhi. Mhothaigh sé crith a brollaigh tríd a léine.

Ní airsean ar fad an locht faoinar tharla. Bhí cuimhne mhaith aige: cuimhne fhiosrach fhoighneach an bhaitsiléara ar an tionchar air ag an chéad-teagmháil fhánach a rinne a gúna leis, ag a hanáil, ag a méara. Ansin go déanach oíche amháin chnag sí go ciúin ar an doras agus eisean ag baint de a chuid éidí a dhul a chodladh. Is éard a bhí uaithi, athlasadh a coinnle ina sheomrasa ó tharla gur mhúch siota gaoithe í. Oíche a folctha a bhí ann. Bhí *combing-jacket* scaoilte déanta de fhlainín priontáilte á chaitheamh aici. Bhí dealramh i ndroim a coise gile le feiceáil trí oscailt a slipéar clúmhach agus bhí luisne a fola ina cneas cumhraithe. Bhí boladh lag cumhráin as a lámha freisin agus í ag coinneáil na coinnle socair.

Sna hoícheanta a thagadh sé abhaile go déanach, ba ise a théadh a dhinnéar dó. Is ar éigean féin a bhíodh a fhios aige céard a bhí á ithe aige agus sise amháin lena ais sa tigh marbh. Agus a chineálta is a bhí sí. Dá mbeadh an oíche fuar nó fliuch nó gaofar ar dhóigh ar bith, bhíodh timbléar puins faoina choinne. B’fhéidir go mbeidís sona le chéile...

Théidís suas staighre le chéile ag deireadh na hoíche ar bharraicíní na gcos, coinneal an duine acu, agus ar an tríú léibheann d’fhágaidís slán lena chéile go drogallach. Thugaidís póg dá chéile. Ba chuimhin leis go grinn a súile, a lámh in a láimhse agus an rámhaille a bhíodh air...

Tránn rámhaille agus sceitimíní áfach. Rinne sé aithris ar a ráiteas siúd ós íseal, dá chur ina leith féin: “Céard a dhéanfad?” Thug nádúr an bhaitsiléara fainic air coinneáil glan ó phósadh. Ach ba léir an peaca dhó; thug go fiú amháin a chiall aige féin d’oineach le fios dó nár mhór éiric a íoc in a leithéid de pheaca.

Fad is a bhí sé ina shuí ar chiumhais na leapan, tháinig Mary don doras a rá gur theastaigh ón *missus* labhairt leis sa pharlúr. Sheas sé suas a chur a bhástchóta is a chóta air féin, é níos éidreoraí ná riamh. Nuair a bhí sé gléasta suas, tháinig ionsuirthi dá cur ar a suaimhneas. Bheadh sé ceart go leor, níor chúis imní é. D’fhág sé í ina dhiaidh ar an leaba agus í ag gol agus ag éagaoin: “A Dhia!”

D’éirigh a spéaclaí chomh dallta le taisleach ag dul síos staighre dhó is gurbh éigean dó a mbaint dá nglanadh. Bhí dúil dóite aige dul ar foluain san aer tríd an díon agus eitilt leis go tír eile nach gcloisfeadh sé choíche faoina sháinn inti, ach fós féin bhrú fórsa éigean síos staighre é céim ar chéim. Thíos faoi bhí dreach dúr a fhostóra agus na Mná Uaisle á choimhéad. Bhuail sé le Jack Mooney ag an chor deireanach staighre agus eisean ag dul suas le dhá bhuidéal *Bass* ón chuile ina lámha. Thugadar beannacht dá chéile go doicheallach; agus lonnaigh súile an lánúin ar aghaidh righin *bulldog* agus ar lámha giortacha téagartha ar feadh dhá mheandair. Thug sé súil in airde ag bun an staighre gur chonaic Jack ag dearcadh air ó dhoras an tseomra bheag chor staighre.

Buaileann cuimhne é den oíche a rinne duine de na ceoltóirí halla ceoil, fear beag fionn as Londain, a rinne sé tagairt sách teanntásach do Polly. Dóbair nár thit an oíche airneáin as a chéile mar gheall ar fhoréigean Jack. Rinne gach aon duine iarracht chur foighne ann. D’fhan aoibh fhaiteach gháire ar an cheoltóir, a raibh dath níos báine ná mar ba ghnách air, agus dúirt arís agus arís eile nár mheas aon dochar a dhéanamh: ach lean Jack air ag béiceadh as go gcuirfeadh sé a fhiacla lofa síos a scornach ar aon duine a shílfeadh déanamh a leithéide d’ealaín lena dheirfiúr féin, dhéanfadh sé sin.

D’fhan Polly ina suí ar cholbha na leapan ag gol. Ansin thriomaigh sí a súile agus chuaigh anonn chuig an scáthán. Thum sí binn an tuáille sa chrúsca uisce a thabhairt suaimhnis dá súile ón uisce fionnuar. D’amhairc ar thaobh a cinn sa scáthán agus d’athshocraigh a biorán gruaige os cionn a cluaise. Ansin d’fhill sí ar an leaba gur shuigh síos ag a bun. Dhearc ar na ceannadhairteanna ar

feadh achair fada. Thugadar uaireanta rúnda lácha chun cuimhne dhi. Lig sí baic a muiníl anuas ar an ráille leapan iarainn fionnuair agus lig a smaointe ar fán. Ní raibh rian dá laghad buartha ina dreach níos mó.

D'fhan sí mar sin ag feitheamh, go soilbhir nach mór, gan imní gan scanradh uirthi. Ghéill a cuimhní cinn do dhóchas as an tsaol amach roimpi agus do bhrionglóidí ar an todhchaí. Bhí a brionglóidí chomh domhain is nár nár fhaca sí na ceannadhairt ar lonnaigh a súile orthu agus nár chuimhin léi céard leis a bhí sí ag feitheamh. Faoi dheireadh chuala sí a máthair ag glaoch uirthi. D'éirigh de phreab agus rith chuig na rungaí staighre.

"Polly! Polly!"

"Céard é, a mhamaí?"

"Tar anuas, a stór. Ba mhaith le Mr Doran labhairt leat."

Ansin chuimhnigh sí ar cad leis a raibh sí ag feitheamh.

Scamall Beag

Chuaigh ocht mbliana thart ó d'fhág sé slán ag a chara ag an Phort Thuaidh. D'éirigh go maith le *Gallaher*[24] sa tsaol. Ba léir sin ón chuma air go raibh cuid den tsaol thar lear feicthe aige. Ba léir é freisin óna chulaith deá-dhéanta agus óna thuin neamheaglach. Ba bheag fear eile a rugadh lena leithéid de bhuanna agus ba lú daoine fós nár mhill rath sa tsaol a mianach. Bhí a chroí san áit cheart aige agus bhí a rath tuilte aige. Ba mhór an rud é cara mar sin agat.

Ar a thionól le Gallaher, ar chuireadh Gallaher agus ar chathair mhór Londain a bhí aire iomlán *Little Chandler*[25] ó am lóin i leith. Little Chandler an leasainm a bhí air mar, cé nach raibh sé ach beagnach faoi bhun na meán-airde, shílfeá gurbh fhear beag é. Bhí lámha beaga bána aige, ba sheang a chreat, ba chiúin a ghuth agus ba chaoin a bhéas. Thugadh sé aire na huibhe circe dá chuid gruaige finne míne agus dá chroiméal agus chuireadh oiread na fríde cumhráin ar a chiarsúr phóca. Bhí a ingne ina leatha gealaí foirfe agus nuair a dhéanadh sé aoibh an gháire gheofá spléachadh ar rang fiacla a bhí chomh bán le fiacla páiste.

Rinne sé a mhachnamh ar na athruithe a rinne na hocht mbliana sin. An cara a bhí aige nuair a bhí sé beo bocht, d'iompaigh amach ina phearsa mór le rá sa *London Press*. Is minic a d'éirigh sé as a scríbhneoireacht leadránach a stánadh amach an fhuinneog. Luisnigh na plásóga agus na cosáin le luí na gréine dheireadh Lúnasa. D'fhear sé cith cré séimh órga ar na banaltraí míshlachtmhara agus ar na seanfhir cranda a bhí ag míogarnach ar na binsí – ar na páistí a rith ar na cosián gairbhéil ag screadadh dhóibh agus ar gach duine a chuaigh trí na gairdíní. D'amhairc sé ar an radhairc agus smaoinigh sé ar an tsaol; agus (mar a tharla i gcónaí nuair a smaoinigh sé ar an tsaol), tháinig gruaim air. Ghlac maoithneachas caoin seilbh air. Ba chath caillte leis streachailt in éadan a chinniúna: seo an t-ualach críonnachta a d'fhág an t-achar seo ama le hucht aige.

Chuimhnigh sé ar na leabhir filíochta ar a sheilfeanna sa bhaile. Cheannaigh sé iad le linn a laethanta baitsiléara agus ba iomaí tráthnóna agus é ina shuí sa tseomra beag le taobh an halla, a tháinig cathú air ceann a tharraingt anuas as an tseilf a léamh rud éigean as dá bhean chéile. Do chuir a chúthaileacht srian air i gcónaí áfach; agus mar sin d'fhan na leabhair ar na seilfeanna.

Nuair a bhuail an clog am dheireadh a chuid oibre sheas sé suas agus d'fhág a dheasc agus a chomhchléirigh go pointeáilte. Bhí cosúlacht an duine umhail néata air ag teacht amach faoi áirse fheodach Óstaí an Rí dó. Shiúil sé go tapa síos Sráid Henrietta. Bhí an ghrian órga beagnach dulta fúithi agus bhí goimh fuachta tagtha san aer. Bhí an tsráid dubh le páistí brocacha. Sheasadar nó ritheadar i lár an bhóthair nó shnámhadar suas na céimeanna faoi dhoirse oscailte nó bhuaileadar fúthu ag na tairseaca ar nós luch. Níor thug Little Chandler aird dá laghad orthu. Shnigh sé a bhealach tríd an bheatha bheag bhídeach ar fad sin a bhí ar nós míolra gur chuaigh faoi scáth na dtithe móra loma taibhsiúla inar chónaigh lucht uasal Átha Cliath tráth dá raibh. An t-am a chuaigh thart, níor ghoill air, mar bhí a intinn lán de lúcháir san am i láthair.

Ní raibh sé i dtigh *Corless*[26] riamh ach thuig sé luach an ainm. Bhí a fhios aige go ndeachaidh daoine ann tar éis na hamharclainne a itheadh oisrí agus a ól *liqueurs*; agus chuala gur labhair na freastalaithe Fraincis agus Gearmánais ann. Ag siúl thairis go mear san oíche dhó, chonaic coistí ag stopadh os comhair an dorais roimhe sin gur tháinig mná uaisle gléasta go galánta, gur thángadar anuas de na cóistí in éineacht le *cavaliers* agus chuaigh isteach de sciotán. Bhí gúnaí taibhseacha agus go leor sraitheanna éadaí á gcaitheamh acu. Bhí púdar ar a n-aghaidh agus rugadar greim ar a ngúnaí ag tuirlingt anuas den chóiste ar an talamh dóibh ar nós *Atlantas*[27] scáfara. Níor thug sé a aghaidh riamh orthu a amhairc orthu agus é ag dul thar an doras. Nós leis ab ea siúl go mear sa

tsráid, go fiú amháin sa ló, agus am ar bith a tharla dhó sa chathair go déanach san oíche, bhrostaigh ar a bhealach go himníoch corraithe. Scaití, áfach, thugadh sé dúshlán údair a eagla. Roghnaíodh na sráideanna ba dhorcha agus ba chaola go mbuaireadh, agus é ag siúl chun cinn go dána, go mbuaireadh an ciúnas a bhí leathnaithe timpeall a choiscéimeanna é, go scanraídís deilbheacha fánacha tostacha daoine eile é agus amannta go gcuireadh gáire íseal a d'éalaigh san aer é ag crith ar nós duilleoige.

Chas sé ar dheis i dtreo Shráid Chéipil. Ignatius[28] Gallaher ar fhoireann an *London Press*! Cé a cheapadh go bhféadfadh sin tarlú ocht mbliana ó shin. Mar sin féin, anois agus é ag breathnú siar ar an am a chuaigh thart, tháinig neart comharthaí chun cuimhne dho Chandler Bheag go mbeadh todhchaí mhór ag a chara. Deireadh daoine go raibh Ignatius Gallaher drabhlásach. Ar ndóigh, is fíor gur thaithigh sé dream de scódaithe ag an am, gur ól gan srian agus go bhfuair iasacht airgid ó gach thaobh. Sa deireadh, tharraing sé scéal amhrasach éigean air féin, gnó airgid éigin: pé ar bith é, ba leagan amháin é sin de chúis a theite. Ach níor shéan duine ar bith go raibh tallann aige. Bhíodh rud éigean... faoi leith in Ignatius Gallaher a théadh i bhfeidhm ort de d'ainneoin féin. Go fiú amháin nuair a bhíodh sé beo bocht agus géarghá aige le hairgead, níor chaill a mhisneach. Chuimhnigh Chandler Beag (agus tháinig luisne bheag bróid ina ghrua leis an chuimhne) ar cheann de sheanfhocil Gallaher nuair a bhíodh sé i gcruachás:

“Leath ama anois, a bhuachaillí,” a deireadh go haerach. “Cá bhfuil mo chaipín machnaimh?”

Ba é sin Ignatius Gallaher amach is amach; agus, go deimhin féin, ní fhéadfá ach meas a bheith agat air mar gheall air.

Ghéaraigh Little Chandler ar a chois. Don chéad uair ina shaol ba níos fearr leis é féin ná na daoine eile ar chuaigh sé tharstu. Don chéad uair, d'éirigh a anam amach i gcoinne mhíghrástúlacht ghruama Shráid Chéipil. Ní raibh dabht ar bith faoi, dá mba mhian leat déanamh dul chun chinn sa tsaol, níor mhór dul ar imirce. Ní fhéadfá dada a dhéanamh in Áth Cliath. Agus é ag trasnú Dhroichead Grattan, d'amhairc síos an abhainn i dtreo na gcéanna íochtaracha agus ghlac trua do na tithe beaga craptha. Samhlaíodh dhó iad mar bhaicle bacach, iad teannta go dlúth le chéile ar bhruacha na habhann, a seanchótaí clúdaithe le deannach agus le súiche, mearbhall orthu ag radharc luí na gréine agus ag fanacht le céad-fhuacht na hoíche, a d'iarrfadh orthu éirí ina seasamh, an deannach a chroitheadh dhíobh féin, agus imeacht leo. Ní fheadair an dtiocfadh leis scríobh dáin a chuirfeadh a smaoineamh i bhfocail. B'fhéidir go bhféadfadh Gallaher tabhairt faoi deara do pháipéir Londain éigean é a fhoilsiú. An bhféadfadh sé scríobh ruda éigin nua, leithligh. Ní raibh sé cinnte cén smaoineamh ar mhian leis cur in iúl ach mheas gur chuaigh nóiméad fileata i bhfeidhm air, gur gineadh istigh ann féin é mar a bheadh dóchas óg nua ann. Shiúil chun cinn go misniúil.

Thug gach coiscéim níos giorra do Londain é, níos faide óna shaol stuama neamhealaíonta féin. Thosaigh solas ag preabadh ar léaslíne a mheabhrach. Ní raibh sé sean fós – bhí sé dhá bhliain déag is fiche d'aois. D'fhéadfaí rá go raibh a mheon ar tí teachta in inmhe. A liacht sin mothúchán agus imprisean ar mhian leis cur síos orthu i rann! D'airigh iad istigh ann féin. Rinne sé iarracht thomhas a anama féachaint arbh anam file é. Ba é an maoithneachas an tréithe ba láidre dá mheon, a mheas sé, ach ba mhaoithneachas é a raibh nóiméid creidimh agus a raibh géilleadh dá chinniúint agus a raibh aoibhneas simplí ina n-orlaí tríd. Dá bhféadadh sé tabhairt gutha dá mheon i leabhar dánta b'fhéidir go n-éistfidís fir leis. Ní bheadh seisean ina chroí agus ina anam cuideachta riamh: ba léir dó sin. Ní raibh sé d'acmhainn aige cur faoina gheasa an tslua, ach seans go dtaitneodh sé le baicle beag daoine cosúil leis féin. Na léirmheastóirí Sacsanacha, b'fhéidir go n-aithneoidís siúd é mar dhuine den éigse Cheilteach[29] mar gheall ar chuma mhaoithneach a dánta; thairis sin, chuirfeadh sé claontagairtí isteach ann. Thosaigh sé ag cumadh abairtí agus focal a thiocfadh ón tsuim a chuirtí sa

leabhar. “Tá bua na filíochta caoine grásta ag Mr Chandler.” ... “Tá cian cumhach fite fuaite sna dánta seo.” ... “An séis Cheilteach.” Ba é an feall nach raibh cuma níos Éireannaí ar a ainm. B’fhéidir go mbeadh sé níos fearr cur ainm a mháthar roimh an tsloinne: *Thomas Malone*[30] Chandler, nó, níos fearr fós: T. Malone Chandler. Labhródh sé le Gallaher faoi.

Lean sé lena bhrionglóid leis an oiread sin díocais gur chuaigh thar a shráid agus gurbh éigean dó casadh ar ais. Agus é ag teacht i ngar do thigh Corless thosaigh a sheanbhuaireamh ag fáil na láimhe in uachtair air gur stad sé ag an doras agus é cráite ag galar na gcás. Faoi dheireadh d’oscail sé an doras agus chuaigh isteach. Choinnigh solas agus tormán an tí ósta sa doras é ar feadh nóiméid. D'amhairc sé ina thimpeall, ach loinnir an iliomad fíonghloiní dearga agus glasa, chuir mearbhall air. Bhí an beár dubh le daoine, dar leat, agus samhlaíodh dhó go raibh sé dá scrúdú go caidéiseach. Thug sé silleadh súl ar a dheis is ar a chlé (agus é ag cur gruaime ina mhalaí chun chur cuma dáiríre ar a theacht), ach nuair a mhaolaigh an dalladh súl air thug faoi deara nár chas na daoine thart le féachaint air: agus ceart go leor bhí Ignatius Gallaher ansin ina sheasamh i gcoinne an chuntair agus a dhá chos curtha i dtaca i bhfad óna chéile.

“Hallo, Tommy, a sheanlaoch, taoi ann! Céard a bheas agat? Céard a ólfair? Fuisce a bheas agamsa: níos fearr ná an stuif trasna na farraige. *Soda? Lithia*?[31] Gan uisce coipthe? Ná agamsa ach oiread. Milleann sé an blas... Gabh i leith, *garçon*, beir dhá leathghloine fuisce braiche chugainn, togh fir... *Well,* agus cén chaoi ‘bhfuil rudaí leat ón uair dheireanach a chonaiceas thú? A Dhia na glóire, is ag dul amach in aois atáimid! An bhfeicir aon rian críonnachta ionamsa – *eh, what?* Ábhairín liath agus scáinte sa bhaithis – *what*?”

Bhain Ignatius Gallaher de a hata gur nocht ceann mór dlúthbheartha. Ba throm, mhílítheach agus ghlanbheartha a aghaidh. Mhaolaigh a shúile a raibh dath slinnliath i leith na goirme orthu, mhaolaíodar a dhroch-lí agus lonraíodar go sonrach os cionn an charbhait oráiste ghlé a bhí á chaitheamh aige. Ba an-fhada, anchumtha agus báiteach iad a bhéil leat idir na ceannaithe contrártha seo. Chrom sé a cheann a bhrath na gruaige scáinte ar an bhaithis go cásmhar le dhá mhéar. Chroith Little Chandler a cheann mar chomhartha séanta. Leag Ignatius Galaher a hata ar a cheann in athuair.

“Súnn sé do mhisneach,” ar sé. “Saol na nuachtán. Síorchruóg ort, ag cuardach cóipe agus scaití ní aimsír í: agus ansin, ní mór ábhar nua bheith i do shaothar i gcónaí. Na profaí agus na printéirí damanta, a deirim, ar feadh roinnt laethanta. Is mór an sásamh dhom caitheamh scaithimh ar ais sa bhaile, mise á rá leat. Déanann sé a leas do dhuine, cúpla lá saoire. Airím i bhfad níos fearr ó thángas i dtír ar Áth Cliath brocach mo chroí... Seo dhuit, Tommy. Uisce? Abair é nuair a bheas do dhóthain ann.”

Lig Little Chandler dó cur neart uisce tríd a uisce beatha.

“Ní léir duit do leas, a bhuachaill,” ar Ignatius Gallaher. “Ólaim mo chuidse ar a aghaidh.”

“Déanaim nós de ól fíorbheagáin,” ar Little Chandler go humhal. “An leathghloine corr nó mar sin nuair do chasaim le duine den tseandream: sin an méad.”

“Ah, well,” ar Ignatius Gallaher go sona, “ólaimis ár sláinte agus sláinte an tseansaoil agus an tseanaitheantais.”

Clingeadar gloinní agus d’óladar.

“Chasas le roinnt den tseandream inniu,” ar Ignatius Gallaher. “Tá cuma na droch-chaoi ar *O’Hara*. Céard atá ar siúl aige?”

“Dada,” “d’imigh an diabhal air.”

“Ach tá post breá ag *Hogan*, nach bhfuil?”

“Tá; tá sé fostaithe ag Coimisiún na Talún.”[32]

“Bhuaileas leis oíche amháin i Londain agus bhí an chosúlacht air go raibh raidhse airgid aige... O’Hara bocht. An t-ól, is dóigh?”

“Rudaí eile lena chois sin,” a chaith Little Chandler.

Lig Ignatius Gallaher gáire.

“Tommy,” ar sé, “feicim nár tháinig athrú dá laghad ort. Taoi díreach mar a bhís nuair a thugtá léacht dom gach maidin Dé Domhnaigh agus cloigeann tinn orm agus screamh ar mo theanga. Ba cheart duit cuid den domhan a shiúl. An raibhis riamh ar turas thar lear?”

“Bhíos ar Oileán Mhanainn,”[33] ar Little Chandler.

Lig Ignatius Gallaher gáire.

“Oileán Mhanainn!” ar sé. “Téigh go Londan nó go Páras, go Páras más féidir. Dhéanfadh sin maitheas duit.”

“An bhfuil Páras feicthe agat?’”

“D’fhéadfá rá go bhfuil. Chaitheas tamaill inti.”

“Agus an bhfuil sí chomh hálainn agus a deirtear?,” a d’fhiafraigh Little Chandler.

Bhain sé súimín beag as a fhuisce fad a dhiurnaigh Ignatius Gallaher a ghloine siúd go dána.

“Go hálainn?” ar Ignatius Gallaher, ag baint faid as an fhocal agus as blas a dhí. “Níl sí chomh hálainn sin, ‘bhfuil fhios agat. Ar ndóigh, tá sí go hálainn... ach is é a dua a beocht; sin an rud fúithi. Á, níl cathair eile inchurtha le Páras ó thaobh meidhre, gluaiseachta, fuadair...”

Chríochnaigh Little Chandler a uisce beatha agus, tar éis fháil bheagán dua leis, d’éirigh leis tarraingt ard an fhear beáir. D’ordaigh an rud céanna arís.

“Bhíos sa *Moulin Rouge*,” a lean Ignatius Gallaher nuair a bhailigh an fear beáir a ngloiní, ‘agus bhíos sna caiféanna Boihéamacha go léir. Áiteanna teasaí! Ní fheilidís do bhuachaill naofa mar aon leatsa, Tommy.”

D’fhan Little Chandler ina thost gur fhill an fear beáir le dhá ghloine: ansin chling gloine a chara go héadrom mar chúiteamh ar an chéad-shláinte a óladh. Bhí díomá bheag ag teacht air. Níor thaitin tuin na Gallchabhrach ná an dóigh a chur sé a smaointe i bhfocail leis. Bhí rud éigean graosta i mianach a chara nár thug sé faoi deara roimhe sin. Ach b’fhéidir nach raibh sa mhéad sin ach an

toradh ar a chur faoi i Londain i measc fhuadar agus choimhlint na Nuachtán. Bhí an sean-*charisma* fós ann taobh thiar de na dóigheanna spiagaí seo aige. Agus, ar a shon sin is uile, ba eachtrúil a shaol, chuir sé eolas mór ar an domhan. D'amhairc Little Chandler go héadmhar ar a chara.

"Tá gach ní sa Pháras aerach," ar Ignatius Gallaher. "Creidid gur ceart sult a bhaint as an tsaol – agus measair nach bhfuil an ceart acu? Más mian leat baint aoibhnis cirt as an tsaol, téigh go Páras. Agus, rud eile dhe, tá an-chion acu ar na hÉireannaigh ann. Nuair a chualadar gur Éireannach mé, thiteadar i grá liom, a bhuachaill."

Bhain Little Chandler ceithre nó chúig súimín as a ghloine.

"Inis dom," ar sé, "an fíor é go bhfuil an Páras chomh... mímhorálta is a deirtear?"

Chorraigh Ignatius Gallaher a lámh i gcomhartha Caitliceach.[34]

"Tá gach aon áit mímhorálta," ar sé. "Ar ndóigh, is fíor é go dtagtar ar stumpaí breátha macnasacha sa Pháras. Téigh chuig ceann de bháil na mac léinn, mar shampla. Bíonn sé sin bríomhar, más mian leat, nuair a scaoilid na *cocottes* faoi. Tá a fhios agat céard iad siúd, is dóigh?"

"Chualas trácht orthu," ar Little Chandler.

Chaith Ignatius Gallaher siar deireadh a fhuisce agus chroith a cheann.

"Á," ar sé, "abair do rogha rud faoi. Níl bean ar bith eile inchurtha le *Parisienne* – ó thaobh galántachta, ó thaobh teaspúlachta."

"Is cathair mhímhorálta í mar sin," ar Little Chandler le seasmhacht fhaiteach – is é sin le rá, i gcomparáid le Londain nó Áth Cliath?"

"Londain!" a deir Ignatius Gallaher. "Is é an dá mar a chéile iad. Cuir ceist ar Hogan, a bhuachaill. Thaispeánas cuid de Londain dó nuair a bhí sé thall ansin. D'osclódh seisean do shúil... muise, ná déan *punch* den fhuisce sin: ól siar é."

"No, le bheith fírinneach..."

"Á, lag as, ní dhéanfaidh ceann eile aon dochar duit. Céard a bheas agat. An rud céanna, is dóigh?"

"Well ... tá go maith."

"François, an rud céanna arís... an gcaithfir gal, Tommy?"

Tharraing Ignatius Gallaher cás todóg amach. Las an dá chara a dtodóga agus tharraingíodar orthu gan rá focail fad is a bhí a ndeochanna ag teacht.

"Nochtfad mo thuairimse duit," ar Ignatius Gallaher, agus é ag taibhsiú de réir a chéile tríd na scamallaibh deataigh, "is ait an mac an saol. Cuir mímhoráltacht ar mhímhoráltacht! Chualas trácht ar chásanna – céard atá á rá agam? - chonaiceas iad: cásanna ... mímhoráltachta ..."

Bhain Ignatius Gallaher cúpla smailceacha as a thodóg go machnamhach agus ansin, i nguth stuama an tseanchaí, ghabh ar aghaidh ar leagan amach cúpla srac-léaráidí den choiriúlacht a bhí forleathan

thar lear. D'achoimrigh duáilcí go leor cathracha agus bhronn an chraobh ar Bheirlín, dar leat. Ní fhéadfadh sé dul in urrús ar roinnt rudaí (mar ba iad a chairde a d'inis iad dó), ach maidir le cuid eile dhíobh, bhí taithí aige féin go pearsanta orthu. Níor chuaigh aicme ná cine saor óna bhreithiúnas. Nocht sé neart scéalta rúnda na dtithe reiligiúin ar an Mhór-Roinn agus nocht cuid de na nósanna a chleachtaí i measc na huasaicme agus, mar chríoch, d'eachtraigh scéal faoi bhandiúc Sacsanach – scéal arbh fhios dó a fhírinne. Bhí alltacht ar Little Chandler.

“Á, bhuel,” ar Ignatius Gallaher, “seo sinne in Áth Cliath sean, malltrialach, áit nach dtarlaíonn a leithéid de rudaí inti.”

“Ní mó ná gur leamh leat í,” ar Little Chandler, “i ndiaidh na n-áiteanna eile atá feicthe agat!”

“*Well*,” ar Ignatius Gallaher, “deis dom ligean mo scíth is ea teacht anall anseo, an bhfuil fhios agat. Agus, tar éis an tsaoil, is í an tseantír í, mar a deirtear, nach ea? Ní thig leat ach dáimh éigean a bheith agat air. Sin an nádúr daonna ... Ach abair liom rud éigean fútsa. Dúirt Hogan liom go bhfuairis aithne ar aoibhneas an phósta ... Dhá bhliain ó shin, an ea?”

Dhearg Little Chandler agus rinne aoibh an gháire.

“Sea.” ar sé. “Bhí sé dhá mhí déag ó phósas i mí an Mheithimh seo caite.”

“Tá súil agam nach bhfuil sé ródhéanach le guí áidh móir ort,” ar Ignatius Gallaher. Ní raibh do sheoladh baile ar eolas agam nó, murach sin, dhéanfainn é ag an am.”

Shin sé a lámh amach agus ghlac Little Chandler léi.

“Well, Tommy,” ar sé, guím aoibhneas an tsaoil ort, a sheanbhuachaill, agus na táinte airgid, agus nár bhásaí tú riamh go lámhacha mé thú. Agus sin guí an charad dhílis, an tseancharad. An bhfuil a fhios agat sin?”

“Tá a fhios agam,” ar Little Chandler.

“An bhfuil gasúir agat?” a dúirt Ignatius Gallaher.

Dhearg Little Chandler arís.

“Tá páiste amháin againn,” ar sé.

“Mac nó iníon?”

“Buachaill beag.”

Thug Ignatius Gallaher bos sonda sna slinneáin dá chara.

“Mo cheol thú,” ar sé, “ní bheadh aon amhras orm ina thaobh uait, Tommy.”

Rinne Little Chandler meangadh gáire, d'amhairc go mearbhlach ar a ghloine, gur chogain a liopa íochtar le trí fiacail a bhí chomh bán le fiacla páiste.

“Tá súil agam go gcaithfir oíche linn,” ar sé, sula dté tú ar ais. Beidh lúcháir ar mo bhean romhat. Tig linn éisteacht le beagán ceoil agus - ”

“Go raibh míle maith agat, a sheanbhuachaill,” ar Ignatius Gallaher, “tá aiféala orm nár bhuaileamar lena chéile níos luaithe. Ach ní mór dom imeacht anocht.”

“Anocht, b’fhéidir ...?”

“Is mór an t-aiféala atá orm, a mhic. Is é an chaoi a bhfuil sé, táim anonn anseo in éineacht le duine eile, stócach éirimiúil is ea é freisin, agus bheartaíomar dul chuig cluiche beag cártaí. Murach sin ...”

“Ó, sa chás sin ...”

“Ach cá bhfios?,” ar Ignatius Gallaher go tuisceanach. “An bhliain seo chugainn, b’fhéidir go dtabharfad sciuird anonn anseo anois ó briseadh leac an doichill. Níl ann ach pléisiúr a cuireadh ar atráth.”

“Tá go maith,’ ar Little Chandler, ‘an chéad-uair eile a thiocfair, caithfimid caitheamh oíche le chéile. Tá sé ina mhargadh anois, nach bhfuil?”

“Tá, cinnte,” ar Ignatius Gallaher. “An bhliain seo chugainn, má thagaim, *parole d’honneur.”*

“Agus mar dhaingniú ar an mhargadh,” ar Little Chandler, “beidh ceann amháin eile againn anois.”

Thóg Ignatius Gallaher uaireadóir mór óir amach a amhairc air.

“An é an ceann deireanach a bheas againn?” ar sé. “Mar, tá coinne agam, ‘bhfuil ‘fhios agat.”

“Ó, cinnte sea,” ar Little Chandler.

“Ceart go leor, mar sin,” ar Ignatius Gallaher, “bíodh ceann eile againn mar *deoc an dorais [sic] –* sin Gaelic mhaith ar fhuisce beag, creidim.”[35]

D’ordaigh Little Chandler na deochanna. An luisne a las ina ghrua scaitheamh roimhe sin, bhí sí ag fáil an ceann is fearr air. Chuir an rud is lú an luisne ina ghrua ag nóiméad ar bith: agus anois bhí a fhuil lasta tógtha. D’éirigh trí fhuisce beag sa cheann air agus chur todóg láidir Gallaher as dá intinn, óir ba dhuine íogair é a staonadh ón ól agus ón tobac de ghnáth. Ba eachtra í bualadh le Gallaher tar éis achair ocht mbliana, bheith i gcomhluadar Gallaher i dtigh Corless i measc soilse agus fothraim, éisteacht le scéalta Gallaher agus saol seachránach buacach Gallaher a bhlaiseadh ar feadh tamaill big, ba eachtra í a chuir a nádúr íogair as compás. Ba rí-léir dó an chodarsnacht idir a shaolsa agus saol a charad, agus b’éagórach leis é. Ní raibh Gallaher incurtha leis ó thaobh uaisleachta ná oideachais. Bhí sé cinnte dhe go raibh sé d'acmhainn aige rud níos fearr a dheánamh sa tsaol ná mar a rinne a chara riamh ná mar a bhféadfadh seisean déanamh riamh, go raibh sé d'acmhainn aigesean déanamh ruda éigin níos uaisle ná an iriseoireacht shuarach, ach fáil an tseans. Céard a bhí sa bhealach air? A scáithínteacht mhallaithe! Ba mhian leis dearbhú a intleachta ar dhóigh éigean, cur in iúl a fhíriúlachta. Thuig sé an fhíorchúis laistiar d’eiteach a charad dá chuireadh. Ní raibh Gallaher ach ag déanamh ghiolla dhe lena chairdeas, faoi mar a bhí sé ag déanamh uasail le híseal ar Éirinn lena chuairt uirthi. Rug an fear beáir a ndeochanna chucu. Bhrúigh Little Chandler gloine amháin chuig a chara agus thóg an ceann eile go dásachtach.

"Cá bhfios?" ar sé, agus iad ag ardú a ngloiní. "nuair a thiocfair an bhliain seo chugainn, b'fhéidir go mbeidh sé de phléisiúr agam saol fada sona a ghuí ar Mr agus Mrs Ignatius Gallaher."

Dhún Ignatius Gallaher súil amháin os cionn bhéal a ghloine agus é ag ól. Nuair a bhí bolgam ólta aige, bhain smeachadh as a liopaí go diongbháilte, leag síos a ghloine agus ndúirt:

"Is beag beag an baol ar sin, a mhic. Bainfead ceol as an tsaol ar dtús agus cuirfead eolas ar an tsaol agus ar an domhain sula dté mé faoi chuing an phósta – má théim riamh."

"Déanfair é lá éigean," ar Little Chandler go ciúin.

Thug Ignatius Gallaher a charbhait agus a shúile slinnghorma thart go lán-díreach ar a chara.

"Measair?" ar sé.

"Rachair faoi chuing an phósta," a dúirt Little Chandler go teann arís, "díreach fearacht gach duine eile, má aimsír an cailín."

Bhí tar éis luí ar a fhocail agus bhí a fhios aige gur sceith ar féin; ach, in ainneoin na luisne a mhéadaigh ina ghrua, níor sheachain súile a charad. Bhreathnaigh Ignatius Gallaher air ar feadh scaithimh agus ansin dúirt:

"Má tharlaíonn sé sin riamh, mise i mbannaí ort nach mbeidh maoithneachas ar bith ag baint leis. Is éard atá fúm, pósadh ar son airgid. Beidh cuntas toirtiúil aici sa bhanc nó ní fheilfidh dhomsa."

Chroith Chandler Beag a cheann.

"Go deimhin féin," ar Ignatius Gallaher go corraithe, "an dtuigir é? Níl i gceist ach rá an fhocail agus tig liom an bhean agus an t-airgead a bheith agam amárach. Nach gcreidir? Bhuel, tá a fhios agamsa gurb amhlaidh é. Táid na céadta – céard atá á rá agam? - na mílte Gearmánach agus Giúdach saibhir atá lofa le hairgead, a bheadh lánsásta ... Fan tamaill a mhic. Feicfir mura n-imreod mo chluiche go maith. Nuair a thugaim faoi rud, luím faoi, deirim leat é. Fan go bhfeice tú."

Chaith sé a ghloine i dtreo a bhéal, dhiurnaigh a dheoch go ndearna gáire gáifeach. Ansin d'amhairc go machnamhach roimhe agus dúirt i nglóir a bhí níos séimhe.

"Ach níl deifir orm. Féadfid fanacht. Níl fonn orm cloí le bean amháin, 'bhfuil 'fhios agat."

Rinne aithris lena bhéal ar dhuine a bheadh ag blaiseadh rud éigin agus chuir strainc air féin.

"Ní mó ná go n-éiríonn sé searbh, déarfainn," ar sé.

Shuigh Little Chandler sa tseomra i leataobh ón halla, an páiste ina bhaclainn. D'fhonn spáráil airgid, ní raibh cailín aimsire ar fostú acu, ach thagadh deirfiúr óg Annie, Monica, ar feadh tuairime is uair an chloig ar maidin agus tuairime is uair an chloig san oíche a chabhrú leo. Bhí Monica imithe abhaile i bhfad ó shin áfach. Bhí sé ceathrú chun a naoi. Do bhí Little Chandler mall ag teacht abhaile le haghaidh an tae, agus, lena chois sin, níor chuimhnigh tabhairt abhaile bheartán

caifé as *Bewley's*. Ar ndóigh, bhí cantal uirthi agus thug sí freagraí giorraisce dhó. Dúirt sí go ndéanfadh sí in uireasa tae, ach nuair a dhruid an t-am leis an uair a dhruidfeadh an siopa ag coirnéal na sráide, thogair sí dul amach í féin faoi chomhair phunt tae agus dhá phunt siúcra. Leag sí an páiste ina bhaclainn go deaslámhach agus dúirt:

“Seo dhuit. Ná dúisigh é.”

Bhí lampa beag le scáthlán poircealláin báin ina sheasamh ar an bhord agus lonraigh a sholas ar ghrianghraf faoi fhráma de dhéantús adhairce leacaithe. Grianghraf Annie ab é. D'fhéach Little Chandler air agus lonraigh a shúile ar na liopaí tanaí teanna. Bhí blús bánghorm á chaitheamh aici a thug seisean abhaile dhi mar bhronntanas Satharn amháin. Chosain sé deich scilling agus aon phingin déag air; ach a leithéid de imní a chosain sé air! A leithéid de chiapadh a d'fhulaing sé an lá sin, ag fanacht roimh doras an tsiopa go raibh an siopa folamh, ag seasamh ag an chuntar agus ag iarraidh ligin air féin go raibh sé ar a shuaimhneas fad is a leag an cailín carn blús ban os a chomhair, ag íoc ag an deasc agus ag dearmad phiocadh suas na pingine de bhriseadh airgid, sa dóigh is gur ghlaoigh an mion-airgeadóir air teacht ar ais, agus, sa deireadh, ag iarraidh cheilt an lasta ina ghrua agus é ag fágáil an tsiopa as scrúdú an bheartáin féachaint an raibh sé ceangailte go docht daingean. Nuair a rug sé an blús abhaile phóg Annie é agus ndúirt go raibh sé an-ghleoite agus an-ghalánta; ach nuair a chuala sí an costas air chaith sí an blús ar an bhord agus ndúirt gur dhearg-chalaois é éileamh deich agus aon phingin déag air. Ar dtús, ba mhian léi a thabhairt ar ais ach nuair a chuir sí uimpi é chuir sé gliondar uirthi, go háirithe déantús na muinchillí, agus phóg sí é agus dúirt gurbh an-deas uaidh é smaoineamh uirthi.

Há!

Scrúdaigh sé na súile sa ghrianghraf go fuarálach agus d'amhairceadar siúd amach go fuarálach ar ais air. Cinnte, bhíodar gleoite agus bhí an aghaidh féin ghleoite. Ba shuarach leis rud éigin faoin aghaidh áfach. Cad ina thaobh go raibh sí chomh fuarchúiseach agus chomh banúil sin? Chuir maorgacht na súl olc air. Chuireadar gráin air agus thugadar a dhúshlán: ní raibh paisean ná sceitimíní iontu. Smaoinigh sé ar a ndúirt Gallaher leis i dtaobh ban Giúdach. Na súile dorcha Oirthearacha sin orthu, a smaoinigh sé, nach iad atá lán de phaisean, de dhúil mhacnasach!... Cad chuige ar phós sé na súile sa ghrianghraf?

Ghlac an cheist seilbh air agus thug sé silleadh súl go faiteach timpeall an tseomra. Mheas go raibh rud éigean suarach faoin troscán gleoite a thóg sé ar cíoscheannach don tigh. Ba í Annie féin a roghnaigh é agus chuir sé í i gcuimhne dhó. Bhí sé ró-phointeáilte agus ró-deismíneach. D'fhás faltanas dá shaol féin ina chroí istigh. Nár fhéad sé éalú ón tigh beag seo? An raibh sé ró-dhéanach aige tabhairt faoi chaitheamh a shaol go cróga faoi mar a chaith Gallaher a shaolsa? An dtiocfadh leis dul go Londain? Ní mór dó íoc as an troscán i gcónaí. Dá scríobhadh sé leabhar agus dá bhfoilsítí é, b'fhéidir go réiteodh sé sin an bealach dhó.

Bhí cnuasach dán le Byron ar an tábla roimhe. D'oscail sé é go cáiréiseach lena láimh dheas ar eagla go ndúisíodh sé an leanbh, agus thosaigh ag léamh chéad-dán an leabhair:

> Ciúin iad na gaoithe agus marbh é contráth na hoíche,
> Ní chorraíonn oiread agus *Zéphyros* sa gharrán,[36]
> agus mé ag filleadh a amhairc ar uaigh Margaret mo chroí
> agus a scaipeadh bláthanna ar an chré a bhfuil grá mo chroí dhi.

Stad sé. Bhraith go raibh rithim an rainn timpeall air sa tseomra. Nach é a bhí dubhach! An bhféadfadh seisean scríobh mar sin freisin, cur maoithneachais a anama i rann filíochta. Bhí an oiread sin rudaí ba mhian leis cur síos orthu: a mhothúchán ar Dhroichead Grattan cúpla uair roimhe sin, mar shampla. Dá dtagadh leis teacht ar an mhothúchán sin in athuair...

Dhúisigh an leanbh agus thosaigh ag caoineadh. D'iompair seisean an leathanach agus rinne iarracht a chealgtha: ach raibh maith ann. Thosaigh sé a luascadh ina bhaclainn ach mhéadaigh ar a ghol. Mhéadaigh seisean ar an luascadh agus léigh a shúile an dara rann:

> Istigh sa chill seo atá a cré,
> An chré sin a bhíodh...

Bhí sé fánach aige. Níor fhéad sé léamh. Níor fhéad sé rud ar bith a dhéanamh. Chuaigh caoineadh cráite an linbh go tiompán a chluaise. Ba chath caillte é, caillte! Bhí sé ina chime ar feadh a shaoil. Crithid a lámha le teann feirge go gcromann sé os cionn dreach an linbh a bhéiceadh:

"Stop!"

Stopann an páiste ar feadh nóiméid, glacann scaoll é go dtosaíonn sé ag scréachadh. Léimeann seisean aníos óna chathaoir a shiúl suas agus anuas an seomra leis an pháiste ina bhaclainn aige. Tosaíonn sé ag snagaireacht go truacánta, ag cailleadh a anála ar feadh ceithre nó cúig soicind, agus go bpléascann amach ag gol arís. Baineann an torann macalla as na ballaí tanaí. Triaileann seisean cur suaimhnis ann ach is amhlaidh go ngéarann a arraingeacha caointe. Amharcann sé ar aghaidh chraptha chreathach an linbh agus scanraíonn. Ríomhann sé seacht ngol gan stad eatarthu agus fáisceann an leanbh lena ucht go heaglach. Dá bhfaigheadh sé bás!...

Osclaíonn an doras de phlimp agus ritheann bean óg isteach agus saothar anála uirthi.

"Céard a tharla? Céard a tharla?" a screadann sí.

Buaileann taom goil an leanbh ar chloisteáil ghuth a mháthar dó.

"Ní dada é, Annie... dada... thosaigh sé ag gol... "

Caitheann sí a beartáin ar an talamh do sciobadh an pháiste uaidh.

"Céard a rinnis air?" a scread sí agus í cur na súl tríd go feargach.

Breathnaíonn Little Chandler díreach san aghaidh uirthise ar feadh scaithimh big go mbuaileann an fuath ina súile siúd é.

"Ní dada é... thosaigh... sé ag gol... níor fhéadas... ní dhearnas dada... Céard?"

Níor thug sí aird dá laghad air, ach thosaigh ag siúl anonn is anall sa tseomra agus greim docht aici ar an pháiste ina bhaclainn, ag rá ós íseal di:

"A fhir bhig, a stóir! A fhirín mo chroí. An raibh eagla ort, a thaisce?... Seo anois, a thaisce! Ná bíodh imní ort!... *Lambabaun*![37] A uain bhig an tsaoil, a chuid!... seo anois!"

Airíonn Little Chandler lasadh náire ina ghrua agus chúlaigh sé ó sholas an lampa. D'éist le racht ghol an pháiste agus é ag maolú de réir a chéile; agus cruinníonn deora aiféala ina shúile.

Macasamhla

Bhain an cloigín macalla as na ballaí, agus iar ndul do *Miss Parker* anonn chuig an ghléas gutháin, ghlaoigh guth cuthach a raibh blas géar Ultach amach:

“Seol *Farrington* anall chugam!”

Ag filleadh ar a gléas clóscríofa, dúirt Miss Parker le fear a bhí ag scríobh ag deasc:

“Taoi ag teastáil thuas staighre ó Mr Alleyne.”

“Droch-chríoch air!” a chaith sé faoina anáil, agus bhrúigh siar a chathair a éirí ina sheasamh. Nochtadh a airde agus a thoirt mhór ag éirí ina sheasamh dhó. Bhí dreach sleabhctha aige ar dhath dhorcha fíona, le malaí agus croiméal fionna: bholg a shúile amach beagán agus ba shalach a ngealacáin. D’ardaigh sé an cuntar agus d’fhág an oifig de choiscéim throm ag dul thar bhráid na gcustaiméirí dhó.

Chuaigh sé go spadánta suas staighre gur shroich an dara léibheann, mar a raibh inscríbhinn Mr Alleyne ar phláta práis crochta ar dhoras. Stad sé anseo agus gearranáil air ag an tsaothar, ag a fheirg, sular bhuail ar an doras. Ghlaoigh an guth géar:

“Tar isteach!”

Ghabh an fear isteach i seomra Mr Alleyne. Ag an am chéanna, fear beag a raibh spéacláirí le frámaí óir á chaitheamh aige ar dhreach ghlan-bhearrtha, d’ardaigh sé a cheann de sciotán aníos thar charn cháipéisí. Bhí an ceann féin chomh maol agus ar dhath chomh fionndearg sin nach raibh d’oidhre air ach ubh mhór ina suí ar na páipéir. Níor chuir Mr Alleyne oiread is nóiméad ama amú.

“Farrington? Céard is brí leis seo? Cén fáth go mbíonn orm casaoid fútsa i gcónaí. An miste leat míniú liom cad chuige nach bhfuil cóip den chonradh idir Bodley agus Kirwan déanta agat? Dúras leat go gcaithfidh sí bheith réidh roimh a ceathair a chlog.”

“Ach dúirt Mr Shelly, a dhuine uasail - ”

“*Dúirt Mr Shelly, a dhuine uasail*... freastal ar an rud a deirim leat le do thoil, agus ní ar an rud a *dúirt Mr Shelly, a dhuine uasail*. Bíonn leithscéal agat i gcónaí le déanamh faillí ar do chuid dualgas. Bíodh a fhios agat, mura mbeidh macasamhail déanta den chonradh roimh an oíche seo, cuirfead an cás roimh Mr Crosbie... An gcloisir mé?

“Cloisim, a dhuine uasail.”

“An gcloisir mé?... *Ay* agus scéal beag eile! Bheadh sé chomh maith agam bheith ag cuardach meacain i gcró muice agus labhairt leatsa. Bíodh a fhios agat gur leathuair an chloig le haghaidh lóin atá dlite agat, agus ní uair go leith. Ní fheadar cé mhéad cúrsaí bídh a bhíos uait... An dtuigir?”

“Tuigim, a dhuine uasail.”

Chrom Mr Alleyne a cheann os cionn a charn páipéar arís. Stán an fear ar an bhlaosc lonrach a stiúir gnó Crosbie & Alleyne, agus é ag tomhais a leochaileachta. Tháinig ríog feirge ar a scornach ar feadh meandair agus shíothlaigh ansin, ag fágáil mothú íota tarta ina háit di. D’aithin an fear an mothú seo agus bhraith go raibh oíche mhór ólacháin de dhíth air. Bhí lár na míosa curtha dhe agus, dá dtagadh leis déanamh chóip in am, b’fhéidir go dtabharfadh Mr Alleyne ordú airgid le bailiú ón airgeadóir dó. D’fhan sé ina sheasamh ag baint lán na súl as an chionn os cionn an charnán páipéar. Go tobann, thosaigh Mr Alleyne ag cur na bpáipéar trí chéile, ar thóir ruda éigin. Ansin, mar nach

mbeadh a fhios aige go raibh an fear ann go dtí an nóiméad sin, d’ardaigh a cheann de sciotán arís ag rá dhó:

“Ha? An bhfuilir chun fanacht i do staic ansin ar feadh an lae ar fad? Dia dár réiteach, Farrington, nach tusa a thógas go réidh é!”

“Bhíos ag fanacht go bhfeicinn..”

“Tá go maith, ní call duit fanacht go bhfeice tú. Gabh síos staighre agus déan do dhualgas.”

Shiúil an fear go tromchosach i dtreo an dorais agus, ag fágáil an tseomra dhó, chuala sé Mr Alleyne ag scairteadh mura mbeadh an conradh cóipeáilte roimh an oíche go gcloisfeadh Mr Crosbie faoin scéal. D’fhill sé ar a dheasc san oifig íochtair agus chomhair na bileog a bhí fós le cóipeáil. Thóg a pheann, thum sa dubhach é agus leann air ag stánadh go dall ar na focail deireanacha a bhí scríofa aige: “*Ar chúis dá laghad, ní bheidh an Bernard Bodley réamhráite ...*” Bhí an lá ag diúltú dá sholas agus i gceann cúpla nóiméad lasfaí na soilse gáis: ansin d’fhéadfadh sé scríobh. Níor mhór dó cosc a tharta. Ag fágáil na hoifige dhó, d’fhéach an príomhchléireach go fiafraitheach air.

“Tá sé ceart go leor, Mr Shelly,” ar an fear, ag tabhairt chúis a thurais le fios dó le síneadh dá mhéar. Chaith an príomhchléireach súil ar an tseastán hata ach, nuair a chonaic go raibh an tsraith hata iomlán, níor chuir focal isteach. A thúisce is a bhí sé ar an léibheann, tharraing an fear caipín bhreacán aoire as a phóca, chuir ar a cheann agus rith síos an staighre corrach. Shiúil go fáilí ón doras sráide i dtreo an choirnéil ar an taobh istigh den chosán, gur rop isteach doras. Bhí sé slán sábháilte anois i síbín dorcha seascair shiopa Uí Néill agus, ag líonadh na fuinneoige bige a d’fhéach isteach ar an bheár dó lena aghaidh shéidte a bhí ar dhath fíona deirg nó fheoil fola, ghlaoigh amach:

“Seo, Pat, tabhair g.p. dom, togh fir.”

Thug an séiplíneach gloine pórtair dó.[38] D’ól an fear é in aon bholgam amháin é, agus d’iarr síol cearbhais. D’fhág a phingin ar an chuntar gur imigh ón tsíbín chomh fáilí céanna is a chuaigh isteach ann, ag fágáil an fhir ag póirseáil don phingin sa dorchadas dó. Bhí dorchadas, araon le ceo trom, ag fáil an ceann is fearr ar an bhreacdhorchadas thráthnóna Feabhra agus bhí na lampaí i Sráid an Iustásaigh arna lasadh. Ghabh an fear suas an tsráid ar thaobh na dtithe den chosán gur shroich doras na hoifige agus amhras air go gcríochnódh sé a mhacasamhail in am. Ag dul suas an staighre dhó, d’fháiltigh boladh thais láidir cumhráin roimh a shrón: ba léir gur tháinig Mrs Delacour fad is a bhí seisean i dtigh Uí Néill. Shac sé a chaipín ina phóca arís agus chuaigh isteach san oifig in athuair, agus é ag cor gothaí na neamhairde air féin.

“Tá glaoch ort ó Mhister Alleyne,” ar an príomh-chléireach go dian. “Cá rabhais?” Chaith an fear súil ar an bheirt chliant mar a bheadh ag tabhairt le tuiscint go rabhadar ina mbac ar a fhreagra. Ó tharla gurbh fhir iad beirt, thug an príomh-chléireach cead dó féin déanamh gáire.

“Tá cleachtadh agam ar an bhail sin,’ ar sé. ‘Tá cúig uair in aon ló amháin sách ...” *Well*, ní mór duit brostú ort chun thabhairt cóipe d’ár gcomhfhreagras sa chás *Delacour* do Mr Alleyne.

An forrán béil seo os comhair na gcliant, a rith suas staighre agus an pórtar a dhiúg sé faoin oiread sin deifre, chuireadar an fear trína chéile agus, ag suí síos ag a dheasc dó chun fáil a raibh ag teastáil, thuig sé a éadóchasaí is a bhí a sprioc chríochnú an chóip den chonradh roimh leathuair tar éis a cúig. Bhí an oíche dhorcha thais chuige agus bhí sé ag tnúth lena caitheamh sna tithe tábhairne, ag ól lena chairde faoi spalpadh an gháis agus faoi chleatráil gloiní. Thóg sé amach comhfhreagras Delacour agus d’imigh ón tseomra. Bhí súil aige nach dtabharfadh Mr Alleyne faoi deara go raibh an dá litir deireanach in easnamh.

Bhí an boladh tais láidir cumhráin san aer an bealach ar fad go seomra Mr Alleyne. Bean scothaosta a raibh cuma Ghiúdach uirthi ab í Miss Delacour. Dúradh faoi Mr Alleyne go raibh sé ag suirí léi féin nó lena cuid airgid. Thagadh sí chuig an oifig go minic agus d'fhanadh tamall fada inti nuair a thagadh. Bhí sí ina suí le hais a dheisce anois agus boladh láidir cumhrán uimpi, ag slíocadh chos a scáth báistí agus ag claonadh an chleite mhóir dhuibh ina hata. Bhí Mr Alleyne tar éis casta timpeall ina chathair sclóine le tabhairt a aghaidhe uirthi agus bhí a chos dheas caite go haerach thar a ghlúin chlé. Chuir an fear an comhfhreagras ar an deasc agus umhlaigh a cheann go hurramach ach níor thug ceachtar díobh Mr Alleyne ná Miss Delacour aird ar bith air. Bhuail Mr Alleyne méar ar an chomhfhreagras agus dhírigh ina threo í ansin mar a bheadh ag rá: *"Sin ceart go leor: féadfair imeacht."*

D'fhill an fear ar an oifig íochtair gur shuigh síos ag a dheasc in athuair. Stán go dian ar an fhrása neamhchríochnaithe: *"Ar chúis dá laghad, ní bheidh [an] Bernard Bodley réamhráite ..."* agus smaoinigh ar a aite is a bhí sé gur thosaigh na trí fhocal deireanacha leis an litir céanna. Thosaigh an príomhchléireach ag deifriú Miss Parker, ag rá dhó nach mbeadh na litir clóscríofa in am aici don phost ná baol air. D'éist an fear le clagarnach an chlóscríobháin ar feadh cúpla nóiméad agus ansin luí isteach ar chríochnú a chóipe. Ní raibh sé istigh ann féin áfach agus chuaigh a smaointe le fán go dallrú agus go gliogar an tigh tábhairne. D'fheil an oíche do phuins the. Threabh sé ar aghaidh lena chóip, ach nuair a bhuail an clog a cúig bhí cheithre dhuilleog déag fós le scríobh aige. Léan air mar scéal! Ní rachadh leis a críochnú in am. Bhuail dúil dóite é rá eascaine in ard a chinn, bualadh a dhoirn anuas go foréigneach ar rud éigean. Bhí a oiread sin cuthaigh air gur *Bernard Bernard* a scríobh sé síos in ionad *Bernard Bodley* agus b'éigean dó tosú as an nua le duilleog bhán.

D'airigh sé sách láidir ann féin chun chaitheamh amach gach duine san oifig as a dhá lámh féin. Bhí a chorp ar bís le déanamh rud éigin, le dul ar ruathar foréigin. Chuir easonóracha uile a shaoil ar buille é... An bhféadfadh sé iarradh réamhíocaíochta ón airgeadóir? Arú, ní raibh aon mhaith san airgeadóir, aon mhaith ar bith: ní thabharfadh sé réamhíocaíocht... Bhí a fhios aige cá mbuailfeadh sé leis na leaideanna: Leonard agus O Halloran agus Nosy Fylnn. Bhí an baraiméadar dá lionnta ag tuar scléipe.

Bhí a shamhlaíocht imithe a fhad sin ar fán gur glaodh a ainm faoi dhó sular thug sé aird air. Bhí Mr Alleyne agus Miss Delacour ina seasamh lasmuigh den chuntar agus bhí aghaidh gach cléireach tugtha ina threo in oirchill rud éigin. Sheas an fear aníos ón deasc. Thug Mr Alleyne faoi íde béil fhada, ag rá dhó go raibh dhá litir ar iarraidh. D'fhreagair an fear nach raibh a fhios aige a dhath fúthu, go ndearna sé cóip chruinn. Lean an sciolladh ar aghaidh: bhí sé chomh feannta agus chomh fíochmhar gurb é a sháith don fhear é a dhorn a chosc ar thitim anuas ar cheann an fhirín ós a chomhair:

"Níl eolas dá laghad agam ar dhá litir ar bith eile," a dúirt sé go maol.

"Níl – eolas – dá – laghad - agat. Ar ndóigh níl eolas dá laghad agat," ar Mr Alleyne. "Inis dom," a lean sé, agus thug sracfhéacaint ar dtús ar an bhean lena thaobh go bhfeiceadh sé an raibh sí ar aon dul leis, "an gceapair gur amadán mé? An sílir gur pleidhce cruthanta mé?"

Chaith an fear súil ar aghaidh na mná uaisle agus ansin ar an cheann beag a bhí ar dhéanamh uibhe agus ar ais arís; agus, nach mór sula raibh a fhios aige féin faoi, d'aimsigh a theanga ala tráthúil:

"Ní dóigh liom, a dhuine uasail,' ar sé, 'gur ceist chóir í sin le cur orm."

Baineadh stad as análú féin na gcléireach. Bhí alltacht ar gach aon duine (údair na léaspairte ina measc) agus leath meangadh gáire go na cluasa ar Miss Delacour, ar dhuine lách geanúil í. Dhearg Mr Alleyne go dath an róis fhiáin agus bhí a bhéal ag oibriú le corraí an leipreacháin. Chroith sé a dhorn le haghaidh an fhir gur chosúil le cnap de hinneall leictreach éigin í:

“A bhodaigh shoibealta! A bhodaigh shoibealta! Cuirfeadsa críoch leat! Fan go bhfeicfir. Gabhfair do leithscéal liom as do shoibealtacht nó imeoir ón oifig lom láithreach! Imeoir, mise á rá leat, nó gabhfair leithscéal liom!”

Sheas sé i ndoras os comhair na hoifige féachaint an dtagadh an t-airgeadóir amach ina aonair. D’imigh na cléirigh uile gur tháinig an t-airgeadóir amach in éinfheacht leis an phríomhchléireach sa deireadh thiar thall. Bhí sé fuar aige rá focail ar bith leis nuair a bhí sé i gcomhluadar an phríomhchléirigh. Chonacthas don fhear go raibh a dhála sách dona mar a bhí. B’éigean dó déanamh a mhíle leithscéal le Mr Alleyne faoina dheiliús ach bhí a fhios aige go mbeadh an oifig ina poll nathrach dhó as sin amach. Ba chuimhin leis an dóigh a rinne Mr Alleyne géarleanúint ar Peake beag gur ruaig as an oifig é chun ligean spáis dá nia. D’airigh sé fíochmhar agus díoltasach agus spallta leis an tart. Bhí fearg air leis féin agus le gach uile dhuine eile. Ní thabharfadh Mr Alleyne faoiseamh dá laghad dó; ba gheall le hifreann a shaol as seo amach. Rinne sé baileabhair cruthanta dhé féin an uair seo. Nach bhféadfadh sé coinneáil a theanga ina phluc? Ach níor réitíodar le chéile ón tús, é féin agus Mr Alleyne, ar tharla do Mr Alleyne a chloisteáil ag déanamh aithrise ar a thuin Ultach a bhaint gáire as Higgins agus Miss Parker: ba é sín an tosach leis. D’iarrfadh sé airgead ar Higgins, ach i nDomhnach ní raibh cianóg rua ag Higgins dó féin riamh. Fear a raibh dhá ghnólacht le coinneáil ar siúl aige, ar ndóigh ní fhéadfadh sé...

Dúil chráite i sómas an tigh tábhairne, bhuail sí a chorp mhór mhillteach arís eile. Bhí sé ag éirí fuar ag an cheo, agus mheabhraigh ar bhleán Pat i dtigh Uí Néill. Ní rachadh leis bleán níos mó ná scilling uaidh – agus níorbh fhiú scilling. Ach chaithfeadh sé teacht ar an airgid áit éigin: bhí a phingin deireanach caite aige ar an ghloine pórtair agus bheadh sé ró-dhéanach le fáil airgid in áit ar bith gan mhoill. Go tobann, smaoinigh sé ar oifig gill Terry Kelly ar Shráid na Toinne agus é ag méirínteacht le slabhra a uaireadóra. B’in an buachaill! Nach breá nár smaoinigh sé uirthi níos túisce.

Chuaigh sé trí phasáiste chaol *Templebar*[39] go tapaigh, ag rá trína fhiacla leis féin go raibh cead an diabhail acu uile mar go raibh seisean ag gabháil a chaitheamh oíche maithe. Coróin a dúirt an cléireach in oifig Terry Uí Ceallaigh! Sé scilling a d’áitigh an coinsíneoir áfach; agus sa deireadh thiar is sé scilling go baileach a tugadh dhó. D’fhág sé oifig an gheallbhróicéara go ríméadach agus é ag déanamh sorcóra big de na boinn idir a ordóg agus a mhéara. I Sráid Westmoreland, bhí na cosáin dubh le fir agus le mná óga ar a mbealach abhaile óna n-obair gnó agus rith dailtíní gioblacha sráide thall is anall ag screadadh ainmneacha eagrán nuachta na hoíche. Ghluais an fear tríd an tslua, ag amharc ar an fheic i gcoitinne go sásta mórtasach agus ag stánadh go tiarnúil ar na cailíní oifige dhó. Bhí a cheann lán le fuaimeanna na gclog tramanna agus le sioscadh carráistí agus bhain a shrón boladh mhúch puinse amach a bhí ag éirí ina gcoirníní san aer. Ag siúl chun cinn dó, d’eagraigh sé an dóigh a ríomhfadh an eachtra do na leaideanna:

“Agus, ní dhearnas ach amharc airsean – go réchúiseach, an bhfuil ‘fhios agaibh, agus amharc uirthise. Ansin d’amharcas airsean arís eile – ag bualadh leithead den aimsir, an bhfuil ‘fhios agaibh. ‘Ní dóigh liom’, ar mé, ‘gur ceist chóir í sin le cur orm’, ar mé.”

Bhí an Floinneach Srónach ina shuí ina ghnátháit i dtigh Davy Byrne agus, nuair a chuala an scéal, cheannaigh leath-cheann do Farrington, ag rá dhó gurb é sin an rud ba chliste dar chuala riamh. Cheannaigh Farrington deoch dósan ar a sheal. Tháinig an t-Allúrach agus Paddy Leonard isteach tar éis tamaill agus d’athinsíodh an scéal dóibh. D’íoc Ó hAllúrán as gloiní fuisce aon-bhraiche do chách, iad te, agus d’inis an scéal faoin spalla a chaith sé leis an phríomhchléireach nuair a bhí sé le gníomhaireacht Uí Chathghaláin i Sráid Fownes; ach, de bhrí go raibh an spalla ar nós chaint na n-

aoirí sna h-eaclóga,[40] b'éigean dó admháil nach raibh sé chomh cliste le spalla Farraington. Leis sin dúirt Farrington leis na leaideanna caitheamh siar na ndeochanna sin go mbeadh ceann eile acu.

Díreach agus iad ag rá céard a bheadh acu, cé a bhuailfeadh isteach ach *Higgins*! Ar ndóigh chaithfeadh seisean deoch a ól in éineacht le gach duine eile. D'iarr na fir air ríomh a leagan féin den scéal, go ndearna sé é le neart spleodair, mar ba mheadhránach an t-amharc é chúig ghloine fhuisce the os comhair a dhá shúil. Scairt gach uile dhuine amach ag gáire nuair a thaispeáin sé an dóigh a chroith Mr Alleyne a dhorn san aghaidh ar Farrington. Ansin rinne sé aithris ar Farrington, ag rá dhó, 'agus seo mo dhuine, gan a dhath mairge air', fad is a d'amharc Farrington ar an chomhluadar as a shúile troma salacha agus é ag déanamh mheangadh gáire agus ag tarraingt braonacha fánacha óil óna chroiméal lena liopa íochtarach.

Nuair a bhí an cur dí sin thart bhí moill ann. Bhí airgead ag an Allúrach ach shílfeá nach raibh ag an bheirt eile; d'fhág an chuideachta ar fad an siopa dá dheasca sin agus pas beag aiféala orthu. Dhealaigh an t-Uiging agus Nosy Flynn leo ag cúinne Shráid an Diúic fad is a bhí an triúr eile ag filleadh ar a n-ais i dtreo na cathrach. Bhí sé ag cur brádán báistí ar na sráideanna fuara agus, ar sroicheadh an *Ballast Office* dóibh, mhol Farrington an *Scotch House*.[41] Bhí an beár dubh le fir agus ar aon fhuaim amháin teangacha agus gloiní. Bhrúigh an triúir fear tríd na díoltóirí glóracha lasáin ag an doras gur bhailíodar le chéile i mbaicle bheag ag cúinne an chuntair. Thosaíodar ag malairt scéalta. Chuir Leonard in aithne ar stócach darb ainm *Weathers* a bhí ag imirt mar chleasaí agus mar fhuirseoir siamsa sa *Tivoli* iad. Cheannaigh Farrington deoch do chách. Dúirt Weathers go n-ólfadh fuisce beag le *Apollinaris*.[42] Thairg Farrington Apollinaris do na buachaillí eile freisin óir bhí a thuairim dhocht féin aige faoi béasaí sóisialta, ach dúirt na buachaillí leis cinn te a thabhairt dóibh. Tarraingíodh an comhrá ar chúrsaí na hamharclainne. D'íoc O Halloran as cur dí agus d'íoc Farrington as cur eile ansin agus Weathers ag rá go raibh an fhlaithiúlacht ró-Éireannach. Gheall sé go dtabharfadh sé ar chúl stáitse iad agus go dtabharfadh i láthair chúpla cailíní deasa. Dúirt O Halloran go dtéadh sé féin agus Leonard, ach nach dtéadh Farrington mar ba fhear pósta é; agus thug Farrington le fios dóibh le féachaint dá shúile troma salacha gur thuig go rabhadar ag fáil réidh leis. Ní shásódh Weathers ach gloine beag bídeach a cheannach do gach uile dhuine agus gheall go mbuailfeadh leo i dtigh *Mulligan* ar Shráid an Phoil Bhig.

Nuair a dúnadh an Scotch House chuadar anonn go teach Uí Maolagáin. Chuadar isteach sa chúlseomra gur ordaigh an t-Allúrach *hot specials* do chách. Bhíodar ag éirí bogtha go leor. Bhí Farrington ag ordú cur dí eile nuair a d'fhill Weathers. Gloine beorach a d'ól sé an uair seo, agus ba mhór an faoiseamh do Farrington sin. Bhí an t-airgead ag éirí gann ach bhí dóthain acu le leanúint ar aghaidh. Leis sin tháinig beirt bhan a raibh hataí móra orthu agus fear a raibh culaith air de phátrún breac-chearnógach, gur shuíodar síos ag bord gar leo. Thug Weathers beannacht dóibh lena láimh agus dúirt leis na leaideannaa go rabhadar bainteach leis an Tivoli. Lonnaigh súile Farrington ar dhuine de na mná óga gach ré nóiméid. Bhí rud éigean suntasach fúithi. Bhí scairf mhór mhílllteach fillte timpeall a hata agus í snaidhthe faoina smig aici le cuachóg mhór; agus bhí lámhainní glébhuí go huilleann á gcaitheamh aici. Stán Farrington le taitneamh ar an láimh téagartha a chorraigh sí go mion minic agus go han-ghrástúil; agus, tar éis tamaill, nuair a bhreathnaigh sí ar ais air bhain sé níos mó taitnimh fós as a súile donna dorcha. Chuir an dearcadh fiar iontu faoi dhraíocht é. Thug sí claonfhéachaint nó dhó air gur, ar imeacht ón tseomra don dream, theagmhaigh lena chathaoir go ndúirt "*O, pardon*!" i nguth a raibh blas Londan air. D'fhair sé ar a himeacht féachaint an gcaitheadh sí súil ina diaidh, ach faraor níor chaith. A mhallacht dá easpa airgid agus don mhéad cor dí a cheannaigh sé, go háirithe na gloiní fuisce agus Apollinaris a cheannaigh do Weathers. Rud amháin nár thaitin leis, súdaire. Bhí an oiread feirge air gur chuaigh uige comhrá a charad amú air.

Nuair a ghlaoigh Paddy Leonard air thug sé faoi deara go rabhadar ag caint faoi éachtaí nirt. Bhí Weathers ag taispeáint meatán a bhícéipse don chuideachta agus bhí ag déanamh an oiread sin

gaisce gur iarr an bheirt eile ar Farrington tacú le hónóir na tíre. Tharraing Farrington a mhuinchille suas dá réir agus thaispeáin meatán a bhícéipse don chomhluadar. Scrúdaíodh an dá lámh dá gcur i gcóimheas agus i gcomórtas, gur socraíodh ar thriail nirt sa deireadh. Réitíodh an tábla agus lig an bheirt fhear a n-uilleann anuas air gur rug i ngleic láimhe lena chéile. Dhéanfadh gach fear iarracht tharraingt lámh an fhir eile anuas ar an bhord nuair a déarfadh Paddy Leonard *'Go!'*. Bhí dreach tromchúiseach diongbháilte ar Farrington.

Thosaigh an triail. Tar éis tuairim is trocha soicind tharraing Weathers lámh a chéile comhraic go mall anuas ar an bhord. Dhearg dreach chíríneach Farrington, go raibh snó níos dorcha fós uirthi le teann feirge agus náire gur bualadh é le glas-stócach.

"Ná lig meáchan do choirp taobh thiar de. Imir go hionraic," a deir sé.

"Cé nach bhfuil ag imirt go hionraic?" a deir sé siúd.

"Arís eile. An dá cheann is fearr de trí bhabhta."

Thosaigh an triail arís. Sheas féitheacha Farrington amach ar a éadan, agus d'athraigh snó Weathers go dath na *peony*.[43] Chreath a lámha leis an strus. I ndiaidh coraíochta fada chuir Weathers lámh a chéile chomhraic go mall ar an tábla arís eile. Tháinig monabhar molta ón lucht féachana. Chlaon an curáideach, a bhí ina sheasamh in aice leis an bhord, chlaon a cheann leis an bhuaiteoir go dúirt le teanntás leibideach:

"Á, sin an cleas!"

"Cá sa diabhal fios duitse?" ar Farrington go fíochmhar agus é ag tabhairt faoin fhear. "Cé a d'iarr ortsa do ladar a chur isteach sa scéal?"

"Fuist, fuist!" ar O Halloran ar bhfeiceáil dhreach fhoréigneach Farrington dó. "Caithighí siar bhur ndeochanna a bhuachaillí. Beidh smeachán beag bídeach amháin eile againn agus ansin imeoimid linn."

Sheas fear a raibh dreach an-stalcánta air ag coirnéal Droichid Uí Chonaill ag fanacht ar an tram beag i dtreo Dhubhach Trá a thabharfadh abhaile é. Bhí sé ar tí a phléasctha le colg agus le fonn díoltas. Bhí sé náirithe agus míshásta; ní raibh sé ólta go fiú amháin; agus ní raibh fágtha ina phóca ach dhá phingin. Mhallaigh sé an saol is a mháthair. Chuir sé a phost ó rath san oifig, chuir a uaireadóir i ngeall; agus ní raibh sé oiread agus ólta. Tháinig tart air arís, gur shantaigh sé an teach tábhairne te plúchta. Chaill sé a chlú mar thréan ó cloíodh faoi dhó é le glas-stócach. D'at a chroí le fearg gur, nuair a smaoinigh sé ar an bhean a raibh hata mór uirthi a theagmhaigh leis agus a dúirt *Pardon!* ba bheag nár thacht sé le cuthach.

Lig an tram amach é ag Bóthar Shíol Broin, agus stiúir sé a chorp mór taobh le scáth bhalla na beairice. Ba leasc leis dul abhaile. Nuair a chuaigh sé isteach an doras taoibh bhí an chistin folamh roimhe agus bhí tine na cistine nach mór marbh. Chuir sé búir suas an staighre:

"Ada! Ada!"

Ba bhean bheag ghéarghnúiseach í a bhean chéile a dhéanadh ansmacht ar a fear céile nuair a bhíodh sé ar a chéill agus a ndéanadh seisean ansmacht uirthise nuair a bhíodh sé ar meisce. Bhí cúigear páistí acu. Rith buachaill beag síos an staighre.

"Cé hé sin?" a d'fhiafraigh an fear agus é ag gliúcaíocht sa dorchadas.

"Mise, a dheaide."

"Cé tusa? Charlie?"

“Ní hea, a dheaide. Tom.”

“Cá bhfuil do mháthair?”

“Tá sí sa tséipéal.”

“Sin é go díreach... Ar chuimhnigh sí ar fhágáil dhinnéir dom?”

“D’fhág, a dheaide. Tabharfad... ”

“Las an lampa. Cad ina thaobh go bhfuil an áit chomh dubh le pic? An bhfuilid na páistí eile sa leaba?”

Shuigh an fear síos go trom ar cheann de na cathaoireacha fad is a bhí an buachaill beag ag lasadh an lampa. Thosaigh ag déanamh aithris ar ghlór leamh a mhic: *“Sa tséipéal.”* a dúirt sé leis féin. *“Sa tséipéal, mura miste leat!”* Bhuail sé a dhorn anuas ar an tábla nuair a lasadh an lampa agus bhéic:

“Cá bhfuil mo dhinnéar?”

“Réiteod duit é, a dheaide,” ar an buachaill beag.

“Ar an tine sin! Ligis don tine múchadh. Dar Dhia, múinfead duit gan sin a dhéanamh arís!”

Thug sé céim chuig an doras gur rug greim ar an bhata siúil a bhí ina sheasamh laistiar de.

“Múinfead duit an tine a ligean imeacht as!” a deir sé agus é ag crapadh a mhuincille suas chun fad réime a thabhairt dá láimh.

“Ó, a dheaide!” a scread an malrach agus rith go caointeach snagach timpeall an tábla, ach lean an fear é, gur rug ar a chóta é. Chaith an buachaill beag féachaint scéiniúil ina timpeall ach, nuair nár fhaca bealach éalaithe, thit ar a ghlúine.

“Anois, ligfir an tine imeacht as an chéad-uair eile!” a deir an fear agus é dá leadradh leis an bhata. “Bíodh sin agat, a dhailtín!”

Lig an buachaill sian chráite as ar lascadh a cheathrún leis an mhaide. D’ardaigh a dhá lámh suas san aer agus d’fháisc le chéile iad.

“A dheaide! A scread sé. “Ná buail mé, a dheaide! Agus déarfad Fáilte an Aingil duit... déarfad Fáilte an Aingil duit, a dheaide, mura mbuaile tú mé... déarfad Fáilte an Aingil...”

Cré

Bhí *Maria* ag súil lena hoíche airneáin: thug an Bhean Tís cead imeachta dhi a thúisce is a bheadh tae na mban críochnaithe. Bhí tine breá bríomhar ar lasadh agus bhí cheithre bhairín breac ollmhóra ar cheann de na taobh-bhoird. Shílfeá nár gearradh na bairíní breaca seo; ach dá ndruidteá leo d’fheicfeá gur gearradh iad ina slisíní fada tiubha agus go rabhadar réidh le seachadadh thart ag am tae. Maria í féin a ghearr iad.

Duine an-bheag go deo ab ea Maria ach bhí srón an-fhada agus smig an-fhada aici. Labhraíodh sí trína sróin ábhairín, go deas séimh i gcónaí: “*Yes*, a stóir,” agus “*No*, a stóir.” Chuirtí fios uirthi i gcónaí nuair a bhí easaontas idir na mná faoina dtubáin agus d’éiríodh léi déanamh síocháin i gcónaí. Lá amháin dúirt an mátrún léi:

“Maria, is bean cheann réitigh chruthanta thú!”

Agus chuala an bhean tís tánaistigh agus beirt de na mná ón choiste stiúrtha an moladh. Agus bhí *Ginger Mooney* de shíor ag rá nach réiteodh leis an óinseach a raibh cúram na n-iarann uirthi murach Maria. Bhí cion a chroí ag cách ar Maria.

Shuífeadh na mná chun tae ag a sé a chlog agus d'fhéadfadh sí imeacht léi roimh a seacht. Ó Dhroichead na Dothra chuig Colún Nelson fiche nóiméad; Ón Cholún go Droim Conrach, fiche nóiméad; agus fiche nóiméad chun cheannach rudaí. Bheadh sí ann roimh a hocht. Tharraing sí amach a sparán gona greamána airgid agus léigh arís na focail: *A Present from Belfast*. Bhí sí an-tógtha leis an sparán sin mar cheannaigh Joe é dhi chúig bliana ó shin nuair a chuaigh seisean agus Alphy go Béal Feirste ar thuras Luan Cincíse. Istigh sa sparán bhí dhá leathchoróin agus cúpla pingin. Bheadh chúig scilling fágtha aici tar éis íoctha as an turas tram. Nach aoibhinn an oíche a chaithfidís in éineacht a chéile agus na páistí ar fad ag gabháil fhoinn! Ach amháin bhí súil aici nach dtagadh Joe abhaile agus é ar meisce. Bhíodh sé chomh difriúil nuair a bhí braon ar bith ar bord aige.

D’iarr sé go minic uirthi cur fúithi in aontíos leo; ach bheadh sí sa bhealach orthu dar léi (cé go raibh bean Joe an-chineálta léi) agus bhí sí dulta i dtaithí ar shaol na neachtlainne. Ba dhuine maith é Joe. Thugadh sí aire dhó agus do Alphy freisin; agus deireadh Joe go minic:

“Mo Mhama is ea mo Mhama ach is í Maria m’fhíor-mháthair.”

I ndiaidh chliseadh pósta a mhuintire féin fuair na buachaillí an post sin di i neachtlann *Dublin by Lampligh*t, agus thaitin sé léi. Bhíodh drochmheas aici ar Protastúnaigh ach anois mheas gur dhaoine an-lácha iad, sách ciúin agus stuama, ach daoine an-deas le bheith i do chónaí leo. Anuas ar sin bhí a plandaí aici sa tigh gloine agus thaitin sé léi tabhairt aire dhóibh. Bhí raithneach dheas aici agus céir-phlandaí agus, nuair a thagadh duine ar bith ar cuairt chuici, thugadh sí slapar nó dhó ón ghrianán dó. An t-aon rud nár thaitin léi, na sleachta as an Bhíobhla a léití ag ceann spríce na siúlóidí; ach ba an-deas go deo í an bhean tíos le caitheamh léi, bhí dóigh chomh galánta aici.

Nuair a dúirt an cócaire léi go raibh gach aon ní réidh chuaigh sí isteach i seomra na mban gur thosaigh ag tarraingt an chloig mhóir. I gceann cúpla nóiméad thosaigh na mná ag teacht isteach ina mbeirteanna agus ina dtriúir agus iad ag cuimilt a lámh galach lena gcótaí beaga agus ag tarraingt a muinchillí anuas ar a rítheacha dearga galacha. Shuíodar chun boird faoi chomhair a mugaí móra ar líon an óinseach le tae te iad, é measctha le bainne agus le siúcra i gceaintíní ollmhóra cheanna féin.

Rinne Maria maoirseacht ar dháileadh an bhairín breac cinntiú go bhfaigheadh gach bean a ceithre chanta. Insíodh go leor scéalta grinn agus rinneadh neart gáire le linn an bhéile. Dúirt Lizzie Fleming go raibh an fháinne i ndán do Maria agus, in ainneoin a liacht Oíche Shamhna eile a dúirt Fleming sin, b’éigean do Maria dhéanamh gáire agus rá nach raibh fear ná fáinne uaithi; agus nuair a rinne sí gáire lonraigh a súile breacghlasa agus breacliatha le cotadh díomách agus ba bheag nár bhuail barr a sróine le bar a smige. Ansin d’ardaigh Ginger Mooney a muga tae agus mhol sláinte Maria a ól fad is a bhuail na mná eile a muga ar an tábla, agus ndúirt sí gur trua nach raibh pórtar ann. Agus rinne Maria gáire arís gur dhruid barr a sróine le barr a smige agus gur chroith a corp beag bídeach mar thuig sí gur le dea-mhéin a rinne Mooney sin, ach, ar ndóigh, bhí meon bhean an daoscair aici.

Ach nach Maria a bhí sásta nuair a bhí a dtae caite ag na mná agus nuair a thosaigh an cócaire agus an óinseach ag glanadh na mbord! Chuaigh sí isteach ina seomra beag agus, ar chuimhneamh dhi gur mhaidin Aifrinn í an mhaidin arna mhárach, bhog lámh an aláraim óna seacht a chlog gona sé a chlog. Ansin bhain a sciorta oibre agus bróga tí dhi gur leath an sciorta ab fhearr aici ar an leaba agus leag a bróga galánta faoi bhun na leapan. D’athraigh a blús freisin agus, ar sheasamh os comhair an scátháin di, bhreathnaigh go ceanúil ar an chorp beag bídeach a ghléas sí go mion minic. In ainneoin na mblianta mheas gur chorp deas slachtmhar í.

Nuair a chuaigh sí amach bhí na sráideanna ag glioscarnach le báisteach agus bhí sí buíoch dá seanchóta donn báistí. Bhí an tram lán agus níor mhór di suí ar an stól beag ag bun an charráiste, sa chaoi gur thug a haghaidhe ar na daoine go léir, agus bhí a cosa ag teagmháil ar éigean leis an urlár. Shocraigh sí ina haigne féin na rudaí a dhéanfadh sí agus mheabhraigh gurbh fhearr go mór é bheith neamhspleách agus t’airgead féin i do phóca agat. Bhí súil aici go mbeadh oíche shuairc acu. Bhí sí cinnte dhe go mbeadh ach ach níor thig léi cur as a ceann nach raibh Alphy agus Joe ag labhairt lena chéile. Bhíodar ag titim amach de shíor lena chéile anois ach nuair a bhíodar ina mbuachaillí bhíodar an-mhór lena chéile: ach sin mar a ghabhas an saol.

Thuirling sí den tram ag an Cholún gur shnigh chun cinn go gasta tríd an tslua. Chuaigh isteach i siopa cáca *Downes* ach bhí an siopa chomh lán le daoine gurbh fhada gur freastalaíodh uirthi. Cheannaigh dosaen cístí éagsúla aon phingine, agus d’fhág an siopa faoi dheireadh faoi ualach mála móir. Ansin mhachnaigh ar céard eile a cheannódh: ba mhaith léi ceannach rud éigean gleoite. Ní mó ná go mbeadh neart úll agus cnónna acu. Níor léir di céard ba chóir di ceannach, agus cáca an t-aon rud a rith léi. Cáca rísíní a thogair sí ar a cheannach ach ní bhíodh dóthain reoán almóinne ar cháca rísíní siopa Downes agus chuaigh anonn go siopa ar Shráid Énrí dá dheasca. Chaith go leor ama ag dóbartaíl agus d’fhiafraigh an bhean óg ghalánta laistiar den chuntar, ar léir gur chuir Máire isteach uirthi, d’fhiafraigh dhi ar cháca bainise ar mhian léi ceannach. Las grua Maria leis sin agus rinne sí meangadh gáire leis an bhean óg; ach d’fhan cuma stuama uirthi siúd, agus ghearr sí canta tiubh den cháca rísíní faoi dheireadh is faoi dheoidh, d’fhill clúdach páipéir air agus dúirt:

“Dhá scilling agus ceithre pingine más é do thoil é.”

Shíl sí go gcaithfeadh fanacht ina seasamh ar an tram go Droim Conrach óir shílfeá nár thug na fir óga faoi deara í ach rinne seanfhear uasal áit di. Ba fhear coimpléascach é agus bhí hata crua donn á chaitheamh aige; bhí aghaidh leathan dhearg agus bhí croiméal breacliath aige. Meas Maria go raibh cuma an choirnéil ar an duine uasal agus smaoinigh ar mhéad a dhea-bhéasa i gcomparáid leis na fir óga nach ndearna acht stánadh díreach rompu. Tosaigh an fear uasal ag caint léi faoi Oíche Shamhna agus faoin aimsir fhliuch. Fiafraigh an raibh an mála lán le sócamais do na gasúir agus dúirt gur cheart do gasúir bhaint suilt as an tsaol agus iad óg. D’aontaigh Maria leis agus thug le fios gur thaitin a chomhluadar léi le sméidte cinn modhúla. Bhí sé an-deas léi agus ghabh sí buíochas

leis agus d'umhlaigh dhó ag tuirlingt den tram di ag Droichead na Canálach, gur umhlaigh seisean dise, chuir a lámh ina hata agus rinne meangadh lách gáire, agus ag dul suas an tsraith tithe dhi, lena ceann beag bídeach cromtha faoin bháisteach, smaoinigh sí ar a éasca is a bhí sé aithint duine uasail, go fiú nuair a bhíos sé súgach.

"Ó, seo Maria! a dúirt gach uile dhuine ar teacht isteach teach Joe dhi. Bhí Joe ann, é tagtha abhaile ó chúrsaí gnó, agus bhí éadaí Domhnaigh ar na páistí go léir. Bhí beirt chailíní móra bhéal dorais i láthair agus bhí na cluichí ar siúl. Thug Maria an mála císti don bhuachaill ba shine, Alphy, chun a roinnte agus dúirt *Mrs Donnelly* gur dheas uaithi tabhairt mála cístí chomh mór sin, agus chuir iallach ar na páistí go léir gabháil buíochais léi:

"Go raibh maith agat, Maria."

Ach dúirt Maria gur thug rud éigin speisialta léi do phapa agus do mhama, rud éigin a thaitneodh leo go cinnte, agus thosaigh ag cuardach a cáca rísíní. Chuardaigh mála Downes agus ansin pócaí a cóta báistí agus ansin an seastán hataí ach níor aimsigh in áit ar bith é. Ansin d'fhiafraigh de na páistí uile ar ith páiste ar bith dhíobh é, trí bhotún - ar ndóigh – ach dúirt gach aon mhalrach nár ith agus bhí an chuma orthu nár thaitin sé leo ithe cácaí más é go gcuirfí goid ina leith ansin. Bhí a réiteach féin ag gach uile dhuine ar an mhistéir agus dúirt Mrs Donnelly gur léir gur fhág sí ina diaidh ar an tram. Chuimhnigh Maria ar mhéad an trí chéile a chuir uirthi fear uasal an chroiméil bhreacléith, gur dhearg le teann náire agus bambairne agus díomá. Ba bheag nár bhris an gol uirthi mar gheall ar theip a bronntanais gan choinne agus an dá scilling agus cheithre phingin a chaith sí le fána.

Dúirt Joe gur chuma é áfach agus thug uirthi suí síos cois na tine. Bhí sé an-chineálta léi. D'eachtraigh gach a tharla san oifig di agus d'inis freagra deisbhéalach a thug sé don bhainisteoir. Níor thuig Maria cad ina thaobh go raibh Joe sna trithí ag gáire faoin fhreagra a thug sé ach dúirt nár mhóide ná go raibh an bainisteoir an-tiarnúil mar dhuine. Dúirt Joe nach raibh aon dochar ann ach tuiscint a bheith air, gur dhuine gnaíúil ach gan teacht in aghaidh an tsnáithe air. Sheinn Mrs Donnelly an pianó do na páistí agus dhamhsaíodar siúd agus chanadar. Ansin sheachaid an bheirt chailíní bhéal dorais na cnónna. Níor fhéad duine ar bith teacht ar na cnóirí agus bhí Joe ag éirí cantalach nach mór, gur fhiafraigh conas a cheapadar go mbrisfeadh Maria cnónna gan chnóire. Ach dúirt Maria nár thaitin cnónna léi agus d'iarr orthu gan a mbuaireamh ina taobh. Ansin d'fhiafraigh Joe dhi an dtógfadh sí buidéal leanna duibh agus dúirt Mrs Donnelly go raibh pórtfhíon sa tigh freisin dá mba fhearr léi sin. Dúirt Maria go mba fhear léi nach n-iarraidís uirthi ól ní ar bith: ach ní éistfeadh Joe le heiteach.

Ghéill Maria dhó, gur shuíodar cois na tine ag caint faoin tseansaol agus shíl Maria labhairt ar son Alphy. Ach scread Joe go dtreascródh Dia é dá labhraíodh sé focal lena dheartháir go deo arís agus dúirt Maria go raibh aiféala uirthi gur tharraing an scéal anuas. Dúirt Mrs Donnelly lena fear gur mhór an náire dhó labhairt faoina chuid fola féin mar sin ach shéan Joe a dheartháir agus dhóbair gur bhris imreas amach mar gheall air. Dúirt Joe nach ligfeadh don fhearg bhreith bua air ar son na hoíche a bhí inti agus d'iarr ar a bhean oscailt thuilleadh pórtair. D'eagraigh an bheirt chailíní bhéal dorais roinnt cluichí Oíche Shamhna agus ba ghearr go raibh meidhir sa chuideachta arís. Gliondar na malrach agus dea-ghiúmar Joe agus a mhná, chuir sé aoibhneas ar Maria. Chuir an bheirt chailíní bhéal dorais plátaí beaga ar an tábla gur chuireadar dallóg ar na páistí agus ghiollaíodar chuig an bhord iad. Fuair páiste amháin an leabhar urnaí agus fuair an triúr eile an t-uisce; agus nuair a fuair cailín amháin de na cáilíní bhéal dorais, nuair a fuair an fháinne, chroith Mrs Donnelly a méar leis an chailín deargtha mar a bheadh ag rá: Ó, nach agamsa atá a fhios![44] Ní shásódh iad ansin ach cur púicín ar Maria agus a giollacht chuig an tábla féachaint céard a gheobhadh sí; agus, fad is a

bhíodar ag cur an phúicín uirthi, bhí sí ag briseadh a croí ag gáire, gur dhruid barr a sróine le bun a smige.

Ghiollaíodar chuig an tábla í agus gach aon duine ag gáire agus ag magadh agus shín sí a lámh amach san aer faoi mar a dúradh léi déanamh. Chorraigh sí a lámh thall agus abhus san aer gur thuirling anuas ar cheann de na fochupáin. Mhothaigh ábhar bog fliuch faoina méara agus b'iontas léi nár labhair aon duine agus nár bhain a púicín di.[45] Lean tost ar feadh cúpla soicind; agus ansin bhí cambús agus radadh cogarnaí ann. Dúirt duine éigin rud éigin faoin ghairdín, agus sa deireadh dúirt Mrs Donnelly rud éigean an-chrosta le cailín amháin de na cailíní bhéal dorais agus d'ordaigh a chaitheamh amach láithreach bonn: nár shúgradh é sin. Thuig Maria nach ndearnadh i gceart é an babhta sin agus chaithfeadh sí a dhéanamh arís dá dheasca sin: agus an uair seo fuair sí an leabhar urnaí.

Ansin sheinn Mrs Donnelly port *Miss McCloud* do na páistí agus d'áitigh Joe ar Maria ghlacadh gloine fíona. Ba ghearr go rabhadar go léir spleodrach go leor arís agus dúirt Mrs Donnelly go dtéadh Maria sna mná rialta sula mbeadh an bhliain thart mar go bhfuair sí an leabhar urnaí. Níor fhaca Maria Joe riamh chomh cineálta sin léi is a bhí an oíche sin: bhí sé chomh lán le caint shuáilceach agus le cuimhní deasa. Dúirt sí gur chaitheadar go léir go han-mhaith ar fad léi.

Sa deireadh thosaigh tuirse agus suan ag teacht ar na páistí agus d'impigh Joe ar Maria amhrán beag a rá sula n-imíodh sí, ceann de na seanamhráin. Dúirt Mrs Donnelly "abair, le do thoil, Maria!" agus mar sin b'éigean do Maria éirigh agus seasamh le hais an phianó. D'iarr Mrs Donnelly ar na malraigh fanacht ina dtost a éisteacht le hamhrán Maria. Sheinn sí an tús go ndúirt "Anois, Maria!", agus las Maria go bun na gcluas, agus thosaigh ag gabháil fhoinn i nguth íseal creathánach. Chan *I Dreamt that I Dwell*,[46] agus nuair a tháinig ar an dara véarsa chan arís:

> *Tabhraíodh dhom go rabhas i mo chónaí i bpálás álainn*
> *agus seirbhísí agus daoir ag freastal orm*
> *agus thar gach aon eile 'tháinig faoi fhraitheacha an tí sin*
> *gur mise is mó a bhí a bhí mórtas as agus dóchas ann.*
> *Agas is agam a bhíodar na táinte airgid*
> *agus sean-shloinne maorga mór le rá,*
> *ach an rud is mó a thaitin liom sa bhrionglóid,*
> *go rabhais i ngrá liom i gcónaí.*

Níor thriall duine ar bith cur in iúl a botúin di áfach; agus nuair a chríochnaigh a hamhrán ba mhór an maoithneachas a bhí ar Joe. Dúirt sé nach raibh a shárú ar an tseanaimsir agus nach raibh a shárú ar cheol sean-*Balfe* bocht dar leisean, cuma céard a deireadh daoine eile; agus tháinig deoir chomh mór ar an tsúil aige is nár aimsigh sé an rud a bhí á lorg aige agus b'éigean dá bhean rá leis cá raibh an corcscriú.

Cás Coscrach

Bhí Mr James Duffy ag cur faoi i Séipéal Iosóid[47] mar gur mhian leis bheith ina chónaí a fhad agus a d'féadfadh leis ón chathair ar shaoránach é agus mar gur shuarach, mhóiréiseach, nua-aoiseach leis gach uile bhruachbhaile eile Átha Cliath. Bhí sé ag cur faoi i seantigh stuama agus bhí radhairc aige óna fhuinneoga ar an tsean-drioglann thréigthe síos uaidh nó suas uaidh ar an abhainn thanaí a shín chun na farraige agus ar tógadh Baile Átha Cliath uirthi. Ní raibh pictiúr dá laghad ar bhallaí arda a sheomra ná brat ar an urlár. Gach ball troscáin dá raibh sa tseomra, is é féin a cheannaigh é: leaba iarainn duibh, bord níocháin iarainn, cheithre chathair cliath, cnagadán éadaí, buicéad guail, fiondar agus uirlisí tine agus tábla cearnógach a raibh deasc dhá léibheann ann. Tógadh seilfeanna adhmaid báin sa chuasán sa chaoi gur fheidhmíodar mar leabhragán. Bhí an leaba cóirithe in éadaí bána agus chlúdaigh súsa dubh agus flanndearg a bhun. Bhí scáthán beag láimhe crochta os cionn an bhord níocháin agus i rith an lae sheasadh lampa le scáthlán bán leis féin ar an mhatal. Leagadh na leabhair ar na seilfeanna bána ón bhun aníos de réir toirte. Bhí leabhar shaothar iomlán Wordsworth suite ar thaobh amháin den tseilf is ísle agus bhí cóip den Teagasc Criostaí Mhaigh Nuad suite ar an teilf is airde, é fuaite do chlúdach éadaigh leabhair nótaí. Bhíodh culaith scríbhneoireachta ar an deasc i gcónaí. Istigh sa deasc bhí aistriúchán lámhscríofa de *Michael Kramer* le Hauptmann,[48] ar scríobhadh na treoracha stáitse le dúch corcra, agus burla duilleog a bhí ceangailte le chéile le biorán práis. Scríobhtaí abairt sna duilleoga seo ó am go chéile agus, ar uair íorónta amháin, greamaíodh ceannteideal fhógra *Bile Beans* ar an chéad-bhile.[49] Scaoiltí cumhra lag nuair a osclaítí chlár na deisce - cumhra pheann luaidhe céadair nó bhuidéal guma nó úill ró-aibí a fágadh ann trí dhearmad.

Bhí an ghráin ag Mr Duffy ar rud ar bith a chuir máchail coirp ná inchinne in iúil. Déarfadh lia meánaoiseach faoi go raibh sé *saturnine*.[50] Léirigh a aghaidh a haois. B'aghaidh í a raibh lí donn sráideanna Átha Cliath uirthi. Ar a cheann fada agus sách mór bhí gruaig dhonn thur, agus croiméal ciarbhuí, níor chlúdaigh sé a bhéal mígheanúil go hiomlán. Thug cnámha a ghrua cuma chadránta ar a dhreach; ach ní raibh cadrántacht sna súile. An dealramh a chuireadar siúd air agus iad ag amharc amach faoina malaí ciarbhuí, fear a bhí ag lorg maitheasa ar bith i nádúr daoine eile ach a raibh díomá air go minic. Chaith sé a shaol mar a bheadh sé ar foluain achar gairid amach óna chorp féin, ag faire go hamhrasach i ndiaidh a leicinn ar a iompar féin. Bhí nós dírbheatháisnéiseach aige abairtí geara faoi féin a chumadh dhó féin sa tríú pearsa agus san aimsir chaite. Níor thug déirc do bhacachaigh riamh agus shiúladh go docht daingean agus smíste coill ar iompar aige.

B'airgeadóir le banc priobháideach ar Shráid Bhagóid é leis na blianta. Thógadh sé an tram isteach ó Shéipéal Íosóid gach maidin. Ag meán lae théadh go caife Dan Burke do chaitheadh a lón – buidéal beorach agus trátaire beag brioscaí *arrowroot*. Ag a cheathair a chlog scaoiltí leis. D'itheadh a dhinnéar i dtigh itheagáin ar Shráid Sheoirse, áit ar airigh sé slán sábhaile ó chuideachta ógra saibhir Átha Cliath, agus áit ina raibh macántacht thíriúil faoin chlár bia. Chaitheadh an oíche os comhair phianó bhean an tí nó ag spaisteoireacht ar imeall na cathrach. Mhealladh a dhúil i gceol Mozart chuig ceoldráma nó ceolchoirm é ar uairibh: ní raibh drabhlás ar bith eile aige ach iad sin.

Ní raibh cara, comrádaí ná creideamh aige. Chaith sé a shaol spioradálta gan caidreamh le daoine eile. Thugadh cuairt ar dhaoine muinteartha leis ar Ló na Nollag agus thionlacadh chun na reilige iad nuair a fhaigheadís bás. Chomhlíon an dá dhualgas shoisíaltal seo de ghrá an réitigh ach ní ghéillfeadh orlach ar bith eile do nósanna an phobail. Dar leis féin, ghoidfeadh sé óna bhanc féin ar chúinsí áirithe, ach ó tharla nár bhuail na cúinsí seo riamh leis, lean a shaol ar aghaidh go deas réidh – scéal gan eachtra.

Oíche amháin, tharla dhó ina shuí idir bheirt bhan in Amharclann an Gheata. B’olc an tuar an líon beag daoine agus an ciúnas sa tigh. An bhean ina suí in aice leis, chaith súil timpeall ar an tigh leathfholamh uair nó dhó agus dúirt:

“Nach é an feall é an líon beag daoine anocht! Tá sé deacair ar dhaoine canadh do bhinsí folmha.”

Is éard a léigh sé as an fhocal, cuireadh chun cainte. B’iontas leis laghad a míchompoird. Rinne sé iarracht a haghaidh agus a cruth a chur de ghlanmheabhair agus iad ag caint. Nuair a fuair sé amach gur iníon léi an cailín óg taobh léi, mheas go raibh sí tuairim is bliain níos óige ná é féin. Ní mó ná go raibh sí dathúil tráth, agus d’fhan rian na hintleachta ar a haghaidh. B’aghaidh ubhchruthach le ceannaithe snoite í. Bhí súile gorma socra an-dorcha aici. Thug na súile a dhushlán ar dtús ach séard a tháinig salach ar an chuma ládasach seo, leáigh an mac imrisc amach san imreasc mar a bheadh ag titim i laige d'aon turas a nochtadh meoin íogair tuisceanaigh ar feadh oiread na fríde de nóiméad. Tháinig an mac imrisc chuige féin go beo go raibh an nádúr leath-nochta faoi scáth na críonachta arís, agus a seaicéad olla *Qaraqul,* a theann thar cíocha téagartha, chuir sé leis an chuma ládasach ar chaoi níos diongbháilte fós.

Bhuail sé léi arís cúpla seachtain ina dhiaidh sin ag ceolchoirm ar Ardán Phort an Iarla agus rug sé ar an faill chun dhéanamh móir léi am ar bith nach raibh a hiníon ag éisteach leo. Rinne sí tagairt dá fear céile uair nó dhó ach ní raibh bagairt ina glór agus í ag tagairt dó. Mrs Sinico ab ainm di. Ba as *Livorno*[51] do shin-seanathair mór a fear céile. Captaen long tráchtála idir Áth Cliath agus an Ísiltír ab ea a fear céile; agus bhí páiste amháin acu.

Ar chasadh faoi thrí léi dhó, fuair sé óna mhisneach dhéanamh coinne léi. Tháinig sí. Ba thús é sin le neart dálaí; dhéanaidís coinne san oíche i gcónaí agus roghnaídís na ceantair ba chiúine dá siúlóidí lena chéile. Níor thaitin uisce faoi thalamh le Mr Duffy áfach agus ó chonacthas dó gurbh éigean dóibh dul i ndáil a chéile go fáilí, chuir iallach uirthi tabhairt cuiridh dhó dá tigh. Mhol an Captaen Sinico na cuairteanna tí, mar shíl go n-iarrfadh sé a iníon air mar bhean chéile aige. Bhí a bhean chéile díbeartha chomh glan amach as stór a chuid pléisiúr is nár shamhlaigh go dtabharfadh duine ar bith eile suim inti. De bhrí go mbíodh an fear céile imithe thar sáile go minic agus go mbíodh an iníon imithe a thabhairt cheacht ceoil, bhí go leor deiseanna ag Mr Duffy le baint suilt as comhluadar na mná uaisle. Ní raibh eachtra dá leithéid aigesean ná aicise riamh roimhe agus níor fhacthas neamhfhreagracht dá laghad do cheachtar díobh. De réir a chéile, cheangail sé a smaointe féin dá smaointí siúd. Thug leabhair ar iasacht di, spreag í le smaointí nua agus nocht a shaol intleachtach dhi. Thug sí cluas do gach a dúirt sé.

Nochtadh sí gné éigin dá saol féin dó mar chúiteamh ar a theoiricí scaití. Spreagadh sí é go geanúil, beagnach mar a spreagfadh máthair lena páiste, chun a dhúchais is a mheoin a ligean glan amach: d’éirigh sí ina héisteoir faoistine aige. D’inis sé dhi gur fhreastal sé ar chruinnithe an Pháirtí Sóisialta in Éirinn ar feadh tréimhse fada, inar fhacthas é féin dó mar chadhain aonair i measc oibrithe stuama in áiléar faoi lampa ola gan mórán feidhme. Nuair a briseadh an páirtí i dtrí, gach ceann díobh lena cheannaire féin agus a áiléar féin, stop sé ag freastal ar na cruinnithe. Bhí díospóireachtaí na n-oibrithe ró-fhaicheallach agus, a dúirt sé, agus chuireadar an iomarca suime i gcúrsaí pá. Mheas sé gur réalaithe doscúcha iad agus gurbh olc leo cruinneas, ar thoradh pribhléide é nach raibh teacht acusan uirthi. Ní dóigh, a dúirt sé léi, go mbuailfadh réabhlóid shóisialta ar bith Áth Cliath go ceann roinnt mhaith céadta de bhlianta.

D’fhiafraigh sí dhe cén fáth nár chuir sé a chuid smaointí ar phár. Cad chuige, a d’fhiafraigh seisean dise le tarcaisne cheansaithe. Le dul in iomaíocht le fir na bhfocal, nach bhféadfadh smaoineamh

amháin a leanúint ar feadh seasca soicind? Le feannadh aicme uaisle maoile a sheasamh, dream a chuireas cúram a moráltachta ar an phóilíos agus cúram na míndán ar impreasóirí?

Thugadh sé cuairt ar a tigh beag lasmuigh d'Áth Cliath go minic; go minic chaithidís a n-oíche eatarthu féin. De réir a chéile, agus a smaointí ag fí lena chéile, labhraídís faoi ábhair níos giorra dá gcroí. B'ionann cumann na mná seo agus cré bhogthe faoi phlanda choimhthíoch. Is iomaí uair a lig sí don dorchadas titim orthu sa tseomra gan lasadh an lampa. Thugadh an seomra ciúin dorcha, an t-uaigneas, an ceol a bhíodh ag gabháil fós ina gcluasa, thugaidís le chéile iad in aon mheoin amháin. D'ardaigh an t-aontas seo é, bhain an ghairge dá nádúr, thug mothúchán dá shaol intleachtach. Scaití thugadh sé faoi deara go raibh sé ag tabhairt cluaise dhá ghuth féin. Shíl sé go n-éireodh sé go stádas na n-aingeal de réir a measa siúd, agus, de réir mar a cheangal sé aigne dhíograiseach a chompánaigh dhe féin, chuala sé guth fuar aduain a d'aithin sé ar a ghuth féin ag seasamh ar uaigneas doleigheasta an anama. Nílimid le tabhairt do dhuine eile, a deir an guth: is linn féin sinn. Is é deireadh na gcainteanna seo gur rug sí go paiseanta ar a láimh oíche áirithe a raibh gach dealramh corraithe uirthi thar mar ba ghnách léi, gur fháisc lena leiceann í.

Bhain sé sin siar go mór as Mr Duffy. Chuir a léamh siúd ar a fhocal diomú air. Níor thug sé cuairt uirthi le seachtain, ansin scríobh chuici a thabhairt cuireadh chun cruinnithe dhi. Toisc nár mhian leis go mbeadh a gcoinne deiridh millte ag a bhfaoistin millte, bhuaileadar le chéile i seopa beag cáca gar do Gheata na Páirce. Tráthnóna fuar Mhéan Fómhair a bhí ann ach in ainneoin na fuachta shiúladar suas síos bóithre na Páirce ar feadh beagnach trí uaire. Toilíodar beirt bhriseadh an chumainn: gach nasc idir dhaoine, a dúirt sé, is nasc bróin é. Ar theacht go bun na Páirce dhóibh, shiúladar go tostach chuig an tram; ach ansin tháinig crith chomh tréan uirthi gur cheiliúir sé dhi go giorraisc agus d'imigh. Cúpla lá ina dhiaidh sin fuair sé beartán sa phost lena chuid leabhar agus ceoil.

Chuaigh ceithre bliana thart. D'fhill Mr Duffy ar ghnáthamh stuama a shaoil. Léirigh a sheomra ord agus dea-eagar a inchinne i gcónaí. Shalaigh roinnt píosaí nua ceoil an seastán ceoil sa tseomra thíos agus bhí dhá imleabhar le Nietzche ar a sheilfeanna: *Mar sin a labhair Zarathustra* agus *An Ghaois Shuairc*.[52] Is annamh a scríobh sé ina charn páipéar ar a dheasc. Is éard a deir ceann dá fhocail, a scríobhadh dhá mhí i ndiaidh a agallamh deiridh le Mrs Sinico, ní féidir grá idir fhir mar tá toirmisc ar chaidreamh collaí agus ní féidir cairdeas idir fhear agus bhean mar ní mór caidreamh collaí. Sheachain sé coirmeacha cheoil ar fhaitíos go gcasfadh léi. D'éag a athair; d'imigh leas-pháirtí an bhainc. Agus fós théadh sé isteach don chathair gach maidin ar an tram agus shiúladh abhaile ón chathair gach tráthnóna tar éis béile suaraigh ar Shráid Sheoirse ag a léadh sé nuachtán an tráthnóna in áit ithe milseoige.

Tráthnóna amháin, agus greim beag mairteola agus cabáiste á chur ina bhéal aige, stad a lámh. Chónaigh a shúile ar alt sa pháipéar oíche a theanntaigh sé i gcoinne an chrúiscín uisce. Leag sé an greim bia anuas ar a phláta gur léigh an alt go cúramach. Ansin d'ól gloine uisce, bhrúigh a phláta ar leataobh, d'fhill an nuachtán ina leath dá leagan ar an bhord faoina uillinneacha gur léigh arís agus arís eile é. Leath deascán fuair bán geire ar a phláta ón chabáiste. Tháinig an cailín anonn chuige a fhiafraí dhe arbh é gur réitíodh a dhinnéar go hamscaí. Dúirt seisean go raibh an béile go maith agus chaith cúpla bolgam le dua. Ansin d'íoc as agus d'imigh amach ar an tsráid.

Shiúl go mear faoi spéir choineascrach Mhí na Samhna, agus a mhaide tathagach coill ag bualadh na talún go rialta, corr an *Mail* bánbhuí ag gobadh amach as póca a chóta mór dúbailte teann. Mhaolaigh sa tsiúl ar an bhóthar uaigneach ó Gheata na Páirce go Séipéal Iosóid. Níor bhuail a mhaide an talamh leis an oiread céanna fórsa agus rinne a anáil, a lig sé go stadach mar a bheadh ag osnaíl, rinne sí gal san aer fuar. Ar sroicheadh a thí dhó, chuaigh sé suas dá sheomra codlata lom

díreach gur bhain amach an páipéar as a phóca a léamh na míre arís faoi sholas lag na fuinneoige. Níor léigh ós ard í, ach léigh mar a dhéanfadh sagart ag léamh paidreacha rúnda an *Oratorio Secreto*, is é sin léigh sé le corraí tostach na liopaí. Seo an mhír:

BÁS MNÁ AR PHARÁID SYDNEY
CÁS COSCRACH

Rinne an Leaschróinéir scrúdú iarbháis ar chorp Mrs Emily Sinico, dá fhichead bliain d'aois, a maraíodh ag Stáisiún Pharáid Sydney oíche aréir. Léirigh an fhianaise gur leag an traein mhall a deich a chloig go Dún Laoghaire, gur leag an bhean go talamh agus í ag trasnú na líne, agus go bhfuair sí bás as gortú dá cloigeann agus dá taobh mar gheall air.

Dúirt James Lennon, tiománaí na traenach, go raibh sé i bhfostaíocht an chomhlacht iarnróid le chúig bliana déag anuas. Ar cloisteáil fheadóg an gharda traenach dhó chuir sé an traein faoi shiúl agus stop sé soicind nó dhó ina dhiaidh sin í nuair a chuala sé screadadh ard. Bhí an traein ag gluaiseacht go mall.

Dhearbhaigh P. Dunne, giolla stáisiúin go bhfaca bean ag iarraidh dula trasna na línte agus an traein ag dul chun siúil. Rith sé chuici agus chuir béic uirthi, ach, sular tháinig uirthi, bhuail cosantóir inneall na traenach í agus thit sí go talamh.

Coisteoir: "Chonaicis ag titim í?"

Finné: "Chonaiceas."

Theistigh Sáirsint na bPóilíní *Croly* go bhfuair sé an bhean sínte ar an talamh gan aithne gan urlabhra de réir dealraimh. Thug sé an corp don tseomra feithimh i gcóir an otharchairr.

Luigh póilín 57E leis an teistíocht sin.

Thug an Doc. Halpin, leas-mháinlia *City of Dublin Hospital*,[53] thug le fios go raibh dhá easna briste ar an bhean nach maireann agus gur fhulaing sí brú mór dá gualainn dheas. Gortaíodh an taobh deas dá cloigeann sa tuairt in éadan na talún. Níor leor na gortaithe chun go dtiocfadh bás as i gcás gnáthdhuine. Is é a thuairim gur éag sí den gheit agus de chliseadh tobann an chroí.

Dúirt *Mr H. B. Patterson Finlay*, thar cheann an chomhlacht iarnróid, gur mór an trua air faoinar tharla. Rinne an comhlacht gach iarracht riamh cosc daoine ar dhul trasna na línte ach amháin ag droichid, trí chrochadh fógraí i ngach stáisiúin agus trí chur ar fáil luascgheataí paitinne ag crosairí comhréidhe. Bhí sé de nós ag an bhean nach maireann siúl trasna na línte ó ardán go hardán i gcoim na hoíche, agus, i ngeall ar thoscaí áirithe an cháis, níor dóigh leis gur ar ionadaithe an iaranróid a bhí an locht.

Thug an Caiptín Sinico as Leoville, Ascaill Pharáid Syndney, fear céille na mná nach maireann, thug fianaise freisin. Dhearbhaigh gurbh í a bhean chéile an bhean. Ní raibh in Áth Cliath nuair a tharla an tubaiste mar go raibh sé díreach tagtha i dtír as Rotterdam an mhaidin sin. Bhí sé pósta léi le dhá bhliain is fiche anuas, agus bhí saol sona acu lena chéile go tuairim is dhá bhliain ó shin, nuair a d'éirigh a bhean sách ainmheasartha ó thaobh a nósanna dhe.

Shonraigh Miss Mary Sinico go mbíodh nós ag a máthair dul amach go déanach san oíche a cheannach alcóil le gairid. Rinne sí iarracht chur céille inti agus chuir ina luí uirthi dul isteach i gcumann.[54] Ní raibh sí sa bhaile go huair tar éis na timpiste. Thug an coiste cúirte breith a chuir le toradh an scrúdú iarbháis, i. Shaor Lennon ó gach milleán.

Dúirt an Leaschróinéir gur cás coscrach é amach is amach, agus dúirt leis an Chaiptéan Sinic agus lena iníon nár maith leis a dtrioblóid. Mhol sé don chomlacht iarnóid beartais láidre a chur ar bun i gcoinne tubaistí eile dá sórt sa todhchaí. Níor lochtaíodh duine ar bith.

D'ardaigh Mr Duffy a shúile den pháipéar nuaíochta, gur stán amach an fhuinneog ar thírdreach faoi sholas spéir dhubhach thús na hoíche. Os a chomhair bhí uisce ciúin na habhann faoin dhrioglann fholamh agus taibhsigh solas i gceann de na tithe ar Bhóthar Leamhcáin ó am go ham. A leithéid de chríoch! Chuir scéal uile a báis déistin air agus b'olc leis gur labhair riamh léi faoi na rudaí ba bheannaithe leis. Na habairtí folamha, na focail súchaite comhbhróin, cur síos faichilleach tuaraisceora nuaíochta a cuireadh ina luí air siúd gan nochtadh sonraí lodartha báis suaraigh, chuireadar fonn múisce air. Ní hamháin gur mhaslaigh sí í féin; mhaslaigh eiseann chomh maith. Chonacthas réim bhrocach a duáilce dhó, bocht agus bréan. A anamchara! Smaoinigh ar na hainniseoirí bacacha a chonaic ag iompar cannaí agus buidéal don fhear beáir a líonadh. A Dhia na glóire, a leithéid de chríoch. Ba léir nach raibh sé de mhianach inti tabhairt faoin tsaol, nach raibh misneach dá laghad aici, gubh fhurasta a cur i ngreim ag an drabhlás, gur cheann de na fothraigh í ar ar tógadh an tsochaí. Ach cén chaoi a d'fhéadfadh sí í féin a ísliú don phointe sin? Arbh é gur chuir sé dallach dubh air féin ar fad fúithi? Chuimhnigh ar a racht macnais an oíche sin agus bhain tuairm níos déine as ná mar a bhain riamh. Níor mhíthrócaireach leis ar chor ar bith anois an beart a rinne sé.

Le dorchú an tseomra agus le fánaíocht a smaointe ar an am a chuaigh thart, shíl sé gur theagmhaigh a lámh siúd lena láimhsa. An gheit a bhain a ghoile dhe, bhí sí ag goilleadh ar a intinn anois. Chuir sé air a chóta mór agus a hata go tapaigh, gur chuaigh amach. Bhuail an t-aer fuar leis ar an tairseach; snámh suas muinchillí a chóta. Nuair a tháinig sé a fhad leis an tigh tábhairne ar Dhroichead Shéipéal Iosóid, chuaigh isteach agus d’iarr puins the.

D'fhreastail fear an tsiopa go lústrach air ach níor thriall caint a chur air. Bhí cúigear nó seisear fear oibre sa tigh ag cur luacha eastáit fir uasail i gContae Chill Dara trí chéile. D'óladar anois is arís as a dtimbléir ábhala agus chaitheadar tobac. Chaitheadar seilí ar an urlár go minic agus scaití tharraingíodar min sáibh thar a seile lena mbróga troma. D'fhan Mr Duffy ina shuí ar a stól agus stán orthu, gan a bhfeiceáil ná a gcloisteáil. D'imíodar tar éis tamaill agus d'iarr sé puins eile. Chrom os a cionn gan a blaiseadh. Bhí an teach an-chiúin. D'fhan fear an tí cromtha go marbhánta ar an chuntar ag léamh an *Herald* agus ag méanfach. Bhí tram le cloisteáil anois is arís ag siosarnach suas an bóthar uaigneach lasmuigh.

Agus é ansin ag meabhrú siar ar a shaol ina comhluadar agus ar an dá shamhail a mhair di anois aige, thuig go raibh sí marbh, nach raibh sí ann níos mó, nach raibh fágtha dhi ach cuimhne. D’éirigh míshuaimhneach. Ní fheadair céard eile a d’fhéadfadh déanamh. Ní fhéadfadh leanúint leis an chur i gcéill amaideach léi; ní fhéadfadh dul amach go hoscailte léi. Bheartaigh sé mar ba chóra leis féin. Cén cháineadh a bhí tuillte aige? Anois agus í imithe thuig sé a uaigní is a bhí a saol – ina suí ina haonar oíche i ndiaidh oíche sa tseomra sin. Bheadh saol uaigneach aigesean chomh maith, go bhfaigheadh féin bás, go nach mbeadh ann, go nach mbeadh fágtha dhe ach cuimhne, dá mbeadh cuimhne ag duine ar bith air.

Bhí sé tar éis a naoi a chlog nuair a d’fhág sé an siopa. Bhí an oíche fuar agus gruama. Chuaigh isteach sa Pháirc tríd an chéad-gheata agus shiúl faoi na crainn loma. Shiúl suas cosáin feidheartha ar shiúladar ceithre bliana roimhe sin. Taibhsíodh dhó go raibh sí in aice leis sa dorchadas. Ar uairibh shíl gur airigh a guth ar a chluais, gur theagmhaigh a lámh lena láimhsa. Stop a éisteach. Cad chuige ar cheil sé a beo uirthi; cad chuige ar dhaor chun báis í? Bhí a fhealsúnacht mhorálta ag titim óna céile.

Ar baint barr chnoc Dhún na hArmlainne amach dhó, stop a bhreathnú síos an abhainn i treo Átha Cliath, lena soilsí a lonraigh solas fáilteach i leith na deirge san oíche fhuar. D’fhéach síos fána an chnoic agus, ag a bhun, faoi scáth bhalla na Páirce, chonaic fíortha daoine ina luí ar an talamh. Chuir na caidrimh shocheannaithe ós íseal seo in éadóchas é ar fad. Ba bheag air fíréantacht a shaol; chonachtas dó gur díbríodh as féasta an tsaoil é. Thug neach daonna amháin grá dhó agus cheil saol agus sonas uirthi: dhaor chun a míchlú í: bás náireach. Thuig sé go raibh na fíortha faona faoin bhalla á fhaire agus gur mhaith leo go n-imeodh sé leis. Níor theastaigh sé ó aon duine, bhí sé ina dhíbeartach ó fhleá an tsaoil. Bhain sé a shúile dhíobh siúd faoin bhalla gur fhéach i dtreo na habhann glioscarnaí, a shnigh i dtreo Átha Cliath. Thar an abhainn chonaic sé traein earraí ag sní as *Kingsbridge Station*[55] mar a bheadh péist le ceann tintrí ag snámh tríd an dorchadas ann, go dúr dícheallach. D’imigh go mall as radharc; ach chuala sé gnúsacht saothrach a hinnill ag rá siollaí a hainm arís is arís eile.

Chas sé ar a ais, agus dordán an innill ag athfhuaimniú ina chluasa. Tháinig amhras air faoina chuimhní cinn. Stop faoi chrann agus lig don rithim síothlú. Níor mhothaigh sé í sa dorchadas. D’fhan sé roinnt maith nóiméad ag éisteach. Níor chuala aon ní: bhí an oíche chomh ciúin leis an bhás, d’éist arís: dada. Bhí sé ina chadhan aonraic.

Lá an Eidhneáin i Seomra an Choiste[56]

Rácáil Sean-*Jack* na cnámhóga le chéile le giota cairtchláir, gur spréigh go cáiréiseach ar an chruinneagán guail a bhí ag dul i leith na báine. Ar gclúdach an chruinneagáin ar éigean le screamh cnámhóg dó, shlog an dorchadas é ach, ar gcromadh a shéideadh na tine arís eile dhó, dhreap a scáil an balla laistiar de agus tháinig a aghaidh chun solais arís de réir a chéile. Ba aghaidh seanfhir í, í cnámhach ribeach amach is amach. Chaochadar an dá shúil thais ghorm ar an tine agus thit an béal tais ar leathadh anois is arís, agus chogain go meicniúil nuair a dhún sé uair nó dhó. Nuair a lasadar na cnámhóga, leag sé an píosa cairtchláir i gcoinne an bhalla, gur lig osna agus dúirt:

“Tá sé níos fearr anois, *Mr O’Connor*.”

An t-Uasal Uí Conchobhair, stócach liath, ar chuir an iomad balscóidí agus goiríní a dhreach ó dhealramh, bhí tar éis rolladh toitín ach scaoil a ealaíon go smaointeach nuair a cuireadh araoid air. Ansin thosaigh a rolladh arís go smaointeach agus tar éis nóiméad machnaimh, thogair an páipéar a fhliuchadh.

“An ndúirt *Mr Tierney* cathain a fhillfidh?” a d’fhiafraigh de ghlór phiachánach cuaiche.

“Ní dúirt.”

Chuir Mr O’Conner an toitín ina bhéal agus chuaigh i mbun púitseála ina phócaí. Tharraing paca cártaí seanga cairtchláir amach.

“Gheobhad lasán duit,”, a dúirt an seanfhear.

“Ná bac, déanfaidh sé seo cúis,” a dúirt Mr O’Connor.

Thóg ceann de na cártaí gur léigh:

> Toghcháin Bhardasach
>
> *ROYAL EXCHANGE WARD*[57]
>
> Iarrann Mr Richard J. Tierney, *P.L.G.*,[58] iarrann do vóta go humhal urramach sa toghchán seo chugainn sa Royal Exchange Ward.

Is amhlaidh gur fostaíodh Mr O’Connor le gníomhaire An Tighearnaigh chun dhéanamh stocaireachta ar thaobh amháin den bharda ach, ó bhí an aimsir salach agus ó lig a bhuataisí uisce isteach, chaith sé an chuid is mó den ló ina shuí cois tine i Seomra an Choiste i gcuideachta Jack, an sean-airíoch. Bhíodar ina suí ansin ó chrónaigh an lá gearr. An séú lá de Mhí Dheireadh Fómhair a bhí ann agus bhí sé fuar agus gruama lasmuigh.

Bhain Mr O’Connor stiall den chárta go ndearna lasán de agus dhearg a thoitín leis. Ag deargadh a thoitín dó, shoilsigh an lasán an eidhneán dorcha snasta ar liopa a chóta. Bhreathnaigh an seanfhear go dícheallach air, gur ansin phioc suas an píosa cairtchláir arís agus shéid faoin tine arís fad is a chaith a chomrádaí gal.

“Á, go deimhin,” a dúirt agus é ag séideadh leis an chairtchlár, “ní léir conas páistí a thógáil. Anois, cé a cheapadh go mbeadh críoch mar sin air! Chuireas chun na mBráithre Críostaí é agus rinneas

mo dhícheall ina thaobh, agus féach é ag imeacht le drabhlás. Thriallas duine ionraic modhúil ar dhóigh éigean a dhéanamh dhe.

Leag sé an cairtchlár go tuirseach.

“Murach gur seanfhear anois mé d’athróinn a phort do. Ghabhfainn den bhata ar a dhroim agus leadróinn é a fhad a bheadh seasamh ionaim – faoi mar a rinneas go hiomaí roimhe seo. An mháthair, an bhfuil ‘fhios agat, déanann peataireacht air le seo agus siúd...”

“Is é sin a mhilleas páistí,” a dúirt Mr O’Connor

“Milleann, cinnte,” a dúirt an seanfhear. “Agus is beag buíochas orm aige, ach sotal. Téann chun cinn orm nuair a fheiceas go bhfuil braon ólta agam. Céard atá ag teacht ar an tsaol nuair a labhras mic lena n-athair mar sin?

“Cén aois é?”, a d’fhiafraigh Mr O’Connor.

“Naoi mbliana déag,” ar an seanfhear.

“Cad chuige nach gcuirir i gceann ruda éigin é?”

“Go deimhin, nach bhfuilim sáite as an phótaire spreasánta i dtólamh ó d’fhág sé an scoil? “Ní choinneod do do chothú,” a deirim. “Chaithfir fháil posta dhuit féin.” Ach, Muise, is measa é nuair a fhaigheas sé post; ólann gach a thuilleas.

Chroith Mr O’Connor a cheann a chásamh leis, agus stán an seanfhear ar an tine gan focal eile as. D’oscail duine éigean an doras gur ghlaoigh:

“Halló! An cruinniú Máisiún é seo?”[59]

“Cé atá ann?” a deir an seanfhear.

“Cad chuige go bhfuilir sa dorchadas?” a d’fhiafraigh an guth.

“An tusa atá ann, *Hynes*?” a d’fhiafraigh Mr O’Connor.

“Is mé. Cad chuige go bhfuilir sa dorchadas?” a dúirt an t-uasal Uí hEidhin agus é ag druidim le solas na tine.

Fear óg ard agus caol le croiméal buí-dhonn a bhí ann. Bhí braonta báistí ar crochadh thar imeall a hata agus bhí cába a sheaicéid iompaithe suas aige.

“Halló, Mat,” a dúirt sé le Mr O’Conner, “cad é mar atá ag éirí leat?”

Chroith Mr O’Connor a cheann. D’éirigh an seanfhear ón tine agus, tar éis ladhrála timpeall an tseomra dhó, d’fhill le dhá choinneal a lasadh sa tine ceann i ndiaidh a chéile, gur rug chuig an tábla iad. Tháinig seomra lom chun solais agus chaill an tine a luisne chroíúil. Ní raibh aon rud ar na ballaí cé is moite de chóip óráide toghcháin. I lár an tseomra bhí tábla beag ar a raibh carn páipéar.

Sheas Mr Hynes i gcoinne an mhatail agus d’fhiafraigh:

“Nár íoc sé go fóill sibh?”

“Níor íoc,” a dúirt Mr O’Connor. “Tá súil agam ó Dhia nach bhfágfaidh sé ar an talamh tirim sinn anocht.”

Rinne Mr Hynes smiota gáire.

“Ó, íocfaidh. Bí cinnte dhe,” a dúirt.

“Tá súil agam nach ndéanfaidh moill leis má tá dáiríre faoi,”, a dúirt Mr O’Connor.

“Céard a cheapair-se, Jack?” a dúirt Mr Hynes go magúil leis an tseanfhear.

“Ní hé nach bhfuil sé aige ar aon chuma. Ní hionann is an tincéir eile,” a dúirt an seanfhear, ag filleadh ar a chathaoir dó.

“Cén tincéir eile?” a dúirt Mr Hynes.

“Colgan,” a dúirt an seanfhear go tarcaisneach.

“An de bhrí gur fear oibre Colgan a deirir sin? Cad é an difríocht idir bríceadóir maith ionraic agus tábhairneoir – ha? Nach bhfuil an oiread céanna cirt ag fear oibre ar bhallraíocht sa *Corporation*[60] le haon duine eile, go deimhin, nach bhfuil níos mó cirt aige uirthi ná ag na Seoiníní sin a shléachtas d’aon duine a mbíos teideal aige. Nach fíor dom, Mat?” a dúirt Mr Hynes, agus é ag díriú a chuid cainte ar Mr O’Connor.

“Sílim gur fíor duit,” ar Mr O’Connor.

“Duine amháin díobh, is duine ionraic simplí gan lúitéis ag baint leis. Gníomhaíonn thar cheann an lucht oibre. An ceann seo a n-oibrír-se dhó, níl uaidh ach post éigean dó féin.”

“Gan dabht ní mór labhairt ar son an lucht oibre,” ar an seanfhear.

“An fear oibre,” ar Mr Hynes, “eisean a fhaigheas cuid Pháidín den mheacan i gcónaí. Ach is obair a chuireas gach aon rud i gcrích. Níl an fear oibre ag dréim le poist mhóra mhillteacha dá mhic, nianna, chol cheathrara agus eile. Ní tharraingeoidh an fear oibre clú Átha Cliath tríd an láib a sodar i ndiaidh monarc Gearmánaigh.”[61]

“Conas sin?” a dúirt an seanfhear.

“Nach bhfuil a fhios agat gur mian leo aitheasc fáilte a chur roimh Edward Rex má thagann anseo an bhliain seo chugainn. Cén fáth go bhfuilimid ag lústar le rí allúrach?”

“Ní thabharfaidh ár bhfear a ghuth ar son an aithisc,”, ar Mr O’Connor. “Taobhaíonn le clár an Náisiúnachais.”

“Nach dtabharfaidh?” ar Mr Hynes. “Fan go bhfeicfir. Tá aithne agam air. *An Tricky Dickey Tierney* atá i gceist?”

“Dar m’anam! B’fhéidir go bhfuil an ceart agat, Joe,” ar Mr O’Connor. “Ar aon chuma, tá súil agam nach loicfidh orainn ó thaobh an airgid atá dlite dhúinn.”

Thost an triúr. Chrom an seanfhear a chruinniú thuilleadh cnámhóg. Bhain Mr Hynes de a hata, chroith é agus d’fhill cába a chóta, gur nocht duilleog eidhneáin air.

“Dá mba beo an fear seo,” ar sé, agus é ag síneadh a mhéire ar an duilleog, “ní beadh aon chaint ar óráid fháilte ann.”

“Is fíor sin,” ar Mr O’Connor.

“Muise, mo ghraidhin an aimsir úd!” ar an seanfhear. “Bhí beocht éigean inti.”

Tháinig tost ar an tseomra arís. Ansin d’oscail fear beag bíogúil le cluasa ró-dhearga, d’oscail an doras de phreab. Sciurd anall chuig an tine agus é ag smaoisíl ag an fhuacht agus ag cuimilt a lámha lena chéile mar a bheadh ag iarraidh aithinne a bhaint astu.

“Diabhal airgid, a bhuachaillí,” ar sé.

“Suigh síos anseo, Mr *Henchy,*”[62] ar an seanfhear, a thairiscint a chathaoireach.

“Ó, ná corraigh thú féin, Jack, ná corraigh,” ar an t-Uasal Uí hAonghusa.

Chroith a cheann go giorraisc ar Mr Hynes agus bhuail faoi sa chathaoir a d’fhág an seanfhear.

“Ar fhreastalais ar Shráid Aungier?” a d’fhiafraigh de Mr O Connor.

“D’fhreastalas,” ar Mr O Connor agus thochail a phócaí ag lorg meabhrán dó.

“Ar thugais cuairt ar Grimes?”

“Thugas.”

“Agus cad é an taobh a bhfuil sé leis?”

“Ní thabharfadh a fhocal leis. Is ea a dúirt: ‘Ní inseod d’aon duine cén chaoi a vótálfad.’ Ach measaim go mbeidh sé ceart go leor.”

“Cén fáth?”

“D’fhiafraigh dhíom cé hiad na moltóirí: agus d’insíos dó. Luas ainm an Athar Burke. Measaim go mbeidh sé ceart go leor.”

Thosaigh Mr Henchy ag smaoisíl agus ag cuimilt a lámha lena chéile de luas mire. Ansin dúirt:

“As ucht Dé leat, Jack, agus faigh roinnt bheag guail. Ní mó ná tá cuid éigin ann fós.”

D’imigh an seanfhear ón tseomra.

“Is cath caillte é,” ar Mr Henchy, ag croitheadh a chinn dó. “D’iarras ar mhaidrín lathaí, ach is éard a dúirt: ‘Arú, anois, Mr Henchy, nuair a fheicim obair á déanamh mar is cóir, ní dhearmadfad thú, ná bíodh imní ort.’ An tincéir sprionlaithe! Muise, nach é is dúchas dó?”

“Céard a dúras leat, Mat?” ar Mr Hynes. “Tricky Dicky Tierney.”

“Ó, duine níos slime ní bhfaighfeá,” ar Mr Hynes. “Ní gan ábhar na súile beaga muice sin aige. Mallacht Dé air! Nach bhféadfadh sé íoc a bhfuil tuillte dhúinn mar a dhéanfadh fear, in áit: ‘Ó, anois, Mr Henchy, caithfead labhairt le Mr Fanning... Tá a lán airgid caite agam’? An snasairín bróg suarach buí! Ní bheidh ifreann lán go dté sé ann! Déarfainn go bhfuil sé dearmadta aige an tráth ba shiopadóir seanéadaí ar Lána Mhuire a athairín cranda.”

“Ach an fíor sin?” a d’fhiafraigh Mr O Connor.

“Go deimhin féin, is fíor,” ar Mr Henchy. “Nár chualais sin riamh? Agus théadh na fir isteach maidin Domhnach sula mbíodh na tithe ar oscailt a cheannach veiste nó treabhsair – mar dhia! Ach bhíodh *tricky* buidéal beag dubh thuas i gcoirnéal ag athairín Tricky Dicky i gcónaí. An dtuigir? Sin sin. Is ann a d’fhoghlaim seisean a cheird.”

D’fhill an seanfhear le cúpla cloch guail gur leag anseo is ansiúd ar an tine iad.

“Nach deas an scéal sin,” ar Mr O’Connor. “Conas atá sé ag brath ar obair uainn mura gcuireann a lámh ina phóca?

“Níl neart agam air,” ar Mr Henchy. “Is dóigh liom go mbeidh na báillí sa halla nuair a bhainim mo bhaile amach.”

Rinne Mr Hynes gáire agus, ag brú é féin amach ón mhatal lena ghuaillí dhó, chuir gothaí imeachta air féin.

“Beidh sé ceart go leor nuair a thiocfaidh King Eddie,” ar sé. *Well*, a bhuachaillí, buailfead bóthair go ceann tamaill. Feicfead ar ball sibh. *’Bye, ’bye.*”

Shiúl go mall ón tseomra. Ní dúirt ceachtar díobh Mr Henchy ná a seanfhear dada ach, agus an doras ag dúnadh, Mr O’Connor, a bhí ag stánadh go dúnárasach ar an tine roimhe sin, ghlaoigh go tobann air”

“*’Bye*, Joe.”

D’fhan Mr Henchy cúpla nóiméad sular chlaon a cheann ar an doras.

“Insighí dhom,” ar sé ón taobh eile den tine, “cad a sheolas ár gcara anseo? Céard atá uaidh?”

“Muise, Joe bocht!” a deir Mr O’Connor, ag caitheamh a thoitín sa tine dhó, “tá sé ar an ghannchuid, fearacht gach aon duine eile againn.”

Rinne Mr Henchy cáithíl fhada gur chaith an oiread seile sa tine gur dhóbair nár mhúch an tine, a lig siosarnach fhraochta aisti.

“Déanta na fírinne”, ar sé, “is é mo bharúil gur fear ón taobh eile é. Brathadóir Colgan, dar liomsa. ‘Buail isteach chucu agus déan iarracht fáil amach cad é mar atá ag éirí leo. Ní bheid in amhras ort.’ An dtuigeann sibh?”

“Á, is duine gnaíúil é Joe bocht,” ar Mr O’Connor.

“Ba dhuine gnaíúil cóir a athair,” a d’admhaigh Mr Henchy. “Sean-Larry Hynes bocht! Is iomaí soilíos a rinne do dhuine lena ré! Ach is oth liom a rá nach ór naoi gcarat déag ár gcara. Go deimhin féin, tuigim duine a bheith gan cianóg rua, ach is é an rud nach dtuigim, súdaireacht. Nach bhféadfadh é féin a iompar mar a dhéanfadh fear?”

“Ní chuirimse céad míle fáilte roimhe nuair a thagas,” ar an seanfhear. “Oibríodh sé dá thaobh féin i leaba teachta anseo a spiaireacht.”

“N’fheadar,” ar Mr O’Connor go héiginnte agus é ag baint thobac agus dhuilleoga toitín amach. “Sílim gur fear ionraic Joe Hynes. Tá sé cliste leis, i mbun peannaireachta. An gcuimhin leat an rud a scríobh...?”

“Tá cuid den lucht sléibhe agus de na Fíníní ró-ghlic dar liomsa,” ar Mr Henchy. An bhfuil a fhios agaibh céard é mo bharúil rúnda féin ar chuid de na cleasaithe beaga seo? Measaim go bhfuilid ina phóca ag an Chaisleán.”

“Ní fios d’aon neach beo,” a deir an seanfhear.

“Ó ach is fios dom go cinnte gur fíor é,” ar Mr Henchy. “Is giollaí an Chaisleáin iad... ní áirím Mr Hynes... an diabhail más é, measaim go bhfuil seisean pas beag níos fearr ná sin... Ach tá firín uasal camshúileach áirithe ann... an aithníonn sibh an tírghráthóir atá i gceist agam?”

Sméid Mr O’Connor a cheann.

“Sin sliocht díreach *Major Sirr* duit más é do thoil é![63] Ó, tírghráthóir cráifeach! Sin ceann a dhíolfadh a thír ar thoistiún – dhíolfadh – agus théadh ar a dhá ghlúin a ghabháil buíochais le Críost Uilechumhachtach go raibh tír le díol aige.”

Bualadh an doras.

“Tar isteach!” a dúirt Mr Henchy.

Tháinig fear sa doras a raibh cosúlacht sagairt nó aisteora boicht air. Bhí a éadaí bána fáiscthe go dlúth um a chorp giortach ag cnapaí agus níor léir an bóna sagairt nó tuata a bhí air óir bhí cába a chasóg eireabaill gioblaí, a raibh scáil sholas na coinnle sna cnapaí nochta, bhí sé crochta suas thar a mhuineál. Bhí babhlaer d’fheilt dhubh chrua á chaitheamh aige. A aghaidh, a raibh braonta drithlíneacha báistí greamaithe léi, bhí dealramh cáise buí taise uirthi. D’oscail sé a bhéal an-fhada go tobann a chur a dhíomá in iúl agus agus san am chéanna leathnaigh a shúile ghorma fíor-lonracha le teann áthais agus iontais.

“Ó *Father Keon*!” a deir Mr Henchy ag léim aníos dá chathaoir dó. “An tusa atá ann? Tar isteach!”

“Arú, *no*, ní dhéanfad!” ar an t-Athair Mhic Eoghain go grod agus é ag crapadh a liopaí mar a bheadh ag labhairt le páiste.

“Nach dtiocfair isteach go suífir síos?”

“*No, no,* ní dhéanfad!” ar *Father Keon* de ghuth chiúin bhog. “Ná théim sa bhealach oraibh anois! Nílim ach ag dul ar lorg Mr Fanning... ”

“Tá sé thall sa *Black Eagle*,” ar Mr Henchy. “Ach nach dtiocfá isteach a shuí síos nóiméad?”

“*No, nó,* go raibh maith agat. Ní raibh ann ach ceist bheag gnó,” ar Father Keon. “Go raibh míle maith agat.”

Chúlaigh sé ón doras gur rug Mr Henchy ar cheann de na coinnle agus chuaigh anonn chuig an doras a shoilsiú a shlí síos staighre dhó.

“Ó, impím ort, ná buair thú féin leis!”

“Ach, tá an staighre an-dorcha.”

“*No, nó*, feicim an bealach... Go raibh míle maith agat.”

“An bhfuilir ceart go leor anois?”

“Tá, *thanks... Thanks*.”

D’fhill Mr Henchy leis an choinnle gur chuir ar an bhord é. Shuí síos ag an tine arís. Lean tost ar feadh scaithimh.

“Inis dom, John,” a deir Mr O’Connor agus é ag lasadh a thoitín le cárta eile.

“Eá?”

“Céard go baileach í a ghairm bheatha?”

“Cuir ceist níos éasca orm,” ar Mr Henchy.

“Tá Fanning agus é féin an-mhór lena chéile. Bíd go minic i dtigh *Kavanagh* i bhfochair a chéile. An sagart é ar chur ar bith?”

“É, creidim gurb é... Sílim gur coilíneach nó éan corr é. Níl mórán díbh sin againn, buíochas le Dia! Ach tá cúpla daoine mar sin againn... Is truán de chineál éigin é... ”

“Agus cén chaoi a shaothraíos sé a bheatha?” ar Mr O’Connor.

“Sin mistéir eile.”

“An bhfuil sé ar fostú ag tigh pobail nó ag eaglais nó cumann nó -”

“Níl,” ar Mr Henchy, “sílim go bhfuil ag taisteal ar a chonlán féin...[64] go maithe Dia dhom é,” a dúirt sé mar aguisín, “Shíleas gurbh é an dhá bhuidéal déag pórtair.”

“An bhfuil geall ar bith ar dheoch amháin féin?” a d’fhiafraigh Mr O’Connor.

“Tá tart ormsa freisin,” a dúirt an seanfhear.

“D’iarras ar an ghiolla beag bróg faoi thrí,” a dúirt Mr O’Connor “cur dosaen pórtar chugainn. D’iarras arís air anois díreach, ach bhí sé ansin i gcabhail a léine ag cabaireacht le *Alderman Cowley* agus a thaca ligthe leis an chuntar aige.”

“Cad chuige nár chuiris i gcuimhne dhó é?” a dúirt Mr O’Connor.

“Go deimhin, ní fhéadfainn dul anonn chuige agus é ag caint le Alderman Cowley. D’fhanas gur tharraingeas a shúil orm agus dúras: ‘Maidir leis an ábhar beag sin a rabhas a caint leat faoi...’ ‘Beidh sé sin i gceart, Mr H.,’ a deir sé. Dhera, is amhlaidh go bhfuil dearmad glan déanta air ag an dailtín.

“Tá uisce faoi thalamh sa cheantar sin,” a dúirt Mr O’Connor go smaointeach. “Chonaiceas an triúr díobh ag cur is ag cúiteamh le chéile faoi rud éigin inné ar choirnéal Shráid Suffolk.

“Sílim go bhfuil a fhios agam céard atá ar bun acu,” ar Mr Henchy. “Ní mór duit bheith i bhfiacha ag seanóirí na Comhairle más mian leat go dtoghfar i d’Ardmhéara thú. Ansin déanfaid Ardmhéara dhíot. Ambaiste! Ba cheart domsa dul i mo sheanóir Comhairle. Céard a cheapthaoi? An bhfuil ábhar Ardmhéara ionaim?”

Rinne Mr O’Connor gáire.

“Tá, ó thaobh fhiacha airgid...”

“Do mo thiomáint amach as Tigh an Ardmhéara,” ar Mr Henchy, “mé gléasta go péacógach, agus Jack ina sheasamh taobh thiar díom is bréagfholt púdrach air – há?”

“Agus déan rúnaí pearsanta agat díomsa, John.”

“Déanfad, agus fostód Father Keon mar shéiplíneach pearsanta agam. Beimid inár gcóisir cheart.”

“Dar mo choinsias, Mr Henchy,” a dúirt an seanfhear, “bheadh níos mó galántachta ag baint leatsa ná ag cuid díobh. Bhíos ag caint lá amháin le sean-Keegan, an doirseoir. ‘Agus conas a thaitníos do mháistir nua leat, Pat?’ ar mise leis. ‘Ní bhíonn mórán fáiltithe le déanamh agat anois ,’ a deirim leis. ‘Fáiltiú!’ ar sé. ‘Mhairfeadh seisean ar bholadh cheirt olla.’ Anois, dar mo bhriathar níor chreideas é.”

“Céard?” a dúirt Mr Henchy agus Mr O’Connor.

“Is éard a dúirt sé liom: ‘Cad é do bharúil faoi Ardmhéara Átha Cliath ag cur duine faoi choinne phunt gríscíní dá dhinnéar? ‘Sin rabairne dhuit!’ ar sé. ‘Muise! Muise,’ a deirim. ‘Punt gríscíní,’ a deir sé, ‘ag teacht chuig Teach an Ardmhéara.’ Muise!’ ar mé, ‘cén chineál daoine againn ar chor ar bith anois?’”

Ansin bualadh an doras, agus chuir buachaill a cheann isteach.

“Cad é?” a dúirt an seanfhear.

“Ón *Black Eagle*,” ar an buachaill, ag siúl de leataobh isteach dhó gur leag an ciseán ar an urlár le cling buidéal.

Chuidigh an seanfhear leis an bhuachaill a aistriú na mbuidéal ón chiseán don tábla gur ríomh an t-iomlán. Tar éis an aistrithe chuir an buachaill an ciseán faoina láimh gur iarr:

“Aon bhuidéal?”

“Cén buidéal?” ar an seanfhear.

“Nach ligfeá dhúinn a n-ól ar dtús?” ar Mr Henchy.

“Dúradh liom iarradh na mbuidéal.”

“Tar ar ais amárach,” ar an seanfhear.

“Gabh i leith, a bhuachaill!” ar Mr Henchy, an ngabhfair anonn go O’Farrell faoi dhéin iasacht corcscriú – do Mr Henchy, abair. Inis dó nach mbeidh sé dhá mheandair againn. Fág an ciseán ansin.”

D’imigh an buachaill agus thosaigh Mr Henchy ag cuimilt a lámh lena chéile go meanmnach, ag rá dhó:

“Á, *well*, níl sé chomh dona sin i ndeireadh na dála. Fear dá fhocal é, ar aon chuma.”

“Níl timbléir againn,” a dúirt an seanfhear.

“Ó, ná cuireadh sin buaireamh ort, Jack,” ar Mr Henchy. “Is iomaí fear maith a d’ól ón bhuidéal roimhe seo.”

“Ar aon nós, tá sé níos fearr ná dada,” ar Mr O’Connor.

“Ní hé is measa,” ar Mr Henchy, “ach amháin go bhfuil faoi chomaoin ag Fanning. Tá a chroí san áit cheart, an bhfuil a fhios agaibh, ina dhóigh shuarach fhéin.”

Tháinig an buachaill ar ais le corcscriú. D’oscail an seanfhear trí bhuidéal agus bhí sé ar tí thabhairt an corcscriú ar ais nuair a dúirt Mr Henchy leis an bhuachaill:

“Ar mhaith leat deoch, a bhuachaill?”

“Más é do thoil é, a dhuine uasail,” a dúirt an buachaill.

D’oscail an seanfhear buidéal eile go doicheallach, agus thug don bhuachaill.

“Cén aois thú?” a cheistigh sé.

“Seacht mbliana déag,” ar an buachaill.

De bhrí nach ndúirt an seanfhear aon cheo eile, ghlac an buachaill an buidéal agus dúirt: “Go raibh céad maith agat, a dhuine uasail,” le Mr Henchy, gur dhiúg a raibh ann, chuir an buidéal ar ais ar an bhord agus chuimil a bhéal lena mhuinchille. Ansin thóg an corcscriú agus chuaigh de leataobh amach an doras, ag rá ceiliúrtha de shaghas éigin faoina fhiacla dhó.

“Sin mar a thosaíos sé,” a dúirt an seanfhear.

“Ceann caol na dinge,” ar Mr Henchy.

Dháil an seanfhear an trí bhuidéal a d’oscail agus d’ól na fir in éidí uathu. Iar n-ól dóibh leag gach aon a bhuidéal ar an mhatal in aice láimhe agus tharraing anáil fhada go sona sásta.

“*Well*, rinneas lá maith oibre inniu,” a dúirt Mr Henchy, iar sos cainte.

“An mar sin é, John?”

“Sé. Fuaireas dóigh mhaith bhuaite nó dhó dhó, mise agus *Crofton*. Eadrainn féin, an bhfuil a fhios agat, níl Crofton (is duine ionraic é, ar ndóigh), ach níl sé thar mholadh beirte mar chanbhasálaí. Níl focal le caitheamh ar mhadra aige. Seasann sé ansin agus féachann ar dhaoine a fhad is a dhéanaim féin an chaint.”

Ag an phointe seo, chuaigh beirt fhear isteach sa tseomra. Ba dhuine an-rabhar é duine dhíobh a shílfeá go raibh a éadaí gorma saraiste i mbaol a sleamhnaithe dá chorp mhásach. Bhí aghaidh mhór ar dhealramh daimh óig aige, dhá shúil leamha gorma agus croimbéal bricliath. An fear eile, a bhí i bhfad níos óige agus níos leochailí, bhí aghaidh thanaí, ghlanbhearrtha aige. Bhí cába ard dúbailte agus babhlaer le duilleog fhada á gcaitheamh aige.

“Hello, Crofton!” ar Mr Henchy leis an fhear ramhar. “Tig gach aon rud lena iomrá...”

“Cá as a tháinig an t-ól?” a d’fhiafraigh an fear óg. “Ar rug an bhó?”

“Ó, ar ndóigh, aimsíonn *Lyons* an t-ól ar an phointe bhoise!” a dúirt Mr O’Connor go gáireach.

“An mar sin dhéanas sibhse canbhasáil,” ar Mr Lyons, “agus mise agus Crofton amuigh faoin fhuacht agus bháisteach ag iarraidh vótaí?”

“Téigh i dtigh diabhail,” ar Mr Henchy, “Gheobhainn níos mó guthanna in achar chúig nóiméad ná mar a gheobhadh an bheirt dhíobhse i seachtain.

“Oscail dhá bhuidéal pórtair, Jack,” a dúirt Mr O’Connor.

“Cén chaoi?” ar an seanfhear, nuair nach bhfuil corcscriú ann?”

“Fanaighí anois, fanaighí anois!” ar Mr Henchy, ag éirí dá chathaoir go tapaigh dhó. An bhfacabhair an cleas beag seo riamh?”

Thóg sé dhá bhuidéal ón bhord, agus, arna n-iompar chuig an tine, chuir ar an bhac. Ansin shuigh síos arís agus bhain slog eile dá bhuidéal. Shuigh Mr Lyons síos ar imeall an tábla, bhrúigh a hata siar go cúl a chinn agus thosaigh ag luascadh a chos.

“Cé dhíobh mo bhuidéalsa?” a d’fhiafraigh.

“Éistighí an garsún seo,” ar Mr Henchy.

Shuigh Mr Crofton síos ar bhocsa agus stán ar an bhuidéal eile ar an iarta. D’fhan sé ina thost ar dhá chúis. An chéad-chúis, agus ba leor sin mar chúis, ní raibh dada le rá aige; an dara chúis, mheas nach raibh a chompánaigh sách maith dhó. Bhíodh sé ina strucálaí do Wilkins, an Coimeádach, ach nuair a tharraing na Coimeádaigh a fhear amach agus, ag tógáil an rogha is fearr den dá dhíoga dhóibh, thugadar a dtacaíocht don iarrthóir Náisiúnach, cuireadh seisean ag obair thar cheann Mr Tierney.

Tar éis chúpla nóiméad rinneadh torann leithscéalach “Poc!” ag preabadh don chorc ó bhuidéal Mr Lyons.

“D’insíos dóibh anois beag, Crofton,” a dúirt Mr Henchy, “go bhfuaireamar roinnt mhaith guthanna inniu.”

“Cé a fuaireabhair?” ar Mr Lyons.

“Is ea, duine amháin a fuaireas, *Parkes*, duine eile ná Atkinson, agus fuaireas *Ward* Shráid Dhásain. Seanbhuachaill breá é freisin – seanridire galánta cruthanta, sean-Choimeádach! ‘Ach nach Náisiúnach é bhur n-iarrthóir?’ a deir sé. ‘Fear creidiúnach é,’ a dúrasa. ‘Tá sé i bhfabhar pé ruda atá ina leas don tír seo. Is íocóir mór rátaí é,’ ar mise. ‘Tá gabháltas mór tithe sa chathair agus trí ionad gnó aige agus nach chun a leasa féin é coinneáil na rátaí go híseal? Is saoránach mór le rá é a bhfuil meas an phobail air,’ a dúras, ‘agus ball den Bhord Bardachta, agus ní bhaineann le páirtí ar bith, dubh, bán ná riabhach. Sin an dóigh é le labhairt leo.”

“Agus céard faoin aitheasc fáilte don rí?” ar Mr Lyons, tar éis dó ól dá bhuidéal agus tar éis flaspaíola dhó.”

“Éist liom,” a dúirt Mr Henchy. “Is éard atá de dhíobháil orainn sa tír seo, mar a dúras le Sean-Ward, caipiteal. Tiocfaidh meall mór airgid isteach sa tír seo mar gheall ar theacht an rí anseo. Rachaidh sé chun tairbhe saoránach Átha Cliath. Féach a liacht monarchan thíos ag na céanna ansin, agus iad díomhaoin! Féach an méad mór airgid atá sa tír ach cur ar siúl na sean-tionscal, na muilte, na longcheártaí agus na monarchana. Airgead atá de dhíobháil orainn.”

“Ach, éist uaim, John,” a dúirt Mr O’Connor. “Cad is call dúinn cur fáilte roimh Rí Shacsana. Nach ndúirt *Parnell* féin...”[65]

“Tá Parnell,” a dúirt Mr Henchy, “marbh. Anois, seo mo dhearcadh air. Diúlach a tháinig i gcoróin tar éis a coinneála uaidh go raibh sé liath ag a mháthair.[66] Is fear a thuigeas an saol é, agus tá deá-mhéin aige dhúinn. Is fear breá lách é, de réir mo bharúla, agus níl aon áiféis ag baint leis. A deir sé leis féin: ‘Níor thug an tseanchailleach cuairt ar na hÉireannaigh fiáine riamh. Dar Chríost, rachadsa anonn a chur aithne orthu.’ Agus an bhfuilimidne ag tionscnamh a mhaslaithe nuair a thagas sé anseo ar cuairt cairdis? Ea? Nach fíor sin, Crofton?”

Chlaon Mr Crofton a cheann.

“Ach i ndeireadh na dála,” ar Mr Lyons go haighneasach, “níl saol an Rí Edward, an bhfuil fhios agat, ní sé thar a bheith...”

“An rud atá thart bíodh thart,” a dúirt Mr Henchy. “Ó mo thaobh féin de, tá an-mheas agam air. Is gnáth-pheacach an tsaoil é, fearacht tusa agus mise. Tá dúil aige i ngloine óil agus is cineál bhuachaill báire é,[67] b’fhéidir, agus is fear mór spóirt é. As ucht Dé, nach bhfuil cothrom na Féinne ionainn sa tír seo?”

“Tá go breá,” a dúirt Mr Lyons. “Ach féach cás Parnell anois.”

“As ucht Dé,” a dúirt Mr Henchy, “ach céard í an chosúlacht idir an dá chás?”

“Is éard is ciall leis agam,” ar Mr Lyons, “tá idéalaithe againn. Cén fáth an gcuirfimis fáilte roimh fhear mar sin? An gceapair anois, tar éis a rinneamar, gur cheannaire feiliúnach é Parnell orainn?[68] Agus cén fáth, mar sin an bhfáilteoimis roimh Edward VII anois?”

“Seo lá cuimhneacháin Parnell,” ar Mr O’Connor, “agus ná músclaímis faltanas. Tá meas ag an uile dhuine anois air ó tá sé marbh agus curtha – go fiú ag na coimeádaigh,” a dúirt sé, ag casadh i dtreo Mr Crofton dó.

Pac! Phreab an corc déanach as buidéal Mr Crofton. D’éirigh an Croftonach dá bhocsa agus chuaigh anonn don tine. Arna theacht ar ais dó, dúirt de dhorghlór:

“Tá meas ag ár dtaobh-sa den tigh air, mar gur dhuine uasal é.”

“Is fíor duit, Crofton!” a dúirt an t-Aonghusach go díocasach. Eisean an t-aon fhear a raibh i gcumas bhaint cirt as an mhála cat sin. ‘Síos as sin, a mhaistíní! Luíghí fúibh, a scraimínigh!’ Sin an dóigh a chaith sé leo. Tar isteach, Joe! Tar isteach a ghlaoigh sé, ar feiceáil Mr Hynes sa doras.

Tháinig Mr Hynes isteach go mall.

“Oscail buidéal eile pórtair, Joe,” ar Mr Henchy. Ó, mo dhearmad, níl corcscriú againn! Gabh anseo, tabhair ceann díobh dhomh go gcuirfead ag an tine é.”

Thug an seanfhear buidéal eile dhó gur chuir seisean ar an iarta é.

“Buail fút, Joe,” a dúirt Mr O’Connor, “anois díreach a bhíomar ag plé an Cheannasaí.”

“Is é, go deimhin!” ar Mr Henchy.

Shuigh Mr Hynes síos ar chorr an tábla i bhfogas Mr Lyons ach d’fhan ina thost.

“Seo duine dhíobh, ar aon chuma,” a dúirt Mr Henchy, “nár thréig é. Muise, déarfad an méad seo i do thaobh, Joe! Arú, ambaiste, d’fhanais dílis dó mar a dhéanfadh fear!”

“Ó, Joe,” a dúirt Mr O’Connor gan choinne. “Tabhair dúinn an rud sin a scríobhais – an gcuimhnír? An bhfuil sé leat anois i do sheilbh agat?

“Sea, tabhair!” ar Mr Henchy. “Abair sin dúinn. Ar chualais sin riamh, Crofton? Éist le seo anois: rud iontach.”

“Gabh i leith,” a dúirt Mr O’Connor. “Ar aghaidh leat, Joe.”

Shílfeá nár chuimhin le Mr Hynes an aiste ar a rabhadar ag trácht ach, i ndiaidh nóiméad machnaimh, a dúirt sé:

“Ó, an rud sin an é?... Muise, tá sé sin seanchaite anois.”

“Amach leis, a fhir!” a dúirt Mr O’Connor.

“Fuistighí, fuistigh” ar Mr Henchy. “Anois, Joe!”

Rinne Mr Hynes dóbartaíl ar feadh scaithimh eile. Ansin, faoi mharbhchiúnas an tseomra, bhain de a hata, leag ar an bhord é gur sheas suas. Bhí an chuma air go raibh sé ag cleachtadh ruda éigin ós íseal. Tar éis tosta fada d’fhógair:

BÁS PARNELL
6 MEÁN FÓMHAIR 1891

Rinne cúpla casacht bheag nó gur thosaigh:

Tá sé marbh. Tá ár Rí gan Choróin marbh.
A Éire, caoin go géar goirt
Mar mhilleadar é, fimíní ár linne searbh
is d’fhágadar a éagmais ort.

Tá sé sínte marbh, maraithe ag an chonairt chladhartha
a thóg seisean ón phuiteach;
is tá aisling is dóchas Éireann
táid fágtha ina gciseach.

I bpálás, i dtigh nó i mbothán
An croí Éireannach, pé áit ina bhfuil sé
tá sé brúite – óir tá Parnell sciobtha uainn
an té a chuirfeadh crot is críoch lenár ré.

Bhainfeadh cáil a Éire ionúine amach
Scaoilfeadh an brat uaine, brat a roghain.
D’ardódh a hionadaithe, baird is laoch’
os comhair súl náisiún uile an Domhain

Saoirse a bhí sé ag tnúth léi
faraor ní raibh sa tsaoirse ach aisling gheall
Rinne gach iarracht a cur chun críche
ach baineadh a aisling uaidh le fuath is feall

Mo náire na lámha meata crua
a mharaíodar a dTiarna nó le póg fhuar
a rinne scéal air le daoscarshlua
na sagart lústrach nár chairde leis iad monuar!

Go mba údar náire a gcuimhne go deo

an dream a thriall clú an ardfhir a mhilleadh.
Dream ar chaith seisean anuas orthu le gleo
an tan glórmhar úd a bhí i mbarr a réime

Thit mar thitid na tréan
Níor chaill a mhisneach is níor ghéill
Agus thug an bás féin
le chéile é le laochra Gaedheal

Ní chuireann torann comhraic isteach ar a shuain
Ina luí go socair atá: níl i mbroid
anois ag pian saolta ná aidhm aduain
Ní spreagann éagóir é atá fós le troid.

Bhí a sásamh acu: threascraíodar é.
Ach a Éire, d'fhéadfadh a anam
éirí ó na mairbh - féinics ón tine
nuair a gheallfaidh lá lena fhanaim'

Lá thugas dúinn ár Saoirse.
Ar an ló sin, fara an lúcháir,
brón amháin dhéanfaidh Éire
'sea cuimhne Pharnell, a thit ar lár.

Shuigh Mr Hynes síos ar an tábla arís. Thit an seomra faoi thost i ndiaidh an duain agus ansin thosaigh gach aon duine ag bualadh bos: go fiú amháin Mr Lyons féin. Lean an moladh go ceann scaithimh. Nuair a chríochnaigh sé, d'ól an lucht éisteachta go léir óna mbuidéil gan focal astu.

Poc! Phreab an corc as buidéal An Eidhnigh, ach d'fhan Mr Hynes go tochtmhar ina shuí agus lasadh ina cheann nocht. Shílfeá nár airigh an cuireadh.

“Bullaí fir, Joe!” a dúirt Mr O'Connor, agus é ag baint a dhuilleoga toitín agus a spaga a cheilt an chorraithe air.

“Céard a deirir faoi sin, Crofton?” a dúirt Mr Henchy d'ard-ghlór. “Nach iontach é? Há?”

Dúirt Mr Crofton gurbh aiste filíochta den scoth é.

Máthair

Bhí *Mr Holohan,*[69] rúnaí cúntach *Eire Abu Society* [sic],[70] bhí ag siúl suas síos sráideanna Átha Cliath le beagnach mí anuas, a lámha agus a phócaí lán de ghiotaí broca páipéir, a eagrú na sraithe ceolchoirmeacha. Bhí leathchos bhacach faoi as ar bhaist a chairde Hoppy Holohan air. Shiúladh suas síos gan stad, nó sheasadh ag cúinní sráideanna ar feadh uaireannta an chloig ag dóbartaíl agus ag breacadh nótaí ar phár; ach i ndeireadh na dála ba í *Mrs Kearney*[71] a d'eagraigh gach aon ní.

Le teann oilc a d'éirigh *Miss Devlin*[72] ina Mrs Kearney. Fuair oideas i gclochar uasaicmeach, inar fhoghlaim Fraincis agus ceol. De bhrí gurbh é a dúchas aici bheith mílítheach agus doicheallach, ba bheag cairde aice sa scoil. Nuair a tháinig sí in inmhe a pósta, cuireadh chuig an iomad tithe í inar tugadh an-mheas ar a hoilteacht cheoil agus ar a dóigh choimhthíoch. Ansin a shuíodh sí lena cnuasach buanna fuara a fheithimh le suiríoch éigin a rachadh san fhiontar a thairiscint saol na bhfuíoll di. Ach na fir a gcasadh sí leo, bhíodar coitianta agus ní thugadh sí misneach dá laghad dóibh, ach d’itheadh go leor *Turkish Delight* faoi cheilt in iarracht thabhairt sóláis dá mianta rómánsúla. Nuair a bhí aois na seanmaighdine ag drannadh léi agus thosaigh a cairde ag caint fúithi áfach, phós sí Mr Kearney, gréasaí as Cé Urmhumhan, a chur a mbéadán siar ina mbéal.

Bhí seisean i bhfad níos sine ná í. Thagadh a chuid cainte, caint a bhí stuama dáiríre, thagadh amach as a fhéasóg mhór dhonn i ndreasa gairide. Tar éis bliana den tsaol pósta, thug Mrs Kearney faoi deara gur fheil fear dá leithéad níos fearr di ná duine rómánsúil, ach níor chaith sí a nóisin rómánsacha san aer riamh. Bhí sé stuama, tíosach agus cráifeach; théadh don teampull uair sa mhí ar an chéad-Aoine – uaireannta théadh léise, níos minice théadh leis féin ann. Ach d'fhan sí dílis dá teagusc féin agus bhí sí ina bean dílis dósan. Ag cóisir éigin i dtigh coimhthíoch sheasadh sé suas a fhágáil sláin ar an chuideachta ar ardú leath-mhala oiread na fríde dhise agus, nuair a ghoilleadh a chasacht air, chuireadh sí bruthrach clúmh lachan thar a chosa agus réiteodh puins láidir dó. Maidir leisean, ba athair dea-shamplach é. Chuireadh sé suim bheag airgid i gcumann gach seachtain, d’fhonn curtha céid punt an duine in áirithe dá bheirt iníonacha nuair a thagaidís in aois a gceithre bliana is fichid. Kathleen, an cailín is sine, chuir sé ar choinbhint mhaith í, ina ndearna sí staidéar ar an Fhraincis agus ar cheol, agus d’íoc as a táillí ag an *Academy* ina dhiaidh sin.[73] Gach uile bhliain i mí Iúil fuair Mr Kearney an deis a rá le cara éigin:

“Tá m'fhear maith ag seoladh chuig na Sceirí sinn ar feadh roinnt seachtainí.”

Murab iad na Sceirí, is Binn Éadair nó Na Clocha Liatha a bheadh i gceist.

Nuair a tháinig Athbheochan na Gaeilge i bhfaisean bhí Mrs Kearney meáite ar bhaint tairbhe as ainm a hiníne[74] agus chuir sí teagascóir Gaeilice ar an tigh. Sheol Kathleen agus a dheirfiúr cártaí poist Gaeilice chuig a gcairde agus sheol na cairde seo cártaí Gaeilice eile ar ais. Domhnaigh faoi leith, nuair a théadh Mr Kearney don Leas-Ardeaglais i gcuideachta a chlainne, chruinníodh drong bheag i ndiaidh an Aifrinn ar Shráid na hEaglaise. Ba chara leis na Kearneys an uile dhaoine dhíobh – cairde ceoil nó cairde Náisiúnacha; agus nuair a bhíodh gach aon bhlúire béadáin spíonta amach acu chroitheadar lámha in éineacht, go ndearnadar gáire faoi thrasnú an iomad lámh, agus dhéanaidís ceiliúradh dá chéile as Gaeilic. Níorbh fhada go raibh trácht bheag ar ainm *Miss Kathleen Kearney*. Dúirt daoine go raibh sí an-chliste ar cheol agus gur chailín sochaideartha í agus, lena chois sin, go raibh a croí istigh i ngluaiseacht na teangan. Bhí Bean Uí Cearnaigh breá sásta leis seo. Dá thairbhe sin ní raibh ionadh uirthi nuair a tháinig Mr Holohan chuici lá amháin a thairiscint poist dá hiníon mar thionlacaí ceoil sna cheithre cheolchoirm a tharfadh a *Society* sna *Antient Concert Rooms*.[75] Thug Mrs Kearney isteach don tseomra suí é, chuir ina shuí é gur

tharraing amach an *decanter* agus an soitheach airgid brioscaí milse. Chíor an fiontar go mion, mhol rudaí áirithe dhó agus chuir ó rudaí eile é; gur síneadh conradh sa deireadh a gheall ocht nguine do Kathleen as a obair mar thionlacaí sna cheithre choirm cheoil.

Mar gheall ar a aineolaí is a bhí Mr Holohan ar chúrsaibh íogaire mar fhoclaíocht bhillí agus eagrú chlár ceolchoirme, d'fhóir Mrs Kearney air. Bhí stuaim aici. Thuig sí cé na healaíontóirí ar chóir scríobhadh síos a n-ainmneacha i gceannlitreacha móra agus cé na healaíontóirí dar fheil cló beag. Bhí a fhios aici nár mhaith leis an gcéad-teanór teacht amach ar an stáitse tar éis dreasa grinn Mr Meade. Na dréachtaí ceoil nach raibh mórán iontaoibh aici astu, chuir sí idir na cinn sean-triailte iad a chealgadh an lucht féachana. Théadh Mr Holohan isteach chuici gach aon lá a iarraidh a comhairle faoi ghné áirithe. Bhí sí cairdiúil cabhrach i gcónaí – tíriúil, déanta na fírinne. Shíneadh an teisteán chuige, ag rá:

“Anois, tarraing ort é, Mr Holohan!”

Agus ag tarraingt air féin dó, dearadh sí:

“Ná bíodh cúthail ort! Tóg do sháith dhe!”

Chuaigh gach uile rud ar aghaidh go seó. Ceannaigh Mrs Kearney *charmeuse*[76] ghleoite ar dhath luisne grua i siopa Brown Thomas a fhuáil ar éadan gúna Kathleen. Chosain sí pingin mhaith airgid uirthi; ach uaireanta is fiú an tairbhe an t-airgead. Cheannaigh sí dosáin ticéad-dhá-scilling don choirm ceoil a sheoladh chuig na cairde nach raibh iontaoibh a dteachta aici murach sin. Ní dhearna dearmad ar aon rud agus, a bhuíochas uirthise, cuireadh i gcrích gach rud a bhí le déanamh.

Dé Céadaoine, Déardaoin, Dé hAoine agus Dé Sathairn a bheadh na ceolchoirmeacha ar taispeáint. Nuair a tháinig Mrs Kearney lena hiníon chuig an Halla Ceolchoirme Ársa oíche Dé Céadaoine, níor thaitin an chuma ar an scéal léi. Ina seasamh go díomhaoin sa phóirse bhí cúpla fear óg a raibh suaitheantais ghorma na spéire ar a gcótaí; ní raibh éadaí foirmiúla á gcaitheamh ag duine ar bith dhíobh. Lean sí ar aghaidh tharstu in éinfheacht lena hiníon agus ar spléachadh isteach doras oscailte an halla dhi thuig údar díomhaointeas na stíobhard. Rith sé léi ar feadh nóiméid go ndearna sí earráid faoin uair. Ach ní dhearna, bhí sé fiche nóiméad chun a hocht.

Sa tseomra feistis ar chúl stáitse cuireadh in aithne rúnaí na Cumann, *Mr Fitzpatrick* di. Rinne sí miongháire agus chroith lámh leis. Fear beag le gnúis mhílítheach bhómánta a bhí ann. Thug sí suntas do leathstuaic mhíshlachtmhar a hata boig doinn agus dá thuin thútach chainte. Bhí clár léirithe i leathláimh aige agus chogain sé ceann de ina liothrach báite fad is a bhí ag caint léi. Shílfeá nach luíodh sé go ró-ghéar air nuair a chuirtí cúl air. Tháinig Mr Holohan isteach sa tseomra feistis gach cúpla nóiméad le tuairisc ó oifig na dticéad. Labhair na hoirfidigh go tinneallach lena chéile, agus thugadar sracfhéachaint ar an scáthán ó am go ham nó chornadar agus leathadar amach a mbilleoga ceoil. Nuair a bhí sé leathuair tar éis a hocht, thug an beagán daoine sa halla a mífhoighne in iúil. Tháinig an t-Uasal Mhic Giolla Phádraig isteach, rinne miongháire leamh leis an lucht féachana agus dúirt:

“Is ea anois, a fheara agus a mná uasail. Is dóigh liom nár mhór dúinn tús a chur leis an bhál.”

Chaith Mrs Kearney súil tharcaisneach air mar gheall ar a shiolla deireanach neamhshnasta, gur thathantaigh ar a hiníon:

“An bhfuilir réidh, a thaisce?”

Nuair a fuair sí an fhaill, ghlaoigh Mr Holohan ar leith gur fhiafraigh dhe céard ba chiall leis an laghad daoine.

Dúirt seisean gur bhotún é méad na gceolchoirmeacha a d'eagraigh an Coiste: ba iomarca é cheithre chinn.

"Agus na *artistes*!" ar Mrs Kearney. "Ar ndóigh táid ag déanamh a ndíchill, ach is é fírinne an scéil nach bhfuilid go maith."

D'admhaigh Mr Holohan nach raibh na hoirfidigh go maith ach bheartaigh an Coiste, a dúirt sé, bheartaigh ligean an trí cheolchoirm tosacha tharstu a choinneáil na n-oirfideach ab fhearr d'oíche Dé Sathairn. Ní dúirt Mrs Kearney aon rud, ach, de réir mar a lean na míreanna laga ar an stáitse a chéile agus de réir mar a chuaigh an beagán daoine sa halla i dteirce, mhéadaigh a haiféala faoin airgead a chaith sí ar a leithéid de choirm cheoil. Bhí rud éigin faoin dealramh ar an scéal nár thaitin léi agus spréach meangadh leamh gáire Mr Fitzpatrick í. Mar sin féin, choinnigh sí guaim uirthi féin agus d'fhan go deireadh. Tháinig deireadh leis an gceolchoirm go gairid roimh a deich agus d'imigh gach uile dhuine abhaile go tapaigh.

Bhí níos mó daoine ann oíche Déardaoin ach thug Mrs Kearney faoi deara ar an toirt gur tugadh ticéid in aisce don lucht féachana. D'iompair an lucht féachana iad féin go míchuibhiúil, mar nach mbeadh sa cheolchoirm ach cleachtadh feistithe. Shílfeá gur bhain Mr Fitzpatrick sult as an oíche; níor thuig go raibh Mrs Kearney ag cur croin sa bhealach a bhí leis. Sheas sé ar imeall an scáthláin, ag sá a chloiginn amach ó am go ham a gháire le beirt cairde leis ar chúinne an áiléir. Fuair Mrs Kearney amach an oíche sin go gcuirfí ceolchoirm oíche Dé hAoine ar ceal agus go ndéanfadh an Coiste a seacht ndícheall chun bhaint amach lán tí oíche Dé Sathairn. Nuair a chuala sí seo, chuaigh ar thóir Mr Holohan. Gheafáil é ar a bhealach bacach amach le gloine líomanáide do bhean óg uasal, gur cheistigh dhe arbh fhíor é. Sea, a deir sé, b'fhíor.

"Ach, ar ndóigh, ní athríonn sin an conradh," ar sí. "Conradh cheithre cheolchoirm atá ann."

Shílfeá go raibh deifir ar Mr Holohan; Mhol sé dhí labhairt le Mr Fitzpatrick. Bhí Mrs Kearney ar a haireachas anois. Mar sin ghlaoigh anall Mr Fitzpatrick óna scáthlán go ndúirt leis gur chuir a hiníon a hainm le cheithre cheolchoirm agus go raibh an cúiteamh a beartaíodh ar dtús, go raibh sé sin dlite dhí, cuma cé acu dá gcuireadh an chumann cheithre cheolchoirm ar siúl nó nach gcuireadh. Níor thuig Mr Fitzpatrick a háiteamh láithreach agus bhí an chuma ar an scéal nach bhféadfadh sé an fhadhb a réiteach. Dúirt go dtarraingeodh an cheist anuas os comhair an *Comittee*. D'éirigh círín ar Mrs Kearney agus ba é a cloch nirt staonadh ón cheist a chuir:

"Agus cé hé an *Cometty* más ea?"

Ach thuig nach mbeadh sé sin banúil uaithi, agus d'fhan ina tost.

Cuireadh buachaillí óga amach ar phríomhshráideanna Átha Cliath go luath Dé hAoine le bearta fógrán. Bhí bolscaireacht speisialta i ngach uile pháipéar nuachta tráthnóna a thug le fios do leantóirí ceoil an aoibhneas a bhí faoina gcoinne an oíche lá arna mhárach. Mhaolaigh sin faitíos Mr Kearney beagán, ach thogair insint cuid dá hamhras dá fear. D'éist seisean go cluasach, go ndúirt nár mhór dó, b'fhéidir, teacht ina cuideachta oíche Dé Sathairn. D'aontaigh sí leis. Bhí meas aici ar a fear céile sa dóigh chéanna is a bhí meas aici ar Ardoifig an Phoist, mar rud mór daingean

diongbháilte; agus cé gur thuig sí laghad a bhuanna bhí meas aici air a bhuíochas ar a luach teibí mar fhear. Bhí sásta gur mhol sé dul léi. Chuimhnigh a plean.

Tháinig oíche na coirme móire. Tháinig Mrs Kearney, a fear céile agus a hiníon isteach san *Antient Concert Rooms* trí cheathrú uaire roimh an am a bhí an cheolchoirm le tosú. Ar an drochuair tráthnóna beag fliuch a bhí ann. D’fhág Mrs Keaney éadaí a hiníne i gcúram a fear céille gur chuardaigh an foirgneamh ó bhun go barr ar Mr Holohan nó ar Mr Fitzpatrick. Níor aimsigh ceachtar díobh. Cheistigh de na stíobhaird an raibh duine ar bith den Choiste sa halla agus, tar éis buairimh móir, thug stíobhard amach bean bheag darbh ainm *Miss Beirne*, agus mhínigh Mrs Kearney dhi gur mhian léi labhairt le duine de na rúnnaithe. Bhí Bean Uasal Ní Broin ag dréim leo nóiméad ar bith feasta agus d’fhiafraigh an raibh aon ní a d’fhéadfadh sise déanamh. Scrúdaigh Mrs Kearney an aghaidh scothaosta a bhí craptha i strainc muiníne agus díocais, gur fhreagair:

“Níl, go raibh maith agat!”

Bhí an bheainín ag súil le tigh maith. D’fhéach amach ar an bháisteach agus bhain gruaim na sráide fliche gach rian den mhuinín agus den dhíocas dá ceannaithe anchumtha. Ansin lig osna agus dúirt:

“Arú! Rinneamar ár ndícheall, ag Dia atá a fhios.”

B’éigin do Mrs Kearney filleadh ar an tseomra feistithe.

Bhí na hoirfidigh ag teacht isteach. Do tháinig an t-amhránaí dorghutha agus an teanór déach cheanna féin. Ba fhear caol óg le croiméal dubh scáinte an dordghuth, *Mr Duggan*. Mac le doirseoir in oifig sa chathair ab ea é. Chanadh sé nótaí fada doird sa halla mór lom nuair a bhí sé ina ghasúr. Do chuaigh sé chun cinn sa tsaol ón tús umhal seo nó go raibh sé ina oirfideach den chéad scoth. Chan sé i mór-cheoldráma cheana. Oíche amháin, nuair a bhuail tinneas oirfideach ceoldráma, ghlac sé páirt an rí i gceoldráma *Maritana* sa *Queen’s Theatre*. Chan sé le fuinneamh is le faobhar agus bhuaigh cion an tslua; ach, faraor, shalaigh an chion sin nuair a chuimil a shrón lena lámhainn uair nó dhó trí neamhaird. Duine neamhphostúil tostach ab é. D'fhuaimnigh ‘*yous*’ chomh híseal is nach dtabharfá faoi deara é agus níor ól deoch níos láidre ná bainne riamh ar mhaithe lena ghlór. Duine beag fionn ab é *Mr Bell*, an teanór déach, a ghlac páirt sa ‘*Feis Ceoil*’ [sic] gach bliain ar son na nduaiseanna. Bronnadh bonn cré-umha air ina cheathrú thriail. Ba dhuine thar a bheith imníoch é agus bhí an-éadmhar ar fad leis na teanóir eile agus cheileadh a éad imníoch le caint is cairdeas spleodrach. Bhí nós aige cur i gcion ar dhaoine gurbh ionann ceolchoirm agus páis céasta leis. Mar sin nuair a chonaic an Mr Duggan ghabh anall chuige a fhiafraí:

“An bhfuil páirt agatsa inti chomh maith?”

“Tá” ar Dubhagán.

Rinne Mr Bell gáire faoina chomh-fhulangaí, shín amach a lámh agus dúirt:

“Croith lámh liom!”

D’imigh Mrs Kearney thar an bheirt fhear seo agus chuaigh go himeall an scáthláin a fheiceáil an tslua. Bhí na suíocháin á líonadh go gasta agus ba údar misnigh torann an tslua. Tháinig sí ar ais gur labhair os íseal lena fear. Ba léir gurbh í Kathleen ábhar a gcomhrá mar thug beirt sracfhéachaint thall uirthi go minic fad is a bhí sise ina seasamh ag caint le bean dá cairde Náisiúnacha, Miss Healy, an *contralto*. Shiúl bean aonarach bhánghnéítheach trasna an tseomra. Lean súile na mban an

gúna gorm tréigthe a theann um a corp dearóil. Dúirt duine amháin gur *Madam Glynn,* an *soprana* ab í.

“Meas tú cén carn aoiligh a fuaireadar ise?” ar Kathleen le hIníon Uí hÉilidhe. “Táim cinnte nár chualas trácht riamh uirthi.”

Chuaigh sé thar a hacmhainn ar Miss Healy choinneáil cúil ar a meangadh gáire. Shiúl Mr Holohan go bacach isteach sa tseomra feistithe ag an phointe sin agus cheistigh an bheirt bhan óg cérbh í an bhean anaithnid. Madam Glynn as Londain ar sé. Sheas Madam Glynn i gcúinne den tseomra, greim stalctha aici ar a leabhrán ceoil agus d’fhéach thall nó abhus go scaollmhar ó am go ham. Bhain scáth an chúinne de thréigeadh gorm a gúna ach lonnaigh go díoltasach ar an chuasán os cionn a dealracháin. Méadaigh torann an halla. Tháinig an teanór géar agus an guth doird le chéile ar an bhall. Bhíodar beirt pointeáilte, beathaithe agus bogásach agus chuireadar blas galántachta leis an chomhluadar.

Thug Missus Kearney a hiníon anonn ina láthair, agus labhair go cairdiúil leo. Theastaigh uaithi éirigh mór leo ach, cé go raibh sí ag iarraidh bheith béasach, lean a súile Mr Holohan ar a chúrsaí cama. D’fhág sí ceiliúradh leo agus d’imigh ar a shála siúd ar an chéad-deis.

“Mr Holohan, táim ag iarraidh labhartha leat ar feadh nóiméid,” ar sí. Ghabhadar síos an pasáiste go háit ar leithligh. Cheistigh Missus Kearney de cathain a íocfaí a hiníon. Dúirt Mr Holohan go raibh sé sin faoi chúram Mr Fitzpatrick. Dúirt Mrs Kearney nach raibh aithne ná eolas aici ar Mr Fitzpatrick. Do chuir a hiníon a hainm le conradh ar ocht nguine agus chaithfí a híoc. Dúirt Mr Holohan nár bhain sé sin leis.

“Conas nach mbaineann sé leat?” a cheistigh Bean Uasal Uí Chearnaigh. “Nach tusa a thug an conradh dhi? Ar aon nós, mura bhaineann sé leatsa baineann liomsa agus teastaíonn a réiteach uaim.”

“Ba chóir duit labhairt le Mr Fitzpatrick,” a dúirt Mr Holohan go dúnárasach.

“Níl pioc eolais agam ar Mr Fitzpatrick,” a dúirt Mr Kearney an athuair. “Tá mo chonradh agam, agus tabharfad do m’aire go gcomhlíonfar é.

Nuair a d’fhill sí ar an tseomra feistithe bhí oiread na fríde de dheirge ina grua. Bhí spleodar sa chuideachta. Bhí seilbh an teallaigh gafa ag beirt fhear i gcótaí móra agus bhíodar ag caint go teanntásach le Miss Healy agus amhránaí an dordghutha. Fear an *Freeman*[77] agus Mr O’Madden Burke ab iad. Tháinig fear an Freeman isteach a rá nach bhféadfadh fanacht don cheolchoirm mar go gcaithfeadh déanamh tuairisce ar léacht a bheadh sagart Meiriceánach ag tabhairt i dTigh an Ardmhéara. Dúirt leo fágáil cuntais ar an oíche leis in oifig an Freeman go gcinntíodh seisean a fhoilsiú. Ba fhear liath le glór síodúil agus le béasaíocht cháiréiseach é. Bhí todóg mhúchta i leathláimh aige agus bhí cumhrán thoit todóige ina thimpeall. Ní raibh rún aige déanamh moille ar bith mar ba leamh liosta leis ceolchoirmeacha agus oirfidigh ach d’fhan sé ina sheasamh i gcoinne an mhatail. Sheas Miss Healy faoina bhráid agus í ag caint is ag gáire. Bhí sé sách sean chun shamhlú cúise amháin lena cúirtéiseacht ach bhí sách óg ina aigne chun bhaint sochair as an ócáid. Thaitin teocht, cumhra agus dealramh a coirp lena chéadfaí. Thuig sé le sult gur mar gheall airsean a d’éirigh agus d’ísligh an ucht ina thug sé suntas agus gur chomhartha ómóis dó é an gáire, an chumhracht agus na súilfhéachana tnúthánacha. Nuair nach bhféadfadh fanacht nóiméad ar bith eile, d’fhág slán aici go haiféalach.

“Scríobhfaidh O’Madden Burke an fógra,” a mhínigh do Mr Holohan, “agus cuirfeadsa isteach é.”

“Go raibh míle maith agat, Mr Hendrick,” a dúirt Mr Holohan, “cuirfir isteach é, táim cinnte dhe. Anois, nach mbeidh rud beag éigin agat sula n-imí tú?”

“Ní miste liom,” ar Mr Hendrick.

Chuaigh an bheirt fhear trí roinnt pasáistí achrannacha agus suas staighre sa dorchadas gur thángadar ar sheomra ciúin ina raibh duine de na maoir ag baint na gcorc as na buidéil do bhaicle daoine uaisle. Duine de na daoine uaisle, Mr O’Madden Burke[78], d’aimsigh an seomra as a stuaim féin. Fear aosta síodúil ab é a lig scíth a thoirte móire ar a scáth báistí mór síoda. Ba scáth morálta aige a shloinne mórfhoclach Gaedhealach a chuir sé mar thaca faoi fhadhb íogair a ghustail. Bhí meas mór air.

Fad is a bhí Mr Holohan ag coinneáil comhrá le fear an *Freeman* bhí Mrs Kearney ag labhairt go chomh corraitheach sin gurb éigean dá fear céile iarradh uirthi ísliú a glóir. Bhí sí ag cur isteach ar chomhrá na ndaoine eile sa tseomra feistithe. Sheas Mr Bell, an céad-duine le dul amach ar an stáitse, sheas ar aire lena leabhrán ceoil ach níor thug an tionlacaí aon chomhartha dhó. Ba fhollas go raibh rud éigin cearr. Stán Mr Kearney amach go díreach roimhe gan féachaint thall ná abhus agus chuimil a fhéasóg, agus Mrs Kearney ag cogar go teasaí i cluais Kathleen. Tháinig gleo gríosaithe ón halla: bualadh bos ar a chéile agus bualadh cos ar an talamh. Sheas an príomh-theanóir, an guth doird agus Miss Healy le chéile, ag fanacht go socair, ach bhí cearthaí ag teacht ar Mr Bell mar bhí faitíos air go sílidís an lucht féachana nár tháinig sé in am.

Tháinig Mr Holohan agus Mr O’Madden Burke isteach sa seomra. Thug Mr Holohan an tost faoi deara i bhfaiteadh na súl. Chuaigh anonn go Mrs Kearney gur labhair go tromchúiseach léi. Mhéadaigh an torann sa halla agus iad ag caint. D’éirigh Mr Holohan an-chorraitheach agus tháinig círín dearg air. Bhí sé ag spalpadh focal, ach dúirt Mrs Kearney go giorraisc ar uairibh:

“Ní rachaidh sí ar stáitse. Caithfidh sí fáil a hocht nguine.”

Shín Mr Holohan a mhéar go práinneach i dtreo an halla ina raibh an slua ag bualadh bos is cos. D’iarr ar Mr Kearney agus ar Kathleen. Ach choinnigh Mr Kearney ag cuimilt a fhéasóige agus d’fhéach Kathleen síos ar an talamh agus chorraigh bairr a slipéir nua rince: níorbh uirthise an locht. Dúirt Mrs Kearney arís:

“Ní rachaidh sí amach gan a cuid airgid.”

Tar éis babhta groid sáraíochta d’imigh Mr Holohan de sciotán. Thit an seomra faoi thost. Nuair a luí teannas an tosta uirthi labhair Miss Healy leis an amhránaí dordghutha:

“An bhfacais *Mrs Pat Campbell*[79] an tseachtain seo?”

Dúirt an dordghuth nár fhaca í ach gur dúradh leis go raibh sí go han-mhaith. Níor leanadh níos faide leis an chomhrá. Chrom an príomh-theanór a cheann agus thosaigh ag ríomh na lúb den tslabhra óir ar a rosta, fáthadh an gháire air agus é ag crónán nótaí seachránacha d’fhonn a n-aireachtáil i gcuas a shróine. Chaith gach uile dhuine súil ar Mrs Kearney anois is arís.

D’ardaigh torann an halla ina fhothram ceart faoin am a tháinig Mr Fitzpatrick isteach sa tseomra de sciotán le Mr Holohan ina dhiaidh agus saothar anála air. Chualathas feadaíl mar aon leis an

bhualadh bos is cos. Bhí cúpla nótaí bainc ina láimh ag Mr Fitzpatrick. Chomhair sé amach cheithre cinn i láimh Mrs Kearney agus dúirt go bhfaigheadh sí an leath eile ag an am idirchéime. Dúirt Mrs Kearney:

“Tá cheithre scillinge in easnamh.”

Ach chruinnigh Kathleen a gúna agus dúirt: “Anois, Mr Bell,” le dul amach don chéad phíosa ceoil. Bhí seisean ar aon bharr amháin creatha. Chuaigh an t-amhránaí agus an tionlacaí amach le chéile. Chuaigh an torann sa halla i léig. In ndiaidh chúpla soicind, chualathas an pianó.

D’éirigh go maith leis an gcéad-chuid den cheolchoirm, seachas amhrán Madam Glynn. Ghabh an bhean bhocht *Killarney* i nguth cneadach gan anam, agus gach gothaíocht agus iontonú seanchaite dá mheas sí cur galántachta lena hamhránaíocht, chuir. Shílfeá gur fritheadh í i sean-chófra feistis stáitse agus rinne lucht na suíochán saor fonóid faoina nótaí géara olagónacha. Cuireadh na gártha molta roimh an phríomhtheanór agus roimh an chontraltó áfach. Sheinn Kathleen teaglaim fonn Éireannach a ndearnadh bualadh bos mór orthu. Cuireadh críoch leis an chéad-chuid le haithris náisiúnach ghríosaitheach le bean óg a d’eagraigh drámaí amaitéaracha. Bhí an bualadh bos a tugadh dhi tuillte aici agus, nuair a chríochnaigh, chuaigh na fir amach go sásta le haghaidh dheoch idirchéime.

I gcaitheamh an ama seo bhí suaitheadh ar bun sa tseomra feistis. I gcúinne amháin bhí Mr Holohan, Miss Beirne, beirt de na stíobharid, an t-amhránaí baratóin, an t-amhránaí dordghutha agus Mr O’Madden Burke. Dúirt Mr O’Madden Burke go mba scannal é. Bhí deireadh le gairm cheoil Miss Katherine Kearney in Áth Cliath as sin amach, a deir sé. Iaradh tuairim an bharatóin faoi iompar Mhissus Kearney. Níor mhaith leis focal a rá. Do íocadh a phá dhó agus ba mhaith leis síocháin idir é féin agus an saol mór. Mar sin féin, shílfeá go gcuimhníodh Mrs Kearney ar na ceoltóirí eile, a deir sé. Deinneadar na stíobhaird agus na rúnaithe cur is cúiteamh faoi céard a dhéanfaidís nuair a thiocfadh an sos idirchéime.

“Aontaím le Miss Beirne,” a dúirt Mr O’Madden Burke. “Ná híoctar dada léi.”

I gcúinne eile den tseomra bhí Mrs Kearney agus a fear, Mr Bell, Miss Healy agus an bhean óg a raibh uirthi an dán náisiúnach a aithris. Dúirt Mrs Kearney gur náireach an chaoi a chaith an Coiste léi. Ní dhearna sí dhá leath dá dícheall ná den chostas, agus seo a raibh de bhuíochas uirthi.

Shíleadar nach raibh plé acu ach le cailín agus, mar sin, go bhféadaidís a cur faoina gcosa. Ach mhúinfeadh sise a mbotún dóibh. Ní leomhfaidís caitheamh léi mar sin dá mba fear í. Ach sheasfadh sise ceart a hiníne dhi: ní dhéanfaí óinseach di. Mura n-íocaidís don phingin deiridh í chuirfeadh sí gáir amach orthu in Áth Cliath. Ar ndóigh ba thrua léi an toradh a bheadh aige sin ar na *artistes*. Ach cérbh é an dara rogha aici? D’iarr sí a bharúil ar an teanór déach agus dúirt seisean gur mheas nár caitheamh go maith léi. Ansin d’iarr sí a barúil ar Miss Healy. Ba mhaith le Miss Healy dul i leith an ghrúpa eile ach ní raibh sé de dhánacht a dhéanamh mar bhí an-mhór le Kathleen agus thug na Kearneys cuireadh dhi chun a dtí go minic.

Chomh luath is a bhí an chéad-chuid críochnaithe ghabh Mr Fitzpatrick agus Mr Holohan ionsar Mrs Kearney agus dúradar go n-íocfaí an cheithre ghuine eile tar éis chruinniú an Choiste an Mháirt ina dhiaidh sin agus, dá mba rud é nár sheinn a hiníon sa dara chuid, mheasfadh an Coiste go raibh an conradh briste agus ní íocfadh faic.

“Ní fhaca mé Coiste ar bith,” a dúirt Mr Kearney go colgach. “Tá a conradh ag m’iníon. Gheobhaidh sí cheithre phunt is ocht scillinge ina láimh nó cos ní chuirfidh ar an ardán sin.”

“Ní shamhlóinn a leithéid leat, Mrs Kearney,” a dúirt Mr Holohan. “Níor shamhlaíos riamh go gcaithfeá linn mar sin.”

“Agus cén chaoi a chaithis liomsa?” a cheistigh Mr Kearney.

Bhí sí dearg le fearg agus bhí an chuma uirthi go ngabhfadh sí dá lámha ar dhuine.

“Táim ag iarraidh mo chirt,” ar sí.

“Shílfeá go mbeadh náire ionat,” a dúirt Mr Holohan.

“Shílfeá, muis?... Agus nuair a iarraim cathain a íocfar m’iníon ní fhaighim freagra béasach.

Chaith sí a ceann agus chuir guth sotalach uirthi féin:

“Caithfir labhairt leis an rúnaí. Ní bhaineann sé liomsa. Is boc mór mise *fol-the-diddle-I-do*.

“Shíleas gur bhean uasal thú,” a dúirt Mr Holohan agus d’imigh go grod uaithi.

Ina dhiaidh sin ba tháir le cách iompar Mrs Kearney: mheas gach aon duine go ndearna an Coiste an rud ceart. Sheas sí sa doras agus í le ceangal, ag aighneas lena fear céile agus lena hiníon is ag oibriú a lámh leo. D’fhan go raibh sé in am tosú ar an dara leath go dtagadh duine de na rúnaithe chuici. Ach dheonaigh Miss Healy sheinm tionlacain nó dhó. B’éigean do Mrs Kearney fhágáil an bhealaigh don bharatón agus dá thionlacaí agus iadsan ag dul chuig an n-ardán. D’fhan sí ina seasamh ar feadh nóiméid mar a bheadh dealbh fheargach cloiche inti agus, iar gclos chéad-nótaí an amhráin di, rug ar chlóca a hiníne agus dúirt lena fear:

“Faigh cab!”

D’imigh seisean amach ar an phointe. Chlúdaigh Mrs Kearney a hiníon leis an bhrat agus lean é. Ar dul amach dhi stop sa doras agus thug súil fhiata ar Mr Holohan.

“Nílim réidh leat fós,” a dúirt sí.

“Ach táimse réidh leatsa,” ar Mr Holohan.

Shiúl Kathleen go cúthail ceansa i ndiaidh a máthar. Thosaigh Mr Holohan ag céimniú suas agus anuas an seomra, in iarracht a fhuaraithe mar d’airigh mar a bheadh a chraiceann faoi thine.

“Is deas an bhean uasal sin!” a dúirt sé. “Ó is deas an bhean uasal ise!”

“Rinnis an rud ceart, Holohan,” a dúirt Mr O’Madden Burke, agus cuma an mholta ar an dóigh a luigh sé go galánta ar a scáth báistí.

GRÁSTA[80]

RINNE beirt fhear uasal a bhí sa leithreas ag an am iarracht é a thógáil ón urlár: ach bhí sé gan mhothú. Bhí sé ina chnap ag bun an staighre a thit sé síos. D'éirigh leo a chasadh aghaidh in airde. Bhí a hata rollta cúpla slat uaidh agus bhí a chuid éadaí smeartha le brocamas is le bréantas an urláir a raibh sé ina luí air, a aghaidh le talamh. Bhí a shúile dúnta agus bhí cnead ina anáil. Shil sruth tanaí fola ó chorr a bhéil.

D'iompair an bheirt fhear uasal agus duine de fir beáir suas staighre é gur leagadar anuas ar urlár an bheáir. Faoi cheann dhá nóiméad bhí fáinne fear thart air. Cheistigh bainisteoir an tí óil cérbh é agus cé a bhí ina theannta. Ní raibh aithne ag duine ar bith air ach dúirt duine de na fir beáir gur dhíol rum beag leis.

"An raibh sé leis féin?" a d'fhiafraigh an bainisteoir.

"Ní raibh, a mháistir. Bhí beirt fhear uasal leis."

"Agus cá bhfuilid?"

Ní raibh a fhios ag aon duine; dúirt duine éigin:

"Ligighi a anáil leis. Tá sé tite i laige."

D'oscail an fháinne amach gur dhruid le chéile arís mar a bheadh crios leaisteach inti. Chruinnigh pátrún dorcha fola gar do cheann an fhir i mbearnaí an urláir teasaláidigh. Chuir mílí an fhir alltacht ar an bhainisteoir, agus chuir seisean fios ar phóilín.

Scaoileadh a bhóna agus a charbhat. D'oscail sé a shúile ar feadh nóiméid, gur lig osna agus dhún arís iad. Bhí hata síoda a raibh ding ann i leathláimh ag duine de na fir uaisle a d'iompair suas staighre é. D'fhiafraigh an bainisteoir arís agus arís eile an raibh a fhios ag aon duine cérbh é an fear gortaithe nó cár imigh a chairde. D'oscail an doras agus tháinig póilín mór millteach isteach. An slua a lean síos an lána é, chruinníodar lasmuigh a ghliúcaíocht trí phainéil ghloine an dorais.

Ríomh an bainisteoir a raibh ar eolas aige láithreach bonn. D'éist an póilín. Ba fhear óg le haghaidh mhosach é. D'iompaigh a cheann go mall ó dheis go clé agus ón bhainisteoir don duine ar an urlár, mar a bheadh faitíos air go raibh rudaí á samhlú dhó. Ansin bhain a láimhín de, gur tharraing leabhrán óna bhásta, d'fhliuch a phionsail agus d'ullmhaigh é féin faoi choinne scríofa síos. Cheistigh de ghuth a raibh rian den amhrais air agus a raibh blas tuaithe air:

"Cé hé an fear?" Céard is ainm agus is seoladh dhó?

Ghearr fear óg i gculaith rothaíochta bealach dhó féin tríd an lucht féachana. Chaith é féin ar a ghlúine os comhair an fhir ghortaithe agus ghlaoigh ar uisce. Chuaigh an póilín ar a ghlúine freisin a chúnamh. Ghlan an fear óg an fhuil ó bhéal an fhir ghortaithe agus ghlaoigh ansin ar bhraon branda. Ghlaoigh an póilín arís eile air i nglór údarásach gur tháinig fear beáir de shodar leis an ghloine. Cuireadh an branda siar scornach an fhir. I gceann cúpla soicind d'oscail sé a shúile agus d'fhéach timpeall air. D'fhéach ar an fháinne daoine agus ar teacht a thuisceana dhó, thug iarracht ar éirí ina sheasamh.

"Taoi ceart go leor anois?" a d'fhiafraigh an fear óg gléasta i bhfeistis rothaíochta.

“Dhera, níl caill orm,” a dúirt an fear gonta agus é ag iarraidh seasaimh suas.

Tugadh cúnamh dhó dul ar a chosa. Dúirt an bainisteoir rud éigin faoin ospidéal agus thug daoine áirithe den tslua féachadóirí a gcomhairle. Cuireadh an hata basctha síoda ar chloigeann an fhir. D’fhiafraigh an póilín:

“Cá bhfuilir i do chónaí?”

Thosaigh an fear ag cur fuinnimh ina chroiméal ach freagra níor thug. Rinne sé beag is fiú dá thimpiste. Níor dhada é, a dúirt: ní raibh inti ach timpiste bheag. Bhí sé ag mungailt a fhocal:

“Cá bhfuil cónaí ort?” a dúirt an póilín an athuair.

D’iarr an fear tacsaí. Agus an cheist sin á plé, tháinig fear uasal anonn ón taobh eile den bheár. Bhí sé ard lúfair gealchraicneach agus bhí cóta ultach buí á chaitheamh aige. Iar dteacht i láthair dó, dúirt de ghlór ard:

“Haló, Tom, a sheanbhuachaill! Céard is cor duit?”

“Dhera, ní dada é,” ar an fear.

Bhreathnaigh an núíosach ar an fheic bhocht os a chomhair gur dhírigh a shúile ar an phóilín agus dúirt:

“Tá sé ceart go leor, a chonstábla. Tionlacfad abhaile é.”

Chuir an póilín lámh ina chlogad agus d'fhreagair:

“Tá go maith, Mr Power!”

“Gabh i leith, Tom,” a dúirt Mr Power, ag breith ar láimh a charad dó. “Níl cnámh briste, an bhfuil? An bhfuil siúil agat?”

An fear óg sa chulaith rothaíochta, thacaigh le láimh eile an fhir agus d’fhág an slua an bealach dóibh.

“Cén chaoi a tharraingís an riocht seo ort féin?” a d’fhiafraigh Mr Power.

“Thit an fear uasal síos an staighre,” a dúirt an fear óg.

“’áim go mó’ faoi chomaoi’ aga’, a dhuine ua’a’,” ar an fear gortaithe.

“Fáilte romhat.”

“Beidh ‘eoch beag...”

“Ní bheidh anois, ní anois.”

D’fhág an triúr fear an teach óil, agus bhrúigh an slua trí na doirse amach gur phlód an lána. Thug an bainisteoir an póilín chuig an staighre a scrúdú láthair na timpiste. Is í an mheabhair a bhaineadar beirt as gur thuisligh an fear uasal. D’fhill na custaiméirí agus chrom fear beáir ar ghlanadh gach rian fola ón urlár.

Iar dteacht amach ar Shráid Grafton dóibh, lig Mr Power feadaíl ar charr cliathánach.[81] Dúirt an fear gortaithe arís eile chomh maith agus a tháinig dó:

“’áim go mó’ faoi chomaoi’ aga’, a dhuine uaha’.” Thá húil agam go gca’faimidh ar a chéi’e a’ís. *Ker[n]a[n]* is ai’m dhom.”[82]

An gheit agus an phian, a bhí ina tús, bhaineadar an mheisce dhe píosa.

“Tá fáilte romhat,” a dúirt an fear óg.

Chroitheadar lámh lena chéile. Ardaíodh Mr Kernan ar an charr. Agus Mr Power ag insint an tseolta don tiománaí, thug Mr Kernan a bhuíochas in iúl don fhear óg agus dúirt go raibh aiféala air nach mbeadh deoch acu le chéile.

“Am éigin eile,” ar an fear óg.

D’imigh an carr leis i dtreo Shráid Westmoreland. Leathuair tar éis a naoi an t-am ar chlog an *Ballast Office* agus an carr ag dul thairis. Bhuail gaoth ghéar iad ó bhéal na habhann anoir. Bhí Mr Kernan cuachta craptha isteach ar féin leis an fhuacht. D’fhiafraigh a chara dhe conas ar tharla an timpiste.

“Ní’m in acmhainn,” ar sé, “thá mo theanga ghontha.”

“Taispeáin dom.”

Luí an fear óg amach thar phortbhalla an chairr gur fhéach isteach béal Mr Kernan ach níor léir dó. Las cipín soilse agus thug foscadh dhó i gcuas a bhos gur ghlinnigh arís isteach sa bhéal a d’oscail Mr Kernan go géilliúil. Bhog an cipín anonn is anall le luascadh an chairr. Bhí na fiacla íochtaracha agus na gumaí clúdaithe le fuil théachta agus ba chosúil gur baineadh greim beag amach as earr na teangan. Mhúch an cipín.

“Tá drochbhail uirthi.”

“Dhera, tháim thogh,” a dúirt Mr Kernan, iar ndúnadh a bhéil dó gur chas cába brocach a chóta aníos thar a mhuineál.

Ba thaistealaí tráchtála den tseandéanamh a chreid i ndínit a ghairm é Mr Kernan. Níor fhacthas riamh sa chathair é gan a hata síoda agus loirgneáin mhaithe air. Chuir an dá bhall éadaí seo crot is críoch ar fhear, a deireadh sé. Lean sé stíl sean-nósach i gcónaí – chaitheadh cóta mór Blackwhite de stíl *Napoleon*. Mheabhródh a iompar agus a cháil Napóleon féin duit scaití. Comhlachta nua lena ndóigheanna nua gnó, níor ligeadar leis ach oifig bheag ar Shráid Crowe le h-ainm agus le seoladh a ghnólachta ar an fhuinneog – London, E.C. Ar mhatal na hoifige bige seo d’fheicfeá cathlán bhoicsíní stáin ar dhath na luaithe agus d’fheicfeá cheithre nó chúig bhabhla Shíneach ar an tábla a bhíodh leath-lán de leacht dubh de ghnáth. Bhlaiseadh Mr Kernan tae ó na cuacha seo.

Bhaineadh súimín as ceann díobh, d’fhliuchadh a theanga leis agus chaitheach amach ar an ghráta é. Ansin stopadh do mheas an tae.

Bhí Mr Power i bhfad níos óige ná é. D’oibrigh in Oifig Chonstáblacht Ríoga na hÉireann i gCaisleán Átha Cliath. De réir mar a chuaigh Mr Kernan le fána, d’éirigh seisean ina dhuine uasal. Roinnt de chairde Mr Kernan a raibh aithne acu air i mbarr a réime áfach, bhí meas acu air fós mar bhreac aisteach. Ba dhuine de na cairde sin é Mr Power. Bhí sé ina dhíol suime ag a aicme féin go raibh Mr Power i bhfiacha nár nocht sé an chúis leo riamh; ba bhuachaill báire é.

Rinne an carr fos os comhair tí big ar Bhóthar Glas Naíon agus tugadh cabhair do Mr Kernan siúl isteach sa teach. Chuir a bhean a luí é agus shuigh Mr Power síos sa chistin a chur cainte ar na gasúir. D’fhiafraigh dhíobh cá rabhadar ar scoil agus cén leabhar a bhí á staidéar acu. Thuigeadar nach raibh smacht ag a n-athair orthu mar gheall ar an riocht ina raibh sé agus go raibh a máthair imithe as an tseomra – bhí cead a gcinn acu ar feadh scaithimh. Thosaíodar ag pleidhcíocht le Mr Power. Bhain a n-iompar agus a gcanúint siar as. Tar éis tamaill, tháinig Mrs Kernan isteach sa chistin go ndúirt:

“A leithéid d’fheic! Ó, maróidh sé é féin lá éigean agus sin bun agus barr é. Níor lig den ól ó Dé hAoine.”

Chuir Mr Power i gcion uirthi nárbh eisean faoi deara a tharla dhó, gur tháinig ar an láthair trí thimpiste agus trí thimpiste amháin. Ba chuimhin le Mrs Kernan go ndearna Mr Power idirghabháil stuama nuair a bhí achrann ar siúl sa bhaile. Chuimhnigh ar a liacht iasachtaí a thug. Ba iasachta beaga iad, ach bhíodar tráthúil. Dúirt:

“Ó, ní call sin a rá liom, Mr Power. Tá a fhios agam gur cara leis thú, murab ionann agus cuid eile lena mbíos sé. Táid togh a fhad is atá airgead ina phóca aigesean a choinneáil óna bheann agus óna chlann. Cairde deasa iadsan! Cé a bhí ina chuideachta anocht? Sin ba mhaith liomsa fáil amach.

Chroith Mr Power a cheann ach ní dúirt focal.

“Tá an-aiféala orm,” a lean sí, nach bhfuil aon cheo sa tigh a thabhairt duit. Ach má fhanair nóiméad, cuirfead ceann de na páistí chun tí Fogarty ag an chúinne.”

Sheas Mr Power suas.

“Bhíomar ag fanacht ar a theacht abhaile leis an airgead. Shílfeá nach bhfuil baile ar bith aige.”

“Ó, anois, Mrs Kernan, cuirfimid ar bhealach a leasa é. Labród le Martin. Sin an buachaill. Tiocfaimid anseo oíche éigean dá phlé.”

Thionlaic sí chuig an doras é. Bhí an tiománaí cairr ag spágáil suas síos an cosán agus é ag luascadh na lámh d’fhonn a théimh.

“Ba dheas duit a thabhairt abhaile,” ar sí.

“Ná habair é,” ar Mr Power.

Dhreap isteach sa charr. Chuir lámh ina a hata go haerach agus an carr ag imeacht leis.

"Déanfaimid fear nua dhe," a dúirt sé. "Oíche mhaith, Mrs Kernan."

Bhreathnaigh Mrs Kernan go mearbhlach ar an charr go raibh sé imithe as radhairc. Ansin d'fhill ar an tigh agus d'fholmhaigh pócaí a fir céile.

Ba bhean ghníomhach, tíosach scothaosta í. Rinne ceiliúradh ar chúig bliana fichead a pósta agus rinne ath-chumann lena fear le gairid – dhamhsaigh válsa leis agus Mr Power á dtionlacan. Ba ghalánta go leor léi Mr Kernan nuair a bhí sé ag suirí léi: agus ritheadh sí go doras an tséipéil am ar bith a fuair amach faoi bhainis agus, ar bhfeiceáil na lánúine dhi, chuimhnigh ar an lá a shiúl sí féin amach Séipéal Réalt na Mara i nDumhach Thrá i mbaclainn fir soilbhir biata, a bhí gléasta go pointeáilte i gcasóg eireabaill agus i mbrístí labhandair agus a bhí hata síoda crochta go grástúil faoina láimh eile. Ba mhór an taitneamh an chuimhne dhi. I ndiaidh trí seachtaine, bhí braon de shaol na mná pósta agus níos déanaí, nuair a bhí sí nach mór curtha thar a fulaingt leis, d'éirigh ina máthair clainne. Níorbh fál go haer uirthi páirt na máthar agus rinne bainisteoireacht chríonna tí ar feadh chúig bliana fichid dá fear. Cuireadh críoch ar a beirt mhac tosacha. Bhí duine dhíobh ag obair i siopa éadaitheora i nGlaschu agus ba chléireach ag cheannaitheoir tae i mBéal Feirste an mac eile. Ba mhic mhaithe iad beirt. Scríobhadar chuici go minic agus uaireanta sheoladar airgead anall. Bhí na gasúir eile fós ar scoil.

Sheol Mr Kernan litir chuig a oifig agus d'fhan ina luí. Réitigh sise súram mairtfheola dhó agus thug leadhbairt mhaith dá teanga dhó. D'fhulaing a phótaireacht mhinic go foighneach mar a d'fhulaing an bháisteach nó an ghaoth, thug chun bisigh é nuair a bhí sé breoite agus rinne a dícheall chur bricfeasta ann. Bhí fir chéile níos measa ná é sa tsaol. Níor bhuail sé riamh í ó d'fhás na buachaillí suas agus thuig sí go siúlfadh sé go barr Shráid Thomáis agus ar ais arís chun oiread is margadh beag a dhéanamh.

Tháinig a chairde ar chuairt oíche chuige dhá lá ina dhiaidh sin. Thug sí suas chun a sheomra iad. Bhí boladh a cholainne ann. Thug sí cathaoireacha cois na tine dhóibh. Chuir Mr Kernan guaim ar a theanga, ar chuir pian nimhneach inti ar uairibh, chuir cantal air i rith an lae. Shuí sé suas i gcoinne na n-adhairteanna. Ba chosúil le cnámhóga leathbheo é an dearg ar éigean ar a phluca ramhra. Ghabh sé a leithscéal lena chairde faoi anord an tseomra, ach thug súil orthu a raibh blas an uabhair inti mar sin féin. Ba é uabhar an tseanfhondúra é.

Ní raibh tuairim dá laghad aige go raibh uisce faoi thalamh i dteacht a chairde. Do nocht *Mr Cunnigham, Mr M'Coy* agus *Mr Power* an chomhcheilg do Mrs Kernan sa pharlús.[83] Ba é Mr Power a smaoinigh ar an rún ach ligeadh do Mr Cunningham barr feabhais a chur air. Ba de shliocht Protastúnach Mr Kernan agus, cé gur tiontaíodh chun an Chreidimh Caitlicigh é ag am a phósta, ní raibh faoi thearmann na hEaglaise le fiche bliain anuas. Lena chois sin, bhí sé de nós aige ligean chorrfhocal fonóide faoin Chaitliceachas.

Ba é Mr Cunningham an fear ceart agus cuí do chás mar seo. Bhí sé níos sine ná Mr Power. Ní raibh gach rud sona sa bhaile aige féin. Bhí an-trua ag daoine air mar bhí a fhios acu gur phós sé bean gan náire a bhí báite san ólachán. Chuaigh sé i gceann tí léi sé huaire; agus chuir sise an troscán i ngeall gach aon uair.

Bhí meas ag gach aon duine ar Martin Cunningham bocht. Ba fhear stuama é amach is amach. Fear ceannasach éirimiúil. Bhí a thuiscint ar an duine daonna ina ghliceas aige fearacht lainne ar cuireadh faobhar uirthi le fad-thaithí chásanna cúirteanna agus a chuaigh i gcruacht le tumtha

gairide in uiscí na fealsúnachta ginearálta. Bhí cur amach maith aige. Ghéill a chairde dá thuairimí agus mheasadar go raibh sé cosúil le *Shakespeare* san aghaidh.

Ar bhfoilsiú an rúin di, dúirt Mrs Kernan:

“Fágaim fútsa ar fad, Mr Cunningham.”

Tar éis cheathrú céid de shaol an phósta ba bheag seachrán a bhí uirthi fós. Ba ionann agus cleachtadh léi an Creideamh agus níor dhóigh léi go n-athródh duine d’aois a fir mórán roimh a bhás. Ba bheag a bhéarfadh uirthi ceapadh go raibh díoltas ait ina thimpiste agus, murach nár mhaith léi go gceapaidís go raibh an faltanas inti, déarfadh leo nár dochar do theanga Mr Kernan gur giorraíodh í. Mar sin féin, ba fhear cumasach é Mr Cunningham; ba chreideamh é creideamh. B’fhéidir go ndéanfadh an beart maitheas éigean agus, ar a laghad ar bith, ní raibh dochar ann. Níor chuaigh sí thar fóir lena creideamh. Chreid go daingean sa Chroí Ró-Naofa mar ábhar deabhóide ba mhó fónaimh agus ghlac leis na sacraimintí. Ba iad fraitheacha a cistine teorann a creidimh ach, dá dtagtaí an crú ar an tairne, bheadh sé d’acmhainn aici creideamh sa bhean sí agus sa Spiorad Naoimh in aoinfheacht.

Thosaigh na fir uaisle ag caint faoin timpiste. Dúirt Mr Cunningham gur tháinig ar chás cosúil leis tráth. Bhain fear deich mbliana is trí fichead píosa dá theanga d’alp le linn thaom titimis agus d’fhas an teanga arís go nach raibh rian den chiorrú fágtha.

“Sea, níl mise in aois mo dheich mbliana is trí fichead,” ar an t-othar.

“Nár lige Dia é,” ar Mr Cunningham.

“Níl pian inti anois?” a d’fhiosraigh Mr M’Coy.

Ba theanór é Mr M’Coy a raibh cáil áirithe air tráth dá shaol. Ba Shoprán í a bhean. Thug sí ceachtanna pianó do pháistí ar tháille íseal anois. Níorbh an bealach is giorra idir dhá cheann é a shlí bheatha, agus b’éigean dó dul i gceann staidéir féachaint conas maireachtáil ar feadh tréimhsí gairide. Bhí sé ina chléireach le *Midland Railway*, ina strucálaí fógraíochta do *The Irish Times* agus *The Freeman’s Journal*, ina thaistealaí tráchtála ar íocaíocht choimisiúin le comhlacht guail, ina ghníomhaire fiosraithe príobháidigh, ina chléireach in oifig an *Sub-Sheriff* agus fostaíodh é ina rúnaí ag an *City Coroner* le gairid. Bhí spéis ghairmiúil aige i gcás Mr Kernan mar gheall ar a phost nua.

“Pian? Ní chuireann sí isteach orm go mór anois,” a d’fhreagair Mr Kernan.

“Ach a leithead de mhúisc a chuireas orm. Tá fonn cuir amach orm.”

“Sin an t-ól,” ar Mr Cunningham go teann.”

“Ní hé,” a dúirt Mr Kernan. “Sílim gur tholgas slaghdán sa charr. Bíonn rud éigean ag teacht aníos i mo scornach, réama nó - ”

“Múcas,” a dúirt Mr M’Coy

“Tá sé ag teacht ó bhun mo scornach i gcónaí; cuireann samhnas orm.”

“Sea, sea,” ar Mr M’Coy, “sin an tóracs.”

Bhreathnaigh sé ar Mr Cunningham agus ar Mr Power araon agus gotha dúshlánach air. Sméid Mr Cunningham a cheann go beoga agus dúirt Mr Power:

“Á, muise, molaimis a dheireadh.”

“Táim go mór faoi chomaoin agat, a sheanchomrádaí,” ar an t-othar.

Scuab Mr Power lámh tríd an aer.

“An bheirt eile a bhí i mo chuideachta -”

“Cé a bhí leat?” a d’fhiafraigh Mr Cunningham.

“Diúlach. Ní cuimhin liom a ainm. Damnú air mar scéal anois, céard is ainm dó? Diúlach beag fionn...”

“Agus cé eile?”

“Harford.”

“Há,” a dúirt Mr Cunningham.

D'fhanadh daoine ina dtost pé uair a déarfadh Mr Cunningham sin. Bhí a fhios acu go raibh foinsí rúnda eolais aige. Sa chás seo bhí éirim morálta leis an leathfhocal. Théadh Mr Harford in aoinfheacht le baicle bheag a d’fhágadh an chathair go gairid iar nóin a theacht ar theach óil ar bith ar bhruacha na cathrach ina nglacfaí leo mar fhíor-thaistealaithe. Ach níor scaoil a chomh-thaistealaithe a dhúchas tharstu riamh. Thosaigh sé amach sa tsaol mar airgeadaí a ligeadh suimeanna beaga airgid ar gaimbín d’oibrithe. Níos déanaí chuaigh i gcomhar le fear uasal beag an-ramhar, Mr Goldberg, sa *Liffey Loan Bank*. Cé nár chuaigh thar an teagasc eitice leis an chreideamh Giúdach riamh, dúirt a chomh-Chaitlicigh faoi, nuair a thoibhigh seisean airgead orthu féin ná ar chara nó ar ghaol leo, dúradar gur Ghiúdach Éireannach é agus nach raibh léamh ná scríobh aige agus mheasadar gur dhíoltas Dé a óinmhid de mhac. Ar uairibh eile chuimhníodar ar a shuáilcí.

“Ní fheadar cár imigh sé,” a dúirt Mr Kernan.

Ba mhian leis smúit a choinneáil ar shonraí na heachtra. Ba mhaith leis go gceapadh a chairde go raibh earráid éigean ann, nár chas seisean agus Mr Harford ar a chéile sa deireadh. D’fhan a chairde ina dtost, óir bhí aithne mhaith acu ar dhúil Mr Harford san ól. Dúirt Mr Power arís:

“Molaimis a dheireadh.”

Tharraing Mr Kernan athrach scéil air láithreach.

Sin fear lách, diúlach an leighis,” ar sé. “Murach eisean -”

Ó, murach eisean,” a dúirt Mr Power, “seans go mbeadh breith seacht lá i gceist, gan cead dul saor ar fhíneáil.”

“Sea, sea,” ar Mr Kernan agus é ag streachailt lena chuimhne. “Is cuimhin liom anois go raibh póilín ann. Stócach cóir, shílfeá. Cén chaoi ar tharla sé ar chur ar bith?”

“Tharla go rabhais caoch ar meisce, Tom,” a dúirt Mr Cunningham go tromchúiseach.

“Níl séanadh air,” a dúirt Mr Kernan go chomh tromchúiseach céanna.

“Is dóigh liom gur réitís é leis an phóilín, Jack,” a dúirt Mr M’Coy.

Níor thaitin úsáid a ainm baiste le Mr Power. Ní raibh sé ceartaiseach, ach mhair an chuimhne aige i gcónaí ar chrosáid Mr M’Coy chun fháil mhálaí taistil agus portmantaí do Mrs M’Coy a chur ar a cumas freastal ar a coinní bréagacha faoin tuath. Ghoill sé air ní amháin gur chuaigh sé chun tosaigh air, ach gur tháir an cleas é. D’fhreagair an cheist mar sin, faoi mar go mba é Mr Kernan a chuir í.

Chuir an comhrá olc ar Mr Kernan. Níor lig sé a dhúchas iasachta i ndearmad, theastaigh uaidh cur faoi sa chathair ar théarmaí nár ísligh é féin, ná a chomh-shaoránaigh ach oiread agus níor fhulaing tarcaisne dá laghad uathu siúd ar chuir sé dundarláin na tuaithe orthu.

“An le haghaidh seo a íocaimid cáin?” a cheistigh sé. “Le haghaidh na mbastún cábógach seo a bheathú agus a ghléasadh... agus sin a bhfuil iontu.”

Rinne Mr Cunningham gáire. Ba oifigeach an Chaisleáin eisean le linn a uaireanta oibre agus le linn na n-uaireanta sin amháin.

“Conas a bheadh a mhalairt iontu, Tom?” ar sé.

Chuir glór na tuaithe air féin go ndúirt go húdarásach:

“65, beir ar do chabáiste!”

Rinne gach aon duine gáire. Lig Mr M’Coy, a bhí ag iarraidh dul taobh istigh den chomhrá ar ais nó ar éigin, lig air féin nár chuala an scéal riamh.

“Is éard atá ar siúl – nó sin a deirtear, an bhfuil ‘fhios agat – sa bheairic. Tagann leaideanna móra anásta na tuaithe, amadáin, ‘bhfuil ‘fhios agat, a dhruileáil. Cuireann an sáirsint ina seasamh i gcoinne an bhalla iad agus a bplátaí in airde acusan.

D’eachtraigh an scéal le geáitsí móra.

“Ag am dinnéir, an dtuigir. Bíonn babhla ábhalmhór cabáiste ar an tábla roimhe le spúnóig mhór mhillteach mar shluasaid. Tógann scaob mhór cabáiste ar an spúnóig go gcaitheann trasna an tseomra agus ní mór do na hainniseoirí rugadh uirthi ar a bpláta: 65, beir ar do chabáiste.”

Rinne gach duine gáire arís eile: ach bhí pas beag oilc ar Mr Kernan fós. Labhair sé faoi litir a scríobh chun na bpáipéar.

“Tagann na bodaigh seo aniar anseo,” ar sé, “measaid go bhfuil cead barrastóireachta acu ar dhaoine. Ní gá a rá leat, Martin, an cleas daoine atá iontu.”

D’aontaigh Mr Cunningham leis ar choinníoll.

“Dála gach ruda eile sa tsaol seo,” ar sé. “Bíonn roinnt droch-cheann agus roinnt ceann maith ann.”

“Ó, cinnte, tá cuid díobh go maith, admhaím é,” ar Mr Kernan agus suaimhneas curtha ann.

“Is binn béal ina thost leo,” a dúirt Mr M’Coy. “Sin é mo bharúil!”

Tháinig Mrs Kernan sa tseomra agus, ar leagadh tráidire ar an tábla dhi, dúirt:

“Tarraingí oraibh, a fheara uaisle.”

Sheas Mr Power suas a dháileadh na mbuidéal agus a thairgeadh a chathaoireach dhi. Níor ghlac sí léi, ag rá dhi go raibh iarnáil le déanamh aici thíos staighre agus, iar sméideadh a cinn le Mr Cunningham di ar chúl cheann Mr Power, thug aghaidh ar an doras. Ghlaoigh a fear céile ina diaidh:

“Agus nach bhfuil aon rud agat domsa, a stóir?”

“Ó, cúl mo láimhe dhuitse!” a dúirt Mrs Kernan go géar.

Ghlaoigh a fear ina diaidh:

“Dada don fhear céile big boicht!”

Chuir seisean strainc chomh háiféiseach air féin agus labhair de ghlór chomh meacanach gur lean gáire agus spraoi de dháileadh na mbuidéal.

D’ól na fir uaisle dá ngloinní, leagadar a ngloiní ar an bhord arís agus thost an comhrá. Ansin thug Mr Cunningham aghaidh chomhrá ar Mr Power agus d'fhiafraigh go neamhchúiseach dhe:

“Oíche Déardaoin a dúrais, Jack.”

“Déardaoin, ‘sea,” ar Mr Power.

“Ceart go leor!” ar Mr Cunningham ar an toirt.

“Tig linn teacht le chéile i dtigh *McAuley*,” a dúirt Mr M’Coy. “Sin an áit ba chaoithiúla.”

“Ach dul ann in am,” a dúirt Mr Power agus é dáiríre, “mar is cinnte go mbeidh sé dubh le daoine.”

“D’fhéadfaimis bualadh le chéile ag leathuair tar éis a seacht,” ar Mr M’Coy.

“Tá go maith!” ar Mr Cunningham.

“Leathuair i ndiaidh a seacht i dtigh McAuley mar sin!”

Lean tost gairid de sin. D’fhan Mr Kernan ar fhios rún a chairde. Ansin cheistigh:

“Céard atá ar siúl?”

“Ó, faic,” ar Mr Cunningham. “Níl ann ach rud beag atá á eagrú againn don Déardaoin seo chugainn.”

“An ceoldráma, an é?” ar Mr Kernan.

“Ní hé, ní hé,” a dúirt Mr Cunningham de ghlór seachantach, “níl i gceist ach scéal beag... spioradálta.”

“Ó,” ar Mr Kernan.

Tháinig tost eile ar an tseomra.

“Chun na fírinne a rá leat, Tom, táimid ag dul ar chúrsa spioradálta.”

“Sé, sin é,” a dúirt Mr Cunningham, “Mise agus Jack agus M’Coy anseo, gabhfaimid a íoc na téiléireachta ar son ar n-anama.

Labhair an meafar le fuinneamh éigin teanntásach agus, iar bhfáil misnigh ina ghlór féin, lean air:

“Is í an chaoi ina bhfuil sé, tá sé chomh maith againn uile admháil gur scata dearg-rógairí sinn, gach aon dínn. Gach aon dínn, a deirim,” a chuir sé go dorrga muinteartha mar aguisín gur thug a aghaidh ar Mr Power. “Admhaigh é anois!”

“Ní shéanaim é,” ar Mr Power.

“Agus admhaímse é,” ar Mr M’Coy.

“Mar gheall air sin, tá sé beartaithe againn an téiléireacht a íoc le chéile,” a dúirt Mr Cunningham.

Shílfeá gur bhuail smaoineamh é. Thug aghaidh ar an othar agus dúirt:

“An bhfeadraís dom, Tom, céard a thit i m’intinn anois beag? Dá dtagtá in éineacht linn beadh cor ceathrair againn.”

“Maith an smaoineamh,” a dúirt Mr Power. “An ceathrar dínn le chéile.”

Níor lig Mr Kernan focal as. Ba bheag draíocht ag an chuireadh air ach, mar ba léir dó go raibh fórsaí spioradálta ar tí chur suime ann, mheas gurbh oircheas dó a chaoinfhulaingt ar son a dhínite. Níor ghlac páirt sa chomhrá ar feadh tréimhse fada ach chuir cluas éisteachta air féin go ciúin naimhdeach, fad is a bhí a chairde ag plé na nÍosánach.

“Ní holc liom na hÍosánaigh,” a dúirt, ag cur a ladair sa chomhrá faoi dheireadh dhó. “Is ord oilte iad. Measaim go bhfuil dea-intinn acu freisin.”

“An t-ord is uaisle san Eaglais, Tom,” a dúirt Mr Cunningham le fiuchadh foinn. “Seasann Ginearál na nÍosánach taobh leis an Phápa.”

“Níl aon agó faoi,” a dúirt Mr M’Coy, “má theastaíonn uait go ndéanfar rud i gceart agus gan chúinsí, iarair ar Íosánach é. Sin iad na boic a bhfuil cumhacht acu. Tabharfad sampla dhuit...”

“Dream maith fear na hÍosánaigh,” a dúirt Mr Power.

“Díol suime,” a dúirt Mr Cunningham, “faoin Ord Íosánach. Gach aon ord eile den Eaglais, b’éigean a leasú ar uair amháin nó ar uair eile ach níor leasaíodh an t-Ord Íosánach riamh. Níor imigh sé ón bhealach cheart riamh.”

“An mar sin é?” a d’fhiosraigh Mr M’Coy.

“Sé,” ar Mr Cunningham. “Sin stair daoibh.”

“Féachaí a n-eaglais, chomh maith,” a dúirt Mr Power. “Féachaí an pobal acu.”

“Freastalaíd na hÍosánaigh ar an uasaicme,” a dúirt Mr M’Coy.

“Freastalaíonn, cinnte,” ar Mr Power.

“Sé,” ar Mr Kernan, “Sin an fáth a bhfuil bá agam leo. Ní hionann is roinnt den ghnáthchléir,[84] na sagairt mhaolaigeantacha thuathánacha -”

“Fir mhaithe iad uile,” a dúirt Mr Cunningham, “gach aon fhear ina dhóigh féin. Tá meas ar chléir na hÉireann ar fud an domhain.”

“Tá, cinnte,” ar Mr Power.

“Ní hionann is cuid den tsagartacht ar an Mhór-roinn,” a dúirt Mr M’Coy, “nach fiú a n-ainm í.”

“B’fhéidir go bhfuil an ceart agat,” ar Kernan, ag géilleadh dhó.

“Cinnte tá an ceart agam,” ar Mr Cunningham. “nílim ar an tsaol seo a fhad seo ama is an chuid is mó taobhanna dhe feicthe agam, gan léargas a fháil ar nádúr daoine.”

D’ól na fir uaisle arís, gach duine ag aithris ar a chéile. Shílfeá go raibh Mr Kernan ag cur an scéil trí chéile ina intinn. Chuaigh sé i cion air. Bhí an-mheas aige ar Mr Cunningham mar mheastóir duine agus mar léitheoir dreach. D’iarr sonraí an chúrsa.

“Ó, níl ann ach cúrsa spioradálta, an bhfuil a fhios agat,” ar Mr Cunningham. “An tAthair *Purdon*[85] atá ag freastal air. Cúrsa d’fhir gnó, an bhfuil ‘fhios agat.”

“Ní bheidh sé ró-dhian orainn, Tom,” a dúirt Mr Power go háititheach.

“Father Purdon? Father Purdon?” a cheistigh an t-othair.

“Ó, ní mó ná tá aithne agat air, Tom,” a dúirt Mr Cunningham go teanntásach. “Fear breá aerach! Fear dár nós féin, fear a thuigeas an saol.”

“Á, ... sea. Sílim go bhfuil aithne agam air. Sách dearg-ghnúiseach; ard.”

“Sin an fear.”

“Agus abair liom, Martin... An seanmóirí maith é?”

“M'ainm... Ní seanmóir a bheas ann go baileach, ‘bhfuil fhios agat. Níl i gceist ach caint mhuinteartha ‘bhfuil ‘fhios agat, ar stíl chiallmhar.”

Chuaigh Mr Kernan ar a mharana. Dúirt Mr M’Coy:

“An t-Athair Tom Burke, ba é sin an buachaill!”

“Ó, Father Tom Burke,” ar Mr Cunningham, “ba fhíor-óráidí eisean. Ar chualais riamh, Tom?”

“Ar chualas!” a dúirt an t-othar go círíneach. “Is mise a chuala! Cinnte...”

“Agus deir daoine nár dhiagaire maith é,” a dúirt Mr Cunningham.

“An mar sin é?” a dúirt Mr M’Coy.

“Ó, ar ndóigh, ní hé nach raibh sé de mhianach ann, ‘bhfuil ‘fhios agat. Ach scaití, a deirid, níor ghabh seanmóir dar thug sé go hiomlán leis an ortadacs – níor ghabh leis an cheartchreideamh ó thús go deireadh.

“Á!... ba thogh fir é,” a dúirt Mr M’Coy.

“Chualas é uair amháin,” a lean Mr Kernan. “Ní chuimhin liom ábhar a hóráide anois. Bhí mise agus Crofton ar chúl an... loig, an bhfuil a fhios agat... sa - ”

“Sa mheánlann,” ar Mr Cunningham.

“’Sé, sa cheann thiar den tséipéul, gar don doras. Ní mé anois céard faoi a bhí sé... ó, ‘sé, faoin Phápa, faoin iar-Phápa. Dar m’uacht bhí sí ar fheabhas, a chuid óráidíochta. Agus a ghlór! Dar Dia! Nach aigesean a bhí glór. Cime na Vatacáine, a chuir sé air. Is cuimhin liom go ndúirt Crofton liom iar n-imeacht dhúinn -”

“Ach nach Fear Buí é, Crofton, nach é?” ar Mr Power.

“’Sé, cinnte,” ar Mr Kernan, “agus Fear Buí den scoth, leis. Chuamar i dteach Butler ar Shráid Moore – m’anam, chuaigh sé i bhfeidhm go mór orm, chun na fírinne Dé a rá – agus cuimhním go díreach mar a chan sé é. Kernan, a dúirt sé, adhraimid ag altóirí difriúla, ar sé, ach táimid ar aon chreideamh amháin. Focal céillí, dar liom.”

“Is mór de bhrí sin,” ar Mr Power. “Bhíodh na sluaite Protastúnach ag an Aifreann nuair ba Father Tom a bhíodh á cheiliúradh.”

“Níl mórán eadrainn,” a dúirt Mr M’Coy.

“Creidimid araon sa -”

Thomhais sé a chuid cainte ar feadh nóiméid.

“Sa tSlánaitheoir. Ach amháin nach gcreididsean sa Phápa ná i Máthair Dé.”

“Ach, ar ndóigh,” a dúirt Mr Cunningham go ciúin is go cliste, “ár reiligiún, is é an t-aon reiligiún amháin é, an bunchreideamh ársa.

“Níl dabht ar bith faoina thaobh,” ar Mr Kernan go cairdiúil.

Thaibhsigh Mrs Kernan i ndoras an tseomra codlata a fhógairt:

“Seo cuairteoir chugaibh!”

“Cé hé?”

“Mr Fogarty.”

“Ó, tar isteach! Tar isteach!”

Tháinig aghaidh bhán ar chruth uibhe faoin tsolas. An cuar ar a croiméal geal fada, bhí ar aon dul le cuar na malaí geala a bhí ardaithe os cionn na súl le hiontas is le háthas. Grósaeir beag ab é Mr Fogarty. Theip ar a theach óil sa chathaoir mar b’éigean dó cloí le driogairí agus le grúdairí den dara grád mar gheal ar laghad a mhaoine. D’oscail sé siopa beag ar Bhóthar Ghlas Naíon le súil go dtarraingeodh a dhea-bhéas fabhar na mban tí. Bhí maorgacht áirithe faoin dóigh a d’iompar sé é féin. Mhol sé gasúir óga agus d'fhuaimnigh a chuid focal go soiléir galánta.

Tháinig le bronntanas – leathphionta uisce beatha faoi leith. Bheannaigh Mr Kernan, leag a fhéirín ar an tábla gur shuigh síos i measc na bhfear ar chomhchéim leo. Bhí Mr Kernan buíoch den tabhartas, go háirithe ó chuimhnigh go raibh íoc beag earraí ag Mr Fogarty air. Dúirt:

“Nár laga Dia thú, a sheanchomrádaí. Oscail sin, Jack, le do thoil.”

Thug Mr Powar cúram an óstaigh ar féin arís. Glanadh gloiní agus dáileadh chúig fhuisce bheag amach. Chuir an tionchar nua seo beocht sa chomhrá. Bhí suim ar leith ag Mr Fogarty ann, a shuí ar phaiste bheag dá chathaoir.

“An Pápa Leo XIII,” a dúirt Mr Cunningham, “bhí sé ar dhuine de shoilsitheoirí na haoise. An smaoineamh mór a bhí aige, an bhfuil a fhios agaibh, aontú na hEaglaise Laidine agus na hEaglaise Gréagaí.[86] Ba é sin aidhm agus cuspóir a shaoil.”

“Chualas go minic go raibh sé ar dhuine de na fir ba éirimiúla san Eoraip,” a dúirt Mr Power. “Is é sin, le cois a bheith ina Phápa dhó.”

“Bhí, leis,” ar Mr Cunningham, “mura raibh ar an duine ba éirimiúla ar fad. Ba é a mhana, an bhfuil ‘fhios agat, mar Phápa, *Lux ar Lux* – Solas ar Sholus.”

“Arú, níorbh é, a dúirt Mr Fogarty le beocht. Sílim go bhfuil dul amú ort ansin. *Lux in Tenebris*, measaim, Solas sa Dorchadas, a bhí ann.”

“Ó ‘sé,” a dúirt Mr M’Coy, ‘*Tenebrae*.’

“I gcead daoibh,” ar Mr Cunningham go húdarásach, “*Lux ar Lux* ab é. Agus Pius IX, an Pápa a chuaigh roimhe, ba é a mhana *Crux ar Crux* – is é sin, Cros ar Chrois – rud a léiríos an difríocht idir an dá phontaifeacht.”[87]

“Glacadh leis an tátal. Choinnigh Mr Cunningham air.

“File agus fear léinn ab ea an Pápa Leo, ‘bhfuil ‘fhios agaibh.”

“Is snoite daingean an aghaidh a bhí air,” ar Mr Kernan.

“Sea, a dúirt Mr Cunningham. “Scríobh sé filíocht as Laidin.”

“An mar sin é?” a dúirt Mr Fogarty.

Bhlais Mr M’Coy a uisce beatha go sona sásta agus chroith a cheann ar dhá chúis, go ndúirt:

“Ní bréag ná magadh sin, féadaim rá libh.”

“Níor fhoghlaimíomar sin, Tom,” a dúirt Mr Power, ag leanúint sampla Mr M’Coy dó, “agus sinn ar scoil an phingin-sa-tseachtain[88] dúinn.”

“Is iomaí fear maith a chuaigh ar scoil phingin-sa-tseachtain agus fód móna ina bhaclainn aige,” ar Mr Kernan go ceartaiseach. “An seanchóras an córas ab fhearr: gnáth-oideachas ionraic. Gan gliogairnéis na linne seo.”

“An ceart ar fad agat,” ar Mr Power.

“Ní raibh barraíocht ar bith ag baint leis,” a dúirt Mr Fogarty.

Luí sé ar gach siolla den fhocal agus ansin d’ól go sollúnta.

“Is cuimhním liom léamh,” a dúirt Mr Cunningham, “gur faoi aireagán an ghrianghraif é ceann de dhánta an Phápa Leo – as Laidin, ar ndóigh.”

“Faoin ghrianghraf!” ar Mr Kernan agus iontas ina ghlór.

“’Sé,” ar Mr Cunningham.

D’ól seisean óna ghloine chomh maith.

“Más ea, muise,” a dúirt Mr M’Coy, “nach iontach an grianghraf nuair a smaoinímid air?”

“Ó, gan dabht,” a dúirt Mr Power, “tá léargas glinn ag smaointeoirí móra.”

“Mar a deir an file: tá an intleacht mhóir agus an mearadh ag bordáil ar a chéile,”[89] a dúirt Mr Fogarty.

Chuaigh Mr Kernan ar a mharana, shílfeá. Chuardaigh a chuimhne ar an teagasc Protastúnach ar chúpla pointe íogair agus sa deireadh thug aghaidh ceiste ar Mr Cunningham.

“Inis dom, Martin,” ar sé. “An fíor nach raibh roinnt de na pápaí – ní an fear atá againn anois ná an fear a tháinig roimhe, ach roinnt de na pápaí – go hiomlán... an bhfuil ‘fhios agat... sách inniúil?”

Thit an seomra faoi chiúnas. Dúirt Mr Cunningham:

"Ó, ar ndóigh, bhí corr-scraiste ina measc... Ach is díol iontais seo. Oiread agus duine amháin orthu, pé dhíobh an meisceoir ba bháite san ólachán, ná an... bligeard ba mheasa, níor thug focal bréagach teagaisc *ex cathedra*. Anois nach iontas sin?"

"'Sé, go deimhin," ar Mr Kernan.

"'Sé, mar nuair a labhraíos an Pápa ex cathedra," a mhínigh Mr Fogarty, "bíonn gan locht."[90]

"Bíonn," a dúirt Mr Cunningham."

"Ó, tuigim go mbíonn an ceart ag an Phápa i gcónaí. Is cuimhin liom go rabhas níos óige ansin... nó an é sin é - ?

Chuir Mr Fogarty isteach ar an chaint. Thóg an bhuidéal gur dháil tuilleadh fuisce ar na fir. Iar dtabhairt faoi deara do Mr M'Coy nach raibh dóthain fuisce ann, d'áitigh nach raibh a chéad-deoch críochnaithe aige. Ghlac na fir eile lena eiteach faoi dheireadh. Rinne an t-uisce beatha ceol bog ag titim sna gloiní dó. Ba thaitneamhach an eadarlúid í.

"Céard a bhí á rá agat, Tom?" a d'fhiafraigh Mr M'Coy

"Do-earráid an Phápa," a dúirt Mr Cunningham, "is é sin an dráma ba mhó i stair na hEaglaise ar fad."

"Conas sin, Martin?" a cheistigh Mr Power.

D'ardaigh Mr Cunningham dhá mhéar san aer.

"I gcoláiste naofa, 'bhfuil 'fhios agat, na gcairdinéal agus na n-ardeaspag agus na n-easpag, bhí beirt fhear a sheas an fód ina aghaidh agus gach uile dhuine eile ag tabhairt lán a dtacaíochta dhó. Bhí an Comhthionól trí chéile ar aon ghuth seachas an bheirt seo. Arú! Ní ghlacfaidís leis!"

"Ha!" ar Mr M'Coy.

"Agus an bheirt siúd, Gearmánach darb ainm Dolling... nó Dowling ... nó -"

"Níor Ghearmánach Dowling,[91] agus tig leat bheith suite dhe sin," a dúirt Mr Power de gháire.

"*Well*, an Cairdinéal mór Gearmánach seo, pé ar bith ainm dó, ba dhuine dhíobh é; agus ba é an duine eile, John MacHale."

"Céard?" ar Mr Kernan le hiontas. Ar John as Tuaim é?"[92]

"An bhfuilir cinnte de sin anois?" a cheistigh Mr Fogarty go hamhrasach. "Cheapas gurbh Iodálach nó Meiriceánach éigin é."

"John as Tuaim," a dúirt Mr Cunningham, "an fear a bhí ann."

D'ól sé agus rinne na fir uaisle eile amhlaidh. Ansin labhair arís:

“Bhíodar uile ansin, idir chairdinéil agus eapaig agus ardeaspaig as gach ceard den domhain, agus an bheirt seo in árach is in achrann leo nó gur sheas an Pápa féin suas sa deireadh thiar thall agus d’fhógair nach féidir dogma na hEaglaise *ex cathedra* a lochtú. I láthair na huaire sin John MacHale, a bhí glan ina aghaidh an smaoinimh go nuige sin, sheas sé suas gur lig búir leoin: ‘*Credo*!”

“Creidim!” ar Mr Fogarty.

“Credo!” ar Mr Cunningham. “Léiríonn sin a chreideamh. Ghéill a thúisce is a labhair an Pápa.

“Agus céard faoi Dowling?” a cheistigh Mr M’Coy.

“Ní ghéillfeadh an cairdinéal Gearmánach. Thug a dhroim don eaglais.”

D’fhág focail Mr Cunningham íomhá ollmhór maorga den eaglais i meoin a lucht éisteachta. Chuir a ghlór toll grágach faoi dhraíocht iad agus é ag aiceannú na bhfocal creidimh agus géillte. Ag teacht sa tseomra do Mrs Kernan agus í ag triomú a lámh, fuair sí tost sollúnta roimpi. Níor chuir sí isteach ar an chiúnas, ach chrom thar an ráille ag cos na leapan.

“Chonaiceas John MacHale tráth,” a dúirt Mr Kernan, “agus ní dhéanfad dearmad air a fhad a mhairfead.”

Thug aghaidh dearbhaithe ar a bhean.

“Dúras sin go minic leat?”

Chlaon sí a ceann dá dhearbhú.

“Ba ag nochtadh dhealbh Shior John Gray é. Bhí Edmund Dwyer Gray ag caint, ag gaoitearacht leis, agus seo mo dhuine aosta seo, seanbhuachaill cantalach, ag cur na súl tríd faoina mhalaí móra giobacha.”

Chuir Mr Kernan roic ina mallaí, gur thug a cheann faoi agus thug súil fhiata ar a bhean ar nós tairbh fraochta.

“A Dhia!” ar sé go bríomhar, iar dteacht chuici féin dá dhreach, “níor fhacas a leithéid de shúil i gceann fir riamh. B’ionann é is rá: aithním an chleasaíocht bheag atá agat, a mhic ó. Bhí súil seabhaic aige.

“Ní raibh aon mhaith i nduine ar bith de chlann na Grays riamh,”[93] a dúirt Mr Power.

Thit an seomra faoi thost arís. Thug Mr Power aghaidh cainte ar Mrs Kernan agus dúirt go meidhreach tobann:

“*Well*, Mrs Kernan, táimid ag dul a dhéanamh Caitlicigh maith cráifigh naofa de d’fhear anseo.”

Comharthaigh go fial ar an chomhluadar le scuabadh dá láimh timpeall orthu.

“Táimid go léir ag dul ar chúrsa spioradálta a dhéanamh faoistine – agus ag Dia atá a fhios an gátar atá orainn.”

“Ní miste liom,” a dúirt Kernan le meangadh a bhí pas beag faiteach.

Ba chríonna le Mrs Kernan cheilt a sásaimh. Mar sin, is é a dúirt:

“Mo ghraidhin an sagart a chaithfeas éisteacht le do scéal.”

Tháinig athrú ar dhreach Mr Kernan.

“Mura maith leis é,” ar sé go borb, “tig leis... an rud eile a dhéanamh. Inseod mo scéal beag ainnise, sin an méad. Ní drochdhuine amach is amach mé -”

Rinne Mr Cunningham eadráin ar an toirt.

“Diúltóimid uile don diabhal,” a dúirt sé, “ar aon, gan dearmad ar a oibreacha is a ealaín.”

“Bí ar siúl, a Shátain!” a dúirt Mr Fogarty de gháire is ag spléachadh ar na fir eile.

Ní dúirt Mr Power faic. Chonaictheas dó go raibh sé go hiomlán sáraithe i gceannasaíocht. Ach rith léas sásaimh trasna a aghaidhe.

“Níl le déanamh againn,” a dúirt Mr Cunningham, “ach seasamh suas le coinneal lasta inár nglaic againn agus tabhairt arís ar ár móideanna baiste.

“Ó, ná dearmad an coinneal, Tom,” a dúirt Mr M’Coy, “pé rud eile a dhéanfair.”

“Céard?” ar Mr Kernan. “An mbeidh call agam le coinneal?”

“Ó beidh,” ar Mr Cunningham.

“Arú, damnú air ar fad mar scéal,” a dúirt Mr Kernan go goilliúnach. “Ní rachad chomh fada le sin. Déanfad an dualgas, ceart go leor. Déanfad an cúrsa creidimh seo agus an faoistin, agus... an gnó sin ar fad. Ach... cosc ar choinnle! Damnú air, ní ghlacfad le coinnle!

Chroith a cheann le tromchúis ghreannmhar.

“Éistí sin!” ar a bhean.

“Crosaim na coinnle,” ar Mr Kernan agus é ag croitheadh a chinn anonn is anall. Thuig gur tharraing a agóid aird a chomhluadair. “ Crosaim ealaín na laindéar ndraíochta.”[94]

Rinne gach aon duine gáire.

“Sin Caitliceach deas daoibh!” ar a bhean.

“Coinneal ar bith!” a dúirt Mr Kernan arís go ceanndána. “Ní ghlacfad leo!”

Bhí croslann an tSéipéil Íosánaigh nach mór lán; agus fós féin tháinig fir uaisle isteach ón doras taoibh agus, ar treoir an bhráthar tuata, théaltaíodar suas na taobhranna gur fuaireadar áit suite. Bhí na fir go léir gléasta go maith agus dea-iomprach. Lonraigh solas lampaí an tséipéil ar éadaí dubha agus ar bhónaí bána an tslua. Ba éagsúlacht ar éigean an corr-chulaith bhréidín, na colúin marmair dúghlais bric agus na pictiúir dhuairce dhólásacha. Bhí na fir uaisle ina suí sna binsí, a mbrístí tarraingthe aníos beagán tharr a nglúine acu agus a hataí curtha ar chóir shábháilte. Bhíodar ina suí i bhfad siar sa tséipéal agus stánadar go nósúil ar bhallóg bheag bhídeach an tsolais deirg ar crochadh os cionn na haltóra airde i bhfad uathu.

Ar cheann de na binnsí bhí Mr Cunningham agus Mr Kernan ina suí. Bhí Mr M’Coy ina aonar laistiar díobh: agus bhí Mr Power agus Mr Fogarty ar an bhinse taobh thiar de sin. Thriall Mr M’Coy áit a aimsiú ar bhinse na bhfear eile ach bhí sé fánach air. Nuair a shocraigh na fir síos i bhfoirm cúigín,[95] chaith sé cúpla focal grinn. Níor thaitin sin leo, agus d’éirigh sé as. Go fiú amháin eisean, chuaigh an t-atmaisféar cuibhiúil i bhfeidhm air agus d'athraigh sé a iompar mar gheall ar an tionchar reiligiúnach. Le cogar, tharraing Mr Cunningham aird Mr Kernan ar Mr Harford, an t-iasachtóir airgid, a bhí ina shuí píosa maith uathu, agus ar Mr Fanning, gníomhaire clárúcháin agus déantóir mhaor na cathrach,[96] a bhí ina shuí díreach laistiar den phuilpid in aice le duine de chomhairleoirí nua an bhaird. Ar dheis bhí Michael Grimes, úinéir trí shiopa geallbhróicéara, agus nia Dan Hogan, a raibh an post in oifig an Chléireach Baile i ndán dó. Níos sia rompu bhí Mr Hendrick, príomh-thuairisceoir *The Freeman’s Journal,* agus O’Carroll bocht, seanchara Mr Kernan, a bhí ina bhoc mór trádála tráth. De réir mar a d’aithin Mr Kernan aghaidheanna, chuaigh chun a shuaimhnis. Bhí a hata ar a ghluine aige, ar dheisigh a bhean é dhó. Uair nó dhó tharraing muinchille anuas le leathláimh agus choinnigh greim éadrom ach daingean ar dhuilleoig a hata leis an láimh eile.

Thaibhsigh fear toirtiúil i suirplís bán ag dreapadh isteach sa phuilpid dó agus saothar air. Ag an am chéanna chorraigh an slua, tharraing ciarsúir póca amach agus chuaigh go cáiréiseach ar a nglúine orthu. Rinne Mr Kernan amhlaidh. Bhí an sagart ina sheasamh anois sa phuilpid i gcéin uathu. Bhí dhá thrian dá thoirt le feiceáil os cionn na balastráide agus aghaidh mhór mhillteach dhearg mar bharr uirthi. Sléachtann *Father Purdon* go dtugann a aghaidh ar an spota beag solais deirg agus, ar gclúdach a aghaidh lena lámha dó, cromann ar phaidir. Tar éis tamaill, nochtann a aghaidh arís agus éiríonn ina sheasamh. Seasann an pobal freisin agus socraíonn síos arís ar na binsí. Leag Mr Kernan a hata ar ghlúine arís agus thug aghaidh éisteachta ar an tseanmóirí. Crapann an seanmóir na muinchillí leathana dá shuirplís siar le gluaiseacht mhór geáitsíochta, ceann ar cheann, go scrúdaíonn aghaidheanna an phobail go mall. Ansin deir:

“Óir is glice clann an tsaoil seo ná clann an tsolais ina gcineál féin. Agus a deirimse libh, Déanaí cairde dhíbh féin lé saibhreas na héagóra; ionas an tráth a éagfaidh sibh [sic], go nglacfaidh siad sibh ina lóistíní síoraí.”[97]

Rinne an t-Athair Purdon forbairt ar an téacs i nglór mór muiníneach. Tá sé ar cheann de na téacsanna is deacra sna scrioptúir trí chéile, ar sé, i dtaobh léimh cirt a dhéanamh air. B’fhéidir go ndéarfadh duine leis féin go bhfuil an teagasc ann ag dul in aghaidh na hard-mhoráltachta a theagascas Íosa in áiteanna eile sa Tiomna Nua. Ach, a dúirt sé lena lucht éisteachta, feileann an téacs go mór do theagasc daoine a bhfuil sé de chrann orthu iomair sa tsaol duthain seo ach nach mian leo bheith gafa sa tsaoltacht mar sin féin. Is téacs é a oireas d’fhir gnó agus d’fhir gairme. Íosa-Chríost, a thuigeas gach uile ghné de nádúr an duine, tuigeann sé nach bhfuil saol reiligiúnach i ndán do gach aon fhear. Is éigin d’fhormhór na ndaoine maireachtáil sa tsaol saolta agus, ar bhealach, faoi cheannas an tsaoil-se siúd. Agus leag Sé amach focal comhairle dhóibh leis an fhocal

seo, a dhéanas eiseamláir ar an tsaol diaganta de na hadhraitheoirí *Mammon* seo ar lú cráifeachta iad ná fear ar bith eile.

Dúirt sé lena lucht éisteachta nach raibh cúis mhór scáfar lena chaint, ach go raibh ann mar fhear saolta a labhairt lena chomhchréatúir. A labhairt le fir gnó a bhí sé, agus labhródh leo ar dhóigh phraiticiúil an fhir gnó. Ba eisean a gcuntasóir spioradálta a dúirt sé, má ghabhaidís leis an mheafar, agus ba mhaith leis go n-osclódh gach aon dá luch éisteachta a leabhair – leabhair a shaol spioradálta, féachaint ar réitíodar lena choinsias.

Ní saoiste dian Íosa-Chríost. Tuigeann ár lochtanna beaga, tuigeann laigí síol Ádhaimh boicht, tuigeann cathaithe an tsaoil seo. B’fhéidir go raibh cathú orainn ó am go ham, bhí orainn uile. B’fhéidir go ngéilleamar don chathú anois is arís, ghéilleamar uile. Ach ní iarrfadh sé ar a lucht éisteachta ach aon rud amháin. Agus is é seo é: bheith díreach agus fearúil le Dia. Má tá na cuntais ag teacht go hiomlán le chéile, a rá:

“*Well*, dheimhníos na cuntais. Tá gach aon rud ina cheart iontu.”

Ach, mura réitíonn go hiomlán, mar a d’fhéadfadh tarlú, ní mór ionracas, admháil na fírinne, agus rá mar fhear:

“*Well*, scrúdaíos mo chuntais. Tá sé tugtha faoi deara agam go bhfuil seo agus sin mícheart. Ach, le grásta Dé, cuirfead seo agus sin ina cheart. Leigheasfad mo chuid cuntas.

Na Mairbh

NÍ RAIBH uain scíthe ag Lily, iníon an fheighlí. Nach mór a thúisce is a thionlaic sí *gentleman* amháin sa chuile bheag buitléara laistiar den oifig ar an bhun-urlár is a bhain a chóta mór de, ní túisce sin déanta aici ná bhuail cloigín cársánach an dorais sráide arís agus b'éigin di sodar síos an halla lom a ligean cuairteora eile isteach. Ar a laghad ní raibh freastal na *ladies* uirthi freisin. Chuimhnigh *Miss Kate* agus *Miss Julia* ar sin agus rinneadar seomra feistis na mban n-uaisle den tseomra folctha thuas staighre. Is ansin a bhí Miss Kate agus Miss Julia, agus iad ag cabaireacht is ag gáire is ag fuirseadh, ag siúil i ndiaidh a chéile go ceann na staighre a ghliúcaíocht síos fúthu thar na balastair agus a ghlaoch ar Lily fiafraí dhi cé a tháinig.

Ba oíche mhór é riamh, rince bliantúil na Miss Morkan.[98] Thagadh gach duine a raibh aithne aige orthu, idir ghaolta, seanchairde den chlann, baill de chór Julia, aon duine de pháistí scoile Kate a bhí fásta suas go leor anois, agus go fiú roinnt scoláirí Mary Jane. Níor theip air riamh. Bliain i ndiaidh bliana, d'éirigh go seó leis le cuimhne na ndaoine; ó d'fhág Kate agus Julia an teach ar Bhóthar na gCloch agus thugadar Mary Jane, an t-aon neacht acu, a dhul chun cónaithe leo sa teach duairc caol in Oileán Uiséir i ndiaidh bhás a ndearthár Pat. Thógadar an dara urlár den tigh ar cíos ó Mr Fulham, an mórdhíoltóir gráinne ar an bhun-urlár. Sin trocha bliain ó shin ar a laghad. Ní raibh Mary Jane ach ina gearrchaile ag an am. Anois ba uirthi ba mhó a raibh aghaidh na ndaoine, óir sheinneadh an t-orgán ar Bhóthar Haddington.[99] Oileadh san *Acadamy*[100] í agus chuireadh ceolchoirm na scoláirí ar bun i halla uachtarach na *Antient Concert Rooms* gach bliain.[101] Roinnt mhaith dá scoláirí, ba de chlanna níos uaisle ó na tithe ar an líne traenach idir Dún Laoghaire agus Deilginis dóibh. In ainneoin a n-aoise, dhéanadh a hainteanna a gcion féin de dhualgas an óstaigh. Cé go raibh sí an-liath, ba phríomh-shoprán in *Adam and Eve's* í Julia i gcónaí, agus Kate, a bhí craplaithe ag an aois, thugadh sí ceachtanna ceoil d'fhoghlaimeoirí ar an tsean-phianó sa tseomra chúil. Lily, iníon an airígh, rinne obair an chailín tí dhóibh. Má bhí a maoin sách beag féin, bhí dúil acu i mbia maith; an scoth de gach rud: stéigeacha caoldroma, tae trí scillinge agus na buidéil phórtair is fearr dá raibh. Ach b'annamh a chuaigh Lily amú sna hordaithe grósaera agus réitigh go maith lena máistreása dá bharr. Bhíodar pointeáilte, b'in an méad. Ach an t-aon rud nach seasfaidís, aisfhreagra.

Ar ndóigh bhí cúis phointeáilteachta acu ar a leithéid d'oíche. Anuas ar sin bhí sé i bhfad i ndiaidh a deich a chlog agus fós ní raibh tásc ná tuairisc ar *Gabriel* agus ar a bhean chéile. Lena chois sin bhí eagla orthu go dtagadh *Freddy Malins* agus é ar a dhearg meisce. B'uafás leo go bhfeiceadh scoláirí Mary Jane é faoi thionchar an óil; agus nuair a bhí sé ar an chaoi sin ba dheacair aon cheart a bhaint de scaití. Thagadh Freddy Malins go han-déanach i gcónaí ach n'fheadradar céard a chuir moill ar Gabriel: agus sin a chuir iad ag sodar chuig na balastair gach ré nóiméad a chur tuairisce Gabriel agus Freddy ar Lily.

"Ó, Mr Conroy," a deir Lily nuair a d'oscail an doras dó, "B'fhada le Miss Kate agus Miss Julia do theacht."

"Bíodh geall gur fhada," ar Gabriel, "ach tá dearmad déanta acu go gcaitheann mo bhean trí uaire fada an chlog á gléasadh."

Sheas ar an mhata, ag scríobadh an tsneachta dá fhorbhróga, agus Lily ag tionlacan a mhná go bun an staighre a ghlaoch:

"Miss Kate, seo chugat Mrs Conroy."

Tháinig Kate agus Julia go tuisleach sodarnach aníos an staighre ar an toirt. Phógadar bean Gabriel araon, dúradar léi nárbh fholáir nó bhí sí préachta leis an fhuacht agus d’fhiafraíodar di an raibh Gabriel ina teannta.

“Seo mé agus níl caill orm, a Aint Kate! Suas leat.

Choinnigh ag scríobadh a chos go bríomhar agus an triúr ban ag dul suas staighre go seomra feistis na mban agus ag gáire. Chlóigh clúdach tearc sneachta le muin a chóta móir agus le barra a fhorbhróg mar a bheadh brádóg is bairbíní air; ar sleamhnú do na cnapaí go díoscánach trí bhréid an chóta a bhí stromptha ag an tsneachta, scaoileadh aer fuar cumhra na hoíche ó loig is ó liopaí.

“An bhfuil sé ag cur sneachta arís, Mr Conroy?” a d’fhiafraigh Lily.

Bhí sí dulta roimhe sa chuile a chuidiú le baint a chóta dhe. Rinne Gabriel gean gáire faoin trí shiolla a chuir sí ar a shloinne agus thug sracfhéachaint uirthi.[102] Ba chailín tanaí í a bhí fós ag fás aníos. Bhí lí bhán inti agus gruaig ar dhath an fhéir tirim uirthi. Mhéadaigh an solas gáis ar a báine. Bhí aithne ag Gabriel uirthi nuair a bhí sí ina páiste agus shuíodh sí ar an chéim is ísle ag muirniú bhábóg éadaigh.

“Tá, Lily,” a d’fhreagair sé, “agus measaim go bhfuil oíche dhe romhainn.”

D’amhairc suas ar shíleáil na cuile, a bhí ag creathadh le satailt is le scuabáil cos ar an urlár lastuas de, d’éist ar feadh scaithimh leis an phianó gur chaith súil ar an chailín ansin, a bhí ag filleadh a chóta móir go cúramach a chur ar cheann seilfe.

“Inis dom, Lily,” ar sé i nguth cuideachtúil, “an dtéir ar scoil i gcónaí?”

“Ó, ní dhéanaim,” a d’fhreagair sí. “Táim réidh le scolaíocht le breis is bliain anuas.”

“Ó, más é,” ar Gabriel go haerach, “is dóigh go mbeimid ag dul chuig do bhainis pósta le do stócach lá breá éigin amach anseo, há?

Chaith an cailín súil siar thar a gualainn air agus dúirt le domlas:

“Na fir atá anois ann níl fúthu ach plámás leat agus teacht i dtír ort.”

Dhearg Gabriel faoi mar a fheictí dhó go ndearna botún agus, gan amhairc uirthi, bhain dhe a fhorbhróga agus, lena mhuifléad, scuab is lasc ar a bhróga snasleathair.

Fear óg téagartha sách ard ab é. Leath luisne dhearg nádúrtha óna leicne aníos go ndearna baill bhándearga neamhchruinne anseo is ansiúd go fiú ar a éadan; agus bhí spéaclaí á gcaitheamh aige ar a aghaidh lom. Dhrithligh na gloiní lonracha agus na himill ghealla órnite go corraitheach agus thugadar dídean dá shúile beo mothálacha. Bhí a ghruaig dhubh shlíoctha scoilte ina dhá leath ar lár agus scuabtha i gcuar fada go cúl a chluas, áit ar fhág a hata eang inti.

Iar smeachadh loinnreach ina bhróga sheas sé suas gur tharraing a veist anuas agus chloí í níos dlúithe fós lena chorp beathaithe. Ansin bhain bonn óna phóca go sciobtha.

“Ó Lily,” ar sé, ag brú é ina lámha uirthi, “tá an Nollaig orainn, nach bhfuil? ‘Sea... seo dúthracht bheag...”

Shiúl de sciotán i dtreo an dorais.

“Arú, *sir*!” a ghlaoigh an cailín agus í sna sála air. “Go deimhin féin, a dhuine uasail, ní ghlacfainn léi.”

“Aimsir na Nollag! Aimsir na Nollag!” a ghlaoigh Gabriel agus é nach mór ag sodar suas an staighre agus ag croitheadh a láimhe go diúltach uirthi.

Ag feiceáil don chailín gur shroich seisean an staighre, ghlaoigh air:

“*Well*, go raibh maith agat, *sir*.”

D'fhan sé le críochnú an *waltz* lasmuigh den pharlúis agus d'éist le scuabadh na sciortaí leis an doras dúnta agus le scuabadh cos ar an urlár. Bhí sé fós trí chéile ag freagra gonta searbh an chailín. Chuir sé smúit air agus chóirigh sé a chufaí is cuachóg a charbhait in iarracht a ruaigthe. Ansin bhain duilleog bheag páipéir dá phóca veiste gur chaith súil ar na teideil a scríobh síos dá óráid. Bhí fós idir dhá chomhairle faoi na línte as Robert Browning mar bhí faitíos air nach mbeadh aithne ag a lucht éisteachta orthu. B'fhearr dó focal a n-aithneoidís as Shakepeare nó as na *Melodies* a lua.[103] Mheabhraigh claicearnach thútach sál na bhfear agus scuabadh bonn a mbróg dó gur dhifriúil a ngrád oiliúna siúd óna oiliúint féin. Ceann a dhéanamh dhe féin, sin an t-aon toradh a bheadh ar thabhairt filíochta nach dtuigfidís. Cheapfaidís go raibh sé ag déanamh gaisce dá hoideas. Shuífeadh an dabhach air leo faoi mar a teipeadh air leis an chailín sa chuile. Do chuir sé an blas mícheart ar a óráid. Ba bhotúin í ó thús deireadh, ba chliseadh iomlán í.

Leis sin tháinig a ainteanna agus a bhean ó sheomra feistis na mban. Beirt sheanbhan bheag gléasta i n-éadaí gan scléip ab iad a ainteanna. Bhí Aunt Julia tuairim is orlach níos airde. Bhí a gruaig tarraingthe siar go híseal thar bharr a cluas. Bhí gruaig liath uirthi. Liath freisin, chomh maith le scáthanna níos dorcha, an lí in a haghaidh mhór shleabhctha. Cé go raibh sí tathagach ceartseasmhach, a súile liosta agus an béal beagán ar oscailt aici, chuireadar an chuma uirthi gur bhean nach fios di cá raibh sí nó cá raibh a triall. Bhí Aunt Kate níos beoga. A haghaidh, a bhí níos sláintiúla ná aghaidh a deirféar, bhí lán de roic, ar nós úill deirg seargtha, agus a cuid gruaige, a bhí tarraingthe siar i dtrilseáin seanaimseartha mar a bhí gruaig a deirféar, níor chaill a dath donn lonrach.

Phógadar beirt Gabriel go ceanúil. Ba eisean a nia ceanáin, mac a deirféar móire nár mhair, Ellen, a phós T.J. Conroy le *Port and Docks*.

“Deir Greta liom nach dtógfaidh sibh carr ar ais go Baile na Manach anocht, Gabriel,” ar Aunt Kate.

“Ní thógfaimid,” ar Gabriel gur thug aghaidh cainte ar a bhean, “bhí ár leordhóthain de sin againn an bhliain seo caite, nach raibh? Nach gcuimhin leat, Aunt Kate, an dearg-shlaghdán a tholg Gretta dá bhuíochas. Fuinneoga an chairr ag preabadh is ag gliogarnach go deireadh an aistir, agus an ghaoth anoir ag séideadh isteach ó chuamar tharr Mhuirfinn i leith. An-aerach a bhí sé. Tholg Gretta slaghdán uafásach.”

Tháinig muc ar gach mala ag Aunt Kate agus chlaoin sí a ceann i ndiaidh gach focail.

“Is fíor duit, Gabriel, is fíor duit,” ar sí. “Ní mór faichill.”

“Ach le Gretta ansin,” a dúirt Gabriel, “siúlfadh sí abhaile faoin tsneachta dá ligtí dhi.

Rinne Mrs Conroy gáire.

“Ná tabhair aon aird air, Aunt Kate,” a dúirt sí. “Is mór an clipeadh é, idir spéaclaí frithdhallta glasa ar shúile Tom don oíche agus a chur ag caitheamh thromán lúith, agus cur iallach ithe leite ar Eva. An créatúirín! Agus is fuath léi í!... Ó, ach do bharúil cad a chuireas sé de dhualgas ormsa a chaitheamh orm anois!”

Rinne sí scairteadh gáire agus thug sracfhéachaint ar a fear, a bhí ag breathnú le haoibhneas ar a gúna, a haghaidh, a gruaig. Rinne an dís ainteanna gáire croíúil freisin, óir bhí tathant Gabriel ina ábhar grinn acu.

“*Goloshes!*” a dúirt Mrs Conroy. “Sin an faisean is nua aige. Uair ar bith a bhíos braon báistí nó eile ar talamh caithfead cur orm m’fhorbhróga. D’iarr sé a gcaitheamh orm anocht go fiú amháin, ach ní gcaithfinn iad. An céad-rud eile a cheannóidh sé dhom, culaith tumadóireachta.

Rinne Gabriel gáire neirbhíseach is shlíoc a charbhait agus Aunt Kate in arraingeacha ag gáire faoin scéal. Níor mhair an gáire i bhfad ar Aunt Julia agus lonnaigh a súile marbha ar dhreach a nia. Nuair a tháinig sos sa chaint, dúirt:

“Agus céard is *goloshes*, Gabriel?”

“*Goloshes*, Julia!” a d’fhógair a deirfiúr. “A thiarcais, nach bhfuil a fhios agat céard is *goloshes*? Cuirtear ar ... chosa thar do bhróga, nach é sin é, Gretta?”

“Sé, ar Mrs Conroy. “Nithe gránna atá déanta as guma peirce. Tá péire againn beirt anois. Deir Gabriel go gcaitheann an uile dhaoine iad ar an mhór-roinn.

“Ó, ar an mhór-roinn,” ar Aunt Julia de ghuth íseal agus í ag sméideadh a cinn go mall.

Chuir Gabriel grainc ina mhalaí agus dúirt, mar a bheadh fearg air:

“Ní scéal mór grinn é ach baineann Gretta an-ghreann as mar, a deir sí, go gcuireann an focal sin na *Christy Minstrels* i gcuimhne dhi.”[104]

“Ach, inis dom, Gabriel,” a dúirt Aunt Kate le tuiscint is le stuaim. “Ar ndóigh, fuairis amach faoin tseomra. Dúirt Getta...

“Ó, tá an seomra ceart go leor,” a d'fhreagair Gabriel. “Thógas ceann sa *Gresham*.”[105]

“Cinnte,” ar Aunt Kate, “an rud is fearr a dhéanamh, gan aon agó. Agus na páistí, Gretta, nach bhfuil imní ort fúthu?”

“Ó, níl i gceist ach oíche amháin,” a dúirt Mrs Conroy. “Ar aon nós, tabharfaidh Bessie aire dhóibh.”

“Cinnte,” ar Aunt Kate arís. “Is mór an sólás daoibh cailín mar sin, cailín atá le trust! Maidir le Lily sin, n’fheadar céard a tháinig uirthi le gairid. Ní hí an cailín a bhí ar chor ar bith.”

Bhí Gabriel ar tí chur roinnt ceisteanna ar a aint ina leith ach bhí sí ag breathnú ar a deirfiúr anois a d’imigh léi ar a bealach síos an staighre a scrogaireacht thar na balastair.

“Achainí oraibh,” agus rian den chantal ina glór, “cá bhfuil Julia ag dul? Julia! Julia! Cá bhfuil do thriail?”

Julia, a bhí imithe leath-shlí síos staighre amháin, tháinig ar ais gur fhógair go leamh:

“Seo chugainn Freddy.”

Ansin díreadh chualathas bualadh bos agus fras deiridh an phianódóra a thug le fios go raibh an válsa críochnaithe. Osclaíodh doras an tseomra caidrimh ón taobh istigh agus tháinig roinnt daoine amach ina mbeirteanna. Tharraing Aunt Kate Gabriel i leataobh faoi dhithneas agus dúirt i gcogar ina chluais:

“Gabh síos, Gabriel, maith an fear, féachaint an bhfuil sé ceart go leor, agus ná lig suas é má tá caochta. Táim cinnte go bhfuil sé caochta. Táim cinnte go bhfuil.”

Chuaigh Gabriel anonn chuig an staighre agus chuir cluas ar féin ag na balastair. Chuala sé beirt ag comhrá sa chuile. Ansin d’aithin sé gáire Freddy Malins. Chuaigh síos staighre go trostúil.

“Is é grá Dia dhúinn,” a dúirt Aunt Kate le Mrs Conroy, “Gabriel anseo. Maolaíonn m’imní nuair a bhíos seiseann anseo... Julia, sin Miss Daly thall agus tógfaidh Miss Powers deoch. Go raibh maith agat as do válsa álainn, Miss Daly. Ba dheas an t-am is an luas aige.”

Fear ard crón rocach le croiméal ramhar bricliath aige a bhí ag dul thar bráid lena chéile damhsa, dúirt:

“Agus an dtabharfá deoch dúinne chomh maith, Miss Morkan?”

“Julia,” ar Aunt Kate go giorraisc, “agus seo Mr Browne agus Miss Furlong. Tabhair isteach iad, Julia, in éineacht le Miss Daly agus Miss Power.”

“Mise muirnín na mban,” a dúirt Mr Browne agus leath strainc gáire ar a aghaidh rocach gur tháinig colg ina chroiméal. “An bhfuil a fhios agat, Miss Morkan, an fáth go bhfuilid ar fad chomh ceanúil sin orm ná -”

Níor chríochnaigh a abairt ach, iar bhfeiceáil dó go raibh Aunt Kate as éisteacht, thug an triúir ban óg don chúlseomra ar an toirt. Sheas dhá thábla cearnógacha taobh le taobh sa tseomra láir a raibh Aunt Julia agus an feighlí ag réiteach is ag slíocadh scaraoide móire air. Leagtha amach ar bhord sleasa bhí soithí is miasa, agus gloiní agus cuail sceana, forc is spúnóg. Baineadh feidhm as barr dúnta an phianó mar bhord billíní beadaí. Ag bord níos bige ná é i gcúinne den tseomra sheas beirt fhear óg agus iad ag ól leann lusanna.

Thug Mr Brown a scata ban anonn gur thairg, le teann diabhlaíochta, puins ban dóibh, a bhí te, láidir is milis. Ó dúradar nár óladar deoch mheisciúil riamh d’oscail seisean trí bhuidéal líomanáide dhóibh. Ansin d’iarr ar dhuine de na stócaí seasamh de leataobh, gur rug ar an teisteán agus líon a ghloine go fial le huisce beatha. Bhreathnaigh na fir óga go hurramach air agus é ag blaisínteacht air.

“Go bhfóire Dia orm,” ar sé agus meangadh gáire aire, “is é comhairle an dochtúra é.”

Leath an meangadh amach ar a aghaidh rocach, agus rinne an triúr ainnireach gáire araon lena fhocal grinn agus luascadar a gcorp anonn is anall agus gach aon chor dá nguaillí le sceitimíní. Dúirt an ainnir ba dhána dhíobh:

“Ó, anois, Mr Browne, ní foláir nár thug an dochtúir comhairle dá shórt.”

Bhain Mr Brown suimín eile as a fhuisce go ndúirt go plámásach:

“*Well*, an bhfuil ‘fhios agat, is ionann mé agus an Mrs Cassidy iomráiteach a gcuirtear ina leith go ndúirt: ‘Anois, Mary Grimes, mura dtóga mé é, brúigh orm é, mar teastaíonn sé uaim.’”

Do chrom a cheann gortha isteach chun tosaigh pas beag go ró-theanntásach agus ghlac blas Átha Cliath an-íseal ar a ghlór, sa dóigh gur thost na mná óga d’aon dúchas amháin agus nár thugadar freagra ar bith ar a scéal. Miss Furlong, ar bhean de scoláirí Mary Jane í, d’fhiafraigh de Miss Daly ainm an válsa deas a sheinn sí; agus Mr Browne, iar bhfeiceáil go raibh cluas bodhar á tabhairt dó, thug aghaidh cainte ar an bheirt stócach gan mhoill, a bhí níos fabhraí leis.

Tháinig bean óg dhearg-ghnúiseach i ngúna bláthbhreac sa tseomra ag bualadh a bos go meidhreach agus ag scairt:

“Quadrilles! Quadrilles!”[106]

Bhí Aunt Kate sna sála uirthi. Ghlaoigh:

“Beirt fhear agus triúir ban, Mary Jane!”

“Ó, seo chugainn Mr Bergin agus Mr Kerrigan,” a dúirt Mary Jane. “Mr Kerrigan, an dtógfá Miss Power? Miss Furlong, an dtig liom céile damhsa a fháil duit – Mr Bergin. Ó, déanfaidh sin cúis anois.”

“Triúir ban, Mary Jane,” a dúirt Aunt Kate.

D’iarr an bheirt stócach damhsa ar na mná, agus thug Mary Jane a haghaidh ar Miss Daly.

“Ó, Miss Daly, ba an-deas ar fad uait, an dá damhsa deireanacha a sheinnis, ach gan bréag ná magadh, is é an chaoi a bhfuil sé, táimid thar a bheith gann ar mhná anocht.”

“Ní miste liom ar chor ar bith, Miss Morkan.”

“Ach tá céile maith agam duit – Mr Bartell D’Arcy, an teanóir. Cuirfead é ag canadh ar ball. Tá an-éileamh air in Áth Cliath.

“Guth álainn, guth álainn!” ar Aunt Kate.

Ó tosaíodh an céad-damhsa faoi dhó ar an phianó, thug Mary Jane a earcaigh óga léi go gasta ón tseomra. Is ar éigin féin a bhíodar imithe nuair a tháinig Aunt Julia go mall-chosach sa tseomra de fán agus í ag amharc uaithi ina diaidh.

“Céard atá ort, Julia?” a cheistigh Aunt Kate go himníoch. “Cé atá ann?”

Thug Julia, a bhí beart naipcíní tábla ina baclainn aici, thug aghaidh ar a dheirfiúr agus dúirt go simplí, mar a thagadh an cheist aniar aduaidh uirthi:

“Níl ann, Kate, ach Freddy, agus Gabriel ina theannta.”

Is amhlaidh go raibh Gabriel le feiceáil ag giollacht Freddy Malins trasna an léibhinn ceannstaighre. Fear óg tuairim is dhá fhichid bliain ab é siúd, ar chomhard agus ar chomh-thoirt le Gabriel, agus an-chromtha sna slinneáin. Ní raibh lí na fola ina aghaidh fheolmhar ar chor ar bith, cé is moite de bunanna liobarnacha a chluas agus den dá thaobh dá shróin leathan. Ba mhosach an aghaidh aige le béal breallach inti agus le héadan dronnach a chlaon siar uaithi. A shúile troma agus aimhréidh a gruaige scáinte, chuireadar cuma an chodlata air. Bhí sé ag scairteadh is ag búireadh gáire faoi scéal grinn a d’eachtraigh do Gabriel ar an tslí aníos agus chuimil a shúil chlé le hailt a dhoirn chlé fad an bhealaigh.

“Oíche mhaith isteach agat, Freddy,” a dúirt Aunt Julia.

Bheannaigh Freddy Malins do na Misses Morkan ar nós cuma liom, shílfeá, mar gheall ar sceach ina scornach, rud ab iondúil leis, gur chonaic Mr Browne ag draidgháire leis ón bhord sleasa agus thrasnaigh an seomra chuige go stámhailleach a eachtrú de ghlór íseal an scéil a bhí tar éis a eachtraithe do Gabriel.

“Níl sé chomh dona sin, an bhfuil?” a dúirt Aunt Kate le Gabriel.

Bhí cuma ghruama ar Gabriel ach chuir an phúic de go tapaigh a fhreagairt:

“Ó, is ar éigin féin do dtabharfá faoi deara é.”

“Nach é an scabhaitéir é!” ar sí. “Agus bhain a mháthair bhocht gealltanas de Oíche Chinn Bliana go séanfadh an ól. Ach teara uait, Gabriel, don tseomra suite.

Sular fhág an seomra le Gabriel, thug sí rabhadh do Mr Browne le crapadh a malaí agus bagairt dá méar. Sméid Mr Brown a cheann uirthi mar fhreagra, go ndúirt le Freddy Malins iar n-imeacht di:

“Anois, Teddy, líonfad gloine mhaith líomanáide dhuit do t’athbheochan amháin féin.”

Freddy Malins, a bhí buailte le buaic a scéil, rinne neamhshuim mhífhoighneach den tairgeadh le bagairt dá láimh ach, nuair a bhí aird Freddy Malins tarraingthe aige ar eireaball a léine ar liobarna, líon Mr Browne gloine go béal le líomanáid agus shín chuige í. Rug Freddy Malins ar an ghloine ina láimh chlé gan smaoineamh faoi agus a lámh dheas ag dingeadh a léine faoina bhríste mar a bheadh inneall ann. Líon Mr Browne, a bhí strainc an gháire air arís, líon a ghloine féin le fuisce agus Freddy Malins ag pléascadh ar racht réamach gáire sula raibh a scéal grinn críochnaithe i gceart aige. Leag Freddy Malins an gloine anuas gan blaiseadh aisti agus an leacht ag sceitheadh gach aon áit gur chuimil a dhorn clé siar is aniar ina shúil clé agus é ag dul siar arís ar fhocail as a abairt dheireanach tríd a racht gáire.

Chuir an píosa ceoil ón Acadamh a bhí Mary Jane ag seinm, chuir samhnas ar Gabriel.

Ní ligfeadh an samhnas do Gabriel cluas a thabhairt ar an aiste ceoil ón Acadamh a bhí Mary Jane ag seinm don lucht faoi thost sa tseomra caidrimh, arbh aiste ceoil í a bhí lán de frasa agus de míreanna casta. Thaitin ceol leis ach níor cheolmhar leis an aiste a bhí sise ag seinm agus níor dhóigh leis gur cheolmhar le duine ar bith eile dá lucht éisteachta, cé gur thathantaíodar ar Mary Jane seinm ceoil. Ceathrar fhear óg a tháinig sa doras ó sheomra na sólaistí a éisteacht le fuaim an phianó, d'éalaíodar ina mbeirteanna tar éis cúpla nóiméad. Ba dhóigh nár thug duine ar bith aird ar an cheol ach amháin Mary Jane féin, a raibh a lámha ag rince suas síos an méarchlár nó crochta os a chionn ag stadanna mar a bheadh méaracha bansagart i mbun ortha, agus Aunt Kate a sheas ina haice a iompú na leathanach.

Súile Gabriel, a bhí á ndalladh ag loinnir an urláir snasta faoin chrann mór solais, lonnaíodar ar an chuid den bhalla os cionn an phianó. Crochta ansin bhí canbhás de radharc na balcóine i *Romeo and Juliet* agus canbhás den bheirt phrionsa a dúnmharaíodh sa Túr[107] ar oibrigh Aunt Julia in olanna dearga, gorma agus donna nuair a bhí ina girseach. Is dóigh gur múineadh an sórt seo ceirde bliain amháin sa scoil ar fhreastalaíodar uirthi agus iad ina ngirseacha. Chniotáil a mháthair bástcóta corcra *tabinet*[108] dó mar bhronntanas breithlá inar oibrigh cloigne sionnach le líneáil donn sróil agus le cnaipí cruinne maoildeirge air. Ait nach raibh bua an cheoil ag a mháthair i ndiaidh go ndeireadh Aunt Kate gurbh ise a thug léi an eagna chinn i gclainn na Morkan.

Bhí sí féin agus Julia sách bródúil as a ndeirfiúr stuama údarásach riamh, shílfeá. Bhí grianghraf di faoin scáthán piara.[109] Bhí leabhar ar oscailt ina gabhal aici agus bhí sí ag síneadh méire chuig rud éigin ann ar Constantine a bhí ina luí ag a cosa agus í gléasta i gculaith *man-o'-war*.[110] Ise a roghnaigh ainmneacha a mac mar bhí an-bheann aici ar dhínit an teaghlaigh. A bhuíochas uirthise a bhí Constantine ina ard-shéiplíneach i mBaile Brigín anois, agus a bhuíochas uirthise a bhain Gabriel féin a chéim onórach amach as an Ollscoil Ríoga. Rith scáil thar a dhreach ar chuimhneamh dhó ar a cur in aghaidh stuacánaigh dá phósadh. Cúpla focal tarcaisneach a chaith sí air, ghoilleadar fós air ; uair amháin chuir sí i leith Gretta go raibh gliceas na tuaithe inti, agus níorbh fhíor sin ar chor ar bith i gcás Gretta. Ba Gretta a thug aire dhi tríd a liostachas fada deiridh go léir ina dtigh i mBaile na Manach.

Thuig sé go raibh Mary Jane ag druidim le deireadh a dréacht ceoil mar bhí an tséis tosaigh á seinm aici arís agus frasa scála i ndiaidh gach barra ann. Mhaolaigh an domlas ina chroí istigh agus é ag fanacht leis an deireadh. Críochnaigh an aiste le fras ochtaigh tribile agus le hochtach deireannach doird. Tugadh bualadh bos mór do Mary Jane. Dhearg agus bhailigh sí a cuid ceoil go cúthail gur éalaigh ón tseomra. An ceathrar stócach sa doras a d'imigh don tseomra bídh ag tús an cheoil agus a tháinig ar ais nuair a stop an pianó, is iad a thug an bualadh bos ba mhó.

Cuireadh rince *Les Lanciers* ar bun.[111] Cuireadh Gabriel le Miss Ivors. Bean óg chainteach ab í nach raibh de nós aici dul ar chúl scéithe le scéal. Bhí aghaidh bhreicneach agus súile móra donna aici. Ní raibh cabhail le muineál íseal á caitheamh aici agus bhí suaitheantas Gaelach agus manna Gaelach sa dealg a bhí fostaithe i lár a bráid.

Nuair a sheasadar ina n-áit don rince, dúirt sí gan frapa gan taca:

"Tá gréasán le réiteach agam leatsa."

"Liomsa?" a dúirt Gabriel.

Sméid sí a ceann go tromchúiseach.

“Céard é?” ar Gabriel le meangadh sollúnta.

“Cé hé G.C.?” a d’fhreagair Miss Ivors agus chuir a súile tríd.

Dhearg Gabriel agus bhí ar tí chur púice ina mallaí a ligean air féin nár thuig, nuair a dúirt sí go neamhbhalbh:

“Ó, Amy shoineanta! D’fhionnas go scríobhair don *Daily Express*.[112] Anois, nach bhfuil náire ort?”

“Cad ina thaobh a mbeadh náire orm?” a cheistigh Gabriel ag iarraidh dhéanamh mheangadh gáire agus na fabhraí ag broidearnach air.

“*Well*, cuirir náire ormsa,” a dúirt Miss Ivors amach. “Rá go scríobhair do pháipéar mar sin. Níor shíleas gur Seán Buí thú.

Tháinig dreach an mhearbhaill ar Gabriel. B’fhíor go scríobhadh sé colún liteartha ar an Chéadaoin don Daily Express, as a íoctaí chúig scilling déag é. Ach ní dhearna sin Séan Buí dhe, shílfeá. Ba mhó a mheas ar na leabhair a d’fhaigheadh sé a léirmheas ná an seic suarach, nach mór. B'aoibhinn leis cuimilt na gclúdach ar leabhair nua agus iompú na nduilleog díobh. Beagnach gach aon lá, tar éis a chuid obair léachtóireachta sa choláiste, thugadh siúl síos na gcéanna chuig na hathdhíoltóirí leabhar, go tigh Hickey ar Shiúlán Bhaitsiléir, go tigh Webb nó tigh Massey ar Ché Aston, nó go tigh O’Clohissey sa chúlsráid. Níor léir dó cén freagra a thabhairt ar a líomhain. Ba mhaith leis rá léi gurbh os cionn na polaitíochta í an litríocht. Ba chairde iad leis na blianta aníos agus b’ionann a ngairm, san ollscoil ar dtús agus ansin mar léachtóirí: ní leomhfadh sé focal mustrach léi. Lean an bhroidearnach súl agus meangadh an gháire cotaidh dhe agus dúirt sé trína fhiacla nár pholaitiúil leis scríobh léirmheasanna leabhar.

Nuair a tháinig a seal dul i leataobh bhí sé fós trína chéile. Rug Miss Ivors go beoga croíúil ar láimh air go ndúirt de ghlór lách mhuinteartha:

“Go deimhin, is ag diabhlaíocht a bhíos. Gabh i leith, trasnaímid anois.

Iar dteacht le chéile arís dóibh labhair sí faoi cheist na hOllscoille agus mhaolaigh ar mhíshuaimhneas Gabriel. Do thaispeáin cara léi a léirmheas ar dhánta Browning di. Sin an dóigh a fhionnaigh an rún: ach thaitin an léirmheas go mór léi. Ansin dúirt gan choinne:

“Ó, Mr Conroy, an dtiocfair ar turas go hOileánrach na Gaillimhe linn an samhradh seo? Táimid ag dul a fhanacht ar feadh míosa iontu. Beidh sé go breá amuigh san [Aigéan] Atlantach. B’fhiú dhuit teacht. Beidh Mr Clancy ag teacht, agus Mr Kilkelly agus Kathleen Kearney.[113] B'aoibhinn do Gretta é freisin dá dtagadh sí. Is as Connachta dhi, nach ea?”

“A muintir is ea is as dóibh,” ar Gabriel go grod.

“Ach tiocfaidh tú, nach tiocfair?” ar Miss Ivors agus í ag leagan a láimhe gortha go díograiseach ar a láimhse.

“Is amhlaidh,” a dúirt Gabriel, “go bhfuil sé díreach leagtha amach agam dul go-”

“Dul cén áit?” a cheistigh Miss Ivors.

“Sea, go hiondúil téimid don Fhrainc nó don Bheilg nó b’fhéidir don Ghearmáin,” ar Gabriel go hanásta.

“Agus cad chuige a théir chun na Fraince agus na Beilge,” a dúirt Miss Ivors, “i leaba thabhairt cuairte ar do thír féin?”

“*Well*, ar Gabriel, “cúis amháin is ea cleachtadh na dteangacha, agus cúis eile, athrú aeir.”

“Agus nach bhfuil do theanga féin le cleachtadh agat – an Ghaeilic?” a cheistigh Miss Ivors.

“*Well*, ar Gabriel, “más mar sin an scéal, ní hé an Ghaeilicse mo theanga, bíodh a fhios agat.”

Do thugadar na damhsóirí in aice leo aghaidh éisteachta ar an cheastóireacht. Rinne Gabriel speiceáil imníoch ar an dá thaobh dhe agus rinne a dhícheall an meon séimh ab iondúil leis a choinneáil in ainneoin na féachana a bhí á cur air, arbh fhéachaint í a thosaigh ag baint lasta as a éadan.

“Agus nach bhfuil do thír féin agat le dul ar turas inti,” a dúirt Miss Ivors agus í ag leanúint air, “tír a bhfuilir dall uirthi, do chine féin, agus do thír féin?”

“Ó, le bheith fírinneach leat,” a chaith Gabriel gan frapa gan taca, “táim bréan de mo thír féin, bréan di!”

“Cén fáth?” d’fhiafraigh Miss Ivors.
Níor fhreagair Gabriel mar bhí corraithe ag an spalla deireanach a chaith.

“Cén fáth?” a dúirt Miss Ivors arís.

Níor mhór dóibh dul ar cuairt le chéile agus, ó nár thug sé freagra uirthi, dúirt Miss Ivors go cairdiúil:

“Ar ndóigh, níl freagra agat.”

Damhsaigh Gabriel go spreacúil a cheilt a chorraíola. Seachain a súile siúd mar chonaic an místá uirthi. Ach nuair a bhuaileadar lena chéile arís sa tslabhra fada damhsóirí rug sí ar láimh air gan choinne. Bhreathnaigh sí go fiosrach air faoina mallaí ar feadh scaithimh go ndearna seisean meangadh gáire. Ansin, go díreach agus an slabhra ar tí bogtha arís, chuaigh ar bharraicíní na gcos go ndúirt i gcogar ina chluais:

“Seán Buí!”

Ag deireadh rince na lansaí d’imigh Gabriel go cúinne an tseomra, áit a raibh Freddy Malins agus a mháthair ina suí. Seanbhean gheal-liath mhórchnámhach anbhann ab í. Bhí glothar ina glór mar a bhí i nglór a mic agus bhí stad beag inti. Dúradh léi go raibh Freddy ann agus go raibh bail shásúil go leor air. D’fhiafraigh Gabriel di an raibh turas réidh thar muir anall aici. Bhí sí ina cónaí in aontíos lena hiníon agus lena fear siúd i nGlaschú agus thagadh ar cuairt go hÁth Cliath uair sa bhliain. D’fhreagair sí go leamh go raibh turas álainn aici agus gur thug an captaen aire na huibhe dhi. Labhair faoin tigh álainn ag a hiníon i nGlaschú freisin, agus faoin iomad cairde a bhí acu

ansin. Agus í ag salmaireacht léi, rinne Gabriel iarracht an chuimhne ghránna ar fad den eachtra le Miss Ivors a chur as a chionn. Ar ndóigh, ba dhíograiseoir an bhean, nó an cailín, pé dhíobh í, ach níorbh am ná tráth na díograise seo. B'fhéidir nár chóir dó freagra mar sin a thabhairt uirthi. Ach ní raibh sé de cheart aici Séan Buí a chur air os comhair an tsaoil, go fiú ar son grinn. Thriall sí ceap magaidh a dhéanmh dhe i súile na ndaoine, trí cheastóireacht agus trí chur a súl coinín tríd.

Chonaic sé a bhean ag déanamh air trí na cúplaí damhsóirí. Iar dteacht ina láthair di chuir cogar ina chluais:

“Gabriel, d'fhiafraigh Aunt Kate díom nach ngearrfair an ghé mar is iondúil leat. Gearrfaidh Miss Daly an liamhás agus tabharfadsa faoin mharóg.

“Tá go maith,” ar Gabriel.

“Cuirfidh sí an cúigear malrach chun boird ar dtús a thúisce is a bheas an válsa seo thart sa dóigh go mbeidh an tábla againn féin.”

“Ar dhamhsaís?” a d'fhiafraigh Gabriel.

“Dhamhsaíos, cinnte. Nár fhacas mé? Céard ab achrann leat le Molly Ivors?

“Achrann ar bith. Cén fáth. An ndúirt sí go raibh?”

“Rud éigin ar an chaoi sin. Táim ag tathant ar Mr D'Arcy gabháil fhoinn. Tá sé lán de féin, sílim.”

“Ní raibh achrann ann,” ar Gabriel go tógálach, “ach go raibh sí ag iarraidh orm dul ar turas go hiarthar na hÉireann agus dúras nach rachainn.”

D'fháisc a bhean a dhá lámh le chéile le háthas agus rinne léim beag ar an spota.

“Ó, téigh, Gabriel,” a d'impigh. “Ba bhreá liom an Gaillimh a bhlaiseadh arís.”

“Tig leatsa dul ann má thograír,” ar Gabriel go doicheallach.

D'fhéach sí air ar feadh ala, gur thug aghaidh cainte ar Mrs Malins agus dúirt:

“Sin fear céile maith dhuit, Mrs Malins.”

Agus í ag déanamh a bealaigh tríd an tslua ar ais trasna an tseomra, lean Mrs Malins uirthi, beag beann ar an chur isteach ar a caint, lean uirthi ag ríomh do Gabriel áilleacht na n-áiteanna in Albain agus áilleacht na tírdhreacha. Thug a cliamhain iad chun na lochanna a iascaireacht gach aon bhliain. Rug ar iasc mór breá lá amháin agus réitigh fear an óstáin é dá ndinnéar.

Is ar éigean féin a thug Gabriel a caint siúd faoi deara. Anois agus an suipéar anuas orthu chuaigh ar staidéar faoina óráid agus faoin athfhriotal inti. Ag feiceáil Freddy Malins ag teacht chuig a mháthair dó d'fhág Gabriel a chathaoir faoi réir dó agus d'éalaigh go clúid na fuinneoga. Bhí formhór na ndaoine imithe ón tseomra cheana féin agus bhí clagarnach plátaí agus sceana le cloisteáil sa tseomra chúil. Iad siúd a bhí fós sa pharlús, bhíodar tuirseach den damhsa de réir cosúlachta agus bhíodar ag comhrá le chéile i mbaicle beaga. Méaracha creathacha te Gabriel, bhuaileadar pána fuar na fuinneoige. Nach fionnfhuar a bheadh an t-aer lasmuigh! Nach breá

taitneamhach a bheadh sé siúl leis féin amach ann, síos an abhainn ar dtús agus ansin tríd an pháirc! Bheadh an sneachta ina luí ar chraobhacha na gcrann agus bheadh ina chlúid gheal ar mhullach leacht Wellington. Nach i bhfad níos taitneamhaí a bheadh sé amuigh ansin ná ag bord an tsuipéir!

Chuaigh siar ar theidil a aithisc: flaithiúlacht na nÉireannach, cuimhní maoithneacha, An Trí Suáilce,[114] *Paris*,[115] an t-athfhriotal ar Browning. Dúirt sé leis féin an frása a scríobh sé ina léirmheas: "tá sé mar a mbeifeá ag éisteacht le ceol na meabhrach cráite." Do Mhol Miss Ivors an léirmheas. An raibh sí dáiríre? An raibh saol ar bith dá cuid féin aici taobh thiar dá bolscaireacht ar fad? Ní raibh cnámh spairne dá laghad eatarthu riamh roimh an oíche sin. Chuir sé lagsprid air smaoineamh go mbeadh sise ag an tábla, ag dearcadh suas air lena súile cáinteacha caidéiseacha agus é ag caint. B'fhéidir nárbh olc léi dá dteipeadh ar a aitheasc. Bhuail smaoineamh é agus thug ugach dhó. Déarfadh sé, mar thagairt do Aunt Kate agus Aunt Julia: "a dhaoine uaisle, b'fhéidir go raibh a lochta féin ag an ghlúin atá ag imeacht uainn anois, ach is í mo thuairim go raibh mianach na flaithiúlachta, an ghrinn, na daonnachta inti, tréithe atáid de dhíth ar an ghlúin nua an-duairc agus an-oilte ar fad atá ag fás aníos timpeall orainn de réir mar a fheictear domsa." An-mhaith: sin ceann don Iníon Mhic Ivor. Cad é sin dó nach raibh ina ainteanna ach beirt sheanbhean ainbhfiosacha?

Monabhar cainte sa tseomra, tarraing a aird. Bhí Mr Browne ag teacht ón doras agus é ag tabhairt Aunt Julia go galánta isteach. Bhí sise ag baint taca as a láimh, aoibh an gháire uirthi is a ceann cromtha fúithi. Lean bualadh bos briste a teacht chomh fada leis an phianó mar a bheadh muscaedaíocht comórtha á tionlacain, gur mhaolaigh ansin de réir a chéile agus Mary Jane ag suí ar an stól agus Aunt Julia, nach raibh aoibh an gháire uirthi níos mó, ag tiontú siar beagán a theilgeadh a gutha sa tseomra. D'aithin Gabriel an réamhdhréacht. Ba sheanamhrán ag Aunt Julia é- Cóirithe don Bhainis.[116] D'ionsaigh sí na ruthaig a mhaiseas an fhoinn go fuinniúil de ghlór glan glinn láidir, agus cé gur ghabh an fonn le luas lasrach, níor lig an nóta maise ba lú ar lár. Leanúint an ghlóir ag gabháil an fhoinn gan amhairc ar dhreach an amhránaí, ba gheall é le gluaiseacht mhear bheacht tríd an aer. Thug Gabriel bualadh bos mór agus lig na gáirthe molta in aoinfheacht leis na daoine eile ag deireadh an amhráin agus tháinig moladh glórmhar sa tseomra ón tábla proinne dofheicthe. Taibhsigh an moladh chomh fíor dílis gur tharraing dath ar éigin i lí Aunt Julia agus í ag cromadh a athshuí sa tseastán ceoil an seanleabhar amhrán go gclúdach leathair a raibh ceannlitir a hainm is a sloinne scríofa air. Freddy Malins, a thug cluas don amhrán le sleabhac éisteachta air, bhí sé ag bualadh bos i gcónaí agus gach aon duine eile éirithe as, agus bhí ag labhairt go tógtha lena mháthair. Sméid sise a ceann go mall tromchúiseach leis mar ghéilleadh dhá dhíocas. I ndeireadh na scríbe, nuair nach raibh acmhainn bhualadh bos aige níos mó, sheas go grod agus thug ruathar faoi Aunt Julia trasna an tseomra gur rug a lámh ina dhá lámh, dá creathadh nuair nár tháinig na focail leis nó nár lig an sceach ina scornach na focail leis.

"Do dúras le mo mháthair anois beag," ar sé, "nach rabhais chomh maith sin riamh liom ag gabháil fhoinn. Arú, ní raibh do ghlór chomh binn sin riamh is atá anocht. Anois! An gcreidfeá sin anois? Sin an fhírinne. Ar mo bhriathair is ar m'onóir sin an fhírinne. Ní raibh do ghlór chomh fuinniúil ná chomh... chomh glan agus fuinniúil, riamh."

Leath an gáire ar Aunt Julia agus dúirt sí rud éigean ós íseal faoin mholadh agus í ag scaoileadh a láimhe óna lámha siúd. Shín Mr Browne bos ina treo ag rá leo siúd i ngiorracht dó, mar a dhéanfadh fear seó ag tabhairt óig éachtaigh aige os comhair an lucht féachana dhó:

"Miss Julia Morkam, an fhionnachtain is déanaí agam!"

Bhí sé ag gáire go croíúil faoi seo é féin nuair do thug Freddy Malins aghaidh air go ndúirt:

“Sea, Browne, más i ndáiríre ataoi d’fhéadfá fionnachtain níos measa a dhéanamh. Ó mo thaobhsa dhe níor chualas guth leath chomh maith sin uaithi riamh fad is atáim ag teacht anseo. Agus sin lom na fírinne.”

“Ná mise ach oiread,” ar Mr Browne. “Measaim gur fheabhsaigh a glór go mór.”

Chroith Aunt Julia gualainn agus dúirt le bród cúthail:

“Tríocha bliain ó shoin ní raibh caill ar mó glór i dtaca le glórtha dhe.”

“Is minic a dúras le Julia,” ar Aunt Kate go diongbháilte, “go raibh sí dá cur amú sa chóir sin. Ach ní éistfeadh sí liom riamh.”

“*Well*, nach in onóir Dé atá sé, Aunt Kate?” a cheistigh Mary Jane le meangadh gáire ag tiontú timpeall ar stól an phianó dhi.

Tug Aunt Kate aghaidh ar a neacht de thaghd a rá:

“Tá cleachtadh is taithí agam ar onóir Dé, Mary Jane, ach ní fheicim onóir ar bith ón Phápa i mbriseadh na mban as na cóir, mná a chaith a saol ag sclábhaíocht don chór, a chur dailtíní ina n-áit. Is dóigh liom gur ar mhaithe leis an eaglais é má dhéanann an Pápa é. Ach níl sé cóir, Mary Jane, agus níl sé ceart.”

Bhí sí oibrithe faoin am seo agus leanfadh ar sheasamh cheart a dheirféar mar ba chneá oscailte aici é ach iar bhfeiceáil do Mary Jane go raibh na damhsóirí go léir dulta chun boird, rinne idirghabháil síochánta:

“Anois, Aunt Kate, táir ag tógáil scannail orainn os comhair Mr Browne a théas leis an chreideamh eile.

Thug Aunt Kate aghaidh ar Mr Browne, a raibh cár gáire air faoin tagairt dá chreideamh, a rá go deifreach:

“Ó, tá an ceart ag an Phápa i gcónaí agus nílim ag caitheamh amhrais ar sin. Níl ionamsa ach seanbhean óinsiúil agus ní leomhfainn a leithéid de rud a dhéanamh. Ach tá dea-bhéas daonna is gnáth-bhuíochas i gceist mar sin féin. Agus dá mba Julia mise déarfainn suas le béal an Athar Healey...

“Agus ar aon nós, Aunt Kate,” a dúirt Mary Jane, “tá an-ocras orainn uile agus nuair a bhíos ocras orainn uile bíonn an-chantal orainn uile.”

“Agus nuair a bhíos tart orainn bíonn cantal orainn freisin,” a chuir Mr Browne isteach.

“Mar sin ní mór dúinn dul chun proinne,” a dúirt Mary Jane, “agus leanúint den díospóireacht ina diaidh.”

Ar an léibheann cheann staighre tháinig Gabriel ar a mhnaoi agus ar Mary Jane agus iad ag tuineadh le Miss Ivors fanacht don tsuipéar. Ach ní fhanfadh Miss Ivors, a raibh a hata curtha ar a ceann aici

agus a bhí ag dúnadh cnaipí a fallainge. Ní raibh ocras dá laghad uirthi agus d’fhan thar an am a bhí beartaithe aici cheana féin, a deir sí.

“Deich nóiméad féin, Molly, a dúirt Mrs Conroy, “Ní cuirfidh sin moill ort.”

“Do itheadh greama féin,” a dúirt Mary Jane, “d’aithle an oiread rince a rinnis.”

“I bhfírinne, ní thig liom,” ar Miss Ivors.

“Is eagal liom nár thaitin an oíche leat beag ná mór,” ar Mary Jane le díomá.

“Arú, bhainis, geallaim duit,” ar Miss Ivors, “ach caithfir mo ligean chun bealaigh anois.”

“Ach conas a bhainfir an baile amach?” a d’iarr Mrs Conroy

“Ó, níl sé ach dhá choiscéim suas an ché.”

Rinne Gabriel dóbartaíl ar feadh nóiméid go ndúirt:

“Má ligfir dom, Miss Ivors, tabharfad abhaile thú más amhlaidh go bhfuil ort imeacht.”

Dhealaigh Miss Ivors leo áfach.

“Ní ligfead,” ar sí go tréan. “As ucht Dé téighí isteach do bhur bproinn agus ná buairighí bhur gceann fúmsa. Táim breá ábalta déanamh as dom féin.”

“Go deimhin, is barrúil an cailín tusa, Molly,” a dúirt Mrs Conroy amach.

“Beannacht libh,” a ghlaoigh Miss Ivors [as Gaeilic] thar a gualainn le gáire agus í ag rith síos an staighre.

Lean Mary Jane í dá súile agus dreach uascánta uirthi, agus luigh Mrs Conroy amach ar an ráille a éisteacht le doras an halla. N’fheadair Gabriel arbh é féin ba chionsiocair lena himeacht gan choinne. Ach ní raibh cuma bhuartha uirthi: bhí sí ag gáire ag imeacht di. Stán sé go dall uaidh síos an staighre.

Seo Aunt Kate ag sodarnaíl isteach ón tseomra suipéir, ag fáscadh na lámh in éadóchas ach beag.

“Cá bhfuil Gabriel?” ar sí le práinn. “Cá bhfuil Gabriel faoin spéir? Tá gach uile dhuine ag fanacht istigh ansin ar tinneall, agus gan duine ar bith le gearradh na gé!”

“Anseo mé, Aunt Kate!” ar Gabriel de gheit, “réidh le gearradh scata géanna, más gá.”

Bhí gé dhonn ramhar suite ar cheann amháin an tábla agus ar an cheann eile dhe, suite ar pháipéar rufach le gais peirsile, bhí liamhás mór ar baineadh an craiceann de agus ar croitheadh grabhróga aráin air. Bhí rufa néata páipéir um a spanla agus bhí spóla mairtfheola spíosraithe lena thaobh. Idir an dá cheann seo a bhí i gcomórtas lena chéile, bhí fomhiasa leagtha amach i ranganna: dhá shoitheach glóthaí, glóthach dearg agus glóthach buí: mias éadomhain lán de bloic *blancmange* agus de shubh dearg, mias mhór ghlas ar déanamh duilleoige le cluais ar déanamh gais, a raibh triopaill fíonchaor dearg agus almóinní scilte uirthi, mias tionlacain ar raibh dronuilleog thathagach

d’fhigibh *Smyrna* air, mias custaird go screamh noitmige scríobhtha, scála beag seacláidí agus milseog faoi fhillteoga de dhath óir agus airgid agus cuach inar sheas cúpla gas ard soilire. I lár an tábla sheas, mar a bheadh dís ghardaí chosanta iontu do mhias torthaí a choinnigh pirimid oráistí agus úll Meiriceánach, sheas dhá theisteán téagartha seanfhaiseanta déanta as gloine shnoite. Bhí pórtfhíon i dteisteán amháin díobh agus seiris dhorcha sa teisteán eile. Suite ar an phianó cearnach dúnta bhí maróg ollmhór i soitheach mór buí agus ar fuireachas taobh thiar di bhí trí rang buidéal pórtair agus leanna agus deochanna glasa, a bhí eagraithe ar an phianó de réir dathanna a n-éide – dubh a bhí an dá rang chun tosaigh, le lipéidí donna agus dearga, bán a bhí an rang ar gcúl arbh é an rang ba lú, go saiseanna glasa thar guaille na mbuidéal.

Thóg Gabriel a shuíochán go misniúil ag cheann an bhoird agus, iar n-amhairc ar fhaobhar na scine feola dhó, shá a fhorc go diongbháilte sa ghé. Bhí istigh ann féin anois óir ba ghearrthóir feola oilte é agus níorbh fhearr leis rud ar bith faoin spéir ach bheith ar cheann boird lán le bia.

“Miss Furlong, céard a chuirfead chugat?” d’iarr sé. “Sciathán nó stiall den bhrollach?”

“Miss Higgins, céard fútsa?”

“Ó, cuir chugam rud ar bith, Mr Conroy.”

Agus Gabriel is Miss Daly ag malartú mias gé agus mias liamháis agus mairtfheola spíosraithe, chuaigh Lily thart ó aoi go haoi le mias prátaí teo úra faoi naprún bán. Ba Mary Jane a smaoinigh ar sin. Do Mhol anraith úill le haghaidh na gé freisin ach dúirt Aunt Kate go raibh gé rósta shimplí gan anlann úll sách maith dhise riamh agus bhí súil aici nach n-ithfeadh níos measa ná sin riamh. D’fhreastal Mary Jane ar a scoláirí agus chinntigh go bhfuaireadar na stiallacha ab fhearr agus d’oscail Aunt Kate agus Aunt Julia agus rugadar ón phianó na buidéil pórtair agus leanna do na fir agus na buidéil ghlasa do na mná. Bhí neart tranglaim agus gáire agus calláin, gleo na n-iarrataí agus na bhfrith-iarrataí, cleatráil sceana is forc, corc agus stopallán gloine. A thúisce a fhreastal sé ar gach aon duine don chéad-bhabhta, thosaigh Gabriel ag gearradh arís dóibh siúd a theastaigh tuilleadh uathu, gan riaradh air féin. Chuir gach aon duine ina choinne sin agus dá bhrí sin tháinig seisean ar réiteach as slog fada a bhaint as leann dubh óir ba bhrothallach air é an gearradh. Do shocraigh Mary Jane síos chun boird ach bhí Aunt Kate agus Aunt Julia ag spágáil thart faoin bhord i gcónaí agus iad sna sáile ar a chéile, ag dul sa bhealach ar a chéile agus ag tabhairt ordaithe dá chéile nár ghlac ceachtar díobh. Impigh Mr Browne orthu suí síos a ithe a suipéar agus rinne Gabriel amhlaidh ach dúradar go raibh neart ama le haghaidh sin sa dóigh gur, faoi dheireadh, sheas Freddy Malins suas, rug ar Aunt Kate agus chaith síos ina cathaoir í, rud a bhain gáire as an chomhluadar.

Nuair a fuair gach uile dhuine a sháith dúirt Gabriel, agus aoibh an gháire air:

“Anois má tá aon duine ag iarraidh tuillidh den rud a chuireas an daoscarshlua búiste air, labhraíodh sé nó sí anois.”

Thathantaíodar itheadh a shuipéir féin air d’aon ghuth agus tháinig Lily chuige le trí prátaí a chuir sí de leataobh dhó.

“Tá go maith,” a dúirt Gabriel go suáilceach, gur bhain slogóg eile, “déanaighí neamhshuim iomlán díom , a fheara is a mhná, go ceann cúpla nóiméad.”

Chrom ar a shuipéar agus níor ghlac páirt sa chomhrá agus Lily ag bailiú na mias.

Ba é an t-ábhar cainte an compántas ceoldráma a bhí sa *Theatre Royal* ag an am sin. Mhol Mr Bartell D’Arcy, an teanór, arbh fhear óg crón le croimbéal pointeáilte é, mhol an príomh-chontralt go haer ach ba bheagán comónta a stíl léirithe, dar le Miss Furlong. Dúirt Freddy Malins go raibh taoiseach *negro* ina amhránaí sa dara chuid den *Gaiety pantomime* a raibh guth aige a bhí ar cheann de na guthnna teanóir is fearr dár chuala riamh.

“Ar chualais é?” a d’fhiafraigh sé de Mr Bartell D’Arcy trasna an tábla uaidh.

“Níor chualas,” a d’fhreagair Mr Bartell D’Arcy ar nós cuma liom.

“Mar,” a mhínigh Freddy Malins, “anois bheadh suim agam i do bharúil de. Sílim go bhfuil guth breá aige.”

“Is é Teddy an buachaill chun na sár-thréithe a fhionnadh, a dúirt Mr Browne go teanntásach leis an chomhluadar uile.

“Agus cén fáth nach mbeadh guth aigesean freisin?” a cheistigh Freddy Malins go drisíneach. “An é mar nach bhfuil ann ach bleaic?”

Níor thug duine ar bith freagra ar an cheist seo agus tharraing Mary Jane aird an chomhluadair ar ais ar an fhíor-cheoldráma. Do thug scoláire aici, thug ticéad do *Mignon* di. Ar ndóigh bhí an ceoldráma an-mhaith, dúirt sí, ach chuir *Georgina Burns* bhocht i gcuimhne dhi. Bhí sé d'acmhainn ag Mr Browne dul níos faide siar fós, ar na compántasaí Iodálacha a thagadh go hÁth Cliath – *Tietjens, Ilma de Murzka, Campanini,* an *Trebelli* mór, *Giuglini, Ravelli, Aramburo.* Sin an aimsir, ar sé, a raibh ní ann a gcurfá amhránaíocht air in Áth Cliath. D’inis freisin go mbíodh líon lán áiléir sa tsean-*Royal* oíche i ndiaidh oíche, gur chan teanór Iodálach *Let mé like a Soldier fall* chúig bhabhta eile agus gur thosaigh le C géar gach uair, agus d’eachtraigh sé go scoraíodh stócaigh an áiléir, go scoraidís na capaill de chóiste *prima donna* mór le rá éigin dá tarraingt tríd na sráideanna chuig a hóstán scaití as fiuchadh fonn. Cén fáth nár chuir na sean-cheoldrámaí móra ar bun riamh anois, a cheistigh sé – *Dinorah, Lucrezia Borgia*? Mar nach raibh teacht ar na guthanna a chanfadh iad: sin an fáth.

“Ó, ar ndóigh,” a dúirt Mr Bartell D’Arcy, “Déarfainn go bhfuil amhránaí le fáil inniu atá chomh maith leis na hamhránaithe a bhí ansin.”

“Cá bhfuilid?” a cheistigh Mr Browne go dúshlánach.

“I Londain, sa Pháras, in *Milan*,” ar Mr Bartell D’Arcy go cairdiúil. “Déarfainn go bhfuil *Caruso*, mar shampla, chomh maith le fear ar bith ar luaigh tú, mura bhfuil níos fearr ná gach aon díobh.”

“B’fhéidir go bhfuil,” ar Mr Browne. “Ach deirim leat nach dóigh liom é ná baol air.”

“Ó, thabharfainn rud ar bith le cloisteáil Curusa ag canadh,” a dúirt Mary Jane.

“Ó mo thaobhsa dhe,” a dúirt Aunt Kate, a bhí ag piocadh cnáimhe go nuige sin, “ní raibh ann ach teanór amháin. Is é sin, teanór amháin a thaitin liom. Ach is dóigh liom nár chuala duine ar bith dhíobh é.”

“Cérbh é, Miss Morkan?” a d’fhiafraigh Mr Bartell go múinte.

“*Parkinson*,” ar Aunt Kate, “ab ainm dó. Chualas é nuair a bhí ina shea agus measaim gur aigesean a bhí an guth teanóir is glaine ar cuireadh i scornach fir riamh.”

“Ait,” ar Mr Bartell D’Arcy. “Níor chualais trácht air riamh.”

“Sé, sé, tá an ceart ag *Ms* Morkan. Is cuimhin liom gur chualas é ach tá seisean i bhfad rófhada siar domsa.

Teanór álainn glan binn séimh Sacsanach,” dúirt Aunt Kate go fonnmhar.

Ó bhí Gabriel críochnaithe anois, aistríodh an maróg chuig an bhord. Thosaigh cleatráil na bhforc is na spúnóg as an nua. Dháil bean Gabriel an maróg amach agus chuir na miasa síos an tábla. Leathbhealach síos chuir Mary Jane moill orthu a chur ghlóthach sú craobh nó oráiste leo nó bánghlóthaí agus suibhe leo. Aunt Julia a rinne an mharóg agus mhol gach uile dhuine é. Dúirt sise nach raibh sí baileach sách donn.

“Más é, *Miss* Morkan,” a dúirt Mr Brown, “tá súil agam go bhfuilimse sách donn duit mar, bíodh a fhios agat, táimse donn amach is amach.”

D’Ith na fir ar fad, seachas Gabriel, cuid den mharóg in ómós Aunt Julia. De bhrí nár ith Gabriel milseoga riamh, cuireadh soilire faoina choinne. Thóg Freddy Malins gas soilire freisin agus d’ith in aoinfheacht lena mharóg. Dúradh leis go raibh soilire thar cionn don fhuil agus bhí sé faoi chúram dochtúra díreach ag an am seo. Dúirt Mrs Malins, a bhí ina tost tríd an suipéar ar fad, dúirt go mbeadh a mac ag dul síos go Cnoc *Melleray*[117] i gceann seachtaine nó mar sin. Labhair an comhluadar faoi Chnoc *Melleray* ansin: mholadar úire an aeir thíos ansin agus fáilte na manach nár iarr pingin rua óna n-aíonna.

“An bhfuilthi ag maíomh, d’fhiafraigh Mr Browne le hiontas, “gur féidir le diúlach dul síos ansin agus cur faoi mar a bheadh óstán ann do theacht i dtír ar mhéith na talún agus imeacht leis ansin gan íoc rud ar bith as?”

“Ó tugann formhór na ndaoine tabhartas éigin airgid don mhainistir dá ndeoin féin ag imeacht dóibh,” a dúirt Mary Jane.

“Faraor nach bhfuil foras mar sin inár n-eaglais féin,” ar Mr Browne go hoscailteach.

Bhí an dubhiontas air nuair a chuala nár labhair na manaigh riamh, go n-éiríodar ag a dó a chlog ar maidin agus gur chuadar a luí ina gcónraí.[118] D’fiafraigh cad chuige a rinneadar é.

“Sin riail an oird,” ar Aunt Kate go diongbháilte.

“Sea, ach cad chuige?” a d’fhiafraigh Mr Browne.

Dúirt Aint Kate arís gurb í sin an riail, sin an méad. Ba chosúil nár thuig Mr Browne. Mhínigh Freddy Malins dó chomh maith agus a tháinig leis, gurbh iarracht cúitimh é ar na peacaí uile a rinne peacaigh uile an domhain lasmuigh. Níor léir ar fad an míniú óir rinne Mr Browne draidgháire agus dúirt:

“Is aoibhinn liom an smaoineamh sin ach nach ndéanfadh leaba compordach sprionga dhóibh chomh maith céanna le cónra?

“Is é is cúis leis an chónra,” a dúirt Mary Jane, “meabhrú a n-éaga dhóibh.”

Ó bhí an t-ábhar cainte éirithe duairc thit an comhluadar faoi thost trínar chualathas Mrs Malins ag rá de chogar doiléir leis an duine ina haice:

“Fir an-mhaithe, na manaigh, fir an-chráifeacha.”

Leis sin cuireadh thart na fíonchaora tíortha, na halmóinní, na húlla, na horáistí, na seacláidí agus na milseoga agus thairg Aunt Julia pórtfhíon ná seiris dá haíonna. Dhiúltaigh Mr Bartell D’Arcy ceachtar díobh ar dtús ach thug duine ina aice sonc beag dá uillinn dó agus chogair rud éigin leis gur ghlac sé le deoch. Mhaolaigh an comhrá de réir a chéile agus na gloiní á líonadh. Lean tost nár briseadh ach le torann an fhíona agus le díoscadh cathaoireacha. Dhírigh na Misses Morkan, an triúir díobh go léir, dhíríodar a súile ar an scaraoid thíos fúthu. Rinne duine éigin casacht nó dhó gur thosaigh cúpla fear ag bualadh boise go héadrom ar an tábla mar chomhartha ciúnais. Thit an ciúnas, gur bhrú Gabriel siar a chathaoir.

D’ardaigh torann na mbos ar an tábla leis sin dá ghríosú agus ansin stop ar fad. Lig Gabriel a dheich méar creathacha anuas ar an scaraoid agus rinne fáthadh neirbhíseach gáire leis an chomhluadar. Agus gach uile dhuine os a chomhair ag breathnú air dhearc sé suas ar an chrann solais. Bhí válsa á sheinm ar an phianó agus chuala sciortaí ag scinneadh thar doras an tseomra caidrimh. B’fhéidir go raibh daoine ag seasamh sa tsneachta ar an ché lasmuigh, ag amharc suas ar na soilse sna fuinneoga agus ag éisteacht leis an cheol válsa. Bhí páirc i bhfad ar siúil uaidh ina raibh na crainn faoi ualach sneachta. Bhí caidhp lonrach sneachta ar Leacht Wellington a chaith solas siar thar tailte geala na Chúig Acra Déag.

Thosaigh sé:

“A dhaoine uaisle,

“Tá dualgas an-taitneamhach orm anocht, mar a bhí sna blianta a chuaigh thart, ach tá faitíos orm nach leor mo chumas bocht mar óráidí dhó ar chor ar bith.”

“Is leor, cinnte!” a dúirt Mr Browne.

“Ach, bíodh sin mar atá, iarraim oraibh cur i suim fhonn an ghnímh seachas cur i suim an ghnímh féin, agus tabhairt cluaise dhom ar feadh chúpla nóiméad agus mé ag iarraidh churtha i bhfocail a bhfuil i mo chroí istigh ar an ócáid seo.

A dhaoine uaisle, ní seo an chéad-uair a chruinníomar le chéile faoi fhraitheacha an tí fhéil seo, timpeall an bhoird fhéil seo. Ní hí an chéad-uair a rabhamar inár n-ábhar fáilte, nó b’fhéidir go mba cirte dhom rá, a rabhamar inár n-íobartaigh fáilte, ag mnáibh uaisle áirithe.

Rinne sé comhartha ciorcail lena lámha gur thit dá thost ar feadh nóiméid. Rinne gach uile dhuine gáire faoi Aunt Kate agus Aunt Julia agus Mary Jane, nó meangadh gáire leo, gur dheargadar siúd go bun na gcluas le ríméad. Lean Gabriel air go dána:

“Is daingne mo bharúil le gach bliain a théas tharainn nach bhfuil nós ag ár dtír arb oiread onóir di agus ar cheart dúinn a chaomhnú leis an oiread sin díocais ná a flaithiúlacht. Is nós ar leith é i náisiúin ár linne de réir mo thaithí (agus tá cuid mhaith den domhan siúlta agam). Déarfadh roinnt daoine gur mó an locht orainn í ná an díol bróid dúinn. Ach más locht féin sin, is uasal an locht í, agus tá súil agam go gcothóimid í mar thréith ionann go ceann i bhfad. De rud amháin, ar a laghad, táim cinnte. A fhad a bheidh na mná uaisle a luas faoi fhraitheacha an tí seo – agus is é mian mo chroí go mba amhlaidh é go bliain i ndiaidh bliana fós – mairfidh nós na flaithiúlachta croíúla Éireannaí ar thug ár sinsir dúinn agus a chaithfimidne tabhairt dár sliocht mar an gcéanna, go mairfidh an nós seo inár measc.”

Chuaigh monabhar molta croíúla tríd an chomhluadar. Rith sé le Gabriel nach raibh Iníon Mhic Imhair i láthair agus gur imigh go drochbhéasach: agus dúirt sé go teann as féin:

“A dhaoine uaisle,

Tá glúin nua ag fás aníos inár measc, glúin atá gríosaithe ag smaointe agus ag prionsabail nua. Glacaid na smaointí nua seo orthu féin le tromchúis agus le díocais, agus go fiú nuair a bhíos dul amú orthu, táid, creidim, dáiríre den chuid is mó. Ach tá ré shoinicúil orainn agus, má mhaitheann sibh an frása dhom, is ré í atá céasta ag an iomad smaointe: agus scaití bíonn faitíos orm go mbeidh an ghlúin nua, oilte nó thar a bheith oilte mar atáid, go mbeid ar easpa na dtréithe daonnachta, fáilte agus grinn cairdiúla a bhain leis an tseanaimsir. Ag éisteacht dom anocht le hainmneacha an uile amhránaithe ón tseansaol, feictear dom, caithfead a rá, gur lú an fhairsinge againn sa tsaol ina bhfuilimid anois. D’fhéadfaí, gan áibhéil, saol fairsing a chur ar an tseansaol úd: agus más imithe é ó chuimhne na ndaoine, bímis i ndóchas, ar a laghad, go labhróimid faoi ag airneáin mar seo le bród agus le cion, go mbeidh áit inár gcroí istigh do na mairbh mhóra úd nach ligfidh an domhan a gcáil i ndearmad go fonnmhar.

“Abair é!” a dúirt an tUasal de Brún in ard a ghutha.

“Ach mar sin féin,” a lean Gabriel de ghuth níos séimhe, “ag airneáin mar seo buaileann smaointí maoithneacha sinn i gcónaí: cuimhní ar an am atá thart, ar an óige, ar na hathruithe a tháinig ar an tsaol, cuimhní ar dhaoine nach bhfuil linn anocht a n-airímid uainn iad. Tá ár saol breac le cuimhní maoithneacha mar iad: agus dá machnaímis orthu i gcónaí ní bheadh sé de mhisneach againn coinneáil orainn lenár ndualgais i measc na mbeo. Tá dualgais laethúla orainn agus tá cion againn ar dhaoine a mharas, daoine nach mór dúinn déanamh ár ndíchill ar a son, agus is ceart agus is cuí sin.

Dá bhrí sin, ní labhród níos mó faoin am atá thart. Ní bhrúfad seanmóireacht ghruama oraibh anocht. Táimid tagtha lena chéile anseo ar feadh seala gairid ó fhurú agus ó fhuadar ár ngnáthshaoil. Táimid cruinnithe le chéile anseo mar chairde, go cairdiúil muinteartha, mar chomhghleacaithe, agus ar bhealach, de bhrí agus d’aigne na fíor-chomrádaíochta, mar aíonna do – céard a chuirfead orthu? - Triúr Suáilcí ceoil Átha Cliath.”

Phléasc gach uile dhuine ar gháire agus ar bhualadh bos faoin tagairt. D’fhiafraigh Aunt Julia den duine ar an dá thaobh dhi, duine ar dhuine, céard a dúirt Gabriel ach níor fhreagraíodar.

“Deir sé gur sinne an Triúr Suáilcí, a Aint Julia,” ar Mary Jane.

Níor thuig Aunt Julia ach thug aghaidh gháireach suas ar Gabriel a lean air sa stíl chéanna:

A dhaoine uaisle,

Ní thriallfad gabháil na páirte a ghabh *Paris* ar ócáid eile. Ní shílfead rogha a bhaint astu. Chothódh sin éad agus ba bheart thar mo chumais lochtaigh é. Mar nuair a dhearcaim orthu duine ar dhuine, pé dhíobh ár mbean tí féin, a bhfuil a croí maith, a croí ró-mhaith ina scéal béil acu siúd a bhfuil aithne uirthi, nó a deirfiúr, ar a bhfuil bua na hóige marthanaí uirthi de réir cosúlachta agus ab ábhar iontais dúinn go léir a hamhránaíocht anocht, nó, ar deireadh, agus cá mbeimis gan í, nuair a smaoiním ar ár mbanóstach is óige, atá tréitheach, suáilceach, díograiseach agus ar togha neachta í, caithfead admháil, a dhaoine uaisle, nach feadar cé dhíobh ba cheart dom bronnadh na duaise uirthi."

Chaith Gabriel súil síos ar a hainteanna gur, iar bhfeiceáil dó aoibh mhór an gháire ar Aunt Julia agus súile fliucha Aunt Kate, dheifrigh chun clabhsúir. Ardaigh a ghloine pórtfhíona go taibhseach agus gach duine ag méirínteacht lena ghloine agus ag súil lena raibh le teacht, go ndúirt sé de ghuth ard:

"Ólaimis sláinte an triúir díobh. Go raibh sláinte, saibhreas agus saol fada acu, go raibh sonas agus rath orthu, go maire cáil a ngairme a thuilleadar dóibh féin agus go maire a n-áit onórach inár gcroíthe go ceann i bhfad."

Sheas na haíonna go léir suas, gloine ina láimh acu agus thugadar a n-aghaidh ar an triúr ban uasal ina suí, a chanadh d'aon ghuth, agus Mr Browne ina cheann feadhna orthu:

Mar is iad togha na mban n-uasal,
Mar is iad togha na mban n-uasal,
Mar is iad togha na mban n-uasal,
Rud nach bhfuil a shéanadh ann.

Bhain Aunt Kate feidhm fhlúirseach as a ciarsúr agus bhí cuma mhaoithneach go fiú ar Aunt Julia. Bhuail Freddy Malins am an amhráin lena fhorc maróige agus thug na hamhránaithe aghaidh ar a chéile mar a bheidís ag aontú lena chéile gur leagadar béim ar na focail:

murar bréag an séanadh féin,
murar bréag an séanadh féin,

Ansin, iar dtabhairt a n-aghaidhe ar ais ar a n-óstaigh:

Mar is iad togh na mban n-uasal,
Mar is iad togh na mban n-uasal,
Mar is iad togh na mban n-uasal,
Rud nach bhfuil a shéanadh ann.

Leanadh den amhrán mholta lasmuigh de dhoras an tseomra bídh le roinnt de na haíonna eile agus rinneadh athrá air arís agus arís eile, agus Freddy Malins á stiúradh lena fhorc in airde aige.

Tháinig aer nimhneach na maidine sa halla ina rabhadar ina seasamh agus deir Aunt Kate:

"Dúnadh duine éigin an doras. Tolgfaidh Mrs Malins galar a báis ón fhuacht."

“Tá Browne amuigh ansin, Aunt Kate,” ar Mary Jane.

“Tá Browne i gach uile áit,” ar Aunt Kate ós íseal.

Rinne Mary Jane gáire faoina glór íseal.

“I bhfírinne,” a dúirt sí go follasach, “tá sé an-gharúil.”

“D'fhreastail ar gach aon uain chaidrimh anseo i gcaitheamh na Nollag ar fad, chomh flúirseach leis an chóir gáis.”

Rinne sise gáire dea-mhéineach ansin agus chuir go gasta leis sin:

“Ach abair leis teacht isteach, Mary Jane, a dhúnadh an dorais. Nár lige Dia gur chuala sé mé.”

Ansin díreach osclaíodh an doras agus tagann Mr Browne isteach ón leac dorais lasmuigh agus shílfeá go bhfaigheadh taom croí lena racht gáire. Bhí cóta mór fada uaithne le cufaí agus le cába de fhionnadh *astrakhan* bréagach uime agus bhí boinéad ubhach fionnaidh á chaitheamh ar a cheann aige. Bhagair ar an ché faoi bhrat sneachta síos uaidh óna dtáinig fuaim pholltach feadaíola isteach chucu.

“Beidh gach uile chab in Áth Cliath tagtha anuas orainn ag Teddy,” a dúirt sé.

Tháinig Gabriel aniar ón chuile laistiar den oifig agus é ag tarraingt a chóta mhóir air agus ag breathnú thart air sa halla, go ndúirt:

“Níl Gretta tagtha anuas go fóill?”

“Tá sí á gléasadh féin, Gabriel,” ar Aint Kate.

“Cé atá ag seinm thuas ansin?” a d’fhiosraigh Gabriel.”

“Duine ar bith. Táid go léir imithe.”

“Ó Nílid, Aunt Kate,” a deir Mary Jane. “Níl Bartell D’Arcy agus Miss O’Callaghan imithe fós.”

“Tá duine éigin ag pleidhcíocht leis an phianó ar aon nós,” ar Gabriel.

Chaith Mary Jane súil ar Gabriel agus ar Mr Browne gur chuaigh crith tríthi agus dúirt:

“Amharc ar an bheirt díobh agus sibh faoin iomad cumhdach sin, a fheara, cuireann sé fuacht orm. Níor mhaith liom tabhairt faoin turas abhaile agaibhse ag an uair seo.”

“Níl rud ar bith ab fhearr liom anois díreach,” a deir Mr Browne go teaspúil, “ná siúlóid bhreá bhríomhar faoin tuath nó marcaíocht mhear le heach éasca idir na seaftaí.”

“Bhíodh capall an-mhaith agus cairt againn sa bhaile,” a deir Aunt Julia go maoithneach.

“Johnny. Ní dhéanfar dearmad go brách air,” a deir Mary Jane de gháire.

Rinne Aunt Kate agus Gabriel gáire freisin.

“Cén fáth, céard a bhí suntasach faoi Johnny?”, a d’fhiafraigh Mr Browne.

“Patrick Morkan, beannacht Dé lena anam, is é sin, ár n-athair mór,” a mhínigh Gabriel, “arbh fhear aithne air mar ‘an seanfhear uasal’, ba dhéantóir gliú é.”

“Á leag as, Gabriel,” ar Aunt Kate de gháire, “bhí muileann stailce aige,”

“Sea, gliú nó stailc,” a deir Gabriel, “bhí capall darb ainm Johnny ag an tseanfhiur uasal. Agus d'oibríodh Johnny i muileann an tseanfhir uasail. Do shiúladh timpeall an mhuilinn arís agus arís eile á thiomáint. Bhí sin go maith agus ní raibh go holc; ach seo chugainn an taobh tragóideach de scéal Johnny. Lá n-aon tograíonn an seanfhear uasal tiomáint faoi phoimp agus faoi ghairéad go léirbhreithniú sa pháirc.”

“Go ndéana an Tiarna trócaire ar a ainm,” ar Aint Kate go hatruaghach.

“Áiméan,” a deir Gabriel. “Mar sin an seanfhear uasal, mar a dúras, chuir sé Johnny faoi chairt agus chuir air [féin] an hata ard ab fhearr aige agus an bóna ab fhearr aige gur thiomáin amach faoi mhaingléis mhór ó thigh mhór a mhuintire áit éigin gar don Lána Cúil, sílim.”

“Á anois, Gabriel, níor chónaigh sa Lána Cúil, i ndáiríre. Is é an muileann amháin a bhí ansin.”

“Amach as tigh mór a mhuintire,” a lean Gaibriél, “a thiomáin sé Johnny. Agus d’éirigh gach aon rud go seó gur leag Johnny súil ar dhealbh *King Billy*: agus pé dhíobh ar thit i ngrá leis an each a suíos King Billy air nó ar shíl go raibh ar ais arís sa mhuileann, ar aon nós tósaíonn ag siúl timpeall na deilbhe.”

Siúlann Gabriel thart i gciorcal lena fhorbhróga sa halla go mbaineann gáire as cách.

“Timpeall agus timpeall a théas,” ar Gabriel, “agus an seanfhear uasal, ba sheanfhear uasal an-phostúil é, bhí sé le ceangal. ‘Gabh ar aghaidh, *sir*! Céard tá faoi seo agat, *sir*? Johnny! Johnny! Is dochreidte an t-iompar seo! Ní thuigim an capall!”

An rachtaíl gháire a bhain geáitsíocht Gabriel astu, cuireadh isteach uirthi le cnag trom ar dhoras an halla. Rith Mary Jane soir dá oscailt gur lig Freddy Malins isteach. Bhí a hata tite i bhfad siar ar cheann Freddy Malins, bhí cruit air le fuacht agus bhí sé ag séideogacht agus gal uaidh i ndiaidh a shaothair.

“Ní bhfuaireas ach aon chab amháin,” ar sé.

“Ó, aimseoimid ceann eile ar an tslí síos an ché dhúinn,” ar Gabriel.

“Ceart aige,” a dúirt Aunt Kate. “Ná choinneoimis Mrs Malins ina seasamh faoin tsiorradh fuar seo.”

Tugadh Mrs Malins síos na céimeanna ón doras sráide lena mac agus le Mr Browne, gur sádh in airde sa chab í tar éis neart ionramhála. Dhreap Freddy Malins ina diaidh agus chaith tamaill fada dá soipriú sa chathaoir agus Mr Browne á chomhairliú a chabhrú leis. Cuireadh faoi réir í faoi

dheireadh agus thairg Freddy Malins do Mr Browne dul sa chab leo. Leag an tiománaí a shúsa thar a ghlúine agus chrom síos a cheistiú an tseolta dhíobh. Méadaíodh ar an easordú agus thug Freddy Mallins agus Mr Browne treoracha éagsúla óna chéile don tiománaí, a cheann sáite amach fuinneog an chairr ag an bheirt díobh. Ba í an fhadhb, cá scaoilfí le Mr Browne ar an tslí, agus rinne Aunt Julia agus Mary Jane neart gáire agus thugadar treoracha ó leac an dorais a chuidiú leis an aighneas, treoracha a chuaigh salach ar a chéile agus a chuir in aghaidh a chéile. Maidir le Freddy Malins, d’imigh an chaint air ag gáire. Shac a cheann amach an fhuinneog agus tharraing isteach é gach ré nóiméad, a hata i mbaol a thite aige, a insint dá mháthair éirim na cainte, gur bhéic Mr Browne sa deireadh ar an tiománaí bocht os cionn ghleo an gháire ar fad:

“An bhfuil ‘fhios agat cá bhfuil Coláiste na Tríonóide?”

“Tá, *sir*,” ar an tiománaí.

“Mar sin, stop díreach os comhair gheataí Choláiste na Tríonóide,” agus inseoimid duit ansin cá rachair. Tuigir anois?

“Tuigim, *sir*,” ar an tiománaí.

“Tarraing caol díreach ar Choláiste na Tríonóide.”

“Tá go maith, a dhuine uasail,” ar an tiománaí.

Gabhadh den fhuip ar an an each dá chur ar siúl gur imigh an carr de chleatráil síos an ché agus gach aon gháire agus cheiliúradh dá chéile ón chomhluadar.

Níor chuaigh Gabriel chuig an doras leo. Bhí sé ina sheasamh in áit dhorcha den halla ag stánadh aníos an staighre. Bhí bean ina seasamh gar de bharr an chéad-reatha staighre. Faoi scáth a bhí sise freisin. Ní fheiceann sé a haghaidh ach feiceann na paistí *terracotta* agus bándearg-an-bhradáin dá gúna a gcuireas an dorchadas cuma dhubh agus bhán orthu. A bhean chéile. Bhí ag ligean a meáchain ar na ráillí, bhí ag éisteacht le rud éigin. Ba ionadh le Gabriel nach raibh cor aisti agus cuireann sé cluas le héisteacht air féin freisin. Ach is beag a chloiseas, cé is moite d’fhuaim an gháire agus na cainte ar chéimeanna an dorais sráide, corr-nóta pianó agus giotaí de ghuth fir atá ag gabháil fhoinn.

Sheas sé i ndorchadas an halla gan corraíl ag iarraidh aithint an fhoinn atá an glór ag canadh agus é ag dearcadh aníos ar a mhnaoi. Bhí sí grásta agus diamhracht faoina hiompar mar a bheadh sí ina samhailchomhartha ar rud éigin. Ceistíonn sé dhe féin céard is samhail de mhnaoi ina seasamh sa dorchadas ar staighre agus í ag éisteacht le ceol i gcéin. Dá mba péintéir é dhéanfadh canbhás di agus an ghoic sin uirthi. A hata gorm feilte, chuirfeadh barr maise ar dhath cré-umha a cuid gruaige agus dhéanfadh paistí dorcha a gúna codarsnacht leis na paistí geala. Ciancheol a chuirfeadh sé ar an chanbhás dá mba phéintéir é.

Dúnadh an doras sráide; agus tháinig Aunt Kate, Aunt Julia agus Mary Jane aníos sa halla agus iad ag gáire i gcónaí.

“*Well*, nach é an diabhail an Freddy sin?” a deir Mary Jane. “Is é an diabhail féin é.”

Ní deir Gabriel focal ach bagraíonn ar a mhnaoi thuas staighre lena mhéar. Anois agus an doras sráide dúnta tá an glór agus an pianó níos soiléire. Iarrann Gabriel tost orthu lena láimh. Bhí an t-

amhrán den tsean-tonúlacht Éireannach, shílfeá, agus shílfeá nár tháinig na focail go héasca leis an amhránaí agus nach raibh muinín aige as a ghlór féin. An glór, a chuir an t-achar fada agus an piachán ar an amhránaí cuma chaointeach air, léirigh an fonn ar éigin le focail bróin:

Ó, titeann an bhaisteach ar m'fholt trom
Agus fliuchann an drúcht mo chneas,
Fuair é mo leanbh...

"Ó," a deir Mary Jane le hiontas. "Bartell D'Arcy atá ag gabháil fhoinn agus ní thoillfeadh oiread agus amhrán amháin a ghabháil an oíche ar fad. Ó, bainfead amhrán uaidh sula n-imí sé."

"Ó déan é, Mary Jane," ar Aint Kate.

Scuabann Mary Jane tharstu ag rith chuig an staighre dhi, ach sular shroich é stopann an amhránaíocht agus dúntar an bpianó de phlab.

"Ó, nach é an feall é!" ar sí le díomá. "An bhfuil sé ag teacht aníos, Gretta?"

Cloiseann Gabriel a bhean ag freagairt "tá" agus feiceann í ag teacht aníos chucu. Cúpla céim taobh thiar di bhí Mr Bartell D'Arcy agus Miss O'Callaghan.

"Ó, Mr D'Arcy," is crua uait stopadh mar sin agus muid faoi néal aoibhnis agat."

"Bhíos ag a impí air i rith na hoíche go léir," a dúirt Miss O'Callaghan "agus Mrs Conroy liom agus dúirt sé linn go raibh deargshlaghdán air agus nach raibh acmhainn aige gabháil fhoinn.

"Ó, Mr D'Arcy," a dúirt Aint Kate, "anois sin scaits éithigh uait."

"Nach bhfeicir go bhfuil glór préacháin agam le ciach?" a deir Mr D'Arcy go borb.

D'imigh sé de sciotán sa phantrach a chuir a chóta móir uime. Bhain a focal borb stad as an chomhluadar eile. Ní thagann focal comhrá le duine ar bith. Chruinnigh Aint Kate a malaí agus bhagair orthu caitheamh san aer é mar scéal. Sheas Mr D'Arcy ag filleadh scairfe uime go cáiréiseach agus grainc ina éadan.

"An aimsir is cúis leis," a dúirt Aunt Julia, tar éis achar tosta.

"'Sí, tá slaghdán ar gach aon duine," a dúirt Aunt Kate go héasca, "gach aon duine."

"Deirid," ar Mary Jane, "nár chaith sé an oiread seo sneachta le deich mbliana is fichid anuas: agus léas sna páipéir ar maidin go bhfuil an sneachta forleathan ar fud na hÉireann."

"Is breá liom an sneachta," a dúirt Aunt Julia go maoithneach.

"Agus mise leat," a dúirt Miss O'Callaghan. "Measaim nach bhfuil sé ina Nollaig i gceart go bhfuil brat sneachta ar an talamh."

"Ach ní maith le Mr D'Arcy bocht an sneachta," a dúirt Aint Kate le fáthadh an gháire.

Tháinig Mr D’Arcy aniar ón chuile agus é cuachta agus fáiscthe faoi éadaí troma, gur inis fáth a shlaghdáin dóibh i nglór aithríoch. Thug gach uile dhuine comhairle dhó ag rá dhóibh gur mhór an trua é agus ag tathant air seachaint a scornaí ar aer fhuar na hoíche. Dearcann Gabriel ar a bhean chéile, nach nglacann páirt sa chomhrá. Bhí sí ag seasamh faoi léas dheannachúil solais an fhuinneog dorais. Las solas an gháis dath cré-umha a gruaige, a raibh sí ag triomú cois na tine cúpla lá roimhe seo. Bhí an ghoic chéanna uirthi agus ba chosúil go raibh sí beag beann ar an chomhrá ina haice. Casann sí agus tugann a haghaidh orthu sa deireadh go bhfeiceann Gabriel go raibh dath ina grua agus go raibh loinnir ina súile. Brúchtann aon tuile amháin áthais óna chroí.

“Mr D’Arcy,” a deir sí, “céard is teidil don fhonn sin a ghabhais?”

“*The Lass of Aughrim*[119] is teidil dó,” ar Mr D’Arcy, “ach ní raibh na focail agam go beacht. Cad ina thaobh? An aithnír é?”

“The Lass of Aughrim,” ar sí in athuair. “Dhearmadas an t-ainm.”

“Is deas an fonn é,” a dúirt Mary Jane. “Is trua liom nach raibh do ghlór agat anocht.”

“Anois, Mary Jane,” a dúirt Aunt Kate, “ná cuir olc Mr D’Arcy. Ní ligfead a bhuaireamh d’aon duine.”

Ag feiceáil di go raibh gach uile dhuine ar tí bainte amach, stiúir sí don dorus iad, agus d’fhágadar ceiliúradh dá chéile.

“Sea, oíche mhaith agat, Aunt Kate, agus go raibh maith agat as airneán taitneamhach.”

“Oíche mhaith, Gabriel. Oíche mhaith, Gretta!”

“Oíche mhaith, Aunt Kate, agus go raibh míle maith agat. Oíche mhaith, Aunt Julia.”

“Ó, oíche mhaith, Gretta, níor fhacas thú.”

“Oíche mhaith, Mr D’Arcy. Oíche mhaith, Miss O’Callaghan.”

“Oíche mhaith, Miss Morkan.”

“Oíche mhaith, arís.”

“Oíche mhaith agaibh uile. Slán abhaile.”

“Oíche mhaith. Oíche mhaith.”

Bhí an mhaidin fós ina hoíche. Bhí fáinne tláith solais buí os cionn na dtithe agus na habhann; shílfeá go raibh an spéir ag ísliú. Bhí greallach sneachta faoi chois; agus ní raibh ach stríoca agus paistí sneachta ar na díonta, ar uchtbhallaí na cé agus ar ráillí na bhfoirgneamh. Chaith na lampaí a solas dearg ar an aeir modartha i gcónaí, agus, trasna na habhann, thaibhsigh pálás Theach na Cúirte go bagrach ag bun na spéire troime.

Bhí sí ag siúl roimhe le Mr Bartell D’Arcy, a bróga i mbeart donn faoi leath-ascaill léi agus a sciorta fillte suas ina lámha ón tseachta coscartha. Ní raibh gotha na grástúlachta uirthi níos mó ach bhí

loinnir an áthais fós i súile Gabriel. Sciurdann an fhuil ina tonnta tríd a chuisle: agus scinneann a chuid smaointe ar nós each alta tríd a intinn – smaointe bróid, áthais, ceana, gaiscíochta.

Le héadroime a coisíochta roimhe, le dírí a droma léi, shantaigh sé rith ionsuirthi os íseal a bheireadh ar a guaillí uirthi a rá ruda éigin baoith ceanúil ina cluais. A leochailí seo í leis go raibh fonn diabhalta air a cosaint ar rud éigin go mbeidh sí leis féin. Cuimhní cinn dá saol rúnda le chéile, pléascaid fud fad a intinne mar a dhéanfadh réaltaí. Bhí clúdach litreach ar dhath phlúr na gréine ar an bhord in aice lena chupán bricfeasta agus bhí sé á chuimilt lena láimh. Bhí ceiliúr éanlaithe ag teacht ón eidhneán agus spléach gréasán solais ar an urlár ó na cuirtíní scáil: níor lig an t-áthas a ghoile leis agus níor bhlais sé oiread agus greim bia. Bhíodar ina seasamh ar an ardán plódaithe. Cuireann sé ticéad i mbos teolaí a miotóige. Seasann sé taobh léi faoin aer fuar agus é ag dearcadh isteach trí fhuinneog faoi ghráta ar fhear a bhí ag déanamh buidéal i gcaor-thine. Bhí fuacht nimhneach san aer. Bhí a haghaidh, a raibh cumhra uaithi san aeir fhuar, bhí sách dlúth dá aghaidhse; agus glaonn sé de phreab ar an fhear ag an fhoirnéis.

“An bhfuil an tine té, *sir*?”

Níor chuala an fear mar gheall ar fhuaim na foirnéise áfach. Maith mar a tharla. B’fhéidir go dtabharfadh sé freagra borb.

Brúchtann tonn eile lúcháire óna chroí, lúcháir níos muirní fós ná mar a bhí, a scairdeadh bog te trína artairí. Mar a dhéanfadh tine cheanúil réalta, blúirí dá saol le chéile, nach raibh a fhios ag duine ar bith eile fúthu agus nach mbeadh go deo, scalaid amach chun solais ina chuimhne. Ba mhéanar leis meabhrú na mblúirí seo dhi, le cur as a cuimhne dhi na blianta leamha dá saol mar chúpla pósta, go gcuimhneodh sí ar na blúirí aoibhnis amháin. Mar na blianta, dar leis, níor chloíodar a anamsa ná a hanamsa. A muirín, scríbhneoireacht eisean, cúraimí an tí aicise, níor mhúchadar siúd glan amach tine cheanúil a n-anama. Litir amháin dár scríobh sé chuici san aimsir sin, dúirt sé: “Cén fáth gur leamh fuar liom focail mar seo? An é mar nach bhfuil focal ar bith sách muirneach mar ainm duit?”

Mar a bheidís ina gceol i gcéin, na focail seo a scríobh sé blianta roimhe, mothaíonn sé iad ag teacht chuige ón tsaol a bhí. Ba fhada leis go mbeidís leo féin le chéile. Nuair a bheadh na daoine eile imithe, nuair a bheadh seisean agus sise istigh ina seomra san óstán, ansin bheadh le chéile leo féin. Gairfeadh sé uirthi go bog:

“Gretta!”

Seans nach gcloisfeadh sí é ar dtús: beadh sí ag baint di a cuid éadaigh. Ansin rud éigin ina ghlór, rachadh sé i gcion uirthi. Ansin chasfadh sí timpeall agus dearcfadh sí air...

Ag coirnéal Shráid an Fhíona thángadar ar charr. Bhí sé buíoch dá ghliogarnach mar choisc sé é ar chomhrá. Bhí sí ag féachaint amach tríd an bhfuinneog agus bhí cuma na tuirse uirthi. Níor labhair na daoine eile ach corrfhocal: ag tarraingt airde ar fhoirgneamh nó shráid éigin dóibh. Threabh an t-each leis ar cosa in airde faoi spéir mhodartha na maidine agus a shean-bhocsa gliogarnach á tharraingt i ndiaidh a shál aige, agus thaibhsigh ócáid eile do Ghaibriél: bhí sé in aon chab léi arís agus an t-each ag dul ar cosa ina airde ag iarraidh theachta ag an bhád, ar cosa in airde dá Mí Meala.

Agus iad ag gabháil trasna Dhroichead Uí Chonaill, a deir Miss O’Callaghan:

“Deirtear nach dtrasnaítear Droichead Uí Chonaill riamh gan feiceáil capaill báin.”

“Feicim fear geal an uair seo,” a deir Gabriel.

“Cá háit?” a d’fhiafraigh Bartell D’Arcy.

Bhagair Gabriel méar ar an dealbh, ar lonnaigh geadáin sneachta uirthi. Ansin chlaon sé a cheann go teanntásach air agus d’ardaigh lámh leis.

“Oíche mhaith, Dan,” ar sé go meidhreach.

Iar dtarraingt chun stoptha don chab os comhair an óstáin, léim Gabriell amach agus d’íoc an tiománaí, in ainneoin áitiú Mr Bartell D’Arcy. Thug scilling os cionn an táille don fhiur. Bheannaigh an fear dó agus deir:

“Bliain Nua faoi mhaise dhuit, *sir*.”

“Go mba é dhuitse,” ar Gabriel go cairdiúil.

Baineann sí taca as láimh leis ag tuirlingt den charr di agus arís ag seasamh ag ciumhais an chosáin ag fágáil ‘oíche mhaith’ leis an chuideachta dhi. Ba éadrom a meáchan ar a láimh leis, chomh héadrom leis an uain a dhamhsaigh sí leis cúpla uair roimhe seo. Bhí bród agus áthas air ansin. Áthas air gur leis í, bród air dá grástúlacht agus dá hiompar mná pósta. Ach anois, tar éis spreagadh an oiread seo cuimhní, tar éis an chéad-tadhaill lena corp, a bhí ceolmhar agus aduain agus cumhra, chuireadar cíocras colainne tríd . Faoi fhallaing a ciúnais, glacann sé chuige a lámh lena thaobh; agus, ag seasamh i ndoras an óstáin dóibh, chonaictheas dó gur éilíodar óna saol agus óna ndualgais, gur éalaíodar ón bhaile agaibh agus ó chairde agus gur theitheadar lena chéile go heachtra úrnua de chroíthe fiáine ghealgháireacha.

Bhí seanfhear ag suanaíocht i gcochall-chathaoir mór sa halla. Las sé coinneal san oifig agus chuaigh rompu suas an staighre. Leanadar é faoi thost agus cairpéad thiubh an staighre ag plúchadh torann na gcos. Téann sise suas staighre taobh thiar den doirseoir, a ceann fúithi, cromadh ina guaillí caola mar a bheadh sí faoi ualach, agus a gúna fáiscthe go teann uimpi. Ba í a chloch nirt gan caitheamh a lámh um na cromáin léi dá coinneáil, óir bhí creathadh ina lámha le teann dúile agus ba é brú a ingne ar a bhosa amháin a choinnigh guaim ar thaghd fiáin a choirp. D’fhos an doirseoir ar an staighre a shocrú lasair chorrach a choinnle. D’fhosadar siúd ar na céimeanna laistíos de. Sa chiúnas chuala Gaibriél sileadh na céarach meilte sa tráidire agus tuargain a chroí ina chliabh.

Stiúr an doirseoir iad síos dorchla agus d’oscail doras. Ansin leag a choinneal shilteach anuas ar bhord mhaisiúcháin agus d’iarr orthu cén t-am ar mhaith leo fáil glaoch maidine.

“Ag a hocht,” a deir Gabriel.

Bhagair an doirseoir ar lasc an tsolais leictrigh ag tabhairt faoi mhonabhar de leithscéal dó ach chuaigh Gabriel roimhe.

“Ní theastaíonn solas leictreach uainn. Is leor dúinn an solas isteach ón tsráid. Agus cogar,” a chuir sé mar agús ag bagairt ar an choinneal dó, “b’fhéidir go dtabharfá leat an gléas galánta sin, a dhuine chóir.”

Thóg an doirseoir a choinneal aníos ina ghlac arís, ach go siléigeach mar bhí ionadh air faoi smaoineamh nár ghnách leis mar é. Ansin cheiliúir díobh faoina fhiacla agus d'imigh leis. Cuireann Gabriel an bolta i nglas.

Thál solas síofrúil isteach ón tsolas sráide ina gha fada ó fhuinneoig go doras. Chaith Gabriél a chóta mór agus a hata ar tholg agus thrasnaigh an seomra chuig an bhfuinneog. Dhearc amach síos uaidh ar an tsráid le súil go dtagadh maolú éigin ar a chorraí. Ansin chas timpeall gur bhain a thaca as cófra tarraiceán agus a dhroim leis an tsolas. Do bhain sí dhi a hata agus a clóca agus bhí sí ina seasamh anois os comhair luasc-scátháin móir agus a básta á scaoileadh aici. Chaith Gabriél scaitheamh dhá dearcadh go ndeir:

"Gretta!"

Tiontaíonn sí go mall ón scáthán go siúlann chuige feadh an gha sholais. Le sollúntacht a dreacha, ní thagaid na focal thar a bhéal le Gabriél. Níorbh é seo an uain fós.

"Tá cuma na tuirse ort," do deir sé.

"Go deimhin, tá beagán tuirse orm," a fhreagraíonn sí.

"Níl airír tinn nó lag?"

"Ní airím, tuirse a airím, sin an méad."

Téann sí don fhuinneog agus seasann roimpi ag dearcadh amach. D'fhan Gabriél ina thost arís agus ansin, le faitíos go bhfaigheadh éadánacht an ceann is fearr air, deir sé go tobann:

"Dála an scéal, Gretta!"

"Céard?"

"An bhfuil aithne agat ar an dhiúlach bocht sin, Malins?" ar sé go tobann.

"Tá. Céard faoi?"

"An créatúr, is amhlaidh gur duine cneasta é sa deireadh thiar thall," a leanann Gabriél de ghuth nach leis é, shílfeá. "Thug sé ar ais dom an sabhran sin a thugas iasacht dó, agus ní raibh súil agam leis, i ndáiríre. Faraor nach bhfanann glan den Browne sin, óir níl aon dochar ann, i ndáiríre."

Bhí sé ar crith le fearg anois. Cad chuige go raibh sí chomh haduain? Ní fios dó conas tosú. An raibh sise i bhfeirg, freisin, faoi cheo éigin? Ach a dtugadh sí aghaidh air nó a dtiocadh chuige dá deoin féin! Ba bhrúidiúil breith uirthi do bhualadh craicinn léi mar a bhí sí. Arú, chaithfeadh sé feiceáil léas éigin foinn ina súil. Ba bhreá leis bheith ina mháistir ar a giúmar ait.

"Cathain ar thugais iasacht puint dó?" a fhiafraíonn sí, tar éis nóiméid.

Staon Gabriél ar éigin ar spalpadh amach friotail fíochmhar faoin Malins meisciúil agus a phunt. Is é a theastaigh go géar uaidh, scairt uirthi óna anam, brú a coirp siúd i gcoinne a choirp-se, dul i gceannas uirthi. Ach is é a deir sé:

“Ó, faoi Nollaig, nuair a d’oscail sé an siopa beag cártaí Nollag ar Shráid Anraí.”

Níor chuala sé a teacht ón fhuinneoig chuige ag an spadhar feirge agus dúile air. Seasann sí roimhe ar feadh nóiméid, ag amhairc air go haisteach. Ansin, gan frapa gan taca seasann ar bharr na méar a ligean a lámh go héadrom ar a ghuaille agus pógann é.

“Is duine an-fhial thú, Gabriel,” ar sí.

Ar crith le haoibhneas dó faoina póg gan choinne agus faoi dheismireacht a focail, leagann Gabriél a lámha ar a gruaig dá slíocadh siar agus na méar ag baint léi ar éigean. Bhí a chroí lán le háthas. Go díreach agus é ag tnúth leis, do tháinig sí chuige dá deoin féin. B’fhéidir go raibh sí ar aon intinn amháin leis féin ar feadh an achair. B’fhéidir gur thug sí faoi deara an dúil dhíocasach ann agus gur bhuail fonn géillte í ansin. Anois ó ghéill sí chomh ceansa seo dhó, ní fheadair sé cén fáth an raibh sé chomh cotúil sin.

Sheas sé ansin agus a ceann idir a dhá lámh. Ansin, iar síneadh leathlámh go héasca faoina coim dó dá tarraingt chuige, deir de ghlór íseal:

“Gretta, a stór, céard atá i do cheann?”

Ní fhreagraíonn sí agus ní ghéilleann go hiomlán dá láimh. Deir sé arís, de ghlór íseal:

“Abair liom céard atá ort, Gretta. Tá barúil agam céard é. An bhfuil a fhios agam?”

Ní fhreagraíonn sí ar an toirt. Ansin deir sí de racht goil:

“Ó, táim ag smaoineamh faoin amhrán sin, *The Lass of Aughrim*.”

Briseann uaidh do rith chun na leapan agus caitheann a lámha thar ráillí na leapan a cheilt a haghaidhe. Bhí Gabriél ina staic iontais ar feadh nóiméid, gur lean í ansin. Ag dul thar an scáthán mór luascach dó faigheann spléachadh ar a scáil féin ó bhun go barr: ar a chorp leathan agus a bholg ag teannadh a léine, ar a dhreach nár thuig sé riamh nuair a d’fheiceadh sé í i scáthán, agus ar a spéaclaí drithleacha gona bhfonsaí óir. Seasann cúpla coiscéim uaithi go ndeir:

“Céard faoin amhrán? Cén fáth an mbaineann sin gol díot?”

Ardaíonn sí a ceann os cionn a lámh a thriomú a súl le droim a láimhe mar a dhéanfadh páiste. Labhraíonn seisean de ghlór níos caoimhe ná ba mhian leis:

“Cén fáth, Gretta?” a fhiafraíos sé.

“Táim ag smaoineamh ar dhuine san aimsir chian a ghabhadh an t-amhrán sin.”

“Agus cérbh é an duine seo san aimsir chian?” a fhiafraíos Gabriel agus meangadh gáire air.

“Ba dhuine é a mbíodh aithne agam air i nGaillimh nuair a bhíos in aontíos le mo mháthair mhór,” a deir sí.

D’imigh an gáire ó dhreich Gabriél. Tosaíonn fearg phlúchta ag aibiú i gcúl a chinn agus deargann meath-thinte na drúise ina fhéitheacha.

“Duine a bhís i ngrá leis?” a cheistigh sé go híorónta.

“Glas-stócach a mbíodh aithne agam air,” a fhreagraíonn sí, “darb ainm Michael Furey. Dheireadh sé an t-amhrán sin, The Lass of Aughrim. Bhí sé an-leochaileach.”

Thost Gabriél. Níor mhaith leis go gceapadh sise go raibh suim aige sa bhuachaill leochaileach seo.

“Feicim go soiléir é,” a deir sí tar éis nóiméid. “Nach aigesean a bhí súile: súile móra dorcha! Agus a leithéid de mhothúchán iontu – de mhothúchán!”

“Ó, is amhlaidh go rabhais i ngrá leis?” a deir Gabriél.

“Do shiúlainn amach leis,” a deir sí, “nuair a bhíos i nGaillimh.”

Sciurdann smaoineamh trí cheann Gabriel.

“B’fhéidir gur sin is údair le do rún dul go Gaillimh leis an Ivors sin?” a deir sé go fuar.

Amharcann sí air le hiontas:

“Cad chuige?”

Bhí Gabriel i mbroid ag a súile. Croitheann sé a ghuaillí agus deir:

“Cá bhfios domsa? Chun thabhairt cuairte air, b’fhéidir.”

Iompaíonn sí na súile uaidh do dhearcadh gan focal suas an léas solais i dtreo na fuinneoige.

“Tá sé marbh,” ar sí ar deireadh. “Bhásaigh nuair a bhí in aois a sheacht mbliana déag. Nach é an feall é fáil do bháis ag aois chomh hóg le sin?”

“Cérbh é a shlí bheatha?” a fhiafraíos Gabriél, go híorónta i gcónaí.

“Bhí sé leis an mhonarcha gáis,” a deir sí.

D’airigh Gabriél náirithe ag a iarracht theipthe íoróine agus ag dúiseacht na taibhse seo as ríocht na marbh: glas-stócach leis an mhonarcha gáis. A fhad is a bhí seisean lán de chuimhní cinn faoina saol seirce lena chéile, lán de ghrámhaireacht, d’áthas agus de dhúil inti, bhí sise dá chur i gcomórtas le duine eile ina ceann. Thaibhsíodh dhó gurbh abhlóir é féin, giolla beag na siobála ag a ainteanna, bogán faiteach, dea-mhéineach, maoithneach a thugadh óráid do thútaigh agus a bhain tátal idéalach as a dhrúis bhreallach féin, an diúlach baoth truamhéalach amaideach a bhfuair sé spléachadh air sa scáthán. Thug sé a dhroim leis an tsolas dá ainneoin féin ar fhaitíos go bhfeiceadh sí lasadh gorach na náire air.

Déanann sé a dhícheall coinneáil air le ceastóireacht fhuar, ach nuair a labhair sé bhí an umhlaíocht agus an réchúiseacht ina ghlór.

“Is dóigh go rabhais i ngrá leis an Michael Furey seo, Gretta,” a deir sé.

“Bhíos mór leis ag an am sin,” a deir sí.

Bhí a guth cloíte ciachmhar. Iar dtuiscint do Ghabriél go mbeadh sé fánach air a tabhairt siúd ar a raibh leagtha amach aigesean, muirníonn leathlámh léi go ndeir, go ciachmhar é féin freisin:

“Agus céard a thug a bhás dó ag a óige sin d’aois, Gretta? Eitinn, arbh é?”

“Sílim gur bhásaigh de gheall ormsa,” a fhreagraíos sí.

Tháinig scéin dhoiléir ar Ghabriél mar gheall ar an fhreagra seo faoi mar, an uair a bhí dóchas a bhuactha aige, faoi mar a chuirfeadh taise dhofheicthe agus fhaltanasach ina aghaidh agus í ag bailiú nirt ina aghaidh ina dhomhain dothuigthe. Ach chaith sé as a cheann í le dua agus choinnigh air ag muirniú a láimhe. Ní cheistíonn arís í óir mheas go n-inseodh sí as a stuaim féin fúithi féin. Bhí a lámh siúd bogthe agus tais: ní fhreagraíonn sí dá láimhse ach leanann sé air dá muirniú díreach mar a mhuirnigh a céad-litir chuige an mhaidin earraigh úd.

“Tharla sé sa gheimhreadh,” a deir sí, “tuairim is tús an gheimhridh nuair a bhíos ar tí fhágáil theach mo mháthar móire a theacht soir anseo chuig an chlochar. Agus bhí sé tinn ag an am ina lóistín agus ní ligfí saor é agus scríobhadh chuig a mhuintir. Bhí sé ag meath, a dúradar, nó rud éigin mar sin. Ní raibh an scéal ar fad agam riamh.”

Stopann sí ar feadh nóiméad a ligean osna.

“An créatúr,” a deir sí. “Bhí an-chion aige orm agus ba é an láíocht féin é an buachaill sin. Do théimis amach le chéile, ag siúl, an dtuigir, Gabriel, mar a dhéantar faoin tuath. Murach a shláinte, bhí sé le dul ar staidéar na hamhránaíochta. Bhí glór ar dóigh aige, Michel Furey bocht.”

“Sea; agus ansin?” a cheistigh Gabriél.

“Agus nuair a tháinig an t-am chun mo imeachta as Gaillimh do theacht don chlochar bhí sé i bhfad níos measa agus ní ligfí dom a fheiceáil agus mar sin scríobhas litir chuige a rá go rabhas ag dul soir go hÁth Cliath agus go mbeinn ar ais sa tsamhradh agus go raibh súil agam go mbeadh sé níos fearr ansin.”

Stopann sí ar feadh scaithimh do smachtú a glóir, go leanann uirthi ansin:

“Ansin an oíche roimh m’imeachta bhíos i dtigh mo mháthar móire i nOileán Ealtanach, ag fáil mo thrunc éadaigh faoi réir, agus chualas spallaí ag bualadh na fuinneoige. Óir nár léir dom mórán tríd an fhuinneog le méad na ndeor báistí uirthi, ritheas síos staighre gan mo ghléasadh agus éalaíos sa ghairdín ar chúl an tí agus seo mo dhuine bocht ag bun an ghairdín agus é ar crith le fuacht.”

“Agus nach ndúrais leis dul ar ais?” a d’fhiafraigh Gabriél.

“Impíos air dul abhaile tur te agus dúrais leis go bhfaigheadh a bhás ag an bháisteach.

Ach dúirt liom nár bheo a bheo. Feicim a shúile anois féin féin. Bhí sé ina sheasamh ag earr an bhalla, áit ina raibh crann.”

“Agus ar chuaigh abhaile?” a d’fhiafraigh Gabriel.

“Chuaigh, chuaigh abhaile. Agus ní rabhais ach seachtain sa chlochar gur bhásaigh agus cuireadh é in Uachtar Ard, áit a mhuintire. Ó, an lá a chualas sin, go raibh sé marbh!”

Briseann a gol uirthi agus caitheann sí a haghaidh sa leaba le teann tochta ag gol sa *quilt*. Choinnigh Gabriél a lámh ina láimh ar feadh nóiméid, le dóbartaíl, ansin, le faitíos cur isteach ar a cumha, lig uaidh í go mall réidh agus shiúil go ciúin don fhuinneog.

Bhí sí ag codladh go sámh.

A cheann ligthe le leathuillinn leis, d’amharc Gabriél gan fhaltanas ar feadh cúpla nóiméad ar a gruaig stothallach agus ar a béal faon-oscailte agus d’éist lena hanálú domhain. Do bhí an rómáns sin ina saol aici más ea: a thug fear a bhás féin i ngeall léi. Níor chuir sé isteach air mórán anois smaoineamh ar bhige na páirte a bhí aige féin, a fear céile, ina saol. Bhreathnaigh sé uirthi agus í ina codladh faoi mar nár chaitheadar saol le chéile mar fhiur chéile agus mar mhnaoi chéile riamh. Lonnaigh a shúile achar fada ar a haghaidh agus ar a gruaig: agus, ag samhlú dhó mar a bheadh sí ag an am sin, in aimsir a céad áilleacht gearrchaile, tháinig trua ait, chairdiúil ina anam. Níor mhaith leis maíomh go fiú amháin dó féin nach raibh aghaidh sciamhach aici níos mó ach bhí a fhios aige nach í a haghaidh aici anois an aghaidh ar thug Michael Furey dúshlán a bháis ar a son.

B’fhéidir nár inis sí iomlán an scéil dó. Lonnaigh a shúile ar an chathaoir ar chaith sí roinnt dá cuid éadaigh uirthi. Bhí a peireacót ar sliobarna go hurlár. Sheas bútaise amháin agus a uachtar sleabhctha síos: bhí a leathchúpla ina luí lena thaobh. B’ábhar iontais dó anois an chíréib mothúchán air leathuair an chlog roimhe. Cad as a d’eascraíodar? As suipéir a ainteanna, as a aitheasc leibideach féin, as an fhíon agus an damhsa, as an phléaráca ag ceiliúradh dá ainteanna sa halla dhó, as sámhnas na siúlóide síos an abhainn faoin tsneachta. *Aunt Julia* bhocht! Sise freisin, go luath bheadh sí ina taise, ina scáth mar aon le scáth Patrick Morkan agus a each. Do chonaic sé an chuma chaite ina haghaidh agus í ag gabháil *Arrayed for the Bridal*. Go luath, b’fhéidir, bheadh sé ina shuí sa tseomra chaidrimh chéanna, éadaí dubha air, a hata síoda ar a ghlúine. Bheadh na dallóga tarraingthe síos agus bheadh *Aunt Kate* suite taobh leis agus í ag gol agus ag sraothartach ina naipcín póca agus ag insint dó cén dóigh a fuair sí a bás. Shiortódh seisean a cheann ar thóir chúpla focal sóláis di, agus ní aimseodh ach ceanna gan brí gan dealramh. Sea go deimhin: tharlódh sin gan mhoill.

Mhothaigh sé fuacht aer an tseomra ina ghuaillí. Théaltaigh sé go mall cáiréiseach faoi bhraillíní na leapan go raibh sé sínte in aice lena bhean. Duine i ndiaidh duine bhíodar uile ag iompú ina scáthanna. Dul sa tsaol eile le gaisce agus le crógacht, faoi lán-ghlór corraíola éigin, ba níos fearr sin ná dul i léig agus i laige le haois. Smaoinigh sé faoin mhnaoi sin, taobh leis, a choinnigh ina rún ina croí istigh íomhá sin shúile shearc a croí agus é ag insint di nach mian leis fanacht ina bheatha.

Líon súile Gabriél le deora móra groí. Níor mhothaigh sé mar sin faoi mhnaoi ar bith é féin riamh ach thuig nár fholáir nó gur ghrá a leithéid sin de mhothúchán. Chruinnigh na deora go fras i súile Gabriéil agus sa bhreacdhorcadas facthas dó cruth an fhir óig ina sheasamh faoin chrann bháite. Bhí scáthanna eile i ngaire dhó. Bhí a anam druidte leis an áit sin ina gcónaíd sluaite na marbh. Shamhlaidh sé, ach níor thuig, a bhfoirmeacha luaineacha ghuagacha. Bhí a thuiscint ar cé hé féin ag sleamhnú uaidh don domhain dofheicthe dothuigthe: an domhain réal féin inar mhaireadar agus inar thógadar clann, bhí sé ag leá is ag laghdú uaidh.

Tharraing buailtí beaga ar an fhuinneog a aird. Do thosaigh sé ag cur sneachta arís. Dhearc sé go codlatach ar na calóga ar a gclaoin-titim, iad dorcha nó ar dhath an airgid faoi sholas an lampa sráide. Bhí sé i dtráth dhó dul ar a thuras siar. Sea, bhí an ceart ag na pápéir nuaíochta: bhí sé ag cur

sneachta ar fud fad na hÉireann. Bhí ag titim ar fud an lár-mhá dhorcha, ar na cnoic loma, bhí ag titim go bog ar Mhóin Alúine agus, níos faide siar, bhí ag bog-thitim i dtonnta dorcha fealltacha na Sionainne. Bhí ag titim, freisin, ar gach chearn den chill uaigneach ar an chnoic inar cuireadh Michael Furey. Bhí muca móra dhe síobtha ar na crois claonta agus ar na leaca cuimhneacáin, ar bhioranna an gheata bhig ar na dealga loma. Thit néal ar a anam le bogfhuaim thitim an tsneachta tríd an bhith, le titim bhog, mar thitim a ndeiridh is a n-éaga, ar an bheo is ar an mharbh trí chéile.

1 ***gnomon* san *Euclid***: Tuigeann an saol mór is a bhean an fheidhm a bhaintí as clog gréine fadó. An teoiric mhatamaitice ag *Euclid* taobh thiar de *gnomon* ina shraith leabhar, Dúile Geoiméadracha áfach, níl sé de mhisneach ag aistritheoir an scéil seo tabhairt faoina mhíniú. Is leor a rá, b'fhéidir, go mba choincheap sách diamhair agus dothuigthe i samhlaíocht bhuachaill scoile in aimsir Joyce arbh éigin dó léamh roinnt éigean de thráchtas Eoiclíd mar chuid dá óideachas scoile.

***simony* sa Teagasc Críostaí:** ceannacht earraí spioradálta le hearraí saolta – mar shampla, ceannach agus díol maiteachais le hairgead. Eascraíonn an focal as duine i *Gniomhartha na nAspal* sa Tiomna Nua (Gniomhartha, VIII.9-21). Síomón an Draoí an duine a bhí i gceist. Thairg airgead don aspal Peadair dá mbronnadh seisean bua na bhfeart dó.

2 ***Rosicrucian:*** duine den *Rosicrucian Fellowship*, nó duine a leanas teagasc *Rosicrucianism*. Tá an cumann bunaithe ar leabhar theagasc mistíce la Max Hendel – *Rosicrucian Cosmo-conception* i. Tuiscint Chosmos lucht na Croise Deirge (1908). Bhí an cháil ar W.B. Yeats in Éirinn gur lean sé la traidisiún rúndiamhair ársa éigin. Is éard atá i gceist ag an uncail le Rosicrucian sa ghearrscéal seo, éan corr de dhuine a bhíos de shíor ara mharana.

3 **síomóntaí ina pheaca:** Is é easpag an t-aon duine is féidir leis aspalóid a thabhairt do shagart i bpeaca na síomóntachta.

4 **Sráid *Great Britain***: Sráid Pharnell an t-ainm atá ar an tsráid anois, in ómós don pholaiteoir náisiúnach Éireannach, Charles Stewart Parnell. Tá trácht ar siúd i scéal eile den chnuasacht scéalta seo (Lá an Éidhneáin i Seomra an Chiste).

5 ***Freeman's General:*** Freeman's Journal a bhí i gceist ag Eliza. Níos faide anonn sa scéal, deireann sí '*pneumatic*' in áit '*rheumatic*'. Maidir leis an Freeman's General, déantar roinnt mhaith tagartha don nuachtán áirithe seo agus don chlann ar leis é sa chnuasach gearrscéalta seo, go háirithe i Lá an Eidhneáin i Seomra an Choiste, i Grásta agus i Na Mairbh. Tá fonótaí mínithe níos faide curtha othu siúd. Ní mhaireann an nuachtán seo níos mó (cheannaigh an *Irish Independant* é).

6 ***The Halfpenny Marvel:*** Páipéir scéalta Breatnacha a bhunaigh Alfred Harmsworth (foilsitheoir mór nuachtáin) i 1893. Is éard a bhí mar aidhm aige, deireadh a chur le díol na '*penny dreadfuls*' - sraith litríochta a fhoilsítí ar mhaithe le rath díolacháin i measc an lucht oibre seachas ar son ard-litríochta. An ról a bhí ag The Halfpenny Marvel, litríocht ghlan, shláintiúil a chur ina n-áit siúd.

7 ***Pigeon House:*** Is é an t-ainm atá aran fhoirgneamh seo anois, Cumhachtstáisiún an Phoill Bhig *(Poolbeg Generating Station as Anglais)*. Baisteadh *Pigeon House* air i gcuimhne fir darb ainm John Pidgeon. Bhí seisean ina airíoch aran áit timpeall na bliana 1860. Usaideadh an foirgneamh mar stóras do longa ceannaíochta ar dtús.

8 **cé mhéid a bhfaigheadh sé... :** Buillí den *pandybat*. Ba strapa treisithe é an pandybat.

9 **súile glasa**: Bhí súile glasa ag Odysseus sa mhiotas Gréagach

10 ***josser:*** téarma béarlagair d'fhear – go háirithe d'fear baoiseach. B'fhéidir nach comhtharlúint gan bhrí é go bhfuil fuaim an fhocal *josser* cosúil le *tosser*

11 ***Araby:*** aonach ollmhór carthanachta agus taispeántas an oirthir a reachtáladh in Aibreán 1894

12 **iompraíos mo chailís... naimhde:** Faoi mar a bheadh samhaltán creidimh á iompair ag sagart nó ag curadh croise.

13 ***Alacoque***: Naomh *Margueirite-Marie Alacoque* (1647-90). Bean rialta ab í. Foilsíodh Croí Ró-Naofa Íosa Críost di in aisling. Is ábhar mór cráifeachta i dteaghlaigh Éireannacha é an Croí Ró-Naofa seo.

14 ***The Bohemian Girl:*** Ceoldráma éadrom leis an chumadóir Éireannach, *Michael Balfe* (1808-70). Bean uasal a bhfuadaíos an luch siúl í is príomhphearsa ann.

15 ***'Derevaun Seraun!:*** Tá roinnt tuairimí i measc léitheoirí faoi bhrí an fhocail seo. Áitíonn daoine áirithe gur Gaeilic thruaillithe é agus tugann a léamh féin ar as Anglais. Is é an dá léamh is coitianta, '*the end of pleasure is pain*' nó '*the end of a song is raving madness*'. Ó tharla nach ndéanann ceann ar bith de na tuairimí seo ciall don aistritheoir seo (deireadh *fun*/ deireadh foinn 'sea *ruin*?), is é a thuairim féin gur brilléis é an focal, tuairim atá sách coitianta.

16 ***Kingstown:*** Dún Laoghaire/*Dunleary* an t-ainm atá ar an bhaile beag cois cósta anois. Athraíodh a ainm i 1921, bliain roimh neamhspleáchas oifigiúil Phoblacht na hÉireann. Baisteadh *Kingstown* air céad bliain roimhe sin in ónóir chuairt George IV, Rí an Ríocht Aontaithe (tá trácht air siúd sa scéal Lá an Éidhneáin i Seomra an Choiste).

17 ***Dublin University:*** *Trinity College*/Coláiste na Tríonóide mar is fearr aithne air anois. Ba choláiste den aicme shaibhir Phrotastúnach den chuid is mó é go le gairid.

18 ***Kingsbridge Station:*** Stáisiún Heuston

19 ***Cadet Rousselle:*** Leagan nua Sacsanach den amhrán áitiúil a chum Gaspard de Chenu i 1792 in *Auxerre*, sa Fhrainc. Cumadh an leagan Sacsanach i 1919 agus canadh é le tionlacan pianó i seónnaí ceoil na gcathracha móra ar fud na Ríochta Aontaithe. Tá sé bhuille i leathchúpla den loinneoig ag deireadh gach véarsa, agus gabhtar na focail mar a bheadh pléascadh gáire iontu. Seo na focail sa bhunleagan: *Ah ! Ah ! Ah ! Oui, vraiment...* Ba amhrán máirseála mór le rá é an bunleagan in arm na Fraince faoi 1919 agus sin is cúis leis na buillí coise.

20 **d’análaíodh... mhuintir *Florence*:** Fuaimnítear ‘c’ mar a bheadh ‘h’ ann in *Florence*. D’fhuaimnigh Corley a ainm mar ‘horley’.

21 ***Silent, O Moyle:*** amhrán le Thomas Moore (1779-1852). Rinneadh roinnt bailiúchán de amhráin Moore i ndiaidh a bháis. Moore’s Melodies a chuirtear orthu. Bhí an-tóir ar na hamhráin in Éirinn. Is faoi Fhionnúala é an t-amhrán seo thuasluaite, duine den cheathrar pháistí i bhfinnscéal ‘Oidhe Chlainne Lir’. Is é *Moyle*, Sruth na Maoile idir Éirinn agus Albain, ceann den trí áit ina gcaitheann páistí Lir trí chéad den 900 bliain mar ealta. Deir líne den amhrán go bhfuil Éire faoi shuan i ndorchadas (i. Dorchadas an phágánachais roimh theacht Bhriathar Dé).

22 ***Mrs Mooney:*** Bean [Iníо]n Uí Maonaigh. Is é is dóchaí gurb as maon + ach a eascraíos an sloinne, mar leasainm ar dhuine balbh. Mar sin féin, dar le *surnamedb.com* is leasainm muirnéise é maonach, nó leasainm ar dhuine shaibhir (i. Maoin). Ní dócha gur thoil Joyce an íoróin seo, ach cá bhfios?

23 ***[Saint] George’s Church:*** seanteampall a bhain le hEaglais na hÉireann ar Shráid Hardwick (barr Shráid an Teampaill). Ní teampall níos mó an foirgneamh seo: díoladh é mar gheall ar cheall airgid chun a dheisithe.

24 ***Gallaher:*** Anglú de shloinne Gaeilice. Ó Gallachóir is ea leagan Gaeilge na linne . Litríodh mar Ó Gallchobahir é roimhe seo. Is dócha gur as na focail ‘gall’ agus ‘cabhair’ a eascraíos sé. Is é sin le rá, amhas nó saighdiúir tuarastail *(surnamedb.com)*.

25 ***Chandler:*** Sloinne Anglaise. Scríobhadh mar ‘*Chandelier*’ san am atá thart. Is focal de bhunú Francach é a chiallaíonns déantóir coinnle *(surnamedb.com)*.

26 ***Corless:*** Deir formhór na bhfoinsí idirlíne gur leagan de shean-leasainm Anglaise ‘Corliss’ é. Eascraíonn sé as na focail ‘care’ agus ‘less’, agus chiallaigh sé duine gan cíos, cás ná cathu. Ní dócha go bhfuil baint ag an ainm leis an logainm Corr Lios.

27 ***Atalantas:*** Is spéirbhean óg í Atalanta sa mhiotas Ghréigeach. Tá sí lúfar, cróga agus deaslámhach ar chaitheamh bonsaí. B’fhéidir go bhfuil sé de cháil uirthi gur annamh a theagmhaíonn a cosa le talamh agus í ag rith, óir murach sin gur amhlaidh é, ní thuigeann an t-aistritheoir seo an meafar seo. D’fhonn nach bhfuil uaithi fear a phósadh, geallann sí go bpósfaidh sí fear ar bith a bhuas í i gcomórtas reatha. Buann duine amháin uirthi as imirt clis áfach. Is éard a dhéanas sé, caitheann trí úll órga (ar thug Aphrodíté dó iad) ar an talamh ar feadh an bhealaigh, agus bailíonn sise gach aon cheann díobh, rud a chuireas moill uirthi. Déantar tagairt don mhiotas Ghréigeach sa scéal *The Dead* freisin.

28 ***Ignatius:*** eascraíonn an chéad-ainm seo ón tsloinne Rómánach *Egnatius*, atá de bhunnú Éatruscach agus nach fios a bhrí. Athraíodh litriú an ainm chun chur chrot an fhocal laidine *ignis* air – focal a chiallaíos tine. Ignatius ab ainm do mhairtíreach cháiliúil san Antíoch (*behindthename.com*).

29 **éigse Cheilteach:** Is cosúil go bhfuil Joyce ag déanamh fonóide ar *genre* litríochta de chuid an ‘*Celtic Revival*’ ag an am a bhí, dar leis, seanchaite. Mar shampla ar an tseánra seo, foilsíodh cnuasach dánta darb ainm *The Celtic Twilight* le William Butler Yeats i 1893 a airítear mar chuid de thús Athbheochan Litríocht na hÉireann. Déanann an leabhar dánta seo cumha i ndiaidh sheanshaol shimplí idéalaithe an Éireannaigh Cheiltigh i gceantair iarghúlta iarthar na hÉireann.

30 ***Malone:*** Ó Maoileoin i. maol + Eoin i. deisceabal Eoin / manach a leanas sampla Eoin (i. John) (www.surnamedb.com/Surname/Malone). An tagairt cheillte do leantóir de chuid John Bull i. Sacsana é seo?

31 ***Lithia:*** fíoruisce le salann *lithium* atá ann. Bhí an-tóir air idir deireadh an 19ú céad agus an Céad-Chogadh Domhanda

32 **Coimisiún na Talún:** (*The Land Commision)* Eagraíocht Stáit a bunaíodh chun Acht na Talún 1881 a chur i bhfeidhm. Thug an acht seo cearta áirithe d’fheirmeoiribh bheagaibh na tíre a thug talamh ar cíos ó thiarnaibh mhóraibh talún. Is beag feabhas a tháinig ar shlí bheatha chosmhuintir na hÉireann mar gheall ar an acht seo áfach, agus d’fhéadfá a rá gur chur sé lena mbochtanas go fiú.

33 **ar Oileán Mhanainn:** Roghnaíos an réamhfhocal *‘ar’* in ionad *‘in’* mar ní as Oileán Mhanainn do Little Chandler. I gcás an úrscéil ‘An t-Oileánach le Tomás Ó Criomhthain áfach, deirtear *‘i’* i gcónaí leis an oileán ina bhfuil sé ina chónaí, agus ‘ar’ le fochais ar bith a dtéann daoine uirthi ó am go chéile a bhaint faochan nó feamainne. Samplaí eile: Ceantar na nOileán agus an Cheathrú Rua (“ar an gCeathrú Rua”, “sna hOileáin”).

34 **comhartha Caitliceach:** Is é is dócha a bhfuil i gceist ag Joyce, gur ghearr sé fíor na croise.

35 **Sin Gaeilic mhaith ar:** *“That’s good vernacular for a...”* atá sa bhunleagan. Usáidtear an litriú ‘Gaelic’ anseo in ionaid ‘Gaeilg’/’Gaedhilg’ nó ‘Gaeilge’ nó ‘Gaelinn’/‘Gaedhealaing’. An t-aon chúis le seo, gurb é seo an litriú is giorra don fhocal Breatnaise ar theanga na ‘Gwyddelod’ (nGael).

36 ***Zéphyros:*** Ceann de na ceithre phríomhdhia gaoithe i miotas na Gréige. Is é an leoithne tais aniar seo an ghaoth is séimhe den cheathrar (cé gur ghaoth fhoréigneach é san Íliad). ‘Steifir’ an focal caighdéanach Gaeilice air.

37 ***Lambabaun*** is cosúil gur ‘uan bán’ atá i gceist aici – is meascán de Ghaeilic agus Anglais atá san fhocal mhuirneach mar sin.

38 **séiplíneach:** *Curate* an focal a d'úsáid Joyce. Is cosúil gur leasainm é ar fhear beáir. Gloine pórtair is brí le g.p.

39 ***Templebar:*** Cé gurb é Barra an Teampall an t-ainm oifigiúil Gaeilige ar an áit, níl bunús stairiúil leis an logainm Gaeilige seo (https://en.wikipedia.org/wiki/Temple_Bar,_Dublin).

40 **ar nós chaint na n-aoirí sna h-eaclógaibh:** dráma tíriúil le Virgil (70 r.c – 19 i.c.) déanta de shraith dánta is ea na hEaclóga (https://en.wikipedia.org/wiki/Eclogues). Déanann beirt aoirí comórtas lúibíní in eaclóg 4. Is dócha gurb éard atá i gceist ag Joyce anseo, go raibh caint Uí hAllmhúráin sách tútach le hais chaint Farrington.

41 ***Ballast Office... Scotch House:*** foirgneamh ar Shráid Westmoreland a bhí ina ionad riarachán ag Comhlacht Chalafort Átha Cliath, nó an *Ballast Commitee* mar ab ainm don chomhlacht seo ag an am (http://www.dublinport.ie/about-dublin-port/about-us-2/). Maidir leis an *Scotch House*, is foirgneamh ar Ché an Bhurcaigh é.

42 ***Apollinaris:*** uisce mianrach coipthe. Is le *Coca Cola* an marc seo anois (https://en.wikipedia.org/wiki/Apollinaris_%28water%29).

43 ***Peony:*** Piaine. Bláth bándearg. Sa mhiotas Ghréigeach, is dia an leighis é nó scoláire faoi dhia an leighis é *Παιὼν (paiôn)*. Ar bhealach, samhlaítear é freisin mar chloíteoir an oilc (http://www.theoi.com/Ouranios/Paion.html).

44 **leabhar urnaí... an fháinne:** sa chluiche seo, is é is ciall leis an leabhar urnaí, gairm rialta. Is é is ciall le huisce, saol fada nó imeacht thar sáile nó an dá rud. Pósadh is ciall leis an fháinne.

45 **ábhar bog fliuch:** an chré. Bás is ciall léi.

46 ***I Dreampt that I Dwelt:*** *Aria* cáiliúil ón cheoldráma *The Bohemian Girl* le Michael William Balfe, arbh Éirinneach é.

47 **Séipéal Íosóid:** Chapelizod an Anglú ar an logainm. Tógann an áit a hainm as an tséipéal a tógadh in onóir Ísóid *(Izold/Esyllt/Iseult/Isolde)* ón fhinnscéal tragóideach faoi ghrá Tristan agus Izold. Deirtear gurbh as an áit seo dhi.

48 ***Michael Kramer* le *Hauptmann:*** Dráma Gearmánach (1900). Mac an phríomhcharachtair, cuireann sé lámh ina bhás féin. Tugann a athair faoi deara gur theip sé ar a mhac agus nár thug dóthain grá dhó.

49 ***Bile Beans:*** cógas leighis a bhíodh an-díol air. Tháinig sé i bhfios an phobail ó 1903 i leith go raibh rath an táirge bunaithe ar bhréag: bhí sé déanta as ábhair a bhí le fáil go coitianta i gcógaslanna ag an am, agus ní as planda nárbh eolas ag duine ar bith eile ach bundúchasaigh na hAstráile air agus a d'aimsigh poitigéir bréagach darb ainm Charles Ford, mar a mhaígh an comhlacht. In ainneoin na conspóide sin, lean rath an chomhlachta go lár na mblianta 1980, a bhuíochas gan dabht le feachtas láidir fógraíochta sna pápéaraibh nuachta.

50 ***Saturnine:*** dúnárasach, fuarchúiseach, gruama. Ceann de lionntaibh na fola, bunaithe ar an phlainéad Satairn.

51 ***Livorno:*** Cathair bheag mhara in iarthuaisceart na hIodáile. *Leghorn* an t-ainm uirthi as Anglais.

52 ***Mar sin a labhair Zarathustra* agus *An Ghaois Shuairc:*** *Also sprach Zarathustra [:Ein Buch für Alle und Keinen]* agus *Die fröhliche Wissenschaft* le Friedrich Wilhelm Nietzsche (1844 –1900).

53 ***City of Dublin Hospital:*** sean-ospidéal ar Shráid Bhagóid Uachtarach. Is ionad teiripe anois é.

54 **dul isteach i gcumann:** bhí staonadh ón ól ina phrionsabal lárnach ag formhór na gcumann carthanachta ag an am. Níor mhór do dhaoine nua móid a thabhairt.

55 ***Kingsbridge Station:*** Stáisiún Heuston

56 **Lá an Eidhneáin:** An Céad-Domhnach i ndiaidh 6 Mheán Fómhair. Lá cuimhneacháin ar bhás Charles Stewart Parnell (1846-91). Chaith lucht na sochraide craobhóga eidhneáin mar chomhartha comhair agus cairdis le bean Chorcach a sheol fleasc cumha den phlanda céanna agus a dúirt gurbh é sin an ofráil ab fhearr dá raibh d'acmhainn aici.

57 **Royal Exchange Ward:** Ceantar toghcháin atá suite timpeall fhoirgneamh an *Royal Exchange*, Sráid an Dáma (*City Hall*/Halla na Cathrach is ainm don fhoirgneamh sin anois).

58 ***P.L.G.:*** *Poor Law Guardian* – oifigeach a toghadh chun dula i ngleic le bochtanas leis an mhéad airgid is lú a d'fhéadfadh.

59 **Cruinniú Máisiún:** *Freemasons Meeting* – bhí cáil frith-Chaitliceach ar na Máisiúin in Éirinn agus ba leor freastal ar cheann dá gcruinnithe chun coinnealbháite ón eaglais Chaitliceach a tharraingt ort féin. Féach an nóta faoi in *Araby*.

60 ***Corporation:*** Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath is ainm do Bhardas Bhaile Átha Cliath anois. Rialtas áitiúil Áth Cliath a dheanas cinntí ar phleanáil sholáthair tithe, bóithre agus mar sin de.

61 **i ndiaidh monarc Gearmánaigh:** Edward VII, Rí na Ríochta Aontaithe, Impire na hIndia agus Prionsa na Breataine Bige idir 1901 agus 1910. Ba de shliocht Ghearmánach a mháthair agus a athair áfach (An Bhanríon Victoria agus an Prionsa Albert). Thairis sin, ba Bhanríon agus Bhanimpire na Prúise a dheirfiúr mhór Victoria tar éis a pósta, agus choinnigh a teideal mar Bhanphrionsa ar an Ríocht Aontaithe freisin.

62 ***Mr Henchy:*** Ó hAonghusa – as Mac Aonghusa i. Aonghus sa tuiseal ginideach. Is duine de Thuathaibh Dé Danann é Aonghus i mhiotas na nGael. Imríonn cleas ar a athair féin. Is geall é Aonghus leis an Dia Gréigeach 'Apollón'.

63 **Major Sirr:** Major Henry Charles Sirr (1764-1841). Ceannaire Phóilíní Chaisleán Átha Cliath ab é, mar a bhí a athair roimhe (*Town Major of Dublin* an teideal oifigiúil a bhí air). Rinne sé gach cleas agus claonbheart chun a chomhthíreach a dhaoradh chun báis as Éirí Amach 1798.

64 **ag taisteal ar a chonlán féin:** is é sin, tá sé ag obair mar dhíoltóir earraí féinfhostaithe (féach an scéal Grásta freisin), ach sin meafar ag an Uasal Uí hAonghusa ar shagart nach mbaineann le heaglais ar bith.

65 **Nach ndúirt Parnell féin...":** Charles Steward Parnell (1846 -1891). Sloinne Sacsanach a bhaineas le sliocht uasal ó Shacsana. Ní fios don aistritheoir seo céard a dúirt Parnell i leith aon Mhonarc den Ríocht Aontaithe. Mar sin féin, ba Náisiúnach Éireannach é a throid ar son neamhspleáchas na hÉireann ó rialtas na Breataine. Má ghlac sé an bealach síochánta féin le troid ar son neamhspleáchas na hÉireann (féach feachtas *Home Rule*), ní raibh sa mhéad sin ach an réiteach is éifeachtaí dá aidhm. Go deimhin féin, roimh a sheal i bpríosún (1881-1882) agus freisin tar éis chailliúint ghuth an mhóraimh (mar thoradh ar scannal a adhaltranais), thaobhaigh sé le grúpaí radacacha ar nós Óglaigh na hÉireann. In aindeoin chúlra choilíneach a shinsear, is cosúil go raibh an chloch sa mhuinchille aige ar Shacsana, áit ar cuireadh ar scoil é i ndiaidh cholscaradh a mhuintire. Sampla dá fhaltanas ar urlámhas Shacsana: scríobh sé litir a ghríosú leis an fheachtas cáiliúil coinnealbháite i gcoinne an Tiarna *Boycott* i Maigh Eó. Ní dóigh mar sin go mbeadh sé i bhfabhar theacht Edward VII go hÉirinn i 1903 dá mba fós beo é.

66 **tháinig i gcoróin tar éis a coinneála uaidh [...] ag a mháthair:** chuaigh Edward VII i gcoróin in Eanáir 1901 in aois a naoi mbliana is leathchéad, i ndiaidh bhás a mháthar Victoria.

67 **is cineál bhuachaill báire é:** measann starraí amháin go raibh 55 leannán aige ar a laghad *(Camp, Anthony (2007), Royal Mistresses and Bastards: Fact and Fiction, 1714–1936. http://anthonyjcamp.com/page9.htm).* Bhí neart caidreamh aige le mná éagsúla agus é pósta (phós sé Alexandra i 1863), ach ní fios cén saghas caidrimh, mar níor labhair sé go hoscailte fúthu. Bhain Edward VII clú an scódaí amach den chéad uair i 1861 lena eachtra le Nellie Cliften in Éirinn agus é ar inlíocht mhíleata sa tír. Fuair a athair bás coicís tar éis teachta ar cuairt chuige dá sciolladh in Cambridge, rud nár mhaith a mháthair riamh dhó *(Ridley, 59–63; Middlemas, The Life and Times of Edward VII, leathanach 31. Foinse: Wikipedia).*

68 **gur cheannaire feiliúnach é Parnell orainn?:** Thug formhór na ndaoine droim láimhe do Parnell nuair a fritheadh amach faoina chaidreamh fada le Catherine O'Shea. Dearbhaíodh an ráfla faoin chaidreamh le linn na trialach idirscartha (1890) a thug an Captaen William O'Shea in aghaidh a mhná ar chúis a hadhaltranais le Parnell. Is amhlaidh gur rug sí triúr clainne le Parnell. Thosaigh caidreamh collaí Parnell le Catherine, nó Kitty mar is fearr aithne uirthi, tuairim is naoi mbliana roimhe sin i 1880. Meastar nár thug William O'Shea cás cúirte colscartha ar a bhean go 1889 (tháinig an cás chun cúirte i 1890) mar go raibh ag súil le hairgead a hainte, a fuair bás sa bhliain chéanna. Sin nó ba mhian leis scriosadh Parnell agus a fheachtas polaitíochta. Pé ar bith, is cinnte gurbh é nuaíocht an adhaltranais scriosadh Parnell. Níor chuir Catherine ná Parnell i gcoinne líomhaintí adhaltranais William O'Shea mar ba mhian leo beirt go dtiocfadh an colscaradh chun críche go bhféadaidís féin pósadh. Phósadar i Meitheamh 1991 agus d'fhanadar dílis dá chéile. Chaill Parnell tacaíocht William Gladstone an *Liberal Party* sa Bhreatain Mhór do Bhille Féinrialtas na hÉireann, a d'iarr air seasamh siar mar cheannaire ar pháirtí an *Home Rule League*. Dhiúltaigh Parnell seasamh siar mar cheannaire áfach. Cuireadh an bille *Home Rule* siar ar feadh na mblianta mar gheall air. D'imigh móramh a pháirtí féin a bhunú páirtí nua frith-Parnell (*Irish National Party*), ach d'fhan cuid den pháirtí dílis dó (*Irish National League*). Ba é sin deighilt an pháirtí. Sheas easpaig Chaitliceacha na hÉireann ina choinne. Edmund Dwyer, eagarthóir an *Freeman's Journal*, thug a dhroim do Parnell a choimhlint le nuachtán eile frith-Parnell (luaitear Gray sa scéal Grásta). Chaill Parnell a shuíochán sa pháirtí. Fuair bás óg i 1891 ag 45 bliain d'aois i ndiaidh troda déine ag iarraidh teachta ar ais i gcumhacht.

69 ***Holohan:*** Ó hUallachán – as Mac Uallacháin (uallach + an iarmhír '-án' sa tuiseal ghinideach i. Móiréiseach)

70 ***Eire Abu Society:*** Ní bhfuair an t-aistritheoir seo trácht ar bith ar an chumann seo ar an idirlín. Is dóigh gur chum Joyce féin é. Is léir ón ainm gur cumann náisiúnach é.

71 ***Mrs Kearney:*** Bean Uasal Uí Chearnaigh – as 'cearnach' i. Buach

72 ***Miss Devlin:*** Iníon Uí Dobhuilin – as dobhuile (sa chiall crógacht mhire). Sin nó as 'dobhail' – do + bail i. mírath (foinsí: Wikipedia, surnamedb.com)

73 ***The Academy:*** An *Royal Irish Academy of Music /*Ceol[-]Acadamh Ríoga na hÉireann, 36 Rae an Iarthar

74 **ar thairbhe... ainm a hiníne:** ba shamhail í Caitlín ní hUallacháin d'Éirinn ag náisiúnaithe. Seanbhean bhocht is í nár mhór d'fhir óg troid ar a son. Kathleen, iníon Bhean Uí Chearnaigh, sin anglú ar an ainm baiste céanna.

75 ***Society... Antient Concert Rooms:*** *Society of Antient Concerts.* Chuir an Cumann coirmeacha ceoil agus eile ar siúil ina halla ceolchoirme, na *Antient Concert Rooms*, 42 *Brunswick Street* (Sráid an Phiarsaigh anois). Is oifigí gnó atá san fhoirgneamh anois. *The Academy* i é ainm an fhoirgnimh (féach nóta 73).

76 ***Charmeuse:*** éadach snasta ar nós sróil ach níos míne. Déantar as síoda é.

77 ***Freeman:*** *Freeman's Journal*. Páipéar nuachta a bhunaigh beirt pholaiteoirí náisiúnacha Protastúnacha i 1763. Cheannaigh nuachtán eile, *The Irish Independant* é i 1924. Tá neart tagart don chlann agus don nuachtán sa chnuasach scéalta seo le Joyce (féach an fonóta i Lá an Eidhneáin i Seomra an Choiste nó i Grásta mar shampla).

78 ***O’Madden Burke:*** Ó Mhaidín de Búrg (i. mada/madra beag den cheantar). Má bhain an leasainm le taoiseach éigin mór le rá tráth dá raibh, níl mórán uaisleachta ag baint leis an leasainm féin!

79 ***Mrs Pat Campbell:*** Ban-aisteoir stáitse Shacsanach mhór le rá

80 **Grásta:** *Grace* an teideal Anglaise ar an scéal. Tá cialla éagsúla ag baint leis an fhocal. Is é an phríomhchiall an chiall dhiagachta, is é sin, suáilce Dé. Leanann sé de sin gur suáilce na trócaire é, mar shampla trócaire Dé ar pheacaigh. Mar sin, i gcúrsaí gnó, má thugtar *grace* do dhuine atá i bhfiacha, ciallaíonn sé go bhfaigheann seisean aischairde. Tá brí eile ag baint leis an fhocal *grace* – suáilce na galántachta. Ní léirítear suáilce ar bith sa scéal, ach a malairt ghlan.

81 **carr cliathánach:** ‘*outsider’* a chuireas Joyce air. Tacsaí dhá rotha gan díon a bhfuil droim na suíochán lena chéile. Sa dóigh sin, tá aghaidh na bpaisinéirí le ‘*outside*’ i. leis an taobh amuigh (foinse: gluais eagrán *Wordsworth Classics* den leabhar)

82 ***Kernan* is ainm dom:** Mac Thighearnáin (tighearna + -án)

83 ***Mr Cunnigham, Mr M’Coy* agus *Mr Power:*** Messrs Mac Coinneagáin, Mac Aodha agus De Paor. Sloinnte iasachta iad Cunningham agus Power. Is é is dóichí gur roghnaigh Joyce na sloinnte seo mar imeartas focail as Anglais (*cunning, coy* agus *power*) agus nach bhfuil brí ar leith lena leaganacha Gaeilice.

84 **Gnáthcléir:** is é sin, na sagairt nach mbaineann le hord rialta

85 ***Purdon*:** sloinne Angla-Albanach. Ó Fhraincis na Normannach - ‘*prudhomme*’ (*preux/prode* + *homme* i. Réiteoir aighneas ceirde). B’fhéidir gur roghnaigh Joyce an sloinne seo mar gur cosúil le ‘*pardon*’ as Anglais é.

86 **aontú na hEaglaise Laidine agus ... Gréagaí:** d’iarr an Pápa Leo XII athmhuintearas leis an Eaglais Chaitliceach ar na Eaglaisí Ceartchreidmheacha i 1897. Ní amháin ar an Eaglais Ghréagach a d’iarr sin, ach ar an Eaglais Choiptic, Shíriac, Airméanach agus Anglacánach freisin.

87 ***Lux ar Lux...Tenebrae:*** Raiméis. An Fógartach amháin a dúirt go beacht é: ***Lux in Tenebris.*** Is leathfhocal as Eoin 1:5 é. Deir an sagart sliocht as leabhar Eoin san Aifreann as Laidin. Díol suime, foilsíodh scigdhráma darb ainm *Lux in Tenebris* le Bertold Brecht timpeall 1919. Ó thaobh ***Tenebrae*** de, tá deasghnáth creidimh le linn Sheachtain na Páise tógtha in ainriocht Eoin 1:5 ag an Aodhach. Seo véarsaí 1-5 as Eoin 1:

(aistriúchán Laidine *Biblia Sacra juxta Vulgate* 1887):
-In principio erat Verbum, et Verbum erat apud Deum, et Deus erat Verbum.
-Hoc erat in principio apud Deum.
-Omnia per ipsum facta sunt, et sine ipso factum est nihil quod factum est.
-In ipso vita erat, et vita erat lux hominum.
-Et <u>lux in tenebris</u> lucet, et tenebræ eam non comprehenderunt

(aistriúchán Ghaeilge Uilliam Uí Domhnuill den Tiomna Nua 1602):
-In sa tosach do bhí an Bhriathar, agus do bhí an Bhriathar i bhfochair Dé, agus dob é Día an Bhríathar.
-Do bhí seo ar tús i bhfochair Dé.
-Leisean atáid na huile nithe déanta; agus gan é níl aon ní déanta, dá ndearnadh.
-Ann san do bhí beatha; agus dob í an bheatha solas na ndaoine.
-Agus shoilsighidh an <u>solas sin in sa dorchadas</u>; agus níor ghabh an dorchadas chuige é

88 **scoil phingin-sa-tseachtain:** Bunscoil poiblí sa Ríocht Aontaithe. Rith an Bhanríon Victoria reacht i 1880 a rinne oideachas ina riachtanas dlí do ghasúir idir 5 bliana agus 10 mbliana d’aois, idir chailíní agus bhuachaillí. Cuireadh an céad-bhunoideachas poiblí ar siúl, ina d’íoc an Stáit as na táillí, cé is moite de phingin in aghaidh na seachtaine. An méad sin féin, níor gearradh ar na boicht é. Chomh maith le scoileanna bardais nua a cuireadh ar bun, íocadh as scoileanna a rith oird creidimh ar nós scoileanna na mBráithre Críostaí. Tugadh leasainmneacha éagsúla ar na bunscoileanna seo: *British school, ragged school* agus, ar ndóigh, *<u>penny-a-week school</u>*

89 **an intleacht mhóir agus an mearadh ... :** ‘*Great wits are sure to madness near allied, (And thin partitions do their bounds divide)*- John Dryden (1631-1700) *Absalom and Achitophel*, cuid 1. línte 163-164.’

90 ***ex cathedra...* gan locht:** *ex cathedra*- ón chathaoir. Is é sin, nuair a thugas an Pápa teagasc Críostaí (is comhartha teagaisc í cathaoir an teagascóra). Agus é ag labhairt *ex cathedra*, bíonn an Pápa gan locht. *Papel Infallibility* is í an Anglais ar sin. Rinneadh reacht Do-earráidé an Phápa i 1870.

91 **Níor Ghearmánach Dowling:** Johann von Döllinger (1799-1890) a bhí i gceist ag Cunningham, ní foláir. Ba Ghearmánach eisean. Chuir sé in aghaidh fhoirceadal Do-earráid an Phápa agus díbríodh ón eaglais é. Níor chairdinéal é, mar atá tugtha le fios ag Mr Cunningham, ach sagart Caitliceach agus ansin diagaire ag Ollscoil Munich.

92 **John Mac Hale:** Seán Mac Éil (1791-1881), Ardeaspag Tuama. Is fíor gur fhreastal sé ar an Chéad-chomhairle Vatacánach sa Chathair Naofa i 1869 agus gur chuir i gcoinne dogma Do-earráide an Phápa. A thúisce is a vótáil móramh na nEaspag i bhfabhar an dogma i 1870 agus a d’fhógair an Pápa féin ina reacht é, thug seisean a lán-thacaíocht don dogma freisin. Is cosúil nach raibh sé fós i láthair na céad-chomhairle Vatacánaí nuair a tharla sin áfach. (foinse: https://www.catholicity.com/)

93 **Ní raibh aon mhaith i [...] na Grays riamh:** Ba le Sir John Gray an nuachtán *Freeman’s Journal* ó 1841 i leith. D’éirigh an nuachtán níos náisiúnaí faoi anáil Gray. Chuaigh a mhac Edmund Dwyer Gray i gcomharba ar an nuachtán ansin. Chuir an Freeman, faoi stiúir chlann *Gray*, i gcoinne an pholaiteora Charles Steward Parnell, gur ghnóthaigh seisean gnaoi an phobail. Ansin thaobhaigh an Freeman leis freisin. Thacaigh leis go fiú nuair a bhris an scannal amach faoi chaidreamh adhaltrach Pharnell le Katherine O'Sea. D’athraigh a chóta arís áfach iar n-éirí an mhóraimh i gcoinne Parnell agus iar dteacht chun cinn páipéir nua frith-Pharnell, an *National Press* (tá trácht mhór ar Pharnell sa scéal Lá an Eidhneáin i Seomra an Chiste).

94 **ealaín na laindéar ndraíochta:** Chuir roinnt cáinteoirí i leith fíoracha na Maighdine Muire ar Chnoc Mhuire i 1879 gur cur i gcéill a bhí iontu a rinneadh le teilgeoir pictiúr.

95 **foirm cúigín:** fear amháin i lár an chomhluadair agus ceathrar fir eile timpeall air i bhfíor croise.

96 **déantóir mhaor na cathrach:** feitheoir ar na toghcháin maoir

97 **Óir is glice clann an tsaoil seo ná clann an tsolais:** Lucais, caibidil 16, véarsaí 8-9, aistriúchán Uilliam Uí Domhnaill (1601). Tá sé tugtha go míchruinn ag an Athair Purdon: deir seisean "ionas an tráth a éagfaidh sibh". Is é atá scríofa sa Bhíobla, "ionas an tráth bheas uireasa oraibh". Is leor línte 1-11 a léamh chun an chomhthéacs ar fad a thuiscint.

98 ***Miss Morkan:*** sloinne ársa Ceilteach nach fios go deimhin a chiall. Tá sé coitianta go leor sa Bhreatain Bheag. In Éirinn, is in oirthear agus i dtuisceart na tíre is coitianta an sloinne. Morgan an litriú is coitianta air

99 **sheinneadh an t-orgán ar Bhóthar Haddington:** Ag an aifreann in Eaglais Mhuire

100 **Oileadh san *Acadamy* í:** Ceol[-]Acadamh Ríoga na hÉireann ar Rae an Iarthair

101 **Antient Concert Rooms:** Téatar ceoil ar bhunaigh an Ceolacadamh é. Ina bhloc oifigí gnó anois. 42 Sráid an Phiarsaigh.

102 **trí shiolla a chuir sí ar a shloinne:** Is anglú ar Chonaire é *Conroy* (con + aire). Is dócha gur chuir sise Conaroy nó a leithéid ar a shloinne mar iarsma den tsean-leagan air a bhí fós coitianta, is cosúil, i measc na hísealaicme.

103 **Na *Melodies*:** *Irish Melodies* le Thomas Moore (1779-1852). Amhráin náisiúnacha sách maoithneacha a bhí go mór san fhaisean ag an am agus foinn cheoil a dhéanas athshamhlú ar sheanfhoinn thraidisiúnta Éireannacha.

104 ***Christy Minstrels:*** Grúpa fuirseoirí grinn. *White men* a chuir smideadh dubh orthu féin agus a rinne aithris gháifeach ar *blacks. Goloshes*, meabhraid *gollwogs* do Gretta

105 ***Gresham*:** óstán galánta mór le rá

106 ***Quadrilles:*** is válsa í an chuadraill a bhí déanta de shraith rincí tuaithe ar cuireadh galamaisíocht orthu. Bhí idir cheithre agus sé rince tuaithe sa tsraith. Bhí sé san fhaisean ag cóisirí na n-uaisle ar feadh tréimhse caoga bliain nó mar sin roimh an chéad-chogadh domhanda.

107 ***beirt phrionsa... sa Túr:*** Túr Londan. Tachtadh mic Éadbhard IV ann timpeall 1483. Rinne go leor canbhás den bheirt seo sna blianta 1800. Níl dóthain fianaise ann a chruthódh arbh é a n-athair féin a chur chun báis iad, ach is cinnte gur réitigh a mbás a theachtsa i gcoróin.

108 ***tabinet:*** éadach déanta as meascán olla agus síoda. Cosúil le poiplín

109 **scáthán piara:** scáthán mór ard. Ba mhinic a chrochtaí é sa spás idir dhá fhuinneog

110 **culaith *man-o'-war:*** bríste fada agus hata mairnéalaigh leathanduilligh tuí (foinse: *wiktionary*)

111 ***Les Lanciers:*** rince na lansaí. Rince cearnógach. Leagan eile den chuadraill.

112 ***Daily Express:*** nuachtán Sacsanach. Scríobh Joyce féin léirmheasanna leabhar don pháipéar idir na blianta 1902 agus 1904

113 ***Kathleen Kearney:*** an í seo pearsa céanna sa scéal 'An Mháthair' i. iníon na máthar ann?

114 **An Trí Suáilce:** Miotas Gréagach (*Χάριτες / Khárites* sa tSeanGhréigis). An triúr bandéithe Niamhracht, Suáilceas agus Fleáchas ar deirfiúracha iad.

115 ***Paris:*** Miotas Gréagach (*Πάρις* sa tSeanGhréigis). Prionsa as Traí. An triúr bandéithe Hera, Athena agus Aphrodite, cuirid togh na mná is dóighiúla dhíobh féin air. Deir seisean gur Aphrodite is spéiriúla dhíobh. Tá Cogadh na Traí mar thoradh indíreach ar rogha Paris (gealann Aphrodite an bean is sciamhaí ar domhan dó (Héilin na Sparta/ na Traí) má thoghann sé ise den triúr sa chomórtas scéimhe seo).

116 **Cóirithe don Bhainis:** *Arrayed for the Bridal.* Amhrán Anglaise le George Linley bunaithe ar radharc den cheoldráma Iodálach *I Puritani* (Na Piúratánaigh) le Vincenzo Bellini ina chanas an bhrídeach Elvira agus í ag triall na caille uirthi féin: "*Son vergin vezzosa...*" (is maighdean mhánla mé). Tá an ceoldráma seo, Na Piúratánaigh, suite sa choimhlint idir Mhaolchinn *Cromwell* agus Dhílseoirí an Rí Séarlas I

117 **Cnoc *Melleray*:** *Mount Melleray Abbey.* Mainistir Chistéirseach sa Screathan, Port Láirge (gar do Cheapach Choinn). Bhonnaigh Manaigh Éireannacha, Breatnacha agus Francacha í nuair a ruaigeadh as a mainistir féin sa Fhrainc iad in aimsir Réabhlóid na Fraince. Is é an mhainistir seo a bhí sa Fhrainc, an *Abbaye Notre-Dame de Melleray, Pays de la Loire* (ba chuid den Briotáin an réigiún seo nuair a bunaíodh an mhainistir). Is é sin a thug a hainm don mhainistir nua in Éirinn.

118 **...nár labhraíodar na manaigh riamh... chuadar a luí ina gcónraibh:** tosaíonn a lá le hurnaí ag 04:30 agus fanann na manaigh ina dtost an oiread agus is féidir le linn a ndualgas laethúil. Ar ndóigh, ní chodlaid i gcónraí!

119 ***The Lass of Aughrim*:** Bruinneall an Eachroma. Is é sin, Eachroim in oirthear na Gaillimhe, láthair an chatha mhóir. Eachroim = each + 'roim (droim i. cnoc/mullach). Leagan Éireannach é an fonn seo ar *The Lass of Loch Royal*.